


ervia

# Fuinneamh na hÉireann a chur ag Gluaiseacht

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2023**

# Líonra gáis náisiúnta na hÉireann




## Straitéis agus feidhmíocht

**Forléargas gnó**
Cé muid féin 04
Ár Stair 06
Tuarascáil an Chathaoirligh 08
Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 12

**Straitéis, múnla gnó & buaicphointí**
Ár gcreat straitéiseach 20
Cruthú luachanna 22
Samhail ghnó Ervia 24
Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara 26
Príomh-bhuaicphointí 28

**Athbhreithniú oibriúcháin agus airgeadais**
Athbhreithniú oibriúcháin 32
Feidhmíocht oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann 48
Athbhreithniú airgeadais 50
Príomhthionscadail le haghaidh 2024 56

**Riosca agus Inbhuanaitheacht**
Forléargas ar an mbainistíocht riosca 60
Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht 68

## Rialachas corparáideach

An Bord 80
Tuarascáil an Bhoird 83
Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca 95

## Ráitis airgeadais

Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách chuig comhaltaí Ervia 99
Ráiteas faoi ioncam an ghrúpa 101
Ráiteas an ghrúpa faoi ioncam cuimsitheach eile 102
Clár comhardaithe an ghrúpa 103
Ráiteas an ghrúpa faoi athruithe sa chothromas 104
Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid 105
Nótaí le ráitis airgeadais an ghrúpa 106
Ráiteas ioncaim na máthairchuideachta 158
Ráiteas na máthairchuideachta ar ioncam cuimsitheach eile 159
Clár Comhardaithe na máthairchuideachta 160
Ráiteas na máthairchuideachta faoi athruithe sa chothromas 161
Ráiteas na máthairchuideachta faoi shreafaí airgid 162
Nótaí le ráitis airgeadais na máthairchuideachta 163





# Straitéis agus feidhmíocht


## Forléargas gnó

| | |
|---|---|
| Cé muid féin | 04 |
| Ár Stair | 06 |
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 08 |
| Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 12 |

## Straitéis, múnla gnó & buaicphointí

| | |
|---|---|
| Ár gcreat straitéiseach | 20 |
| Cruthú luachanna | 22 |
| Samhail ghnó Ervia | 24 |
| Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara | 26 |
| Príomh-bhuaicphointí | 28 |

## Athbhreithniú oibriúcháin agus airgeadais

| | |
|---|---|
| Athbhreithniú oibriúcháin | 32 |
| Feidhmíocht oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann | 48 |
| Athbhreithniú airgeadais | 50 |
| Príomhthionscadail le haghaidh 2024 | 56 |

## Riosca agus Inbhuanaitheacht

| | |
|---|---|
| Forléargas ar an mbainistíocht riosca | 60 |
| Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht | 68 |

# Maidir le Ervia

ervia

Is cuideachta tráchtála leathstáit é Ervia, a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 (arna leasú) agus a sholáthraíonn na bonneagair agus na seirbhísí straitéiseacha náisiúnta um ghás agus leathanbhanda atá mar bhonn ag fás gheilleagar na hÉireann. Tá ról lárnach againn ó thaobh feabhas a chur ar an gcomhshaol, a bheith i gceannas ar an aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin, agus slándáil, acmhainn agus solúbthacht líonra a mhéadú.

Tá Grúpa Ervia sna céimeanna deiridh den atheagrú inar scar Uisce Éireann ón nGrúpa ar 1 Eanáir 2023. Tabharfar an t-atheagrú chun críche nuair a dhéanfar eintiteas reachtúil Ervia a chomhtháthú le Líonraí Gáis Éireann, ionas go mbeidh Líonraí Gáis Éireann mar an príomheintiteas sa Ghrúpa. Táthar ag súil go dtabharfar comhtháthú Ervia chun críche in 2024, de bhun an Bhille Gáis (Leasú) 2024, nuair a achtófar é.

Gas Networks Ireland

**Tá Líonraí Gáis Éireann** ina úinéir air agus oibríonn sé líonra gáis na hÉireann, a sholáthraíonn na sreafaí gáis ar a mbraitheann ár gcuid custaiméirí agus a thugann athléimneacht agus éagsúlacht do chóras fuinnimh na hÉireann.

Aurora TELECOM

**Oibríonn Aurora Telecom**, rannán de chuid Líonraí Gáis Éireann, líonra aisiompair fairsing de shnáithín optúil dorcha a sholáthraíonn réitigh nascachta shlána ar ardluas le haghaidh iompróirí agus fiontar agus is é úinéir an líonra sin.

**Ceanncheathrú**
Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, T12 RX96



# Eolas faoi Líonraí Gáis Éireann

Is le Líonraí Gáis Éireann an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus déanann Líonraí Gáis Éireann an líonra a fheidhmiú agus a chothabháil. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonraí is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonraí is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan agus cuimsítear ann 14,725km de phíblínte gáis lena n-áirítear dhá idirnascaire fomhuirí agus píblínte fomhuirí. Is saineolaithe muid maidir le gás agus táimid tiomanta do sholáthairtí fuinnimh dícharbónaithe a chur chun cinn dár gcustaiméirí agus leanúint le forbairt agus fás ar gheilleagar na hÉireann a éascú. Is croílár ár gcuid oibre é gás nádúrtha a iompar ar bhealach sábháilte iontaofa agus seirbhís atá ar fheabhas agus cost-éifeachtúil i gcónaí a chur ar fáil, chun go mbainfidh ár gcustaiméirí go léir leas as. I láthair na huaire, baineann breis agus 713,000 custaiméir leas as soláthar gáis nádúrtha atá sábháilte, éifeachtach agus glan gach lá. Mar fhoinse fuinnimh, tá tábhacht straitéiseach ag an ngás nádúrtha d'Éirinn, agus éascaíonn sé jabchruthúchán agus fás geilleagrach. Is sócmhainn náisiúnta ríthábhachtach é an líonra gáis agus tá ról ríthábhachtach aige i ngeilleagar na hÉireann, agus trian de phríomhriachtanais fuinnimh na tíre á sholáthar aige gach bliain. Táirgeadh 47% de leictreachas bliantúil na hÉireann ag úsáid gás nádúrtha in 2023.

Tá an gás nádúrtha sa lá atá inniu ann, agus gáis in-athnuaite amárach ina gcomhpháirtithe foirfe le haghaidh fuinneamh in-athnuaite amhail an ghaoth agus an ghrian. Cionn is go bhfuil acmhainn mhór stórála fuinnimh agus solúbthacht ag baint leis an líonra, fágtar gur féidir cur leis an líonra chun freastal ar an éileamh ard ar theas le linn tréimhsí atá thar a bheith fuar, nó féadfaidh sé breosla breise a sholáthar chun cumhacht a ghiniúint nuair nach séideann an ghaoth. Gné atá ag éirí níos tábhachtaí don eangach leictreachais is ea cumas an líonra gáis freagairt do phróifílí atá ag athrú agus do dhul i bhfód na giniúna eatramhaí leictreachais in-athnuaite ag dul i méid i gcónaí.

Tá Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh díriú ar chinnteacht soláthair agus oibríochtaí sábháilte agus, mar sin, líonra sábháilte, éifeachtúil, iontaofa gáis a sholáthar go leanúnach. San am céanna, táthar i ndiaidh deiseanna a lorg chun an leas is mó a bhaint as an líonra mar chuid d'aistriú na hÉireann go geilleagar a bheidh neodracht ó thaobh carbóin de.

**14,725km de phíblínte gáis lena n-áirítear dhá idirnascaire fomhuirí**

**Baineann breis agus 713,000 teach agus cuideachta leas as soláthar gáis nádúrtha atá sábháilte, éifeachtach agus glan gach lá.**

**Trian de phríomhriachtanais fuinnimh na tíre a sheachadadh gach bliain. Táirgeadh 47% de leictreachas bliantúil na hÉireann ag úsáid gás nádúrtha in 2023**

# Ár Stair – leanúint ar aghaidh ag oiriúnú chun freastal ar riachtanais fuinnimh na hÉireann

## Scéal an gháis nádúrtha in Éirinn

Sular aimsíodh gás nádúrtha amach ó chósta Chorcaí sna 1970í agus sular forbraíodh córas náisiúnta soláthair agus tarchurtha na hÉireann ina dhiaidh sin, dhéantaí gás a tháirgeadh ó ghual ag láithreacha oibreacha gáis áitiúla.

Bhaintí úsáid as an b'gás baile' sin go príomha le haghaidh lampaí sráide. I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, bhíothas ábalta píblínte iontaofa a thógáil a bhuí le dul chun cinn sa teicneolaíocht.

Ag deireadh na 1960í, bhí longa taiscéalaíochta ag cuardach ola amach ó chósta theas na hÉireann, agus in 1971, d'aimsigh ceann de na longa, Glomar North Sea, gás in ionad ola – ag aimsiú chéad chúlchiste dúchasach gáis nádúrtha na hÉireann. Suiteáladh rige taiscéalaíochta agus ghlac sé dhá bhliain lena dhearbhú go raibh an fhionnachtain inmharthana ó thaobh na tráchtála de.

Céad Fhlít Iompar Gáis Bhaile Átha Cliath – 1930idí



## 1970s

Bunaíodh Bord Gáis Éireann mar Ghníomhaireacht Forbartha Gáis an Stáit leis an Acht Gáis (1976). Tháinig an leathstáit nua in ionad sraith cuideachtaí gáis san earnáil phríobháideach a bhí bunaithe ar bhailte beaga:

- Cork Gas Company (Cuideachta Gáis Chorcaí)
- Alliance and Dublin Consumers Gas Company
- Limerick Gas Company (Cuideachta Gáis Luimnigh)
- Kilkenny Gas Company (Cuideachta Gáis Chill Choinnigh)
- Clonmel Gas Company (Cuideachta Gáis Chluain Meala)

Tugadh gás nádúrtha i dtír in Éirinn den chéad uair in1978 trí phíblíne faoin bhfarraige san Inse i gCo. Chorcaí. Faoi dheireadh 1978, bhí 32 ball foirne ag Bord Gáis Éireann.

## 1980s

Faoi dheireadh na 1980í, bhí 99 ball foirne ag Bord Gáis Éireann. In 1983, cuireadh píblíne gáis ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath i gcrích. Le hobair thógála ar an gcladach leanadh le freastal ar chustaiméirí i gCathair Chorcaí. Fuair Cuideachta Gáis Bhaile Átha Cliath a chéad soláthairtí gáis nádúrtha agus thosaigh siad ag aistriú 120,000 custaiméir ó ghás baile go gás nádúrtha.

Aistríodh custaiméirí i Luimneach, i gCluain Meala agus i gCill Chainnigh ó ghás baile go gás nádúrtha agus d'éadáil Bord Gáis Éireann Cuideachtaí Gáis Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath go hiomlán.



An chéad lampa sráide gáis

## 1990s

Faoi dheireadh 1990, d'fhás an líon baill foirne ag Bord Gáis Éireann go 905. Tháinig méadú 50% ar dhíolachán fearas gáis nádúrtha in 1990 agus tháinig méadú 15% ar dhíolachán gáis leis an earnáil tionsclaíochta/tráchtála. In1992, cuireadh tús le hobair ar an gcéad idirnascaire fomhuirí agus bhí mórstáisiún comhbhrúiteora á thógáil in iardheisceart na hAlban chun méadú 50% a dhéanamh ar an soláthar gáis d'Éirinn. Faoi dheireadh na 1990í, bhí fáil ag 550,000 teach in Éirinn ar ghás nádúrtha.



The Clayton Gas Holder, c1980í





Dublin Gas Construction 1990

## 2000s

Chuaigh Aurora Telecom isteach i margadh an tsnáithín optúil dhorcha in 2000. An bhliain dár gcionn, de réir mar a lean méideanna ag méadú, d'fhaomh an Rialtas an dara píblíne idirnascaire. Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh in 2002 agus tugadh faoi thionscadail shuntasacha leathnaithe líonraí tarchurtha chun gás a thabhairt go hiarthar na hÉireann den chéad uair.



## 2010s

In 2012, d'fhógair an Rialtas go mbunófaí fóntas neamhspleách mar fhochuideachta de chuid Bhord Gáis Éireann chun fóntas uisce nua, Uisce Éireann, a oibriú. In 2014, i ndiaidh Fuinneamh Bord Gáis a dhíol, rinneadh Bord Gáis Éireann a athbhrandáil mar Ervia – an chéad chuideachta ilfhóntais in Éirinn. Rinneadh Líonraí Gáis Éireann a athbhrandáil mar Líonraí Gáis Éireann agus rinneadh fochuideachta ar leith de in 2015.

In 2015 tosaíodh ag feidhmiú phointe iontrála na Coiribe agus soláthraíodh leis sin athléimneacht bhreise do sholáthairtí gáis d'oileán na hÉireann. In 2019, seoladh an chéad stáisiún gáis nádúrtha chomhbhrúiteora (GNC) mear-líonta a bhfuil rochtain ag an bpobal air in Éirinn ag áitreabh Circle K i gCalafort Bhaile Átha Cliath.

Osclaíodh dhá stáisiún GNC poiblí ag Bóthar Bhéal Átha Síomoin, Contae Luimnigh agus Cluain Seach i mBaile Átha Cliath 2021.




## 2020idí

Meastar go bhfuil líonra gáis náisiúnta 14,725km na hÉireann ar cheann de na cinn is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan. Braitheann os cionn 713,000 teach agus gnólacht Éireannach, lena n-áirítear giniúint cumhachta agus go leor de na tionscail is mó sa tír, ar ghás le haghaidh leictreachais, téimh agus iompair agus cuireann siad a gcuid muiníne i líonraí gáis na hÉireann chun fuinneamh éifeachtach iontaofa a sholáthar chun freastal ar a gcuid riachtanas 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain. Tá an líonra náisiúnta gáis ríthábhachtach chun tacú le hathléimneacht agus le cinnteacht soláthair chóras fuinnimh na hÉireann ina iomláine.

In 2020, chuir Éire tús lena haistear chuig líonra gáis saor ó charbón, nuair a tugadh gás in-athnuaite a tháirgtear sa bhaile i bhfoirm bithmheatáin isteach ar an líonra náisiúnta den chéad uair. Feictear i straitéis réamhbhreathnaitheach na cuideachta aistriú ó ghás nádúrtha go gáis dícharbónaithe amhail bithmheatán agus Hidrigin faoi 2050.

## Tuarascáil an Chathaoirligh

# An t-aistriú go córas fuinneamh ísealcharbóin a spreagadh



**Kevin Toland**
*Cathaoirleach*

### Réamhrá

Mar Chathaoirleach tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2023 agus Ráitis Airgeadais Ervia a chur i láthair. Tá cion mór á chur ag an gcuideachta i gcónaí le geilleagar na hÉireann - tá lucht oibre láidir de bheagnach ocht gcéad duine acu agus faigheann siad líon suntasach earraí agus seirbhísí go háitiúil. In athbhreithnithe an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Phríomhoifigigh Airgeadais ar leathanaigh 12 agus 50, tugtar achoimre ar na príomh-bhuaicphointí oibriúcháin agus airgeadais i mbliain a bhí ina bhliain rathúil do Ervia.

Is é príomhchuspóir Líonraí Gáis Éireann líonra gáis atá sábháilte agus iontaofa a oibriú, ag tacú le slándáil agus athléimneacht fhoriomlán fuinnimh in Éirinn agus aistriú an líonra gáis go todhchaí ísealcharbóin go héifeachtach á éascú. Le linn 2023 leanadh le hiontaofacht an líonra gáis a léiriú, á chinntiú leis, arna chothú le cláir chuimsitheacha chothabhála agus chaipitil, go bhfuair os cinn 713,000 custaiméir soláthar sábháilte, iontaofa agus slán fuinnimh, agus gníomhaíocht eacnamaíoch shuntasach sa gheilleagar níos leithne á héascú.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh de a ríthábhachtaí atá soláthairtí gáis agus infhaighteacht laethúil an líonra gáis. Táirgeadh beagnach leath de chuid leictreachas na hÉireann le gás nádúrtha in 2023 agus shroich sé 89% ar laethanta nuair nach raibh giniúint in-athnuaite eatramhach ar fáil. Braitheann slándáil chóras fuinnimh na hÉireann i láthair na huaire fós ar sholúbthacht agus ar fhreagrúlacht an líonra gháis agus braithfidh sí air sin amach anseo. Beidh an tsolúbthacht sin agus an tacaíocht eatramhach sin do ghiniúint leictreachais in-athnuaite níos tábhachtaí fós sna blianta atá amach romhainn de réir mar a mhéadóidh cur i bhfeidhm foinsí fuinnimh in-athnuaite agus de réir mar a rachaidh Éire ar aghaidh i dtreo spriocanna a Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach san earnáil fuinnimh. Beidh Líonraí Gáis Éireann ríthábhachtach chun na spriocanna sin a bhaint amach trína chinntiú go mbeidh an líonra lúfar i gcónaí i gcomhair leis an méadú atá beartaithe ar úsáid eatramhach fuinnimh in-athnuaite agus cumas an líonra chun gáis in-athnuaite a iompar á athrú ó bhonn.

Leanadh le hobair in 2023 chun comhtháthú Ervia i Líonraí Gáis Éireann a chur chun cinn. Táthar ag súil anois go ndéanfar an comhtháthú sin in 2024 nuair a achtófar an Bille Gáis (Leasú) 2024. Mar chéim idirthréimhseach agus mar a comhaontaíodh leis an scairshealbhóir, ceapadh comhaltaí boird Ervia mar stiúrthóirí ar Líonraí Gáis Éireann ar feitheamh an chomhtháthaithe.

Príomhfhócas do 2023 ab ea ár mBord nua agus ár gcoistí Boird nua a shocrú ag tús na bliana. D'oibrigh Bord go gníomhach i rith na bliana leis an eagraíocht agus tá obair shuntasach déanta aige chun tús áite a thabhairt d'fhorbairt straitéise, monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme,grinn-athbhreithnithe ar phríomhréimsí chomh maith lena fhócas ar rialachas corparáideach a choinneáil.

Tá sé ríthábhachtach bheith ag feidhmiú i rith an aistrithe chun uaillmhianta dícharbónaithe na hÉireann a bhaint amach. Inár straitéis nua, leagtar amach cén chaoi a leanfaimid orainn ag oibriú, ag cothabháil agus ag infheistiú inár líonra gáis chun soláthairtí sábháilte, iontaofa agus slána a chinntiú agus muid ag ullmhú le haghaidh todhchaí ina n-éascófar le gas líonraithe córas fuinnimh chomhtháite chun carbón glan-nialasach a bhaint amach.

> "Ní féidir áibhéil a dhéanamh de a ríthábhachtaí atá soláthairtí gáis agus infhaighteacht laethúil an líonra gáis. Táirgeadh beagnach leath de chuid leictreachas na hÉireann le gás nádúrtha in 2023 agus shroich sé 89% ar laethanta nuair nach raibh giniúint in-athnuaite eatramhach ar fáil. Braitheann slándáil chóras fuinnimh na hÉireann i láthair na huaire fós ar sholúbthacht agus ar fhreagrúlacht an líonra gháis agus braithfidh sí air sin amach anseo."

### Sábháilteacht

Bhí an tsábháilteacht fós ina príomhréimse fócais don chuideachta in 2023. Choinníomar rialachas sábháilteachta éifeachtach agus struchtúir tuairiscithe ar bun an t-am ar fad agus bhí an tsábháilteacht ina príomhthosaíocht i gcónaí maidir le gníomhaíocht oibriúcháin leanúnach agus cinnteoireacht. Táim bródúil a rá, faoi mhí na Nollag 2023, nach raibh teagmhas ama caillte baill foirne againn le breis agus 21 mí.

### Ag aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin

Tá sprioc de 5.7TWh bithmheatáin ar an líonra náisiúnta gáis faoin mbliain 2030 socraithe ag an Rialtas. Táimid ag obair go gníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir chun cuidiú leis an gcuspóir tábhachtach sin a bhaint amach agus a éascú. Rinneadh príomhchuid den bhithmheatán gan stró den ghnáthsholáthar gáis i líonra gáis na hÉireann ó lár na bliana 2020 i leith. Tá ár líonra agus ár bhfeidhmchláir iartheachtacha ag luí go hiomlán le bithmheatán, chomh maith lenár stáisiúin athbhreoslaithe gáis nádúrtha chomhbhrúite (GNC) agus leanaimid ag tógáil na stáisiún sin lena bhfeidhmiú mar stáisiúin athbhreoslaithe bith-GNC (gás bithmheatáin comhbhrúite) in-athnuaite de réir mar a mhéadóidh mhéid an bhithmheatáin ar an líonra. In 2023, ba bhith-GNC é 95% den ghás nádúrtha comhbhrúite a dáileadh.

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsíomar an Tuarascáil maidir le Fuinneamh Bithmheatáin, tuarascáil chuimsitheach ina sonraítear na príomhthorthaí ón iarratas bithmheatáin ar fhaisnéis a d'eisíomar ag deireadh 2022. Deimhníodh i dtorthaí na Tuarascála go bhfuil inghlacthacht láidir i measc táirgeoirí ionchasacha bithmheatáin in Éirinn, a d'fhágfadh go gcuirfí gás in-athnuaite in ionad níos mó ná 25% den ghás nádúrtha ar an líonra, rud a chruthódh sruthanna nua agrai-ioncaim agus a laghdódh astaíochtaí carbóin iomlána na tíre faoi beagnach 4 mhilliún tona in aghaidh na bliana, i.e., 6.5% d'astaíochtaí iomlána na hÉireann.

# Tuarascáil an Chathaoirligh (ar lean)

Is riachtanas ríthábhachtach maidir le dlús a chur faoin tionscal bithmheatáin in Éirinn é scéim tacaíochta chuí a thabhairt chun críche chun taca a chur faoi infheistíocht. Is é easpa na scéime sin an phríomhchúis go dtí seo leis an gcosc ar phíblíne infheistíochta a scaoileadh. Creideann Bord Ervia go mbeidh tionchar díreach ag úsáid bithmheatáin dhúchasaigh ar spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann agus feabhsófar leis freisin slándáil agus neamhspleáchas fuinneamh in Éirinn, trí laghdú a dhéanamh ar úsáid breoslaí allmhairithe. Fáiltímid roimh an deis dul i gcomhairle maidir leis an straitéis nua Bithmheatáin an Rialtais a seoladh i mí Eanáir 2024.

Le linn 2023, leanamar ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le EirGrid agus le páirtithe leasmhara eile san earnáil phoiblí chun na príomhghníomhaíochtaí a sheachadadh a theastaíonn chun uaillmhianta hidrigine na hÉireann a bhaint amach. D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Straitéis Náisiúnta Hidrigine i mí Iúil 2023 agus aithnítear inti hidrigin mar chonair fhéideartha mharthanach dhícharbónaithe don líonra gáis. Mar shaineolaithe gáis na hÉireann creidimid go láidir gur féidir an líonra gáis atá ann faoi láthair a athúsáid chun iompar hidrigine ar scála a éascú sna blianta atá amach romhainn, agus go bhfuil an cumas, an saineolas agus an acmhainn againn chun é sin a bhaint amach.

Dírímid i gcónaí ár gclár oibre hidrigine a sholáthar lena n-áirítear staidéir indéantachta teicniúla agus taispeántais sábháilteachta, chomh maith le taithí ó laistigh den Aontas a threisiú, le Gás Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe agus oibriú le táirgeoirí hidrigine an cheannródaí in Éirinn. Táimid fós tiomanta go hiomlán d'oibriú leis an Rialtas, leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus le príomhpháirtithe leasmhara eile lena chinntiú go mbeidh na tacaíochtaí riachtanacha agus na prótacail sábháilteachta i bhfeidhm chun sreabhadh hidrigine ar an líonra a éascú. Ina theannta sin, leanfaimid le cur i bhfeidhm bith-GNC a éascú agus cuirfimid tuilleadh lenár cuid oibre maidir le measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht do théamh ceantair in Éirinn.

## Slándáil an tSoláthair

Le linn 2023, bhí soláthairtí fisiceacha gáis na hÉireann fós slán. Baineann Éire leas as nasc iontaofa leis an Ríocht Aontaithe (RA) trí chóras idirnascaire nasctha trína soláthraítear thart ar 80% den éileamh ar ghás. Cuirtear soláthar maith ar fáil, dá réir sin, do mhargadh na Ríochta Aontaithe ó tháirgeadh gáis dhúchasaigh, táirgeadh gáis ón Iorua, córas stórála gáis faoi thalamh agus gás nádúrtha leachtaithe trína soláthraítear rochtain ar mhargadh gáis domhanda. De thoradh athbhreithniú ar shlándáil náisiúnta fuinnimh a rinne Rialtas na hÉireann d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an tuarascáil 'Slándáil Fuinnimh in Éirinn go dtí 2030' i mí na Samhna 2023. Leagtar amach sa tuarascáil sin gníomhaíochtaí chun slándáil fuinnimh a mhéadú d'Éirinn. I nGníomhaíocht 17 den Tuarascáil aithnítear príomhról do Líonraí Gáis Éireann maidir le Cúlchiste Straitéiseach Éigeandála Gáis a bhunú chun cur isteach ar sholáthar domhanda gáis a mhaolú. Tá tús curtha le hobair ina leith sin, agus leanfaimid le hidirchaidreamh gníomhach a dhéanamh leis an Roinn agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais chun an toradh is fearr a bhaint amach. In 2023, sholáthraíomar ceangail do chúig shaoráid giniúna cumhachta gásadhainte chun taca a chur faoi athléimneacht sholáthar fuinnimh na hÉireann. Leanfar leis an obair ar cheangail chumhachta ghásadhainte bhreise go dtí 2024.

## Rialachas Corpar- áideach

Le linn na bliana lean an Bord le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach ar aon dul le dea-chleachtas, rialachán atá ag teacht chun cinn, beartas rialtais agus trédhearcacht. Bhí fochoistí Boird i bhfeidhm le linn na bliana, tháinig siad le chéile go rialta agus cuireadh gach ábhar ar fáil don phríomh-Bhord. Cloímid leis na forálacha is infheidhme den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ar gach slí ábhartha. Déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil na maolaithe agus rialuithe cuí ann. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais rialachais a bhaint amach.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hairí agus leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus sa Roinn Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil as a gcuid tacaíochta i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hoifigigh ag NewERA fosta a dtéimid i gcomhairle leo maidir le ceisteanna rialachais ar bhonn rialta.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhbhaill ar an mBord, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus le foireann uile Líonraí Gáis Éireann as a dtacaíocht le linn na bliana.

**Kevin Toland**
Cathaoirleach





## Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

# Fuinneamh na hÉireann a chur ag Gluaiseacht



**Cathal Marley**
*Príomhfheidhmeannaigh*

### Réamhrá

Is linn an líonra gás nádúrtha in Éirinn agus oibrímid, tógaimid agus cothaímid é. Áirítear leis sin píblínte 14,725km ar fad, dhá idirnascaire fomhuirí agus píblínte in Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann san áireamh. Is é ár bpríomhghníomhaíocht ná gás nádúrtha a iompar go sábháilte agus go hiontaofa thar ceann os cionn 713,000 custaiméir gás gnó agus cónaithe, is cuma cén chuideachta soláthair gáis nádúrtha a roghnaíonn siad. Chomh maith leis sin, soláthraímid seirbhísí snáthoptaice teileachumarsáide mórdhíola faoin ainm gnó Aurora Telecom.

Tá an líonra gáis ina shócmhainn ríthábhachtach náisiúnta, ag iompar 31% de riachtanais fuinnimh príomha na hÉireann. Tá taca á chur fós ag an ngás faoi mheascán fuinnimh na hÉireann, is é is mó a chuireann le soláthairtí leictreachais, agus táirgeann sé 47% de leictreachas na hÉireann ar an meán. I ngeall ar inathraitheacht cineálacha breosla sa mheascán giniúna leictreachais, go háirithe an ghaoth agus an ghrianchumhacht, bhain giniúint leictreachais gáis buaicphointe 89% éilimh amach le linn 2023, rud a athdhearbhaíonn an tábhacht a bhaineann le soláthair gáis solúbtha iontaofa chun slándáil agus athléimneacht a sholáthar do chóras fuinnimh na hÉireann.

Tá a fhios agam go maith an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht a aimsiú idir aidhmeanna eacnamaíocha, mar bhrabúsacht agus cruthú luacha do scairshealbhóirí, aidhmeanna socheacnamaíocha agus inbhuanaitheachta chun fás luacha fadtéarmach comhsheasmhach iontaofa a chur chun cinn. Tá tionchar ag macraithreochtaí agus forbairtí sa gheilleagar i gcoitinne ar an mbealach a gcruthaímid luach go fadtéarmach, agus tá roinnt díobh sin leagtha amach ar leathanach 22. Ó am go chéile, cruthaíonn na treochtaí sin éiginnteacht dúinne, dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara i gcoitinne. Tá mionsonraí maidir leis na príomhrioscaí atá romhainn agus leis na gníomhaíochtaí maolaitheacha atá ar bun againn ar fáil ar leathanaigh 62-67.

Mar fhreagra ar ionradh na hÚcráine in 2022 agus imeachtaí geopholaitiúla ina dhiaidh sin, leanaimid ag obair go dlúth le Gás Náisiúnta (an Eangach Náisiúnta roimhe seo) agus le hOibreoirí Córais Tarchurtha Gáis eile ar fud na hEorpa chun monatóireacht a dhéanamh ar shlándáil an tsoláthair gáis agus é a chosaint. Glacaimid páirt ar bhonn rialta i gcleachtaí ionsamhlúcháin ilpháirtithe chun pleananna práinnfhreagartha agus cumarsáide a thástáil thar réimse cásanna géarchéime féideartha. Déanann ionadaithe ó earnáil fóntais fuinnimh na hÉireann agus ón Rialtas, lena n-áirítear EirGrid, Líonraí BSL, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) páirt a ghlacadh nuair is cuí.

### Feidhmíocht in 2023

#### Sábháilteacht

Leanamar lenár cuntas teiste maidir le sárfheidhmíocht sábháilteachta in 2023. Cuireann ár gclár 'Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile' an t-iompar ceart chun cinn i gcónaí agus spreagann sé ár gcultúr sábháilteachta agus é tacaithe ag an gcóras um bainistíocht sábháilteachta. I mí Dheireadh Fómhair 2023, chuaigh Líonraí Gáis Éireann thar 2 mhilliún uair an chloig d'am a d'oibrigh baill foirne gan teagmhas ama caillte (tharla an teagmhas deireanach i mí Aibreáin 2022) agus ag deireadh 2023 ba é náid ár ráta teagmhais ama caillte do na baill foirne. Is teist é an éacht sin ar dhúthracht, díograis agus airdeall ár ndaoine agus tagann sé lenár gcultúr sábháilteacht ar dtús.

Le linn 2023, choinníomar ár ndeimhniú dár gCóras Bainistíochta sábháilteachta ISO. Sheolamar feachtas sábháilteachta nua freisin, ina raibh na cúpla íocónacha John agus Edward Grimes, nó "Jedward" mar is fearr aithne orthu, chun an tábhacht a bhaineann le gan úsáid a bhaint as Suiteálaí Cláraithe Gáis d'obair ar fhearais gháis agus GPL agus ar phíbobair a chur chun cinn.

### Slándáil an tSoláthair

Le linn 2023, bhí tús áite á thabhairt againn arís do shlándáil fhisiciúil agus do chibearshlándáil i gcoinne tírdhreach ina bhfuil cibearbhagairtí gníomhacha seachtracha. Rinneamar iniúchadh fomhuirí ar ár bpíblínte fomhuirí idirnascaire chun sláine na bpíblínte a chinntiú agus chuireamar tús le tógáil ar mhór-uasghráduithe slándála ar na Stáisiúin Chomhbhrúiteora in Albain.

I mí na Samhna 2023, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) an tuarascáil 'Slándáil Fuinnimh in Éirinn go dtí 2030'. Leagtar amach ann straitéis nua chun slándáil fuinnimh a chinntiú in Éirinn don deich mbliana seo, agus aistriú inbhuanaithe chuig córas fuinnimh atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050 á chinntiú.

Tá roinnt gníomhaíochtaí díreacha, agus indíreacha do Líonraí Gáis Éireann sa tuarascáil seo mar aon lena haguisín 'Soláthairtí Líonraí Gáis Éireann a Fháil', agus i measc na bpríomhghníomhaíochtaí tábhachtacha tá Cúlchiste Straitéiseach Éigeandála Gáis a chruthú chun Éire a chosaint i gcás suaitheadh soláthair gáis agus Éire ag aistriú go slán chuig fuinneamh in-athnuaite den chuid is mó. Fáiltímid roimh fhoilsiú na tuarascála seo agus leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an CRF chun Cúlchiste Straitéiseach Éigeandála Gáis a chruthú chun taca a chur faoi shlándáil fuinnimh na hÉireann.

Le linn 2023, d'oibrigh Líonraí Gáis Éireann go dlúth le EirGrid agus an CRF maidir le saincheist shlándáil an tsoláthair leictreachais don tír. Forghníomhaíodh roinnt conarthaí ceangail tarchurtha gáis chun saoráidí Giniúna Cumhachta nua a cheangal a thacóidh leis an méadú ar an acmhainn giniúna cumhachta a theastaíonn sna blianta amach romhainn agus a sholáthróidh athléimneacht i leith an leathnaithe leanúnaigh ar ghiniúint leictreachais in-athnuaite.

### Bith-mheatán

Má chuirfear dlús le leibhéil an bhithmheatáin dhúchasaigh, gás in-athnuaite carbóin-neodrach a dhéantar as dramhaíl feirme agus bia trí phróiseas ar a dtugtar díleá anaeróbach, san eangach gáis de réir spriocanna an Rialtais, cuideoidh sé le soláthar fuinnimh na hÉireann a éagsúlú agus a dhícharbónú. Le linn 2023, bhí an méid gáis in-athnuaite a cuireadh isteach inár líonra ag méadú i gcónaí, agus tá thart ar 60GWh de bhithmheatán ag sreabhadh ar ár líonra anois. Chuireamar amach conradh ar dhá ghléasra díleá anaeróbaigh a bhí ceangailte go díreach leis an eangach. Rinneamar dul chun cinn suntasach freisin ar shaoráid Instealltа Eangaí Láir Bhaile Mhistéala, a bheidh ar an gcéad saoráid lárnach in-instealltа gáis ar scála mór in Éirinn.

Ag deireadh 2022, d'eisíomar Iarratas náisiúnta ar Fhaisnéis (RFI) a dhírigh ar tháirgeoirí bithmheatáin reatha agus ionchasacha. Le linn 2023, baineadh úsáid as na freagraí RFI chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais bhonneagair amach anseo maidir le comhtháthú bithmheatáin i líonra gáis na hÉireann. Baineadh úsáid astu freisin chun cuidiú chun an bealach is fearr le bithmheatán a sholáthar chuig ár gcustaiméirí agus na ceangail is eacnamaí do tháirgeoirí leis an líona gáis a éascú. I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsíomar an Tuarascáil maidir le Fuinneamh Bithmheatáin, tuarascáil chuimsitheach ina sonraítear na príomhthorthaí ón RFI.

Dhearbhaigh torthaí na Tuarascála go bhfuil fonn láidir ar tháirgeoirí bithmheatáin ionchasacha in Éirinn, agus gurb ionann an táirgeadh comhiomlán agus 26% den ídiú reatha gáis, rud a d'fhéadfadh dul isteach sa líonra gáis faoi 2030. I dtéarmaí méideanna táirgeachta, tá an freagra a fuarthas, 14.8 TWh, níos mó ná dhá uair go leith níos airde ná uaillmhian bhithmheatán 2030 atá luaite ag Éirinn, 5.7 TWh.

## Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (ar lean)

### Hidrigin
I mí Iúil 2023, d'fhoilsigh RCAC an 'Straitéis Náisiúnta Hidrigine' Is príomh-threochlár é sin maidir le hidrigin a ullmhú, a sholáthar agus a úsáid in Éirinn. Aithnítear leis an straitéis náisiúnta conas is féidir an líonra náisiúnta gáis a threisiú chun freastal ar hidrigin a tháirgtear ó fhuinneamh gaoithe, chomh maith lena aithint go mbeidh gá le gás nádúrtha idir an dá linn chun slándáil agus athléimneacht leanúnach sholáthar fuinnimh na hÉireann a chinntiú. Léirítear leis an Straitéis freisin bunú ár Lárionaid Nuálaíochta Líonra, saoráid tástála cumasc hidrigine lasmuigh den líonra, a bunaíodh díreach dhá bhliain ó shin.

Leanadh in 2023 lenár dtaighde ar thuiscint a fháil ar an acmhainn iomlán a bhaineann le hidrigin inár Lárionad Nuálaíochta Líonra. Chríochnaíomar saoráid líonra gáis faoi thalamh lasmuigh den eangach chun taighde pleanáilte agus tástáil cumasc hidrigine a éascú. I mí na Samhna, d'fhoilsíomar ár staidéar 'HyEnd'. Fuarthas sa taighde is déanaí seo go bhfuil 90% den trealamh atá á gcumhachtú ar fud na dtionscal agus na ngnólachtaí móra in Éirinn in ann suas le 20% de hidrigin a úsáid cheana féin, nuair a dhéantar í a chumasc le gás nádúrtha.

### Bith-GNC
Treocht dhearfach is ea an t-éileamh atá ag méadú ar ghás in-athnuaite ón earnáil iompair, go háirithe san earnáil iompair earraí troma ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú. In 2023, tháinig méadú suntasach bliain ar bhliain ar an éileamh ar ghás nádúrtha comhbhrúite (GNC) san iompar, méadú 20% i gcomparáid le 2022. Is féidir le breoslú le GNC astaíochtaí feithiclí earraí troma a laghdú suas le 22%, agus soláthraithe GNC anois ag teacht ar ghás trí fhoinsí in-athnuaite, is féidir le bith-GNC rogha mhalartach breosla ghlain a sholáthar do thionscal tarlaithe na hÉireann.

I mí na Samhna, in éineacht le Virginia Internal Logistics, thugamar céim eile chun tosaigh maidir le hastaíochtaí ó thionscal iompair na hÉireann a laghdú nuair a osclaíodh an t-ochtú stáisiún athbhreoslaithe GNC mear-líonta in Éirinn. Tá an stáisiún nua lonnaithe in áitreabh Virginia International Logistics sa Mhachaire, díreach taobh amuigh d'Achadh an Iúir i gContae an Chabháin, agus cuireann sé conairí iompair nua níos glaine ar fáil d'oibreoirí lastais Éireannacha lena dtugtar deis do tharlóirí agus d'oibreoirí flít sa Chabhán agus i réigiún an Oirthuaiscirt tosú ar an turas chuig slabhraí iompair agus soláthair inbhuanaithe trína mbreosla a athrú ó dhíosal.

### Ár bhfoireann
Ceann de na réimsí a dhíreoimid orthu go leantach is ea folláine ár bpobail. Is éard atá in Time to Talk ná clár meabhairshláinte eagraíochtúil dár gcuid a bhfuil mar aidhm leis cur chuige struchtúrtha a leith tionscnamh maidir le meabhairshláinte inár n-ionad oibre. Lean an clár ag dul chun cinn go seoigh in 2023, le tacaíocht bhreise dár gcuid garchabhróirí meabhairshláinte, clár sainiúil cumarsáide dár gcomhghleacaithe san Fhórsa Allamuigh agus eagraíodh imeachtaí iomadúla chun feasacht a mhúscailt agus chun spás a sholáthar do chomhráite agus díriú ar fholláine mheabhrach agus sláinte.

Leanamar orainn ag soláthar tionscnaimh sláinte eile lena n-áirítear feasacht chothaithe, seisiúin feasachta ailse, cláir chorpacmhainne agus seisiúin aireachais. Lean ár gclár Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe 'ibelong' de chuid Líonraí Gáis Éireann ag fás leis in 2023, agus bhunaíomar Grúpa Acmhainní Fostaithe (GAF) nua, an Grúpa Néara-éagsúlachta & Cumais a atá anois, in éineacht lenár Líonra Teaghlaigh, Líonra Eitneach agus Cultúir, Líonra Bogha Ceatha agus Líonra na mBan ar an gcúigiú GAF ar fud an ghnó anois.

I mí Dheireadh Fómhair chuireamar tús le glacadh ár gcéimithe nua. Tháinig 15 chéimí nua isteach san eagraíocht ar chlár dhá bhliain ar fud ár ndisciplíní STEAM. Chomh maith leis sin, chonaiceamar dul chun cinn inár mBearna Phá idir na hInscne, atá faoi thionchar ár gclár 'ibelong', ár gclár forbartha ban a seoladh i mbliana agus ár gcláir luathoideachais STEAM agus gairm bheatha a leanfaidh ar aghaidh sna blianta amach romhainn. Is príomhréimse tosaíochta é fás agus forbairt leanúnach na gclár seo agus na straitéise Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe ar fud na heagraíochta.

### Inbhuanaitheacht
Mar cheann de na cuideachtaí fóntais is mó, tá an inbhuanaitheacht mar dhlúthchuid dár ról fuinneamh inacmhainne agus glan a sholáthar san am atá le teacht do mhuintir na hÉireann. Leis sin a bhaint amach, caithfimid ár líonra a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú sna hearnálacha ar fad i sochaí na hÉireann. Le linn 2023, leanamar orainn ag cumhdach na hinbhuanaitheachta ar fud ár ngnólachta. Rinneamar beachtú ar bhonn seasmhach ar ár straitéis inbhuanaitheachta lena chinntiú go leanaimid orainn ag díriú ar na réimsí cearta. Mar shampla, tá measúnú á dhéanamh againn faoi láthair ar conas is féidir linn dlús a chur le laghdú astaíochtaí carbóin ag ár stáisiúin chomhbhrúiteora in Albain.



## Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (ar lean)

> "Le linn na tréimhse choinníomar ár ndeimhniú de réir Shéala an Ghnó ag Obair go Freagrach (BWR) ISO26000. Táimid bródúil as go bhfuilimid ar cheann den 39 cuideachta in Éirinn a bhfuil an Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach (BWR) acu maidir le cleachtais ghnó atá freagrach agus inbhuanaithe. In 2023 bhuamar an Tionscadal um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach is Fearr i bPobal ag na Gradaim Phobail agus Chomhairle Uile-Éireann as ár dtionscnaimh rannpháirtíochta scoile, agus cuireadh ar an ngearrliosta muid i gcatagóirí inbhuanaitheachta ag na Gradaim Barr Feabhais san Ionad Oibre, Gradaim ESG Gnó agus Airgeadais, agus gradaim Inbhuanaitheacht Uile-Éireann."

Bímid i gcónaí aireach ar ár bhfreagrachtaí inbhuanaitheachta agus tá sé mar aidhm againn cur le cosaint an chomhshaoil agus tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal ina bhfuil muid ag oibriú. In 2023 choinníomar ár ndeimhniú de réir Shéala an Ghnó ag Obair go Freagrach (BWR) ISO26000. Táimid bródúil as go bhfuilimid ar cheann den 39 cuideachta in Éirinn a bhfuil an marc BWR acu maidir le cleachtais ghnó atá freagrach agus inbhuanaithe.

In 2023, bhuamar an Tionscadal um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach is Fearr i bPobal ag na gradaim Phobail agus Chomhairle Uile-Éireann dár dtionscnaimh rannpháirtíochta scoile, lena n-áirítear Junior Achievement Energise, Time to Count BITC, World of Work, rannpháirtíocht le I Wish agus Eolaí Óg BT, agus imeachtaí le linn seachtain na heolaíochta agus seachtain na bithéagsúlachta. Le linn 2023 leanamar ag obair lenár gcomhpháirtithe carthanachta Aoisghníomhaíocht Éireann agus chothaíomar ár gcaidreamh le Ná Fág Lorg. Ag deireadh 2023, bhí méadú 104% tagtha ar rannpháirtíocht oibrithe deonacha Líonraí Gáis Éireann i gcomparáid le 2022, agus tá méadú 113% ar líon na n-oibrithe deonacha aonair agus an fhoireann ag glacadh páirt i roinnt imeachtaí deonacha idir bheith rannpháirteach inár dtionscnaimh rannpháirtíochta scoile, ag déanamh roinnt obair gharraíodóireachta éadrom do chliaint scothaosta Aoisghníomhaíocht Éireann, ag glacadh páirt i bhfeachtas 'Big Knit', agus glantacháin mar chuid dár bhfeachtas 'ná fág lorg'.

Tá líonra mór bonneagair faoin talamh againn, mar aon le breis is 200 suiteáil os cionn na talún agus suíomh oifige, agus aithnímid ár ról agus ár bhfreagracht chun freagairt agus chun gníomhú le bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú. In 2023, leanamar lenár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a bheachtú ina leagtar amach an ghníomhaíocht atá le déanamh ag an gcuideachta chun a Ghealltanais Bhithéagsúlachta a chomhlíonadh. Seo a leanas samplaí de ghníomhaíochtaí a glacadh in 2023, chuireamar 15 shuirbhé bithéagsúlachta bonnlíne i gcrích in Éirinn agus Oileán Mhanann, chuireamar 15,290 crann dúchasach Éireannacha agus úllord ar Bhóthar na nOibreacha Gáis, agus rinneamar forbairt maidir leis an 'Uirlis Cuardaigh Crainn Carbóin' a dhéanann ceapadh carbóin a bhfuiltear ag súil leis a ríomh ó chrainn atá le baint agus líon na gcrann athsholáthair atá riachtanach chun an caillteanas a mhaolú.

# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (ar lean)

## Custaiméir

Cuirtear ár gcustaiméir i gcroílár ár ngnó i gcónaí. In 2023, sholáthraíomar seirbhísí ar ardchaighdeán do bhreis agus 713,000 custaiméir cónaithe agus tráchtála. Rinneadh 70,443 coinne custaiméara lena raibh ráta comhlíontachta 99%, 1.7 milliún léamh méadair, agus láimhseáil ár n-ionad teagmhála 552,066 teagmháil le custaiméirí ar bhealaí isteach agus amach.

Leanadh le haitheantas a fháil mbarr feabhais i gcúram custaiméirí agus inár gclár seirbhíse do chustaiméirí in 2023, agus bronnadh an méid seo a leanas orainn: "An tEispéireas Custaiméara is Fearr san Earnáil Phoiblí, Dheonach agus Neamhbhrabúis" gradam de chuid an Chumainn Bainistíochta Teagmhála Custaiméirí, "catagóir an Eispéiris Custaiméara is Fearr don ghradam CE Fóntas/Teileachumarsáide" agus an "Chatagóir do Thionchar an Eispéiris Custaiméara is Fearr sa Rialtas agus san Earnáil Phoiblí" ag gradam Thionchar Eispéiris Custaiméara na hÉireann áit ar bronnadh an Ceannaire um Eispéireas do Chustaiméirí 2023 ar ár mBainisteoir Cúraim Custaiméirí freisin.

## Cláir Chaipitil, Chothabhála agus Oibriúcháin

Le linn 2023, chuireamar ár n-aighneachtaí athbhreithnithe cúig bliana maidir le Rialú Praghsanna isteach don tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2022 go Meán Fómhair 2027, agus d'eisigh an CRF an cinneadh deiridh i mí na Nollag 2023. Táimid ag tnúth le leanúint ag obair i gcomhar leis an CRF isteach sa tréimhse PC5 chun seirbhísí iompair gáis atá slán, inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar d'Éirinn.

Mar sholáthraí 31% de phríomhriachtanais fuinnimh na hÉireann, tá sé ríthábhachtach sláine oibriúcháin agus iontaofacht ár líonra a choinneáil ar bun. In 2023, thabhaíomar infheistíocht chaipitiúil dar luach €148m go héifeachtach i mbonneagar criticiúil agus rinneamar dul chun cinn suntasach maidir lenár gcláir oibre caipitil agus cothabhála. Críochnaíodh 98% den chothabháil phleanáilte, lena n-áirítear deisithe sonracha ar ár stáisiúin chomhbhrúiteora in iardheisceart na hAlban. D'fhreagraíomar do 14,856 éalú gáis a tuairiscíodh go poiblí, 99.9% de laistigh de chritéir aon uair a chloig. Rinneamar oibreacha feabhais ar 50 foirgneamh il-áitíochta agus rinneamar suirbhéanna ar ligean ar 2,264km de phríomhlíonra agus de sheirbhísí.

I measc na míreanna le cur san áireamh i mbliana tá:

- Críochnaíodh tógáil trí cheangal nua do stáisiúin chumhachta:
  - Grange Backup Power, Caisleán na Gráinsí, Baile Átha Cliath
  - BSL an Phoill Bhig
  - BSL na Rinne
- Cuireadh tús le ceangal nua le stáisiún cumhachta BSL na Coirre Duibhe a thógáil.
- Críochnaíodh agus coimisiúnaíodh uasghrádú acmhainne AGI Chill Sheáin.
- Cuireadh tús le tógáil ar uasghrádú Acmhainne AGI Ard Rí.
- Cuireadh tús le huasghrádú ar lascthrealamh leictreach ag Stáisiún Comhbhrúiteora Brighouse Bay in Albain.
- Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar Stáisiún Comhbhrúiteora Beattock agus AGI Brownsbarn.
- Cuireadh tús le tógáil uasghráduithe slándála móire na Stáisiún Comhbhrúiteora in Albain.
- Críochnaíodh oibreacha treisithe ar níos mó ná 8km de phíblíne dáileacháin.
- Coimisiúnaíodh dhá stáisiún GNC, cuireadh trí stáisiún eile chun cinn.

Chuir Aurora Telecom feabhas ar a seasamh idirnáisiúnta, chomh maith lena lorg líonra náisiúnta a leathnú, trína nascacht shlán, athléimneach, défhotha a threisiú le líonraí cábla fomhuirí breise, go háirithe an nasc aisiompair fomhuirí idirnáisiúnta do chábla fomhuirí IRIS idir Gaillimh agus an Íoslainn.

Is féidir leat athbhreithniú oibriúcháin 2023 a léamh ina iomláine ar leathanaigh 32-49.



# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (ar lean)

## Tosaíochtaí straitéiseacha 2024

Leanfaimid le luach fiúntach a chruthú do mhuintir na hÉireann agus coinneoimid fuinneamh na hÉireann ag gluaiseacht trí ról lárnach a bheith againn san aistriú chuig córas fuinnimh ísealcharbóin. Oibrímid go dlúth lenár gcuid scairshealbhóirí agus páirtithe leasmhara chun tuiscint a fháil na saincheisteanna is criticiúla agus aghaidh a thabhairt orthu. Díreoimid ar rannpháirtíocht leanúnach leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear RCAC maidir le ról na ngás in-athnuaite chun tacú le spriocanna dícharbónaithe náisiúnta, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024, agus forbairt beartais fuinnimh i gcoitinne.

In 2024 déanfaimid tuilleadh taighde mionsonraithe ar an bhféidearthacht theicniúil agus sábháilteachta maidir le hidrigin ghlas a instealladh isteach i líonra gáis na hÉireann, ag treisiú ár líonra gáis 'eis-eangaí' a tógadh le déanaí ag an Lárionad Nuálaíochta Líonra. Forbróimid ár bplean oibre um shábháilteacht hidrigine agus teicniúil tuilleadh lena n-áirítear trialacha hidrigine amach anseo agus oibreoimid le RCAC, CRF agus páirtithe leasmhara eile chun na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis Hidrigine Náisiúnta a chur chun cinn.

Leanfaimid orainn ag obair i dtreo sprioc an Rialtais a chomhlíonadh mar atá 5.7TWH de bhithmheatán ar ár líonra faoin mbliain 2030. Creidimid go láidir gur féidir sprioc 2030 de 5.7TWh a bhaint amach má fhaighimid an tacaíocht riachtanach ón Rialtas. Oibreoimid le gach páirtí leasmhar chun baint amach an chuspóra thábhachtaigh sin a éascú agus chun Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin a fhorbairt agus a sholáthar.

Leis an ngéarchéim fuinnimh, tá aird tarraingthe ar an tábhacht a bhaineann le slándáil an tsoláthair. In 2024, leanfaimid le cinnteacht an tsoláthair a chinntiú agus a chinntiú go gcuirfimid ar aghaidh na ngníomhaíochtaí a sannadh dúinn sa tuarascáil 'Slándáil Fuinnimh in Éirinn go dtí 2030' a foilsíodh le déanaí, go háirithe forbairt cúlchiste náisiúnta straitéiseach gáis. Oibreoimid le RCAC agus an CRF chun bonn eolais a chur faoi straitéis éileamh fuinnimh nua, lena n-áirítear breithniú ar na critéir chun úsáideoirí móra fuinnimh a mheas, lena n-áirítear ionaid sonraí chomh maith le feidhmchláir cheanglais leis na córais leictreachais agus gáis chun an tionchar ar astaíochtaí carbóin náisiúnta a íoslaghdú. Glacfaimid páirt i gcruinnithe agus i gcomhairliúcháin chun an cheist a thabhairt chun críche do chustaiméirí gáis ionchasacha.

Táimid tiomanta do chustaiméirí a chur i gcroílár ár ngnó, seirbhís chustaiméara den scoth a sholáthar agus ár gclár oibre inbhuanaitheachta a chur chun cinn agus fócas ar leith ar thionchar ár ngníomhaíochtaí agus ár seirbhísí ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Mar chaomhnóirí bhonneagar gáis nádúrtha na hÉireann, tá sé mar aidhm againn ár seirbhís a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe a chuireann le cosaint an chomhshaoil agus a thacaíonn le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta na bpobal ina n-oibrímid, chomh maith leis an ngeilleagar i gcoitinne. Leanfaimid le líonra gáis a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil a bheidh eacnamaíoch agus éifeachtach, a chuirfidh fuinneamh na hÉireann ag gluaiseacht, chun cinnteacht soláthair agus iomaíochais a chinntiú agus ag an am céanna cuirfimid go díreach spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár dtosaíochtaí le haghaidh 2024 féach leathanach 56.

## Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do sheirbhísí chomhaltaí an Bhoird. Cuireann siad maoirseacht, rialachas agus treorú ríthábhachtach ar fáil agus táim an-bhuíoch as a dtacaíocht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Foirne feidhmiúcháin as a bhfuinneamh, a ngairmiúlacht agus a gceannaireacht i rith na bliana.

Ar deireadh, agus thar aon ní eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir agus lenár gcomhpháirtithe seachadta as a n-obair chrua agus a dtiomantas. Táim bródúil as an dóigh a ndeachamar i ngleic leis na dúshláin agus as an dul chun cinn a rinneamar sa bhliain 2023.

**Cathal Marley**
Príomhfheidhmeannaigh



# Straitéis, múnla gnó & buaicphointí

# Ár gcreat straitéiseach

Cuimsíonn ár gCreat Straitéiseach ár gCuspóir, ár bhFís, ár gcuid Luachanna agus Mianta Straitéiseacha. I dteannta a chéile, treoraíonn siad siúd ár gcinnteoireacht, tugann siad treoir dár ndaoine agus déanann siad soiléiriú ar ár ról le haghaidh ár bpríomhpháirtithe leasmhara.

**Uaillmhianta straitéiseacha**

An straitéis atá againn ná gnó atá dírithe ar fheidhmiú agus atá ag athrú chun uaillmhianta dícharbónaithe na hÉireann a bhaint amach. Inár straitéis nua, leagtar amach cén chaoi a leanfaimid orainn ag oibriú, ag cothabháil agus ag infheistiú inár líonra gáis chun soláthairtí sábháilte, iontaofa agus slána a chinntiú agus muid ag ullmhú le haghaidh todhchaí ina n-éascófar le gas líonraithe córas fuinnimh chomhtháite chun carbón glan-nialasach a bhaint amach. Tá sé sprioc straitéiseach aitheanta ag Ervia a leagfaidh an bonn dár rath sa todhchaí agus a sholáthróidh treochlár soiléir chun ár gcuspóir agus ár bhfís a bhaint amach.

Fuinneamh a iompar go sábháilte agus go slán inniu agus an t-aistriú chuig todhchaí dhícharbónaithe a éascú.

Réitigh fuinnimh iontaofa agus inacmhainne a sholáthar dár gcustaiméirí, agus muid ag aistriú le chéile chun gáis in-athnuaite líonraithe a iompar ar scála.

Comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara le haghaidh todhchaí ina n-éascófar córas comhtháite fuinnimh le gás líonraithe.




Leas a bhaint as ár dtaithí ón am atá thart agus ár ndaoine a fhuinnmhiú chun todhchaí ár líonra a sholáthar.

Neart airgeadais a choinneáil chun forbairt amach anseo ar líonra athléimneach agus inbhuanaithe a éascú.

Oibriú ar bhealach nuálach, éifeachtach agus inbhuanaithe.



# Ár gcuspóir, ár bhfís agus ár scéal

**Ár gcuspóir**

**Fuinneamh na hÉireann a chur ag Gluaiseacht**

**Ár bhfís**

**Bheith ag croílár thodhchaí fuinnimh na hÉireann**

Leagann ár gcuspóir agus ár bhfís béim ar cé muid mar chuideachta, cá háit as ar tháinig muid, ár ról lárnach i gcóras fuinnimh na hÉireann agus cá bhfuilimid ag dul. Is eol dúinn gur gá dúinn leanúint ar aghaidh ag feidhmiú inniu le haghaidh ár gcuid custaiméirí agus páirtithe leasmhara agus ár líonra á bhunathrú le haghaidh todhchaí dícharbónaithe. Le scéal simplí ach cumhachtach ár gcuideachtaí insítear faoi dhaoine díograiseacha, bródúla, ár n-oidhreacht chruthaithe agus ár mian don todhchaí.

## Ár ról

Agus muid ag breathnú ar an todhchaí, is cuí ár ról a shainiú, bainfimid leas as ár dtaithí, ár saineolas agus ár gcultúr comhoibrithe agus athraithe chun oibriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe. Leis na pleananna atá curtha i bhfeidhm againn anois, beidh ról lárnach againn fós ag croílár chóras fuinnimh na hÉireann.

## Ár bhfoireann

Tá foireann thiomanta, dhílis, oilte agus bhródúil againn. Coinnítear ár líonra gáis láidir le bearta aonair cúraim agus gairmiúlachta agus béim curtha ar fhreastal ar ár gcuid custaiméirí agus ról a ghlacadh chun riachtanais fhuinnimh na hÉireann a chomhlíonadh. Táimid bródúil as ár mian mar atá cabhrú le hÉirinn a spreagadh i dtreo todhchaí inbhuanaithe.

## Ár n-oidhreacht

Tá oidhreacht chruthaithe againn mar bheith eolach ar conas forbairt, i dtreo timpeallachta níos glaine i gcónaí. Tá na blianta fada de chomhsheasmhacht agus d'iontaofacht léirithe againn – d'athraigh muid ó ghás baile go gás nádúrtha, cabhróidh ár dtaithí agus ár saineolas linn le athraithe ó bhonn a dhéanamh arís, ó ghás nádúrtha go gáis in-athnuaite. Bainistímid bonneagar nua-aimseartha den chéad scoth agus soláthraímid seirbhísí ríthábhachtacha 365 lá in aghaidh na bliana, agus tacaíocht ríthábhachtach á tabhairt againn d'fhoinsí leictreachais in-athnuaite.

## Ár mian

Tuigimid go dteastaíonn ceannaireacht, comhpháirtíocht agus athrú ar fud an tionscail chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Ní mór athúsáid a bhaint as ár líonra chun gáis in-athnuaite, bith-mheatán agus hidrigin a iompar, ar scála. Chun é sin a chomhlíonadh beidh gá le comhoibriú le comhpháirtithe fuinnimh eile chun neodracht carbóin a chinntiú i dteannta a chéile. Tá cumas uathúil ag ár n-eagraíocht agus a líonra cuimsitheach an t-athrú riachtanach a dhéanamh, agus táimid ag obair go crua i dtreo na spriocanna sin cheana féin.

# Ár luachanna

**Tógáil ar thaithí**

**An rud ceart a dhéanamh**

**Spreagtha chun athraithe**

Táimid treoraithe ag trí chroí-luach a shainíonn carachtar ár n-eagraíochta. Déanann siad ár ngníomhartha agus ár gcinntí a threorú agus cuireann siad creat ar fáil don chaoi a ndéanaimid idirghníomhú agus cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara.

## Maidir le Líonraí Gáis Éireann, táimid:

## Tógáil ar thaithí

Táimid bródúil as gach rud atá bainte amach againn go dtí seo. Is é ár n-ardán le haghaidh rath leanúnach. Ní hamháin go bhfuiltear ár dtreorú le blianta de shaineolas iontaofa agus de shíorathrú, ach tugann siad an mhuinín dúinn bogadh i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe.

## An rud ceart a dhéanamh

Treoraítear gach rud a dhéanaimid le cúram agus comhbhá. Ciallaíonn sé sin seirbhísí a sheachadadh chomh sábháilte agus atá siad iontaofa. Agus caitheamh lenár ndaoine agus lenár gcustaiméirí araon leis an meas is mó agus sin á dhéanamh againn.

## Spreagtha chun athraithe

Cruthaíonn nuálaíochtaí an lae inniu éabhlóid an lae amárach. Tá a fhios againn gurb é an t-aon dóigh a dtig linn aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos glaine go mbeimid sásta foghlaim, oiriúnú, bheith nuálach agus comhoibriú go forleathan.

# Cruthú luachanna

Oibríonn Ervia i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú i gcónaí agus lena ghabhann dúshláin agus deiseanna dár ngnó. Tá solúbthacht maidir leis na dúshláin agus na deiseanna sin a aithint, a athbhreithniú agus freagairt dóibh fós ríthábhachtach do rath Ervia agus a chumas luach a chruthú dá chuid páirtithe scairshealbhóirí, páirtithe leasmhara agus custaiméirí.

| | Is é an dúshlán | Is é an deis | Cruthóimid luach mar seo a leanas |
|---|---|---|---|
| **Slándáil an tsoláthair** | **Córas fuinnimh na hÉireann a neartú trí shlándáil an tsoláthair gáis a mhéadú.** | Iontaofacht agus solúbthacht an líonra gháis a choinneáil agus a mhéadú le haghaidh chóras na hÉireann. | Oibriú leis an Rialtas maidir le dul chun cinn na moltaí sa phacáiste slándála fuinnimh a foilsíodh le déanaí d'Éirinn. |
| **Gníomhú ar son na haeráide** | **Cur le laghdú 50% ar astaíochtaí carbóin in Éirinn faoi 2030 i gcomhréir le spriocanna ábhartha an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus na gníomhaíochtaí sannta.** | Gáis in-athnuaite líonraithe a chur in ionad gáis nádúrtha. | Cabhrú le spriocanna an rialtais um tháirgeadh bithmheatáin agus hidrigine a bhaint amach trí thacaíocht do na tionscail sin atá i mbun na nuálaíochta agus an líonra a ullmhú le hidrigin a iompar. Ag cinntiú freisin go bhfeidhmímid ár ngnó chomh hinbhuanaithe agus is féidir. |
| **Seirbhísí inbhuanaithe** | **Cinntiú go meastar an gás mar rogha fuinnimh fadtéarmach inbhuanaithe.** | Tairiscintí agus eispéireas a fhorbairt a fhreastalóidh i gcónaí ar riachtanais fhuinnimh agus ionchais custaiméirí. | Gáis, tairiscintí seirbhíse agus bealaí nua a thabhairt isteach a bheidh dírithe ar inbhuanaitheacht, sástacht na gcustaiméirí a uasmhéadú agus iarracht na gcustaiméirí a íoslaghdú. |
| | **Cinntiú go gcuirtear béim lenár gcuid taraifí ar inacmhainneacht fuinnimh.** | Ár mbonn costais a bhainistiú go héifeachtach i dtimpeallacht ina bhfuil costais agus boilsciú ag dul in airde lena chinntiú go mbeidh taraifí gáis chomh hiomaíoch agus chomh hinacmhainne agus is féidir do gach custaiméir fuinnimh. | |
| **Iomaíochas eacnamaíoch** | **Tacú le réadú Pleananna Náisiúnta Eacnamaíocha agus Forbartha trína chinntiú go bhfuil tairiscint inbhuanaithe líonraithe gáis ag Éirinn.** | Líonra gáis iontaofa, inacmhainne agus inbhuanaithe a chur ar fáil. | Infheistiú i mbonneagar agus sa nuálaíocht chun tacú le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe ar bhonn náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. |
| **Oibríochtaí inbhuanaithe** | **Oibríochtaí gnó eiticiúla a chinntiú a chosnaíonn an timpeallacht, lena léirítear meas ar acmhainní agus lena leagtar luach ar fhostaithe agus phobail.** | Cleachtais eiticiúla inbhuanaithe ghnó a chumhdach, lena chinntiú go bhfuil prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus rialachais ag croílár ár gcuid cinntí gnó. | Cuideachta inbhuanaithe agus eiticiúil a fheidhmiú, ár n-astaíochtaí agus ár ndramhaíl a íoslaghdú, an bhithéagsúlacht a fheabhsú agus tacú lenár muintir agus ár bpobail. Tá bealach forbartha againn chun ár n-astaíochtaí oibriúcháin líonra a laghdú 50% faoi 2030. |

# Samhail ghnó Ervia

## Luach a chruthú - mar a dhéanaimidne é

Agus iad ag obair le chéile, tógann agus oibríonn ár ndaoine agus ár gcomhpháirtithe ár líonraí gáis agus snáthoptaice, agus déanann siad cothabháil orthu, chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcustaiméirí, don phobal agus don gheilleagar.

## Ionchuir

### Airgeadais

Tuillimid ioncam ar mheascán sócmhainní rialáilte agus neamhrialáilte.

| Sócmhainní iomlána | |
|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | €2.8 bn |
| Aurora Telecom | €35.5 m |

### Líonraí

Clúdaíonn ár líonraí gáis agus teileachumarsáide an tír ar fad. Freastalaíonn ár líonra gáis ar 22 tír ar bhonn náisiúnta.

| Km de líonraí | |
|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | 14,725 km |
| Aurora Telecom | 1,569 km |

### Daoine agus comhpháirtithe

Má bhímid ag obair le chéile agus má bhainimid leas as ár saineolas i dteannta a chéile is féidir linn ár ngnó a chaomhnú agus a fhás.

756 fostaí

### Páirtithe Leasmhara

Téann muid i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara agus bíonn muid go gníomhach ag lorg a dtuairimí: ár gcustaiméirí, ár rialtóirí, an Rialtas agus infheisteoirí.

### Acmhainní nádúrtha

Oibrímid chun ár gcomhshaol a chosaint le linn an aistrithe i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin.

## Gníomhaíochtaí gnó

### Na córais a oibriú

- Soláthar leanúnach ar ardchaighdeán
- Sábháilteacht
- Rialú eangaí
- Freagairt do thuairiscí faoi sceitheadh gáis

### Ár mbonn sócmhainní a chothabháil

- Slándáil chórais
- Straitéis sócmhainne
- Cláir chothabhála

### Ár dtairiscint a fheabhsú go leanúnach

- Bith ghás Nádúrtha Comhbhrúite
- Hidrigin Chumaiscthe
- Bith-mheatán

### Infheistiú i sócmhainní

- Athfheistiú
- Acmhainn
- Slándáil an tSoláthair
- Dícharbónú

### Freastal go maith ar ár gcustaiméirí

- Comhoibritheach
- Naisc nua

### Pleananna na todhchaí a fhorbairt agus a mhaoiniú

- Pleanáil éifeachtach gnó
- Tús áite don infheistíocht
- Béim ar ghníomhú ar son na haeráide

## Aschuir



Seirbhísí éifeachtúla atá cost-éifeachtúil agus dírithe ar chustaiméirí

Bonneagar daingean seasmhach



## Sochair

### Custaiméirí

- Freastal ar bhreis is 713,000 custaiméir gáis
- Soláthairtí leanúnacha sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Seirbhísí a chur ar fáil atá ag éirí níos éifeachtúla i dtólamh

### Fostaithe

- Foghlaim agus Forbairt
- Sláinte agus Folláine
- Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú

### Pobail

- An timpeallacht a chaomhnú
- Ag tacú leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht
- Ag tacú le pobail áitiúla

### Rialtóirí

- Feidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin a fheabhsú i gcomparáid le caighdeáin rialála

### Scairshealbhóir

- A díriú ar luach scairshealbhóra
- Díbhinní

### Geilleagar

- Ag cumasú forbairt gheilleagrach
- Tacú le fostaíocht
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar

# Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Ag Líonraí Gáis Éireann, tugaimid an-aird ar nádúr agus ar cháilíocht ár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara. Oibrímid go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara chun a dtuairimí agus a gcuid riachtanais atá ag teacht chun cinn a thuiscint, chun cinneadh a dhéanamh maidir le tosaíochtaí, chun tionscnaimh a sheachadadh i gcomhpháirtíocht.

| | I measc na gcomhlachtaí ionadaíochta tá | Tosaíochtaí | Freagra | Suirbhéanna | Duine le Duine | Ócáidí eolais | Grúpaí oibre | Suíomh Gréasáin | Na meáin shóisialta | Cruinnithe il-pháirtithe leasmhara |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pobail phoiblí ginearálta** | Daoine aonair, pobail, grúpaí comhshaoil, grúpaí tomhaltóirí, grúpaí le leas i ngnó, forais feirmeoireachta, etc. | • Soláthairtí sábháilte seasmhacha gáis nádúrtha agus in-athnuaite a chinntiú<br>• Iomaíochas a chaomhnú<br>• Tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch<br>• Tacú le dícharbónú | • Díriú ar phlé ar leibhéal áitiúil agus pobail do sholáthairtí gáis nádúrtha reatha agus soláthairtí gáis in-athnuaite a thagann chun cinn.<br>• Ár bhfeidhmíocht den scoth a chaomhnú maidir le freagairt phras nuair a thuairiscítear gás éalaithe.<br>• Plé an phobail leis an tsábháilteacht a fheabhsú trí theachtaireachtaí agus fhógraíocht sábháilteachta.<br>• Rannpháirtíocht i bhfóraim tionscail ar shábháilteacht, seachtain na sábháilteachta foirgníochta agus imeachtaí sábháilteachta do chonraitheoirí.<br>• Bóithre a oscailt ar bhealach freagrach le cur isteach íosta.<br>• Bonneagar a chur ar fáil chun fás geilleagrach a éascú.<br>• Feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail maidir le bealaí chuig Dícharbónú Líonra. | | | | | ● | ● | ● |
| **Páirtithe** | Comhpháirtithe, lastóirí, soláthróirí agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí. | • Oibriú go héifeachtúil le chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar<br>• Nuálaíocht a spreagadh<br>• An líonra a dhícharbónú | • Dlúthchomhar le lastóirí agus soláthraithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhorbartha úsáideoirí gáis.<br>• Oibriú i gcomhpháirt le príomhpháirtithe tionscail chun an céatadán de gháis in-athnuaite ar ár líonra a mhéadú.<br>• Athbhreithnithe feidhmíochta agus plé a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí go rialta lenár gcuid comhpháirtithe seirbhíse chun ailíniú a chinntiú maidir le straitéis fuinnimh comhtháite a chur i gcrích. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Rialtóirí** | An Coimisiún um Rialáil Fóntais (Poblacht na hÉireann), Rialtóir Fóntais (Tuaisceart Éireann), Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais. | • Tionscnaimh a chur i gcrích chun beartais fuinnimh agus aeráide a chur i bhfeidhm<br>• Oibriú go héifeachtúil<br>• Ár gcuid gealltanas rialála a chomhlíonadh | • Gealltanais Líonraí Gáis Éireann faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh i gcomhar le príomh-rannpháirtithe tionscail.<br>• Infheistiú i dtionscadail bhith-mheatáin, hidrigine agus gáis nádúrtha comhbhrúite.<br>• Oibriú leis na comhlachtaí ábhartha go léir ar shlándáil an tsoláthair gháis agus pleanáil éigeandála.<br>• Oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil chun ár gcuid gealltanas rialála a chomhlíonadh. | | ● | | ● | | | |
| **Scairsheal-bhóirí** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, An Roinn Caiteachais Phoiblí. agus Athchóirithe. | • Beartas Rialtais a chur i bhfeidhm<br>• Cabhrú le spriocanna dícharbónaithe an Rialtais a bhaint amach tríd an gcéatadán de gháis in-athnuaite ar an líonra a mhéadú<br>• Cumarsáid a dhéanamh go cruinn trédhearcach agus dul chun cinn maidir le pleananna a léiriú | • Líonra sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil a oibriú, a chothabháil, a fhorbairt agus a dhícharbónú.<br>• Pleananna gnó a fhorbairt agus a bhaint amach atá ag teacht le spriocanna dícharbónaithe an Rialtais.<br>• Oibriú lenár gcuid Scairshealbhóirí agus le príomh-rannpháirtithe tionscail eile ar shlándáil an tsoláthair fhuinnimh chun iontaofacht an líonra gháis a fheabhsú.<br>• Tuairiscí agus nuashonruithe feidhmíochta rialta a eisiúint d'fhorais mhonatóireachta agus mhaoirseachta. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |

# Buaicphointí

### Leanann gás de bheith mar bhonn agus mar thaca ag meascán fuinnimh na hÉireann

Sa bhliain 2023, táirgeadh 47% de leictreachas bliantúil na hÉireann ag úsáid gás nádúrtha , rud a léiríonn laghdú 1% ó 2022. Laghdaíodh an sciar den ghiniúint leictreachais ag gaoth ó 38% sa bhliain 2022 go 39% sa bhliain 2023, agus chuaigh giniúint as gual i laghad ó 9% sa bhliain 2022 go 4% sa bhliain 2023.

Ag a mbuaic, bhí 89% agus 80% faoi seach de riachtanais leictreachais na hÉireann á gcumhachtú ag gás agus gaoth. Mar gheall ar nádúr eadrannach na gaoithe, laghdaigh sé go níos uaisle ná 1% uaireanta. Bhí an spleáchas is mó ar ghás i mí an Mheithimh i rith na bliana, toisc gur sholáthair sé 58% de sholáthairtí leictreachais i rith na míosa. Rinne fuinneamh gaoithe an ranníocaíocht is mó dá chuid go dtí seo i mí na Nollag, agus é ag giniúint 53% den leictreachas ar fad sa Stát.

### Naisc nua

San iomlán, tá 19 méadar mór tionsclaíochta agus 352 fiontar beag go meánmhéide a bhfuil conarthaí leo chun iad a nascadh leis an líonra gáis sa bhliain 2023. Taispeántar an ceannach gaolmhar don bhonn custaiméara sin thíos:

- 2,262.3 GWh - 19 méadar mór tionsclaíochta
- 38.1 GWh - 352 cuideachta tráchtála

### An t-ochtú stáisiún athbhreoslaithe CNG de chuid na hÉireann

In éineacht le Virginia Internal Logistics thugamar céim eile chun cinn maidir le hastuithe ó thionscal iompair na hÉireann a laghdú - nuair a d'oscail an tAire Coimirce Sóisialaí agus an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, an t-ochtú stáisiún athbhreoslaithe Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite (GNC) mear-líonta na hÉireann.

### Tionscal ullmhaithe don hidrigin

Leanadh lenár dtaighde ar thuiscint a fháil ar an acmhainn iomlán a bhaineann le hidrigin inár Lárionad Nuálaíochta Líonra in Iarthar na Cathrach. I mí na Samhna 2023, foilsíodh ár dtuarascáil HyEnd. Fuarthas amach sa taighde is déanaí seo go bhfuil níos mó ná 90% den trealamh atá á gcumhachtú ar fud na dtionscal agus na ngnólachtaí móra in Éirinn in ann suas le 20% de hidrigin a úsáid cheana féin, nuair a dhéantar í a chumasc le gás nádúrtha.

### Straitéis Hidrigine Náisiúnta

D'aithin Straitéis Hidrigin Náisiúnta an Rialtais, a foilsíodh i mí Iúil, an ról ríthábhachtach a bheidh ag líonra gáis na hÉireann, arb ionann é agus €2.8bn, in éabhlóid hidrigine in-athnuaite na hÉireann amach anseo. Áirítear leis seo an chaoi a mbainfear breis acmhainn as an líonra gáis chun freastal ar hidrigin a tháirgtear ó fhuinneamh gaoithe, chomh maith le haithint go mbeidh gá le gás nádúrtha idir an dá linn chun slándáil agus athléimneacht leanúnach sholáthar fuinnimh na hÉireann a chinntiú.

### Infheistíocht Chaipitil €148m i líonra gáis na hÉireann de réir mar a mhéadaíonn méid an ghás in-athnuaite

Baineadh amach infheistíocht chaipitil de €148m i mbonneagar ríthábhachtach gáis sa bhliain 2023. Ar aon dul lenár leithéidí thar chríocha na hEorpa, táimid dírithe ar ár soláthar gáis a aistriú chuig gáis in-athnuaite amhail bithmheatán agus hidrigin.

### Fostaí ag obair go deonach

Sa bhliain 2023, d'éirigh le níos mó ná 160 dár bhfostaithe os cionn 70 tionscnamh pobail áitiúil a éascú agus a sheachadadh lena n-áirítear cláir oideachais de chuid STEAM - 'Energize', rud a spreagann daltaí i rang a sé leanúint le hábhair eolaíochta sa dara leibhéal den oideachas, 'Tá sé in Am againn Comhaireamh' – clár tacaíochta bunscoile maidir le uimhearthacht, agus an clár 'Saol na hOibre', a thugann tacú ó thaobh oideachais agus gairme de sa mheánscoil, chomh maith le garraíodóireacht do dhaoine aosta lenár gcomhpháirtí carthanachta Aoisghníomhaíocht Éireann, tionscadail bithéagsúlachta agus tionscnaimh tiomsaithe airgid.

Sa bhliain 2023, chuireamar 54,008 uair an chloig ar fáil i réimse an tionchair shóisialta agus glacadh linn mar iarratasóirí ar an "Deimhniú maidir le hInfheistíocht in Oibrithe Deonacha" - an caighdeán cáilíochta náisiúnta maidir leis an gcleachtas is fearr i mbainistíocht oibrithe deonacha.

### Aurora Telecom

Díríonn Aurora Telecom go speisialta ar sheirbhísí snáithíní optúla dorcha agus comhshuímh le haghaidh iompróirí teileachumarsáide, eagraíochtaí corparáideacha agus seirbhísí riaItais. Sa bhliain 2023, chuir Aurora Telecom feabhas ar a seasamh idirnáisiúnta, chomh maith lena lorg líonra náisiúnta a leathnú, trína nascacht shlán, athléimneach, dé-fhotha a threisiú le líonraí cábla fomhuirí breise, go háirithe an nasc aisiompair fomhuirí idirnáisiúnta do chábla fomhuirí IRIS. Is é Aurora Telecom an t-aon soláthraí atá nasctha le chéile leis an gcóras nua cábla ardluais seo atá faoin bhfarraige, cábla atá thart ar 1,700 km ar fad agus a nascann an Ioslainn le Trá Bhaile an Locháin i nGaillimh.

### Tionscail bithmheatáin ullamh agus réidh

I mí Mheán Fómhair, d'fhoilsíomar an Tuarascáil maidir le Fuinneamh Bithmheatáin, tuarascáil chuimsitheach ina sonraítear na príomhthorthaí ón Iarratas náisiúnta maidir le Spriocdhíriú próisis faisnéise a dhéanamh ar tháirgeoirí bithmheatáin reatha agus ionchasacha. Baineadh úsáid as na freagraí chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais bhonneagair amach anseo maidir le bithmheatán a chomhtháthú i líonra gáis na hÉireann agus cabhrú leis an mbealach is éifeachtaí a éascú maidir le bithmheatán a sheachadadh dár gcustaiméirí, agus leis na naisc is eacnamaíche leis an líonra gáis a éascú do thairgeoirí.

Dhearbhaigh torthaí na tuarascála go bhfuil inghlacthacht láidir i measc táirgeoirí ionchasacha bithmheatáin in Éirinn, agus gurb ionann an táirgeadh comhiomlán agus 26% den tomhaltas reatha gáis, rud a d'fhéadfadh dul isteach sa líonra gáis faoi 2030. I dtéarmaí méideanna táirgeachta, tá an freagra a fuarthas, 14.8 TWh, níos mó ná dhá uair go leith níos airde ná uaillmhian bhithmheatáin 2030 atá luaite ag Éirinn, 5.7 TWh.

### Gradam Barr Feabhais maidir le hOibriúchán Foriomlán 2023

Fógraíodh i mí an Mheithimh gur bhuamar Gradam Barr Feabhais maidir le hOibriúchán Foriomlán 2023, a thugann aitheantas agus ómós do dhaoine aonair, d'fhoirne agus d'eagraíochtaí atá tiomanta do bharr feabhais oibriúcháin a bhaint amach agus claochlú gnó a thiomáint.

### Freagairt taobh istigh d'uair an chloig, gach uair

Sa bhliain 2023, thugamar freagra ar 14,856 cás inar measadh gur scaoileadh gás, nó ina raibh fadhbanna a bhain le haonocsaíd charbóin, agus teagmhais eile, taobh istigh de 27 nóiméad ar an meán.

### Aitheantas dár mbarr feabhais i gcúram custaiméirí

Leanadh le haitheantas a fháil dár mbarr feabhais i gcúram custaiméirí agus inár gclár seirbhíse do chustaiméirí, agus bronnadh na nithe seo na nithe seo orainn: "An tEispéireas is Fearr do Chustaiméirí san Earnáil Phoiblí, Dheonach agus Neamhbhrabúis" ag Dámhachtainí Teagmhála Custaiméirí & Seirbhísí Comhroinnte na hÉireann; an chatagóir "Eispéireas is Fearr do Chustaiméirí - Fóntais/Teileachumarsáid" ag Dámhachtainí Eispéireas Chustaiméara 2023 agus an chatagóir "Tionchar ar an Eispéireas is Fearr do Chustaiméirí sa Rialtas agus san Earnáil Phoiblí" ag Dámhachtainí Tionchair CX na hÉireann áit ar bronnadh Ceannaire um Eispéireas do Chustaiméirí 2023 ar ár mBainisteoir Cúram Custaiméirí Bernard Mooney freisin. Leanamar ar aghaidh lenár n-aistir custaiméara a choinneáil agus a fheabhsú, rud a d'fhág gurb ionann fós ár Scór Sástacht Custaiméara foriomlán agus scór den scoth 93%.

### An cúigiú tuarascáil bhliantúil ar inbhuanaitheacht

Sa bhliain 2023, eisíomar ár gcúigiú tuarascáil bhliantúil ar inbhuanaitheacht Leagann an tuarascáil, ar a dtugtar 'Inbhuanaitheacht Faoi Lán Seoil' agus atá ag teacht le caighdeán an Tionscnaimh Dhomhanda um Thuairisciú chomh maith le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, béim ar an dul chun cinn leanúnach atá againn maidir le tacú le hinbhuanaitheacht timpeallachta, shóisialta agus eacnamaíoch laistigh den ghnó agus de na pobail ina n-oibrímid.

### Dhá mhilliún uair an chloig saor ó thimpiste

I mí Dheireadh Fómhair 2023, baineadh an garsprioc sábháilteachta amach agus 2,000,000 uair an chloig oibrithe againn gan teagmhas ama caillte. Is teist é an éacht sin ar dhúthracht, ar dhíograis agus ar airdeall ár bhfoireann agus tagann sé lenár gcultúr maidir le tús áite a thabhairt don sábháilteacht.




# Athbhreithniú oibriúcháin agus airgeadais

## Athbhreithniú oibriúcháin

# Líonra gáis atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa a sholáthar

### Forbhreathnú

Is le Líonraí Gáis Éireann an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus déanann Líonraí Gáis Éireann an líonra a fheidhmiú agus a chothabháil. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonraí is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonraí is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan agus cuimsítear ann 14,725km de phíblínte gáis lena n-áirítear dhá idirnascaire fomhuirí agus píblínte fomhuirí. Chomh maith leis sin, soláthraímid seirbhísí snáthoptaice teileachumarsáide mórdhíola faoin ainm gnó Aurora Telecom.

Is croílár ár gcuid oibre é gás nádúrtha a iompar ar bhealach sábháilte iontaofa agus seirbhís atá ar fheabhas agus cost-éifeachtúil i gcónaí a chur ar fáil, chun go mbainfidh ár gcustaiméirí go léir leas as.

Faoi láthair, braitheann os cionn 713,000 teach agus gnólacht lena n-áirítear giniúint cumhachta agus go leor de na tionscail is mó sa tír ar ghás le haghaidh leictreachais, téimh agus iompair agus tá muinín acu i líonraí gáis na hÉireann chun fuinneamh éifeachtach iontaofa a sholáthar chun freastal ar a gcuid riachtanas 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain, agus leas á bhaint as soláthar sábháilte éifeachtach slán de ghás nádúrtha gach lá. Mar fhoinse fuinnimh, tá tábhacht straitéiseach ag an ngás nádúrtha d'Éirinn, agus éascaíonn sé jabchruthúchán agus fás geilleagrach.

Is sócmhainn náisiúnta ríthábhachtach é an líonra gáis agus tá ról ríthábhachtach aige i ngeilleagar na hÉireann, agus 31% de phríomhriachtanais fuinnimh na tíre á sholáthar aige. Táirgtear 47% ar an meán de leictreachas bliantúil na hÉireann trí úsáid a bhaint as gás nádúrtha. I ngeall ar inathraitheacht cineálacha breosla sa mheascán giniúna leictreachais, go háirithe an ghaoth agus an ghrianchumhacht, bhain giniúint leictreachais gáis buaicphointe 89% éilimh amach le linn na bliana 2023, ag athdhearbhú an tábhacht a bhaineann le soláthair gáis solúbtha iontaofa.

Tá an gás nádúrtha ar an bpáirtí is fearr a bheadh ag an bhfuinneamh in-athnuaite, an ghaoth agus an ghrianchumhacht cuir i gcás. Cionn is go bhfuil acmhainn mhór stórála fuinnimh agus solúbthacht ag baint leis an líonra gáis, fágtar gur féidir cur leis an líonra chun freastal ar an éileamh ard ar theas le linn tréimhsí atá thar a bheith fuar, nó féadfaidh sé breosla breise a sholáthar chun cumhacht a ghiniúint nuair nach séideann an ghaoth. Gné atá ag éirí níos tábhachtaí don eangach leictreachais is ea cumas an líonra gáis freagairt do phróifílí atá ag athrú agus do dhul i bhfód na giniúna eatramhaí leictreachais in-athnuaite ag dul i méid i gcónaí.

Tá Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh díriú ar chinnteacht soláthair agus oibríochtaí sábháilte agus, mar sin, líonra sábháilte, éifeachtúil, iontaofa gáis a sholáthar go leanúnach. San am céanna, tátar i ndiaidh deiseanna a lorg chun an leas is mó a bhaint as an líonra mar chuid d'aistriú na hÉireann go geilleagar a bheidh neodracht ó thaobh carbóin de. Is í an uaillmhian atá againn ná líonra gáis de charbón glan-nialasach a bheith ann faoi 2050 agus táimid ag obair chun é sin a dhéanamh. Trí ghais in-athnuaite cosúil le bithmheatán agus hidrigin a chur in ionad an ghais nádúrtha agus trí leictreachas in-athnuaite eadrannach a chomhlánú, táimid ag tacú le haistear na hÉireann i dtreo todhchaí fuinnimh níos glaine.



## Timpeallacht oibriúcháin

### Éileamh agus soláthar

I rith 2023, d'fhan bunús an mhargaidh ghais dearfach agus d'fhan an t-éileamh ar fud na hEorpa faoi bhun mheáin na méide a bhí ann ó 2017-2021. Bhí éileamh ar ghás in Éirinn 7% níos ísle in 2023 ná mar a bhí in 2022. B'ionann an gás iomlán a iompraíodh i bPoblacht na hÉireann agus 53.1 TWh, agus Giniúint Cumhachta ag 59.3%, Tionsclaíoch agus Tráchtála 28.1%, cónaithe 11.3%, gás breosla 1.25% agus iompar 0.05%.

Le linn na bliana, sholáthair gáscheantar na Coiribe 22% de na riachtanais ghais ar fad i bPoblacht na hÉireann, agus d'fhreastail allmhairí ón Ríocht Aontaithe ar 78% den éileamh. Baineadh amach 60 GWh de ghás in-athnuaite agus soláthraíodh é tríd an bpointe insteallta bithmheatáin i gContae Chill Dara.

Bhí luaineacht ann fós ar phraghsanna gáis isteach in 2023, agus ba léir méaduithe agus laghduithe géara i dtréimhsí réasúnta gearra de bharr fachtóirí margaidh. D'ainneoin sin, bhí soláthairtí fisiceacha gáis na hÉireann fós slán. Baineann Éire leas as nasc iontaofa leis an Ríocht Aontaithe trí chóras idirnascaire nasctha. Cuirtear soláthar maith ar fáil, dá réir sin, do mhargadh na Ríochta Aontaithe ó tháirgeadh dúchasach gáis, táirgeadh gáis na hIorua, saoráidí stórála gáis agus gás nádúrtha leachtaithe (GNL).

I rith 2023, lean an tAontas ar aghaidh ag laghdú a spleáchas ar sholáthairtí gáis na Rúise trí phíobáin agus ag méadú dul i bhfód na ngás in-athnuaite. Leag an tAontas spriocanna amach maidir le leibhéil stórála gáis, 80% iomlán faoin 1 Samhain 2023, rud a chabhraigh go mór leis an margadh dul i ngleic le tréimhse an gheimhridh. Tabharfar an Pacáiste maidir le Dícharbónú Margaí Hidrigine agus Gáis chun críche in 2024 agus leis sin, leagfar amach pleananna uaillmhianacha chun tuilleadh gáis in-athnuaite a éascú sna líonraí gáis atá ann cheana ar fud na hEorpa lena n-áirítear creat a fhorbairt le haghaidh líonraí hidrigine.

Is tosaíocht leanúnach í slándáil fuinnimh na hÉireann. I mí Iúil 2023, d'fhoilsigh RCAC a straitéis 'Slándáil Fuinnimh in Éirinn go dtí 2030', lena n-áirítear an tuarascáil 'Soláthairtí Gáis na hÉireann a Chothabháil'. Sannadh roinnt gníomhaíochtaí do Líonraí Gáis Éireann sa tuarascáil seo, a chuirfear chun cinn in 2024.

### Rialáil

Déanann an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) na sócmhainní ar fad ar líonraí gáis Tarchurtha agus Dáileacháin na hÉireann a rialáil, lena n-áirítear na hidirnascairí fomhuirí agus na sócmhainní ar tír mhór in Albain. Rialaíonn an Rialálaí Fóntas píblínte GNI (UK) Limited i gcóras tarchurtha Thuaisceart Éireann. Tá ceadúnas idirnascaire na Ríochta Aontaithe ó Ofgem ag Líonraí Gáis Éireann agus GNI (UK) Limited maidir leis na hidirnascairí fomhuirí le hAlbain.

Le linn na bliana 2023, lean Líonraí Gáis Éireann de bheith rannpháirteach go gníomhach i gcomhlachais ghais agus i ngrúpaí oibre éagsúla an Aontais san Eoraip, lena n-áirítear an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSOG), Eurogas, Bonneagar Gáis na hEorpa (GIE) agus Dáileoirí Gáis don Inbhuanaitheacht (GD4S). Díríonn siad sin go léir ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do chur chun feidhme bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais, amhail an t-athbhreithniú reachtaíochta gáis agus ionchur i gcláir oibre theicniúla agus rialála ghaolmhara.

### Taraifí

Léirítear leis na taraifí le haghaidh 2023/24 méadú (ainmniúil) thart ar 18% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud atá á spreagadh den chuid is mó le boilsciú mar aon le costas méadaithe an chraptha agus carbón. Bhí na tosca sin taobh thiar freisin de mhéadú (ainmniúil) thart ar 7% ar na taraifí dáileacháin do 23/24.

### Rialú praghsanna Líonraí Gáis Éireann

Feidhmíonn Líonraí Gáis Éireann sócmhainní tarchurtha agus dáileacháin in Éirinn agus in Albain faoi chóras rialaithe praghsanna arna chinneadh ag an CRF. Socraíonn an rialtóir córas nua rialaithe praghsanna gach cúig bliana agus leagtar amach sa phróiseas sin an t-ioncam ceadaithe do Líonraí Gáis Éireann. Tháinig an próiseas athbhreithnithe maidir le Praghsanna PC5 a Rialú do 2022-2027 chun críche nuair a d'fhoilsigh CRF an cinneadh PC5 i mí na Nollag 2023. Agus €2.2bn d'ioncam á cheadú, is ionann PC5 agus conradh ioncaim suntasach thar na cúig bliana go dtí Deireadh Fómhair 2027. Léiríonn sé seo aisghabháil €1.1bn de chostais oibriúcháin éifeachtúla agus tuilleadh 3.65% ar shócmhainní rialaithe reatha agus clúdach infheistíochta nua arb ionann é agus €651m thar an tréimhse.

# Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

## Sábháilteacht

### Na caighdeáin is airde sláinte agus sábháilteachta a thabhairt i gcrích

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do na caighdeáin sábháilteachta is airde ar fad agus le linn na bliana 2023, leanamar orainn ag bainistiú ghnéithe uile na n-oibríochtaí ar bhealach sábháilte agus freagrach ó thaobh na timpeallachta de. Cinntíonn ár gCórais um Bainistíocht Sábháilteachta, Caighdeáin, Fuinnimh agus Sócmhainní, atá deimhnithe go neamhspleách ag ISO 45001, ISO 14001, ISO 9001, ISO 50001 agus ISO 55001, go ndéantar ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr ar fad. Sa bhliain 2023, fuair Líonraí Gáis Éireann athdheimhniú ar na cúig chóras ISO uile le linn iniúchadh athdheimhnithe a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Ba é 0.11 Ráta Minicíochta Iomlán na dTeagmhas Ama Caillte le haghaidh fostaithe agus príomhsholáthraithe seirbhíse ag deireadh na bliana 2023, feabhas ó 0.23 ag deireadh 2022 agus léiriú ar fheidhmíocht sábháilteachta den scoth. Rinneamar corradh le 367 Comhrá Ceannasaíochta Sábháilteachta a thaifeadadh. Thugamar faoi 32 iniúchadh ar chóras bainistíochta inmheánaí. Rinneadh breis agus 919 cigireacht sábháilteachta agus theicniúil.

Bhí ár Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte don fhoireann amháin ag nialas ag deireadh 2023. I mí Dheireadh Fómhair 2023, chuaigh Líonraí Gáis Éireann thar 2 milliún uair an chloig d'am a d'oibrigh baill foirne gan teagmhas ama caillte (tharla an teagmhas deireanach i mí Aibreáin 2022). Reáchtáladh roinnt imeachtaí chun an garsprioc seo a cheiliúradh leis an bhfoireann.

I rith 2023, reáchtáil Líonraí Gáis Éireann roinnt seisiún oiliúna agus athnuachana don fhoireann faoin gclár cultúir sábháilteachta "Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile". D'fhreastail breis is 400 duine ar na seisiúin seo. Reáchtáladh roinnt feachtais cumarsáide sábháilteachta agus feasachta don fhoireann i rith na bliana a chlúdaigh saincheisteanna amhail páirceáil droim ar ais i gcarrchlóis oifige, sábháilteacht staighre agus sábháilteacht geimhridh.

Tugadh faoi na tionscnaimh seo a leanas in 2023 chun tacú leis an ngás in-athnuaite a fhorbairt san eangach gáis de réir uaillmhianta Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hÉireann:

- Cuireadh tuarascáil eatramhach i gcrích inar leagadh amach na céimeanna chun cás sábháilteachta a fhorbairt maidir le hidrigin a thabhairt isteach san eangach gáis nádúrtha.
- Chuaigh Líonraí Gáis Éireann, in éineacht le 'Phoenix Energy' agus 'Mutual Energy', i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Uladh, ar éirigh leo maidir le hiarratas ar dheontas chun taighde a dhéanamh ar shábháilteacht na gcumasc hidrigine/gás nádúrtha. Cuireadh tús leis an obair seo i R4 2023.
- Ina theannta sin, ghlac an CRF le Lámhleabhar Nádúrtha Chomhbhrúite (GNC) de chuid Líonraí Gáis Éireann, lámhleabhar a sholáthraíonn modheolaíocht chaighdeánaithe do dhearadh agus d'fheidhmiú stáisiúin GNC i ndáil le hiompar earraí troma, ag fáil réidh leis an riachtanas le haighneachtaí aonair um athrú Cásanna Sábháilteachta a dhéanamh agus a ghlacadh maidir le gach stáisiún nua.






# Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

Ar feadh na bliana, lean Líonraí Gáis Éireann le feasacht phoiblí ar shábháilteacht a chur chun cinn trí réimse feachtas, lena n-áirítear an tSeirbhís Éigeandála Gáis, Diailigh i gCónaí sula dTosaíonn tú ag Tochailt, Baint do Mhéadair, Úsáid Suiteálaí Cláraithe Gáis agus feachtais Aonocsaíd Charbóin. I rith 2023, seoladh feachtas sábháilteachta nua, ina raibh an cúpla íocónach John agus Edward Grimes, nó "Jedward" mar is fearr aithne orthu, chun an tábhacht a chur chun cinn a bhaineann le úsáid a bhaint as Suiteálaí Cláraithe Gáis i gcónaí, agus é sin amháin, d'obair ar fhearais gháis agus GPL agus ar phíbobair.



Tá raon imeachtaí agus tacaíochtaí sláinte agus folláine á reáchtáil ag Líonraí Gáis Éireann in 2023, lena n-áirítear roinnt imeachtaí faoin mbratach feasachta meabhairshláinte "Tá sé in Am Labhairt". Áiríodh orthu seo maidineacha caife na foirne, seisiúin eolais le haoichainteoirí, seisiúin bricfeasta don fhoireann allamuigh agus oiliúint athnuachana do Gharchabhróirí Meabhairshláinte inmheánacha. Cuirtear tacaíochtaí, atá ar fáil don fhoireann chun cinn go rialta agus go forleathan don fhoireann ar fad, lena n-áirítear an Clár Cúnaimh le haghaidh Fostaithe agus Garchabhróirí Meabhairshláinte.

I rith 2023, bhí Líonraí Gáis Éireann ag bailiú faisnéise chun tacú le hiarratas ar chreidiúnú faoi dhámhachtain folláine san ionad oibre fhianaise-bhunaithe "Marc i leith Fanacht Slán" de chuid Ibec. Tá iniúchadh creidiúnaithe sceidealaithe do Mhárta 2024.

### Bainistíocht Géarchéime agus Leanúnachas Gnó

Ós sinne an t-oibreoir don líonra is mó gáis in Éirinn, tá nósanna imeachta láidre agus tástáilte ar bun againn chun cinnteacht an tsoláthair gáis dár gcustaiméirí a choinneáil ar bun agus lena chinntiú go ndéantar folláine ball foirne agus custaiméirí a chosaint. Ós rud é gurb é Líonraí Gáis Éireann an Bainisteoir Éigeandála Náisiúnta Gáis, bítear ag pleanáil de shíor don Phlean Éigeandála Náisiúnta Gáis i gcomhairle leis an tionscal gáis, tionscal leictreachais, Coimisiún um Rialáil Fóntais agus an Rialtas.

I ndiaidh an ionraidh ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, bhunaigh Líonraí Gáis Éireann Foireann Bainistíochta Géarchéime chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an tionchar ar fud líon réimsí, lena n-áirítear slándáil an tsoláthair gáis, oibríochtaí, smachtbhannaí (agus an tionchar ar Líonraí Gáis Éireann agus rannpháirtithe sa mhargadh gáis), slabhra soláthair, cibearshlándáil agus praghsanna breosla. Lean an Fhoireann Bainistíochta Géarchéime seo ar aghaidh ag feidhmiú i samhradh na bliana 2023 nuair a cuireadh i dtréimhse scoir é, i modh cúraim agus cothabhála de réir mar a tháinig cobhsú ar na tionchair a tháinig chun cinn.

Mar aon leis na nósanna imeachta láidre atá i bhfeidhm againn chun slándáil an tsoláthair ghás a chothabháil, glacann roinnt foirne laistigh de Líonraí Gáis Éireann, lena n-áirítear na foirne Feidhmeannais, Oibríochtaí agus Cumarsáide páirt go rialta i gcleachtaí ionsamhlúcháin chun réimse cásanna géarchéime a d'fhéadfadh a bheith ann a thástáil. Tá na cleachtaí seo ríthábhachtach chun freagairt chomhordaithe a phleanáil ar mhórtheagmhais sa chás annamh go dtarlaíonn siad. Tugann siad deis dúinn éifeachtúlacht na socruithe bainistíochta géarchéime reatha a thástáil freisin, chomh maith le deis dár bhFoireann Bainistíochta Géarchéime agus dár bhfoirne oirbheartaíochta freagartha do ghéarchéim an fhreagairt a chleachtadh agus cabhrú le hathbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna Bainistíochta Géarchéime agus Cumarsáide Géarchéime atá ann cheana féin agus iad a nuashonrú.

Déanann ionadaithe ó earnáil fóntais fuinnimh na hÉireann agus ón Rialtas, lena n-áirítear EirGrid, Líonraí BSL, CRF agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) páirt a ghlacadh nuair is cuí. Sa bhliain 2023, áiríodh an méid seo a leanas ar na hionsamhlúcháin agus cleachtaí géarchéime seo:

- Cleachtadh bliantúil chun éifeachtúlacht phlean an Bhainisteora Náisiúnta Éigeandála Gáis (NGEM) a thástáil.
- Rannpháirtíocht i gcleachtadh bhliantúil Eirgrid chun éifeachtúlacht a bPlean Cumarsáide na gCóras Cumhachta (PSECP) a thástáil.
- Rannpháirtíocht i gcleachtadh Tarchurtha Gháis Náisiúnta na Ríochta Aontaithe ina ndéanann siad tástáil ar a ról mar Chomhordaitheoir Éigeandála Líonra (NEC) chun modhanna cumarsáide a thástáil idir Foireann Bhainistíochta Náisiúnta Éigeandála an Líonra Gáis (NEMT) agus gach rannpháirtí ábhartha sa tionscal gáis sa Ríocht Aontaithe.
- I dTuaisceart Éireann, ghlacamar páirt i gcleachtaí éigeandála an Chomhordaitheora Éigeandála Líonra ar son Thuaisceart Éireann (NINEC), agus na Feidhmeannachta Sláinte agus Sábháilteachta ar son Thuaisceart Éireann (HSENI) chun na pleananna éigeandála atá i bhfeidhm do Thuaisceart Éireann a thástáil.
- Laistigh de Líonraí Gáis Éireann, go hinmheánach, reáchtáladh cleachtadh ionsamhlúcháin cibearéigeandála ar feadh dhá lá i mí Dheireadh Fómhair.

## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

### Soláthar gnó

Príomhghné dár straitéis is ea ár líonra a oibriú agus a chothabháil 24/7 go leanúnach ar feadh na bliana ar bhealach éifeachtach agus eacnamaíoch. Sa bhliain 2023, sheolamar os cionn 44,642 ordú um obair chothabhála phleanáilte ar na líonraí tarchurtha agus dáileacháin.

Críochnaíodh 98% den chothabháil phleanáilte, lena n-áirítear deisithe sonracha inár stáisiúin chomhbhrú in iardheisceart na hAlban. Rinneamar soláthairtí a athnascadh le dhá Stáisiún Cumhachta giniúna éigeandála i mBaile Átha Cliath. I rith na bliana d'iompraíomar 70.1TWh, ar son na hÉirinn, ar son Thuaisceart Éireann agus ar son Oileán Mhanann lena n-áirítear 60GWh de bhithghás, agus ní raibh aon neamh-chomhréireacht cáilíochta gáis ann.

D'fhreagraíomar do 14,856 éalú gáis a tuairiscíodh go poiblí, 99.9% de laistigh de chritéir aon uair a chloig. Rinneamar oibreacha feabhais ar 50 foirgneamh il-áitíochta agus rinneamar suirbhéanna ar ligean ar 2,264km de Phríomhlíonra agus de sheirbhísí. Ghlacamar os cionn 1.7 milliún léamh méadair ar son na soláthróirí gáis, agus rinneamar iniúchadh fomhuirí ar ár gcuid idirnascairí.

Thugamar faoi chlár caiteachais chaipitil dar luach €148 milliún lena n-áirítear cláir a bhí ar siúl fós chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus iontaofacht an líonra.

**Príomhthionscadail 2023:**

- Cuireadh tógáil 3 nasc nua i gcrích do stáisiúin chumhachta:
  - Grange Backup Power, Caisleán na Gráinsí, Baile Átha Cliath
  - BSL an Phoill Bhig
  - BSL na Rinne
- Cuireadh tús le ceangal nua le stáisiún cumhachta BSL na Coirre Duibhe a thógáil.
- Críochnaíodh agus coimisiúnaíodh uasghrádú acmhainne AGI Chill Sheáin.
- Cuireadh tús le tógáil ar uasghrádú acmhainne AGI Ard Rí.
- Cuireadh tús le huasghrádú ar lascthrealamh leictreach ag Stáisiún Comhbhrúiteora Brighouse Bay.
- Athraíodh Iontógáil Aeir ar cheann de na haonaid Ghréine ag Stáisiún Comhbhrúiteora Beattock.
- Cuireadh tógáil tionscadail i gcrích chun Alt Inslithe in AGI Scioból an Bhrúnaigh a athsholáthar.
- Cuireadh tús le tógáil uasghráduithe slándála móire na Stáisiún Comhbhrúiteora in Albain.
- Tógadh 2 stáisiún GNC agus coimisiúnaíodh 2 stáisiún GNC.
- Cuireadh breis is 8km de threisiú dáileacháin i gcrích.
- Cuireadh breis is 60,000 oibreacha athsholáthair/athchóirithe a raibh líon ard toirte acu i gcrích, chomh maith le breis is 600 tionscadal thar 27 clár.






## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

### Custaiméirí

**Seirbhís thar barr do chustaiméirí a sholáthar**
Chuireamar seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis agus 713,000 custaiméir cónaithe agus tráchtála sa bhliain 2023. D'éirigh linn:

70,443 coinne custaiméirí a dhéanamh agus ráta comhlíonta 99% a bhaint amach.

1.7 milliún léamh méadair.

552,066 teagmháil ó chustaiméirí a láimhseáil inár Lárionad Teagmhála, idir bealaí isteach agus amach.

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí feabhas a chur ar ár seirbhís do chustaiméirí, trí laethanta eispéireas do chustaiméirí (CX) a óstáil, trí bheith ag éisteacht go díreach lenár gcustaiméirí faoina n-idirghníomhaíochtaí le LGÉ agus trí mhodúl ionduchtaithe CX ar líne nua a fhorbairt dár bhfostaithe nua.

Sa bhliain 2023, bhí feidhmíocht láidir fós ann in eispéireas do chustaiméirí (CX) agus i meadaracht oibríochta an chustaiméara dár gcuid. Chomhlíonamar ár spriocanna maidir le scór sástachta na gcustaiméirí ar fud na ngníomhaíochtaí go léir a ndearnadh suirbhé orthu. Cé go bhfuil méadú 23% ar na gearáin a ndearna ár gcustaiméirí i gcomparáid le 2022 (1,375 i gcoinne 1,116), tá na leibhéil seo ag teacht lenár leibhéil réamh-COVID in 2019 (1,492 gearán). Sáraíodh spriocanna um réiteach gearán Líonraí Gáis Éireann agus CRF le comhlíonadh de 96.5% maidir leis na gearáin ar fad.

Ba bhliain rathúil eile í 2023, ina dtiomáineamar eispéiris fheabhsaithe do chustaiméirí maidir le gach sciar dár gcustaiméirí, agus mar thoradh air sin tugadh aitheantas do Líonraí Gáis Éireann thar thrí dhámhachtain éagsúla do chustaiméirí – agus na nithe seo a leanas á mbaint amach:

- Eispéireas is Fearr do Chustaiméirí i bhFóntais/i dTeileachumarsáid ag Dámhachtainí maidir le hEispéireas do Chustaiméirí 2023
- Eispéireas is Fearr do Chustaiméirí san Earnáil Phoiblí, Dheonach agus Neamhbhrabúis – Dámhachtainí maidir le Teagmháil le Custaiméirí agus Seirbhísí Comhroinnte na hÉireann 2023
- Tionchar CX ar an Rialtas agus an Earnáil Phoiblí – Dámhachtainí Tionchair CX na hÉireann 2023
- Gradam maidir le ceannaire CX ag Dámhachtainí Tionchair CX na hÉireann 2023.

Leanamar orainn ag déanamh fóraim ráithiúla CX agus athbhreithnithe míosúla ar chonarthaí CX chun bealaí a shainaithint maidir le heispéireas do chustaiméirí a fheabhsú. Leanamar ag cur lenár gclár Monatóireachta agus Léargais CX freisin, agus aiseolas á fháil ó chustaiméirí a ndeachaigh i dteagmháil lenár n-ionad teagmhála nó ag a ndearna Líonraí Gáis Éireann obair leo. Leathnaíodh an clár seo in 2023 chun oibreacha cothabhála a chur san áireamh arna mbainistiú ag ár gcomhpháirtithe GMC agus chun eispéireas dár gcustaiméirí a thomhas maidir lenár n-iarrachtaí príomhnasc gáis a athrú. Tar éis próiseas iomaíoch tairisceana, bronnadh conradh nua ar ár gcomhpháirtí CX Monatóireachta agus Léargais W5 agus rinneamar ár gcomhpháirtí san Ionad Teagmhála, FEXCO a leabú le linn tréimhse a chonartha nua.

Rinneamar roinnt ceardlann mapála don Aistear Fostaí/Custaiméara chun léargas a fháil ar ár bpróiseas maidir le seirbhísí gáis a athrú dár gcustaiméirí. Trí oibriú lenár gcustaiméirí, sainaithníomar breis is 26 smaoineamh feabhsúcháin, ar cuireadh cuid acu i bhfeidhm agus cinn eile á gcur chun cinn. Ina theannta sin, rinneamar seisiún rannpháirtíochta do chustaiméirí a óstáil ar an láthair do na húsáideoirí is mó dár seirbhís Cuir Glaoch Sula dTéann tú ag Tochailt chun nuashonruithe a sholáthar, léargais a roinnt agus aiseolas a ghabháil. Bainfear úsáid as an aiseolas seo chun suirbhé a fhorbairt ar na húsáideoirí go léir, suirbhé a n-eiseofar chuig úsáideoirí i mí Eanáir 2024.

Le linn 2023, leanamar ar aghaidh ag obair lenár gcomhpháirtithe carthanachta Aoisghníomhaíocht Éireann, agus €12,042 á bhailiú againn trínár gclár monatóireachta CX a úsáidfear chun tacú lena gclár Cúraim agus Deisiúchán, mar aon le €1,730 breise do Chros Dhearg na hÉireann trínár gcuid oibre agus léargais á fáil againn ó Sheoltóirí/Soláthróirí. Ina theannta sin, thug breis agus 40 ball foirne cabhair i mbliana chun roinnt oibre garraíodóireachta éadrom a dhéanamh do chliaint aosta de chuid Aoisghníomhaíocht Éireann, agus cuid mhaith dár mball foirne á nglacadh páirt i bhfeachtas Big Knit, ag cniotáil na mílte hataí beaga le haghaidh buidéil de chuid 'innocent smoothie', a mbronnann iad ansin ar Aoisghníomhaíocht. Chomh maith leis sin, d'fhorbraíomar seirbhís nua a Thacaíonn le Daoine Aosta trí líne dhíreach a chur i bhfeidhm do chustaiméirí aosta chun glaoch ionas gur féidir leo gabháil thart ar Fhreagra Gutha Idirghníomhach (IVR) agus labhairt go díreach le hIonadaí Seirbhíse do Chustaiméirí (ISC) a bhfuil taithí aige nó aici agus ar cuireadh in iúl dóibh roimh ré go bhféadfadh go mbeadh beagán níos mó ama/tacaíochta ag teastáil ag an gcustaiméir sin atá ar an bhfón. Bhain cliaint Aoisghníomhaíocht Éireann úsáid as an tseirbhís seo agus bhí siad i bhfách leis agus tá siad tiomanta do nuacht a roinnt maidir leis an tseirbhís ina nuachtlitir Tá Tábhacht le bheith ag Dul in Aois.

## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)



Sa bhliain 2023, rinneamar tuilleadh forbartha ar ár Straitéis Réitigh do Chustaiméirí trí dhíriú ar ár gcustaiméirí Méadraithe Laethúla agus an chaoi is fearr ar féidir linn a gcuid riachtanas a thuiscint chun tacú leis an gcohórt seo d'úsáideoirí móra fuinnimh maidir lena n-aistear i dtreo dícharbónaithe, éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr agus réitigh fuinnimh in-athnuaite.

Táimid tar éis glacadh leis an Intleacht Shaorga (IS) in LGÉ freisin in 2023, trí Uathoibriú Róbatach Próiseas agus tá ár mbota, ar a dtugtar GINA, leabaithe inár bPróiseas um Athsholáthair Méadair. Próiseálann GINA sonraí ó chustaiméirí chun coinne a chur in áirithe agus chun ordú oibre a chruthú chun athsholáthar méadair a sceidealú lenár gcomhpháirtithe. Brostaíonn sé an próiseas dár gcustaiméirí agus laghdaíonn sé am an riarthóra maidir lenár ISC, rud a ligeann dóibh níos mó oibre breisluacha a dhéanamh.

Leanaimid orainn ag leasú ár gcur chuige chun eispéireas ár Seoltóirí/Soláthróirí a thuiscint maidir le bheith ag déileáil linn agus chun léargais a fháil a chabhróidh linn tacú lenár gcaidreamh leis na príomh-chomhpháirtithe seo agus é a fheabhsú agus sinn go léir ag obair i dtreo tairiscintí níos inbhuanaithe dár gcustaiméirí.

Sa bhliain 2023, rinneadh dhá shuirbhé (suirbhé amháin feidhmíochta agus suirbhé amháin bainistíochta) ag deireadh na bliana chun feidhmíocht Líonra Gáis Éireann a mheas mar a mheasann lastóirí agus soláthraithe í.

Léiríodh sna torthaí ón dá shuirbhé, idir Fheidhmíochta agus Bhainistíochta, go raibh sásamh ann maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil. Ba ionann an meánscór sástachta oibriúcháin agus 8.1/10 ag teacht le 2022. Tar éis ardú géar ar scór na Bainistíochta in 2022, d'fhan sé ard, cé gur tháinig laghdú beag air agus scór 8.1 aige, síos ó 8.2 in 2022. Luaigh freagróirí cabhracht, freagrúlacht agus ardleibhéil sheirbhíse custaiméirí de chuid Líonra Gáis Éireann mar phointí láidre sa bhliain 2023. Mar sin féin, chonaiceamar laghdú beag freisin i dtuairimí na bhfreagróirí ar Líonraí Gáis Éireann ar fud ár 5 Luach Branda, agus laghdú beag ag teacht ar na scóir ar fad ón mbliain roimhe sin. Aontaíodh go mór go raibh Líonraí Gáis Éireann ag feidhmiú de réir a luachanna, go háirithe maidir le Sábháilteacht (9/10 laghdú ó 9.1/10) agus sláine (8.7/10 laghdú ó 9.0/10). Baineadh na scóir dhearfacha sin amach i mbliain a bhí an-dúshlánach mar gheall ar an gcogadh san Úcráin agus an tionchar ina dhiaidh sin ar an margadh gáis agus ar thírdhreach fuinnimh foriomlán an Aontais i gcás ina raibh slándáil an tsoláthair agus praghsanna gáis ina n-ábhar imní suntasach i rith na bliana.

Déanann Líonraí Gáis Éireann éascaíocht ar an bpróiseas sin trína n-aistríonn custaiméirí gáis ó sholáthraí amháin go soláthraí eile. D'athraigh breis agus 98,000 custaiméir gáis soláthraí le linn na bliana 2023. Tar éis do bheirt sholáthraí imeacht in 2022, bhí seisear soláthraithe miondíola a bhí in iomaíocht le chéile agus fós gníomhach i margadh gáis na hÉireann in 2023.



## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

### Gníomhú ar son na haeráide

Tá an líonra gáis ríthábhachtach do mheascán fuinnimh na hÉireann agus riachtanach maidir le spriocanna gníomhaíochta aeráide a bhaint amach. Is í an fhís atá againn ná líonra gáis a bheidh neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050, ach trí gháis inathnuaite a úsáid in ionad gás nádúrtha, amhail bithmheatán neodrach ó thaobh carbóin de a dhéantar as dramhaíl talmhaíochta agus bia agus hidrigin glas neodrach ó thaobh carbóin de. Cuirfidh dícharbónú an líonra gáis le forbairt leictreachais inathnuaite, agus le hastaíochtaí a laghdú ar fud earnálacha den gheilleagar ar fad lena n-áirítear iad siúd ar dheacair iad a dhícharbónú de ghnáth amhail tionsclaíocht, talmhaíocht agus iompar trom, chomh maith le slándáil agus éagsúlacht soláthair fuinnimh Éireann a fheabhsú.

#### Inghlacthacht láidir maidir leis an tionscal Bithmheatáin éirí de thalamh

Tá bithmheatán comhoiriúnach go hiomlán don líonra náisiúnta gáis agus d'fhearais, teicneolaíochtaí agus feithiclí atá ann cheana. Tá sé tagtha gan stró in ionad gás nádúrtha chun astaíochtaí sa téamh, sa tionscal, san iompar agus i nginiúint cumhachta a laghdú, agus é ag tacú ag an am céanna le dícharbónú na hearnála agraibhia. Tá bithmheatán cosúil le gás nádúrtha ó thaobh struchtúir de, agus is gás in-athnuaite neodrach ó thaobh carbóin de é is féidir a dhéanamh as dramhaíl feirme agus dramhbhia trí phróiseas ar a dtugtar díleá anaeróbach.

Tá sprioc de 5.7 uaireanta teireavata (TWh) bithmheatáin ar an líonra náisiúnta gáis faoin mbliain 2030 socraithe ag an Rialtas. Cuireadh béim sa Chomhaontú Glas don Eoraip ar bhithmheatán mar uirlis ríthábhachtach chun córais talmhaíochta agus fuinnimh na hEorpa a dhícharbónú, agus d'aithin an Coimisiún Eorpach Éire mar áit ina bhfuil an acmhainneacht is airde san Eoraip maidir le táirgeadh bithmheatán in aghaidh an duine – tá sé sin mar gheall i bpáirt ar earnáil mhór talmhaíochta na hÉireann.

I dtreo dheireadh 2022, d'eisíomar Iarratas ar Fhaisnéis (RFI) ó tháirgeoirí ionchasacha bithmheatáin. Ba é cuspóir an RFI tionscadail táirgthe nua agus indéanta a shainaithint chun bithmheatán a sholáthar do líonra gáis na hÉireann agus pleananna a ullmhú d'fhorbairtí líonra gáis chun seachadadh bithmheatáin dár gcustaiméirí a éascú, chomh maith le naisc le táirgeoirí, ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh an gheilleagair de.

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsíomar an Tuarascáil maidir le Fuinneamh Bithmheatáin, tuarascáil chuimsitheach ina sonraítear na príomhthorthaí ón RFI bithmheatáin. Deimhníodh i dtorthaí na tuarascála go bhfuil inghlacthacht láidir i measc táirgeoirí ionchasacha bithmheatáin in Éirinn, a d'fhágfadh go gcuirfí an gás in-athnuaite in ionad níos mó ná ceathrú den ghás nádúrtha ar an líonra, a chruthódh sruthanna nua agrai-ioncaim agus a laghdódh astaíochtaí carbóin iomlána na tíre faoi beagnach 4 mhilliún tona in aghaidh na bliana - 6.5% d'astaíochtaí iomlána na hÉireann.

I dtéarmaí méideanna táirgeachta, tá an freagra a fuarthas, 14.8 TWh, níos mó ná dhá uair go leith níos airde ná uaillmhian bhithmheatán 2030 atá luaite ag Éirinn, 5.7 TWh. Sainaithníodh i dtorthaí na tuarascála 176 tionscadal ar fud na hÉireann a bhfuil an cumas foriomlán acu 14.8 TWh de bhithmheatán a tháirgeadh in aghaidh na bliana, arb ionann é agus 26% d'éileamh reatha gáis na hÉireann. Ba iad an Cabhán, Cill Dara, Luimneach, Corcaigh agus Muineachán na cúig chontae ba mhó a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le méideanna táirgeachta ionchasacha bithmheatáin.

Le linn 2023, cuireadh timpeall 60 GWh de bhithmheatán isteach sa líonra gáis, méadú 46% i gcomparáid le 2022. Chun fás an tionscail bhithmheatáin a éascú agus a chumasú, cuirfidh Líonraí Gáis Éireann tús leis an gcéad áis in-athnuaite gáis a thógáil ar scála mór in Éirinn i mBaile Mhistéala, Co. Chorcaí. Tá cead pleanála don saoráid um Instealladh na hEangaí Lárnaí (CGI) deonaithe cheana féin ag an mBord Pleanála agus ag Comhairle Contae Chorcaí. Tá sé sin ina chuid de thionscadal gáis in-athnuaite um astaíochtaí nialasacha na Talmhaíochta In-athnuaite Glaise (GRAZE) dar luach €30 milliún. Arna stiúradh ag Líonraí Gáis Éireann, faigheann an tionscadal GRAZE tacaíocht le breis agus €8.4 milliún ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, mar chuid de Chreat Náisiúnta Slándála Fuinnimh an Rialtais. Sa bhliain 2023, chuireamar ceangal conartha ar 2 ghléasra díleá anaeróbach freisin maidir le nasc díreach leis an líonra. Leanfaimid ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir chun Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin a fhorbairt.

#### Foilsiú in 2023 de Straitéis Hidrigine Náisiúnta an Rialtais

D'aithin Straitéis Hidrigin Náisiúnta an Rialtais, a foilsíodh i mí Iúil, an ról ríthábhachtach a bheidh ag líonra gáis na hÉireann in éabhlóid hidrigine in-athnuaite na hÉireann amach anseo. Leagtar amach sa tuarascáil a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) an ról a bheidh ag gás hidrigine glas amach anseo – gás as a mbaintear leas le cabhair na gaoithe amach ón gcósta – agus an ról a bheidh ag an líonra gáis i réimsí sonracha de chóras fuinnimh na hÉireann lena n-áirítear na hearnálacha ar deacair iad a mhaolú amhail iompar, téamh tionsclaíoch agus giniúint cumhachta.

Ar fhoilsiú na tuarascála, dúirt an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, *"[Go raibh] deis straitéiseach ag Éirinn hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh ar scála, agus an cumas aige níos mó a tháirgeadh ná ár riachtanais dhúchasacha féin. Beidh príomhról ag líonraí hidrigine sa chóras seo amach anseo, agus iad ag tacú le himscaradh maidir le méadú i bhfuinnimh in-athnuaite, ag soláthar athléimneachta agus solúbthachta don chóras leictreachais, agus ag soláthar fuinnimh do réimsí den gheilleagar nach mbeidh feidhm praiticiúil ná eacnamaíoch bainteach le leictriú díreach in-athnuaite.*

## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)



Lárionad Nuálaíochta Líonra, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath

*Agus acmhainní suntasacha gaoithe cois cladaigh agus amach ón gcósta ag Éirinn, tá acmhainn an-ard do hidrigin in-athnuaite ar scála a dhéantar in Éirinn, ar féidir í a dhéanamh as leictreachas in-athnuaite a ghintear ón ngaoth trí phróiseas ar a dtugtar leictrealú, ar féidir í a stóráil go dtí go n-éilítear í agus a iompar tríd an líonra gáis ar athraíodh a chuspóir.*

*Soláthraíonn hidrigin in-athnuaite bealach tarraingteach chun córas fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú nuair nach féidir leictriú a chur i bhfeidhm agus is sampla láidir é freisin den chaoi ar féidir le comhtháthú níos fearr idir líonraí gáis agus leictreachais na hÉireann tacú le geilleagar ísealcharbóin."*

Ina theannta sin, léiríodh an Lárionad Nuálaíochta Líonra, atá lonnaithe in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath, mar chás-staidéar i Straitéis Hidrigine Náisiúnta an Rialtais. Bunaíodh an mol nuálaíochta chun acmhainn iomlán na hidrigine a thuiscint agus chun a chinntiú go bhfuil an líonra gáis in ann hidrigin chumasc agus suas le 100% hidrigin a iompar agus a stóráil go sábháilte amach anseo.

Chuir an straitéis béim freisin ar ár gcuid oibre le hInstitiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCDEI) agus ar cheann de na chéad thionscadail ar tugadh fúthu maidir le 'Tástáil Cumaisc Hidrigine agus Gáis Nádúrtha' (HyTest). Thástáil na foirne feidhmiú agus feidhmíocht fearas gáis ag baint úsáide as réimse tiúchan hidrigine ó 2% go 20% hidrigin. Fuarthas amach sa taighde nach mbeidh ar teaghlaigh a úsáideann gás nádúrtha arna chumasc le suas le 20% hidrigin aon athrú a dhéanamh ar a gcuid fearas tí reatha agus nach dtabharfaidh siad aon difríocht faoi deara. Tugadh laghdú suntasach chun solais sa taighde maidir le hastaíochtaí mar thoradh ar hidrigin a mheascadh le gás nádúrtha.

Taobh amuigh den Straitéis Hidrigine Náisiúnta, leanadh lenár dtaighde Hidrigine le linn 2023 agus sinn ag iarraidh tuiscint a fháil ar lánacmhainn hidrigine tríd an Staidéar um 'Breithnithe Hidrigine In-athnuaite agus Úsáideoirí Deiridh maidir leis an Aistriú go Líonra Gáis In-athnuaite' (HyEnd). Bhí breis is 300 de na húsáideoirí is mó de ghás líonraithe sa tír sa bhabhta taighde is déanaí seo agus fuarthas amach inti go luíonn 90% de threalamh na n-úsáideoirí deiridh le cumaisc 20% hidrigine, agus go mbeadh measúnú breise de dhíth ar an 10% eile de thionscal na hÉireann chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na hathruithe atá ag teastáil.

Áiríodh sa taighde 42 custaiméir 'Méadraithe Laethúil Móra' (LDM) agus 270 custaiméir 'Méadraithe Laethúil' (DM). Is ionann an chatagóir LDM de chustaiméirí gáis agus thart ar 72% den ghás ar fad a úsáidtear sa tír agus cuirtear stáisiúin chumhachta agus iad siúd a dteastaíonn méid mór teasa uathu lena bpróiseáil san áireamh leis sin - amhail gléasraí agraibhia, ceimiceáin agus tionscail chógaisíochta. Áirítear sa chatagóir DM custaiméirí ó na hearnálacha fáilteachais agus oideachais, chomh maith le hospidéil, bloic árasán agus ionaid siopadóireachta.

Dá ndéanfaí gach custaiméir gáis LDM agus DM a bhreoslú le gás nádúrtha arna chumasc le 20% hidrigin, laghdódh sé astaíochtaí CO2 sa Stát suas le 7%.

**Tháinig méadú suntasach ar an éileamh ar ghás san iompar in 2023**

Is treocht dhearfach é an t-éileamh méadaitheach ar ghás in-athnuaite maidir leis an earnáil iompair. Cé nár ionann flít iompair na hÉireann ach 3% de na feithiclí ar an mbóthar, cuireann sé le thart ar an gcúigiú cuid d'astaíochtaí carbóin na hearnála, rud a fhágann gur réimse dúshlánach é maidir leis an dícharbónú. Cé gur léir é an leictreachas mar bhreosla malartach do charranna, ní rogha é réitigh leictreacha lena n-úsáid i bhFeithiclí Earraí Troma, ach is féidir le GNC agus a choibhéis in-athnuaite, bith-GNC, astuithe san earnáil HGV a laghdú go suntasach.

In 2023, tháinig méadú suntasach bliain ar bhliain ar an éileamh ar ghás nádúrtha comhbhrúite (GNC) san iompar, méadú 20% i gcomparáid le 2022. Is féidir le breoslú le GNC astaíochtaí feithiclí earraí troma a laghdú suas le 22%, agus soláthraithe GNC anois ag teacht ar ghás trí fhoinsí in-athnuaite, is féidir le bith-GNC rogha mhalartach breosla ghlain a sholáthar do thionscal tarlaithe na hÉireann. Sa bhliain 2023, bith-GNC a bhí i 95% den GNC a dáileadh.

I mí na Bealtaine, d'fhógair Líonraí Gáis Éireann go mbeadh bith-GNC neodrach ó thaobh carbóin de ar fáil d'fheithiclí earraí troma ag réamhchúirteanna Circle K i Luimneach ar Bhóthar Bhéal Átha Síomoin; i dTiobraid Árann, díreach in aice leis an M7 i gCaiseal, chomh maith le réamhchúirteanna Chalafort Bhaile Átha Cliath agus Chluain Seach i mBaile Átha Cliath.

I mí na Samhna, ghlac Líonraí Gáis Éireann agus Virginia International Logistics céim eile chun cinn maidir le hastaíochtaí ó thionscal iompair na hÉireann a laghdú nuair a d'oscail an tAire Coimirce Sóisialaí agus an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys



## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)




TD, an t-ochtú stáisiún athbhreoslaithe (GNC) na hÉireann. Tá an stáisiún nua lonnaithe in áitreabh Virginia International Logistics sa Mhachaire, díreach taobh amuigh d'Achadh an Iúir i gContae an Chabháin, agus cuireann sé conairí iompair nua níos glaine ar fáil d'oibreoirí lastais Éireannacha lena dtugtar deis do tharlóirí agus d'oibreoirí flít sa Chabhán agus i réigiún an Oirthuaiscirt tosú ar an turas chuig slabhraí iompair agus soláthair inbhuanaithe trína mbreosla a athrú ó dhíosal.

- Agus iad suite go straitéiseach chun tacú le bealaí tarlóra tábhachtacha, tá sé ar chumas do na hocht stáisiún úrscothacha seo 50 Feithicil Earraí Troma (HGVanna) a líonadh in aghaidh an lae, agus nach mó ná cúig nóiméad do gach líonadh. Cuireann an stáisiún nua seo ar a gcumas do tharlóirí agus oibritheoirí flít sa réigiún tús a chur leis an aistear i dtreo iompar atá neodrach ó thaobh carbóin de agus a bhreosla a aistriú ó dhíosal go GNC anois agus, sa deireadh, aistriú go gás líonraithe in-athnuaite amach anseo. Cláraíodh 25 feithicil HGV GNC sa bhliain 2023, rud a fhágann go raibh 134 feithicil GNC ar an iomlán cláraithe in Éirinn ag deireadh na bliana.

**Stáisiúin GNC á bhforbairt amach anseo**

D'iompaigh Líonraí Gáis Éireann agus 'Flogas Enterprise' an fód ar an gcéad stáisiún tiomnaithe athbhreoslaithe Bhith-GNC na hÉireann. Táthar ag súil go n-osclófar an stáisiún 2,900 méadar cearnach, atá lonnaithe i San Mhaighréad i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, díreach in aice leis an M50 i mí Aibreáin 2024 agus tacóidh sé le gnólachtaí Éireannacha a gcuid flíteanna iompair tráchtála a dhícharbónú le breosla bith-GNC atá glan agus inbhuanaithe.

Beidh an stáisiún á fheidhmiú ag comhchuideachta de chuid 'Flogas Enterprise', 'Certa' – mar chuid de ghrúpa DCC cpt freisin. Tacaíonn tionscadal Thóchar Líonraí Gáis Éireann le stáisiún athbhreoslaithe nua 'Flogas Enterprise' bith-GNC, tionscadal, go dtí seo, a sholáthar líonra de stáisiúin GNC ard-acmhainne mhear-líonta ar fud na tíre, a d'fhorbair saoráid chun gás in-athnuaite a instealladh, a imscaradh flít d'fheithiclí GNC agus a chuir ciste feithiclí GNC ar fáil do ghnólachtaí in Éirinn.

Bhain foireann Seachadta GNC garsprioc shuntasach amach le déanaí freisin agus rath orthu maidir leis an stáisiún is déanaí a choimisiúnú i mBaile an Mhóta, Baile Átha Cliath, mar chuid den tionscnamh ar Staidéar Tóchair do Ghrúpa Beauparc, a bhfuil fonn orthu cur chuige inbhuanaithe a chur chun cinn i ndáil lena ngnó trí ghlacadh le trucailí agus teicneolaíocht an GNC is déanaí. Treisíonn críochnú rathúil an tionscadail seo, a cuireadh i gcrích i dtrí chéim, an tiomantas do réitigh fuinnimh inbhuanaithe agus is céim shuntasach chun cinn é maidir le hinrochtaineacht an gháis nádúrtha chomhbhrúite a mhéadú sa cheantar.

# Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)




## Nuálaíocht

Sa bhliain 2023, bhunaigh Líonraí Gáis Éireann Grúpa Stiúrtha um Nuálaíocht Gháis nua lena n-áirítear ionadaíocht ó gach colún gnó laistigh den eagraíocht. Feidhmeoidh an grúpa stiúrtha mar bhord rialachais maidir le leithdháileadh an chistithe nuálaíochta gáis arna sholáthar ag CRF faoin tréimhse rialaithe praghsanna reatha. Soláthraíodh €5.3m ag an CRF don tréimhse agus cuimsítear sa chistiú nuálaíochta seo Ciste Nuálaíochta Líonrabhunaithe (NBIF) agus an Ciste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF).

Tá ról lárnach fós ag an Lárionad Nuálaíochta Líonra atá lonnaithe in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath maidir le tacú lenár ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Díríonn tionscnaimh taighde agus forbartha hidrigine ar hidrigin ghlas a thabhairt isteach sa líonra gáis agus tástáil a dhéanamh ar chumas an úsáideora deiridh maidir le húsáid a bhaint as hidrigin. Sa bhliain 2023, cuireadh saoráid líonra gáis faoi thalamh lasmuigh den eangach i gcrích chun taighde pleanáilte agus tástáil cumasc hidrigine a éascú. Tá nuálaíocht a bhaineann leis an líonra gáis atá ann cheana ina phríomhghníomhaíocht freisin ag an Lárionad Nuálaíochta Líonra, ag tacú le tionscnaimh a fheabhsóidh an bealach a n-oibrímid agus a mbainistímid an bonneagar gáis faoi láthair agus an bealach a ndéanfaimid é sin amach anseo.

Tá roinnt comhpháirtíochtaí straitéiseacha taighde cothaithe ag Líonraí Gáis Éireann leis an saol acadúil lena n-áirítear Ollscoil Uladh, Institiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus AMBER (Ionad de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) um Ardábhair agus Thaighde Bithinnealtóireachta. Tá Líonraí Gáis Éireann ina chomhpháirtí tionscail comhchistithe le NexSys (Next Generation Energy Systems), clár taighde fuinnimh ildisciplíneach uile-oileáin agus tá sé mar bhall de GERG, Grúpa Taighde Gáis na hEorpa.

### Lárionad Nuálaíochta Líonra

- **Taighde agus tástáil**
- **Comhoiriúnacht le hidrigin, feidhmiúlacht agus nósanna imeachta oibríochta**
- **Comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus ionchur ón saol acadúil**
- **Nuálaíocht ábhartha ar líonra**
- **Bonn fianaise do chás sábháilteachta hidrigine**
- **Oiliúint, scileanna agus saineolas**



# Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

### An Geilleagar Hidrigine Amach Anseo




Líonraí gáis hidrigine i gcroílár Gheilleagar Hidrigine Amach Anseo

Áirítear i Straitéis Náisiúnta Hidrigine na hÉireann sainordú chun plean a fhorbairt maidir le ragobair an líonra gáis a aistriú. Aithneoidh an plean an áit ar féidir cuspóir an líonra a athrú, nó an áit a bhféadfadh píblínte nua a bheith ag teastáil.

## Inbhuanaitheacht

Mar chaomhnóirí bhonneagar gáis nádúrtha na hÉireann, tá sé mar aidhm ag Líonraí Gáis Éireann seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe a chuireann le cosaint an chomhshaoil agus a thacaíonn le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta na bpobal ina n-oibrímid, chomh maith leis an ngeilleagar i gcoitinne.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár dtiomantas i leith na hinbhuanaitheachta, féach leathanaigh 68-78.



David Kelly, Stiúrthóir Forbartha Custaiméirí agus Gnó

[1] https://www.gasnetworks.ie/docs/hydrogen-blend.pdf

## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

### Ár bhfoireann

**Leas a bhaint as ár dtaithí ón am atá thart chomh maith lenár bhfoireann a spreagadh chun obair ar son thodhchaí ár líonra.**

Cé gur díríodh in 2022 ar straitéis, ar chuspóir agus ar fhís nua a bhunú, in 2023, d'oibrigh Líonraí Gáis Éireann ar bhealaí nua oibre a scagadh agus a fheabhsú agus an cultúr eagraíochtúil a leabú tuilleadh trí luachanna eagraíochtúla a athnuachan, chomh maith le cruinnithe faisnéise rialta don fhoireann ar fad, cruinnithe comhstádais, fóraim mhíosúla fostaithe agus seisiúin faoi stiúir saineolaithe ar réimsí a bhfuil suim ar leith acu ann. Ina theannta sin, d'fhorbair ár mbealaí cumarsáide inmheánacha in éineacht lenár gclaochlú digiteach ar an ionad oibre, rud a d'fhág go raibh sé níos éasca agus níos tapúla cumarsáid a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe.

Tar éis na hoibre in 2022 chun straitéis, cuspóir agus fís eagraíochtúil a chruthú, bhí sé tábhachtach go luath in 2023 féachaint arís ar na luachanna eagraíochtúla. Bhí luachanna na heagraíochta, mar leanúint ar aghaidh leis an obair in 2022, tábhachtach chun feidhmiú mar fhéiniúlacht na heagraíochta agus mar phríomh-chomhpháirt i múnlú chultúr na cuideachta. Agus na luachanna á ndéanamh againn, bhí sraith imeachtaí ar siúl againn, lena n-áirítear ceardlanna feidhmiúcháin agus ceannaireachta sinsearacha agus roinnt grúpaí fócais foirne chun a chinntiú go mbeadh baint ag na luachanna trasna an ghnó. Seoladh luachanna ár n-eagraíochta i Ráithe 1 2023 agus thar an gcuid eile den bhliain rinneadh iad a neadú i go leor dár gcláir agus dár ngníomhaíochtaí atá lárnach dár ngnó. Is iad luachanna ár n-eagraíochta ná Ag Tógáil ar Thaithí, Ag Déanamh an Méid Atá Ceart agus Spreagtha le hAthrú.

I rith 2023, d'éirigh linn líon suntasach earcaíochta a thabhairt chun críche chun a chinntiú go raibh gach réimse gnó, scileanna agus cumas i bhfeidhm. Líonamar os cionn 200 ról i rith na bliana trí mheascán d'earcaíocht inmheánach, earcaíocht sheachtrach le taithí, iontógálacha céimithe agus coláistí agus printíseachtaí. Mar chuid de sin, cuireadh tús le glacadh ár gCéimithe nua i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tháinig 15 chéimí nua isteach san eagraíocht ar chlár 2 bhliain ar fud ár ndisciplíní STEAM. Tá ár gcláir Printíseachta agus Iarchéime an-tábhachtach chun ár gcroí-scileanna agus ár gcroí-chumais a chothú agus a fhás ar mhaithe lenár líonra san am atá le teacht. Faoi dheireadh 2023, tá struchtúr ár n-eagraíochta nach mór líonta ina iomláine, ar éacht suntasach é sin.

Sa bhliain 2023, tháinig fás níos mó ar chlár ibelong de chuid Líonraí Gáis Éireann, clár Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe, lena n-áirítear bunú Grúpa Acmhainne Fostaithe (GAF), an Grúpa Néara-éagsúlachta & Cumais, is é seo an 5ú GAF ar fud na cuideachta. Seoladh an grúpa go han-rathúil i mí Bealtaine 2023, agus chonacthas an lucht freastail ba mhó ag imeacht de chuid ibelong ag an seoladh sin. Bhí bliain rathúil ag an Roinn, ag comhairle E&I agus ag na GAFanna agus imeachtaí iomadúla acu i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear Féile Bhróid, Holi, Eid, Lá Idirnáisiúnta na mBan agus mí Feasachta na hÉagsúlachta Domhanda gan ach roinnt bheag a lua. Ina theannta sin, sheol na grúpaí ár gclár 'Cluin M'Ainm' agus rinne siad dul chun cinn suntasach maidir leis an togra Malartú Saoire Cultúrtha agus lenár mbeartas Meanapáis, a sheolfar go luath in 2024. Chomh maith leis sin, chonaiceamar dul chun cinn inár mBearna Phá idir na hInscne, atá faoi thionchar ár gclár ibelong, ár gclár forbartha ban agus ár gcláir luathoideachais STEAM agus gairm bheatha a leanfaidh ar aghaidh sna blianta amach romhainn. Is príomhréimse tosaíochta é fás na gclár seo agus an straitéis Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe leanúnach ar fud na heagraíochta.





## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)



Ceann de na réimsí a dhíreoimid orthu go leantach is ea folláine ár bpobail. Is éard atá sa Time to Talk ná clár Meabhairshláinte eagraíochtúil dár gcuid a bhfuil mar aidhm aige cur chuige struchtúrtha i leith tionscnamh maidir le meabhairshláinte inár n-ionad oibre sna blianta amach romhainn. Lean an clár ag dul chun cinn go seoigh 2023, le tacaíocht bhreise dár gcuid garchabhróirí meabhairshláinte, clár sainiúil cumarsáide dár gcomhghleacaithe san Fhórsa Allamuigh agus eagraíodh imeachtaí iomadúla chun feasacht a mhúscailt agus chun spás a sholáthar do chomhráite agus díriú ar Fholláine agus Sláinte Mheabhrach. Teastaíonn uainn go mbeidh tuiscint ag ár bhfoireann ar thábhacht na meabhairshláinte, agus go nglacfaidh siad am chun díriú uirthi, agus chun labhairt agus éisteacht lena chéile fúithi. Leanamar orainn ag soláthar tionscnaimh sláinte agus folláine eile lena n-áirítear feasacht chothaithe, seisiúin feasachta ailse, cláir chorpacmhainne agus seisiúin aireachais.

Leanaimid de bheith ag infheistiú i bhforbairt ár bhfoirne le go leor clár forbartha seachadta le linn 2023 lena n-áirítear ár gcláir oiliúna teicniúla, cláir forbartha saincheaptha éagsúla lena n-áirítear forbairt ban, forbairt ceannaireachta agus bainistíochta, clár féincheannaireachta agus ár gcuid tacaíochtaí breisoideachais.

Leanann ár gcur chuige rannpháirtíochta fostaithe ag fás agus in 2023 chonaiceamar dul chun cinn ag leibhéal na heagraíochta agus na foirne áitiúla araon. Áiríodh leis seo torthaí láidre ag deireadh na bliana, d'fhreastail breis agus 75% den eagraíocht ar gach ceann dár gcuid Athbhreithnithe Ráithiúla Gnó agus bhí Gradaim Daoine an-rathúil againn i mí Dheireadh Fómhair.

### Oiliúint theicniúil

I gcaitheamh 2023, cuireadh roinnt cláir oiliúna teicniúla agus cláir forbartha inniúlachta teicniúla ar fud eagraíocht Líonraí Gáis Éireann. Cuireadh oiliúint ar fáil trí mheascán d'oiliúint aghaidh ar aghaidh, d'oiliúint fhíorúil ar líne, de mhodúil ríomhfhoghlama, de cheardlanna praiticiúla agus de mheasúnuithe ar an láthair.

## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

Cuireadh pleanáil cúig bliana (2023 - 2027) agus príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta próisis i bhfeidhm freisin chun forbairt inniúlachta ar fud róil theicniúla gáis laistigh de Líonraí Gáis Éireann a rianú.

Cuirtear an clár oiliúna teicniúla ar fáil mar thacaíocht d'fhoireann theicniúil de chuid Líonraí Gáis Éireann, do sholáthraithe seirbhíse innealtóireachta agus dár gcomhpháirtithe ar conradh. Tá Ionad Oiliúna Teicniúla Líonraí Gáis Éireann creidiúnaithe ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath), áit a gcuireann ár dteagascóirí a bhfuil taithí acu cúrsaí oiliúna creidiúnaithe ar fáil. Bhí nósanna imeachta um bainistíocht sceite, sainoiliúint maidir le líonraí gáis, oiliúint sa rialú brú agus oiliúint san ionstraimíocht & cumarsáid leictreachais mar chuid den oiliúint phraiticiúil a cuireadh ar fáil san Ionad Oiliúna Teicniúla. Tá tionchar dearfach maidir le sábháilteacht, éifeachtúlacht agus tionchar timpeallachta ag baint le gach ceann de na cláir oiliúna seo.

Baineadh leas suntasach as Córas Bainistíochta Foghlama 'LearnWorks' Líonraí Gáis (LMS) a uasghrádaíodh le déanaí in 2023, rud a chuir leis an gcleachtas is fearr sa tionscal, ag soláthar idirghníomhaíocht níos fearr d'fhostaithe agus do bhainisteoirí agus rochtain ar phacáistí ríomhfhoghlama saincheaptha go hinmheánach. Cuireadh na cláir oiliúna i gcórais TF ar fáil freisin, lenar tugadh tacaíocht d'úsáideoirí na gcóras a bhaineann úsáid as feidhmchláir deisce Líonraí Gáis Éireann le haghaidh bainistíocht



oibre agus le haghaidh teicneolaíochtaí láimhe ar an láthair, rud a fheabhsaíonn éifeachtúlacht ár bpróiseas gnó. Déantar dlúth-bhainistiú ar ár gclár dearbhaithe inniúlachta agus déantar measúnaithe inniúlachta ar theicneoirí a oibríonn ar an líonra gáis mar chuid de sin (teicneoirí de chuid Líonraí Gáis Éireann agus teicneoirí ar conradh araon).

Chríochnaigh seachtar printíseach a bprintíseacht in 2023 agus is fostaithe láncháilithe de chuid Líonra Gáis Éireann iad anois le deimhnithe ceardaíochta i Pluiméireacht (3), Feisteas Uathoibriú Meicniúla agus Cothabhála (3) agus Ionstraimíocht Leictreach (1). Tá cúigear printíseach déag ag dul chun cinn i gclár printíseachta Líonraí Gáis Éireann agus tá pleananna á gcur chun cinn le haghaidh printíseach eile a ghlacadh in 2024.






## Athbhreithniú oibriúcháin (ar lean)

### Aurora



Díríonn Aurora Telecom go speisialta ar sheirbhísí Snáithíní Optúla Dorcha le haghaidh iompróirí teileachumarsáide, eagraíochtaí corparáideacha agus seirbhísí rialtais. In 2023, chomh maith lenár lorg líonra náisiúnta a leathnú, sháraigh Aurora na spriocanna airgeadais agus oibríochtúla go léir, agus é fós ar an líonra is nua-aimseartha agus is ísle foirceann sa tír. Cinntíonn sé seo go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair dár gcliaint éagsúla ar fud iompróirí trastíre; oibreoirí hipearscála; iompróirí fomhuirí; rialtais agus ionad sonraí.

Déanann Aurora, ar fochomhlacht de chuid Líonraí Gáis Éireann é ionadaíocht thar ceann na heagraíochta i saol na teicneolaíochta, agus tá ag éirí thar barr leis. Is soláthraí é atá neodrach ó thaobh iompróra de agus is é an soláthraí is mó a bhfuil tóir ag comhlachtaí domhanda cáiliúla agus ag soláthraithe feidhmchlár air. Sa bhliain 2023, d'fhorbair Aurora Telecom a seasamh idirnáisiúnta trína nascacht shlán, athléimneach, dé-fhotha a threisiú le líonraí cábla fomhuirí breise, go háirithe an nasc aisiompair fomhuirí idirnáisiúnta do chábla fomhuirí IRIS. Tá an córas nua cábla ardluais seo atá faoin bhfarraige thart ar 1,700km ar fad agus a nascann an Íoslainn le Trá Bhaile an Locháin i nGaillimh. Is é Aurora an t-aon soláthraí a idirnascadh leis an stáisiún tuirlingthe cábla don chóras cábla seo, chun líonra snáithíní ard-acmhainne a sholáthar d'ionaid sonraí ar an gcósta thoir. Is mar gheall ar a fhás marthanach agus toisc go bhfuil sé ina phríomhsholáthraí bonneagair teileachumarsáide ar mhargadh na hÉireann go bhfuil Aurora Telecom in áit mhaith anois chun gnó nua a mhealladh agus chun deiseanna gnó a thapú agus é i dteagmháil le hiompróirí móra idirnáisiúnta. Baineadh é seo amach i margadh thar a bheith iomaíoch toisc go gcuireann siad seirbhís gan locht ar fáil maidir le hinfhaighteacht líonra, toisc nach mbíonn bristeacha neamhbheartaithe ar bith acu, agus toisc go bhfanann siad laistigh den bhuiséad agus go n-oibríonn siad de réir sceidil i gcónaí.

Táimid tar éis athléimneacht ár líonra a neartú i gcomhréir le riachtanais slándála fuinnimh ár stáit, agus is é an t-aon iompróir a bhfuil iomarcaíocht cumhachta iomlán aige thar a líonra iomlán. Anois, cuirimid slándáil fheabhsaithe leictreachais ar fáil trí ghineadóirí cúltaca bithdhíosail dár gcuid saoráidí comhshuíomh uile thar an lorg náisiúnta. Soláthraíonn na cábáin thar a bheith teicniúil agus slán seo seirbhísí ríthábhachtacha aimpliúcháin agus comhshuímh dár gcustaiméirí.

Táimid an-bhródúil freisin as ról na cuideachta i bhforás eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann. Cuireann ár líonraí náisiúnta agus cathrach go mór le geilleagar tuaithe na hÉireann mar cuireann siad ar chumas mhuintir na tuaithe obair in earnálacha nua agus leas a bhaint as deiseanna fostaíochta atá ag teacht chun cinn a bhuí le leathanbhanda ardluais. I mbliana chuireamar leis an ngealltanas seo trí chonradh a fháil le Líonra an Rialtais, rannán d'Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (GCIO), chun cuid dá Ardán Náisiúnta um Dhéanamh Íseal Folaigh (NLLP) a sheachadadh. Le tionscadal an NLLP, soláthrófar líonra snáithín náisiúnta aisiompair a nascfaidh príomhshuíomhanna an rialtais, ó stáisiúin na nGardaí go hoifigí leasa, i ngach cathair agus mór-ionad uirbeach.

D'ullmhaigh Aurora plean straitéiseach cuimsitheach, uaillmhianach cúig bliana, ina leagtar amach an treo atá beartaithe le haghaidh tuilleadh forbartha ar an líonra amach anseo agus tairiscint seirbhís nua iontach don fhorbairt in 2024 agus níos faide ná sin.

### GNI (RA) Ltd

Is fochuideachta faoi lánúinéireacht



Líonraí Gáis Éireann í LGÉ (RA) Teo., fochuideachta a oibríonn agus ar leis í na píblínte ardbhrú a shíneann ó Moffat, in Albain, go hÉirinn agus go hOileán Mhanann, trí phíblínte fomhuirí a chuireann gás ar fáil do Phoblacht na hÉireann, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann.

Chomh maith leis sin, ritheann sí agus is léi dhá phíblíne i dTuaisceart Éireann, an píblíne Theas Thuaidh a théann ó Bhaile Mhic Gormáin, Contae na Mí, go Contae Aontroma agus an phíblíne Thuaidh Thiar a théann ó Charraig Fhearghais go stáisiún cumhachta Chúil Caorach.

Is é CRF a rialaíonn LGÉ (RA) Teo. i gcás líonra Phoblacht na hÉireann agus is iad an Rialálaí Fóntais i dTuaisceart Éireann agus Ofgem a rialaíonn é sa Ríocht Aontaithe.

Le linn 2023, d'oibrigh GNI (RA) le príomhpháirtithe leasmhara Thuaisceart Éireann ar an gcreat rialála chun an luasghéarú i bhforbairt beartais aeráide agus fuinnimh a chur i bhfeidhm agus d'éascaigh an obair seo an chéad instealladh Bithmheatáin isteach i Líonra Gáis Thuaisceart Éireann i mí na Samhna 2023, cloch mhíle shuntasach.

# Feidhmíocht oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann

## Sábháilteacht
**Iomlán RMTAC – fostaithe (>1 lá)#/100k uair**




- Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte chun líon na dtimpistí a rianú a tharlaíonn d'fhostaithe in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear, a fhágann gur gá do bhall foirne > 1 lá amháin saor a thógáil ón obair.
- Tá an tsábháilteacht mar luach lárnach in Ervia. Tá an clár cultúrtha sábháilteachta Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile i bhfeidhm ó 2015 agus táimid ag obair i gcónaí le cúrsaí feidhmíochta sábháilteachta a fheabhsú.

## Sábháilteacht
**# nóiméad ar an meán le freagairt ar thuairiscí ón bpobal faoi sceitheadh gáis**




- Déanann an tomhas seo an fhad ar an meán a rianú a thógann sé orainn freagairt ar thuairiscí ón bpobal faoi sceitheadh gáis.
- Is é an mhéadracht atá socraithe againn leis an CRU ná ráta freagartha 97% laistigh de 1 uair an chloig; sa bhliain 2022, baineadh amach ráta comhlíonta 100%.
- Méadracht sábháilteachta an-tábhachtach atá ansin. Taispeánann sé cé chomh tábhachtach is atá sé dúinn na caighdeáin ardfheidhmíochta sin a choimeád go leanúnach thar am.

## Seirbhís do chustaiméirí
**Réiteach céad theagmhála**




- Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmhálacha le custaiméirí gach mí thar réimse éagsúla cineálacha glaonna. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaonna chun na scóir a bhailíochtú.
- Cuirtear in iúl dúinn leis an tomhas seo cé chomh minic a bheimid in ann iarratas an chustaiméara a réiteach ar an gcéad teagmháil, gan gá tuilleadh eolais a fháil, an t-iarratas a chur chun na hoifige cúil, gearán a chruthú nó as scéal a fhiosrú níos mó.



## Fás
**Ordú méadair le haghaidh ceangal nua carnach 2014–2021**




- Déanaimid an méadú ar úsáid an líonra mar gheall ar naisc nua a thomhas.
- Cé go dtagann fás fós ar líon na gceangal nua, spreagtar an méid go príomha ag custaiméirí tionscail agus gnóthais.

## Caiteachas caipitiúil
**Capex €m**




- Cuirimid caiteachas ar bhonneagar amhail gléasra, réadmhaoin, trealamh, agus sócmhainní doláimhsithe san áireamh.
- Tá cur i gcrích na gclár caipitiúil i gcroílár ár gcumais líonraí a fhorbairt agus a chothabháil.

## Éifeachtúlachtaí oibriúcháin carnacha
**Éifeachtúlachtaí Opex €m**




- Cuirimid éifeachtúlachtaí chun cinn ar bhonn leanúnach sa chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a chur ar fáil.

## Athbhreithniú airgeadais

# Feidhmíocht airgeadais shásúil



**Ronan Galwey**
*Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa*

Sheachaid Ervia feidhmíocht airgeadais shásúil in 2023, ag giniúint tuilleamh roimh ús agus cáin ("EBITDA") de €270m, brabús roimh cháin de €117m agus sreafaí airgid oibriúcháin de €219m rud a chumasaigh seachadadh de €148m d'infheistíochtaí caipitil i rith na bliana.

Spreag praghsáil mórdhíola gáis níos ísle in 2023, mar aon le taraifí iompair níos airde, an toradh dearfach brabúsachta bliain ar bhliain. Tá sé seo tar éis dhá bhliain de thorthaí brabúsachta níos ísle a thiomáint go príomha ag margadh luaineach do phraghsanna mórdhíola gáis.

Rinne Ervia íocaíocht díbhinne de €32m don Státchiste le linn 2023.

Choinnigh Líonraí Gáis Éireann, fochuideachta de chuid Ervia, a ngrád infheistíochta rátála creidmheasa de A2 le Moody's agus chuir siad feabhas ar a ngrád infheistíochta le S&P ó A go A+ in 2023. Cuireann na rátálacha creidmheasa láidre seo ar chumas Líonraí Gáis Éireann rochtain a fháil ar raon éagsúil foinsí maoinithe ar phraghas iomaíoch.

Cuirfidh toradh airgeadais na bliana agus meadaracht láidir airgeadais an GNI ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh ag infheistiú i mbonneagar ríthábhachtach ar ár líonra gáis chun tacú le slándáil fuinnimh agus ag an am céanna athrú chun uaillmhianta dícharbónaithe na hÉireann a bhaint amach.

### Príomh-bhuaicphointí 2023

Ioncam
**€527m**

TRÚCDA
**€270m**

Brabús roimh cháin ioncaim
**€117m**

Caiteachas caipitiúil
**€148m**

Díbhinní íoctha
**€32m**

Glanfhiachas
**€833m**



## Príomhthreochtaí Airgeadais



















* Athshonraíodh comparáidí chun athrú sa bheartas cuntasaíochta a léiriú

# Athbhreithniú airgeadais (ar lean)

## Ráiteas ioncaim achomair

| | 2023 €m | 2022 Athshonraithe * €m | 2022 Arna tuairisciú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam | **527** | 495 | 499 |
| Costais oibriúcháin | **(257)** | (274) | (274) |
| **TRÚCDA** | **270** | 221 | 224 |
| Dímheas agus amúchadh | **(143)** | (142) | (142) |
| Glanchostais Airgeadais | **(10)** | (14) | (14) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | **117** | 65 | 68 |
| | | | |
| **Díbhinn a íocadh leis an Státchiste** | **32** | 30 | 30 |

D'fhéadfadh sé go mbeadh difríochtaí slánúcháin ann nuair a chuirtear i gcomparáid iad le ríomhanna amhairc ar na hiomláin sna táblaí atá anseo

### Athrú Deonach sa Bheartas Cuntasaíochta*

Mar a leagtar amach i nóta 1 de na ráitis airgeadais, tá glactha ag an nGrúpa le hathrú deonach ar bheartas cuntasaíochta, chun ranníocaíochtaí custaiméara do naisc líonra gáis a aithint, mar ioncam thar an tréimhse ina gcuirtear seirbhísí iompair líonra ar fáil don chustaiméir amach anseo. Roimhe seo, d'aithin an Grúpa na ranníocaíochtaí custaiméirí seo mar ioncam, thar an tréimhse inar críochnaíodh na hoibreacha ceangail. Tá an Grúpa den tuairim go soláthróidh an t-athrú ar bheartas cuntasaíochta faisnéis níos léirsteanaí ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa, toisc go mbeidh an phróifíl athbhreithnithe aitheantais ioncaim níos ionadaí ar an gcaidreamh custaiméirí marthanach agus go soláthróidh sé inchomparáideacht níos fearr le cuideachtaí piaraí. Cuireadh an t-athrú sa bheartas cuntasaíochta san áireamh go cúlghabhálach mar a éilítear faoi IFRS agus cuireadh an tréimhse roimhe sin in iúl arís chun an t-athrú seo a léiriú.

### Ioncam

Tháinig ardú €32m ar an ioncam iomlán de €527m i gcomparáid le 2022. B'ionann ioncam rialaithe de €485m agus 92% den ioncam iomlán agus tháinig méadú €36m air i gcomparáid le 2022, rud a bhí spreagtha go príomha ag taraifí iompair níos airde agus éileamh acmhainne beagán níos airde. Tháinig laghdú €4m ar ioncam neamhrialaithe de €42m bliain ar bhliain, rud a léiríonn go príomha próifíl na gconarthaí iompair neamhrialaithe.

### Costais oibriúcháin

Tháinig laghdú €17m ar chostais (glanchostais) oibriúcháin go €257m, i gcomparáid le 2022. Ba é ba chúis leis sin den chuid ba mhó costais gáis féinúsáide níos ísle de €28m, agus bhí na meánphraghsanna gáis 47% níos ísle in 2023 i gcomparáid le 2022. Le brúnna costais boilscithe agus tosca seachtracha eile sa mhargadh a raibh tionchar acu ar ár mbonn costais, cuireadh cosc ar an gcoigilteas sin, go háirithe maidir le hábhair, cothabháil, seirbhísí ar conradh agus costais oibriúcháin eile. Rinneadh na harduithe sin ar chostais a fhritháireamh go páirteach le seachadadh leanúnach na n-éifeachtúlachtaí costais oibriúcháin.

### Dímheas

Tá dímheas agus amúchadh de €143m i gcomhréir leis an mbliain roimhe go ginearálta.

### Brabús roimh cháin

Tháinig méadú €52m go €117m ar bhrabús roimh cháin le haghaidh 2023, lena léirítear an méid seo a leanas:

- Ioncaim níos airde de €32m,
- Costais oibriúcháin níos ísle de €17m,
- Glanchostais airgeadais níos ísle de €4m go príomha mar gheall ar rátaí úis margaidh ar thaiscí airgid a ardú,
- Arna bhfritháireamh ag costais dímheas agus amúchadh beagán níos airde de €1m.

### Díbhinní

Íocadh díbhinn bhliantúil de €32m sa bhliain 2023, i gcomparáid le €30m sa bhliain roimhe sin. Tá an díbhinn bhliantúil bunaithe ar 45% ó bhrabús na bliana roimhe sin sula gcuirtear míreanna eisceachtúla áirithe san áireamh. Áiríodh le díbhinn 2023 an díbhinn speisialta de €1.4m i ndáil le comaoin theagmhasach bhreise a fuarthas do Ghnó Bhord Gáis Energy agus íocaíocht díbhinn siarchoinneálach 2018 de €5.3m .



# Athbhreithniú airgeadais (ar lean)

## Clár comhardaithe achomair

| | 2023 €m | 2022 Athshonraithe * €m | 2022 Arna tuairisciú €m |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | **2,469** | 2,469 | 2,469 |
| Sócmhainn pinsin (CIC 19) | **14** | - | - |
| Sócmhainní eile | **349** | 267 | 267 |
| **Sócmhainní iomlána** | **2,832** | 2,736 | 2,736 |
| | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(1,024)** | (1,023) | (1,023) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | **(149)** | (161) | (161) |
| Ioncam agus Deontais Iarchurtha | **(220)** | (189) | (149) |
| Dliteanais iarchurtha chánach | **(200)** | (195) | (199) |
| Dliteanas pinsin (IAS 19) | **-** | (11) | (11) |
| Dliteanais eile | **(7)** | (10) | (10) |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,600)** | (1,588) | (1,553) |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | **1,232** | 1,147 | 1,182 |
| | | | |
| **Glanfhiachas** | **(833)** | (874) | (874) |

D'fhéadfadh sé go mbeadh difríochtaí slánúcháin ann nuair a chuirtear i gcomparáid iad le ríomhanna amhairc ar na hiomláin sna táblaí atá anseo

### Sonraí maidir le sócmhainní bonneagair agus caiteachas caipitiúil 2023

Lean Ervia ar aghaidh lena chlár caipitil pleanáilte lenar bhain infheistíochtaí iomlán de €148m a sholáthar sa bhliain 2023.

Ar aon dul lenár leithéidí sa RA agus san Eoraip, táimid dírithe ar fheidhmiú agus ár líonra á athrú ó bhonn againn chun gáis in-athnuaite amhail bithmheatán agus hidrigin a iompar. Táimid fós dírithe ar a chinntiú go leanann ár líonra ag cur soláthar sábháilte agus iontaofa gáis ar fáil do chustaiméirí reatha trí leanúint ar aghaidh le cláir rollacha athchóirithe agus uasghrádaithe, punann na nasc nua giniúna cumhachta nua a chur chun cinn agus roinnt príomhthionscadail straitéiseacha a chur chun cinn lena n-áirítear uasghráduithe ar an tslándáil fhisiciúil agus ar roinnt príomhthionscadal straitéiseacha a chur chun cinn, lena n-áirítear uasghráduithe ar an tslándáil fhisiciúil agus chibearshlándála atá mar bhonn agus thaca ag athléimneacht chóras fuinnimh na hÉireann.

### Caiteachas caipitiúil

%



## Athbhreithniú airgeadais (ar lean)

### Sonraí maidir le Glanfhiachas agus Sreafaí Airgid 2023

- B'ionann glanfhiachas an 31 Nollaig 2023 agus €833m, i gcomparáid le €874m sa bhliain roimhe sin.
- Úsáideadh glansreafaí airgid feidhmiúcháin de €219m, i ndiaidh eis-sreafaí úis agus cánach, mar a leanas:
  - Úsáideadh €139m chun ceanglais maoinithe infheistíochta caipitil gáis agus teileachumarsáide a mhaoiniú,
  - Úsáideadh €32m chun na híocaíochtaí díbhinne chuig an Státchiste a mhaoiniú,
  - Áiríodh le €11m íocaíochtaí eile €12m a íocadh le hUisce Éireann maidir le haistriú dliteanais phinsin (mar a thuairiscítear i nóta 28 de na ráitis airgeadais) glan ar fháltas comaoine teagmhasaí de €1.4m ó dhíolachán ghnó Bhord Gáis Energy,
  - Úsáideadh €37m chun airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim coimeádta a mhaoiniú.

### Sonraí maidir le Glanbharrachas Pinsin 2023

Tá barrachas cuntasaíochta pinsin (CIC 19) de €14m ag Ervia amhail ar an 31 Nollaig 2023, i gcomparáid le heasnamh cuntasaíochta de €11m amhail an 31 Nollaig 2022. Tharla an ghluaiseacht sa suíomh glan pinsin mar gheall ar fheidhmíocht láidir sócmhainní infheistíochta, aistriú dliteanais chuig Uisce Éireann ar scaradh dlíthiúil agus rátaí boilscithe intuigthe an mhargaidh níos ísle, fritháirithe go páirteach ag rátaí lascaine margaidh níos ísle.

### Sonraí maidir le hAcmhainní Caipitiúla agus Rialachas Státchiste 2023

#### Acmhainní Caipitiúla

B'ionann iomlán na n-iasachtaí agus fiachas eile a bhí ag Ervia ar an 31 Nollaig 2023 agus €1,024m (2022: €1,023m). Bhí saoráidí neamhtharraingthe de €312m agus €191m in airgead tirim nó coibhéisí airgid ar fáil amhail an 31 Nollaig 2023.

Bhí 90% d'fhiachas Líonraí Gáis Éireann (gan dliteanais léasa a áireamh) socraithe ag rátaí seasta ar an 31 Nollaig 2023 (2022: 90%). Ba é an ráta úis ualaithe ar phunann Líonraí Gais Éireann le haghaidh iasachtaí amuigh ná 1.40% (2022%: 1.20%) agus ba é meánaibíocht a chuid fiachais ná



## Athbhreithniú airgeadais (ar lean)

4.05 bliain (2022: 5.05 bliain). Sa bhliain 2023, choinnigh Líonraí Gáis Éireann a rátáil fhadtéarmach chreidmheasa le Moody's Investors Services ag A2 agus chuir siad feabhas ar a ngrád infheistíochta le S&P ó A go A+.

I mí Eanáir 2023, shín Líonraí Gáis Éireann a RCF €300m le sindeacáit banc idirnáisiúnta agus intíre, ar feadh bliana, agus is é Eanáir 2028 dáta aibíochta na saoráide cúig bliana anois agus úsáidfear í chun críocha corparáideacha ginearálta.

#### Sonraí maidir le Rialachas Cistíochta 2023

Sa bhliain 2023, d'fheidhmigh Ervia, trí Líonraí Gáis Éireann, feidhm státchiste láraithe. Is é Bord Ervia atá freagrach as gníomhaíocht chiste agus a feidhmíocht, agus comhlíonann sé a chuid freagrachta trí athbhreithniú rialta. Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Ervia. Chomhlíon Líonraí Gáis Éireann ceanglais agus coinníollacha an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992.

Ní dhéantar feidhm chistíochta Líonraí Gáis Éireann a oibriú mar aonad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna airgid ar bhealach chun riosca a sheachaint. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha. Tá tuilleadh sonraí faoi bheartais Ervia maidir le bainistíocht riosca airgeadais an rialachais chistíochta, leagtha amach sna Ráitis Airgeadais, nóta 23.

#### Ionchas Airgeadais

Leanfaidh Ervia, trína phríomh-fhochuideachta, Líonraí Gáis Éireann, de bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin agus i soláthar todhchaí fuinnimh ghlan agus inacmhainne do mhuintir na hÉireann. D'fhormheas an Coimisiún um Rialáil Fóntas aighneacht um Rialú Praghsanna athbhreithnithe cúig bliana Líonraí Gáis Éireann don tréimhse 2022-2027. Tugann an cinneadh seo breac-chuntas ar chlár oibre oibriúcháin agus straitéiseach Líonraí Gáis Éireann agus ar an ioncam gaolmhar do na cúig bliana atá romhainn agus faightear an maoiniú a theastaíonn le haghaidh líonra gáis atá sábháilte, slán agus iontaofa.

### Mar a Úsáideadh Airgead Tirim le linn 2023

€m




### Próifíl Aibíocht Fiachais

amhail an 31 Nollaig 2023 €m



# Príomhthionscadail le haghaidh 2024

Leanúint le cinnteacht an tsoláthair a chinntiú trína chinntiú go gcuirfimid ar aghaidh go gníomhach na ngníomhartha a sannadh dúinn ag an RCAC sa tuarascáil 'Soláthairtí Gáis na hÉireann a Dhaingniú' a foilsíodh le déanaí, go háirithe forbairt cúlchiste náisiúnta straitéiseach gáis.

Cur Chun Feidhme Phacáiste an AE maidir le Dícharbónú Margaí Gáis agus Hidrigine a chur chun cinn.

Plé leantach le gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear DECC faoi ról gás in-athnuaite i dtacú le spriocanna náisiúnta dícharbónaithe, lena n-áirítear cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Hidrigine.

Tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais náisiúnta lena n-áirítear an Straitéis Bithmheatáin agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024

Páirt a ghlacadh i meitheal hidrigine idir-rannaigh an Rialtais.

Leanúint ar aghaidh lenár gcumas cibearchosanta agus freagartha a chur chun cinn agus fanaimid ar an airdeall ar an mbagairt mhéadaithe a bhaineann le cibear-ionsaí.

Clár ullmhachta oibre a chur i gcrích agus ceanglais nua tuairiscithe an CSRD a chomhlíonadh roimh dheireadh na bliana 2024.

Cinneadh rialaithe praghais 5 an CRF a chur i bhfeidhm lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe feabhsaithe.

Tús a chur le tionscadal chun an réiteach PAYG reatha a athsholáthar don mhargadh gáis i gcomhar le soláthraithe gáis, tar éis don CRU é a fhormhuiniú.

Leanann sé le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus folláine ár mball foirne.

Éisteacht lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara i gcónaí chun tuiscint a fháil ar a gcuid riachtanas sa timpeallacht fuinnimh shíorathraitheach agus chun seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí.



Roinnt oibreacha tábhachtacha a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- Tús a chur le tógáil 10 dtionscadal naisc nua tarchuir, lena n-áirítear stáisiúin chumhachta, agus 3 nasc dáileacháin mhóra.
- Tógáil iomlán ar chomhlaí Kerotest athsholáthair.
- Uasghráduithe acmhainneachta comhbhrúiteora a chur i gcrích.
- Tús a chur le tógáil ar athchur coirí ag 2 AGI.
- 2 Stáisiún GNC a thógáil agus a choimisiúnú.
- Tionscadal treisithe dáilte 2km a chur i gcrích.
- Leanúint leis na cláir athsholáthair/athfheistithe ardéilimh dáilte.





# Riosca & inbhuanaitheacht

# Forléargas ar an mbainistíocht riosca

Tacaíonn bainistiú riosca le Líonraí Gáis Éireann le dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna a thapú chun ár straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Mar gheall ar bhainistíocht riosca réamhghníomhach, is féidir linn breisluach a chruthú dár ngeallsealbhóirí, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. Tá an tírdhreach bainistíochta riosca don eagraíocht ag teacht chun cinn i gcónaí. Tá an bainistiú riosca lena n-áirítear rioscaí a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach ina chuid lárnach dár ngníomhaíochtaí go léir.

Tá ár n-oibríochtaí gnó ag feidhmiú ar bhonn fadtéarmach. Mar sin, táimid ag plé go leanúnach le cuid de na rioscaí. Is féidir leis na rioscaí sin forbairt agus athrú le himeacht ama, de réir mar a athraíonn a dtionchar féideartha agus/nó a ndóchúlacht mar fhreagairt ar fhorbairtí inmheánacha agus seachtracha. Ag an am céanna, leanann rioscaí nua ag teacht chun cinn agus spreagtar cultúr cainte dá bhrí sin. Leanann Líonraí Gáis Éireann le tús áite a thabhairt do bhainistíocht riosca sábháilteachta agus déantar riosca a shainaithint agus a mhaolú go réamhghníomhach.

### Ár ngníomhaíochtaí bainistíochta riosca

| Ó Lá go Lá | Ag comhtháthú le Straitéis & Próiseas | Rialachas |
|---|---|---|
| Réimsí Oibriúcháin | Réimsí Oibriúcháin | Réimsí Oibriúcháin |
| Rioscaí a aithint, a bhainistiú, a cheistiú agus a thuairisciú. | Tá measúnú riosca ina chuid lárnach de phleanáil straitéiseach, infheistíocht a chur in ord tosaíochta agus meastóireacht tionscadal. | Tacaíonn Coistí Feidhmiúla agus Feidhmiúcháin Riosca leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca. |



Tháinig cobhsú ar thírdhreach riosca 2023 ach d'fhan sé ardaithe tar éis na géarchéime fuinnimh an bhliain roimhe sin a d'eascair as ionradh na hÚcráine. Trí úsáid leanúnach a bhaint as próiseas sainithe bainistíochta riosca, lean Líonraí Gáis Éireann de bhainistiú a gcuid rioscaí go héifeachtach. Mar gheall ar an timpeallacht gheopholaitiúil bhíothas i mbun cleachtadh bainistíochta géarchéime go leanúnach le linn na bliana lena chinntiú go rabhamar ullmhaithe d'aon tosca suaite a d'fhéadfadh tarlú agus gur thugamar freagairt orthu, rud a chinntigh slándáil an tsoláthair agus seachadadh seirbhíse. Rinneadh dlúthmhonatóireacht ar an timpeallacht sheachtrach maidir le haon drochthionchar ar Líonraí Gáis Éireann, amhail bagairt mhéadaithe cibearshlándála agus slándála fisiciúla, slándáil an tsoláthair, athrú aeráide, boilsciú, agus luaineacht praghsanna gáis.

Tá dúshláin eile a bhí le sárú ag Líonraí Gáis Éireann tugtha chun suntais i roinn na bpríomhrioscaí.




Figiúr 1.1 - ERM Próiseas 4 Chéim

## Creat bainistíochta riosca

Tá struchtúr rialachais i bhfeidhm ag Líonraí Gáis Éireann ina gcuimsítear próiseas cuimsitheach bainistíochta riosca chun na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a shainaithint, a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus dul i ngleic leo. Tacaíonn an creat bainistíochta riosca le cur chuige comhsheasmhach bainistíochta riosca ar fud na heagraíochta lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an ngnó agus an dóchúlacht go dtarlóidh an riosca.

Tá an fhreagracht deiridh ar Bhord Ervia as bainistíocht riosca, le tacaíocht ó Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia. Trínár struchtúr rialachais bainistithe riosca agus trínár bpróiseas tuairiscithe riosca, cuirtear gealltanas ar fáil don Bhord go ndéantar na príomhrioscaí roimh ár ngnó a phlé, a fhaire agus a bhainistiú go maith. Socraíonn Bord Ervia an inghlacthacht riosca chun cineál agus méid na rioscaí a bhfuilimid sásta glacadh leo chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a chinneadh. Áirítear leis ráitis agus tionscnaimh maidir le fonn riosca mar bhonn taca leo.

Freisin déantar gníomhaíochtaí um bainistíocht riosca ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta lena chinntiú go ndéantar bainistiú réamhghníomhach agus éifeachtach ar rioscaí. I Líonraí Gáis Éireann, ó leibhéal fheidhmiúil chomh fada le leibhéal an Bhoird, déantar ár bpríomhrioscaí a thuairisciú i dtrí chatagóir: 1. Key, 2. Ag Teacht Chun Cinn & Ag Treochtáil (E&T) agus 3. Ardtionchar agus Dóchúlacht Íseal (HILP) Ag úsáid próiseas ceithre chéim um Bainistiú Riosca Fiontraíochta (BRF) lena chinntiú go ndéanfar rioscaí ar fud na heagraíochta a shainaithint, a mheasúnú, freagairt orthu agus monatóireacht a dhéanamh orthu ar bhonn comhsheasmhach. (Féach ar fhíor 1.1.)

Is príomhriosca iad na rioscaí ardtosaíochta atá ann cheana féin atá lárnach do bhaint amach chuspóirí straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann. Is iad rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn agus Treochtáil (E&T) na rioscaí nuafhorbartha nó athraitheacha atá deacair a chainníochtú agus a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar straitéis Líonraí Gáis Éireann mura ndéantar iad a bhainistiú go cúramach. Ar deireadh, déantar rioscaí a d'fhéadfadh an tionchar is mó a bheith acu ar an ngnó ach tá féidearthacht chianda ann go bhféadfadh siad tarlú a rangú mar rioscaí Ardtionchair agus Dóchúlachta Íseal (HILP).

Le foireann riosca tiomnaithe agus samhail coiste rialachais riosca ón mbarr anuas, ón mbun aníos, treisítear timpeallacht bhainistíochta riosca éifeachtach. Cinntítear leis an tsamhail sin go bhfuil soiléireacht úinéireachta agus freagrachta as bainistíocht riosca ann lena n-áirítear rialuithe maolaithe agus gníomhartha maolaithe.

Le linn na bliana, rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha tionscail riosca agus ar fhoilseacháin amhail Tuarascáil Riosca Domhanda 2023 an Fhóraim Eacnamaíoch Domhanda, Measúnú Riosca Náisiúnta 2023 agus Tuarascáil Ráithiúil Gartner ar Riosca atá ag Teacht Chun Cinn chun tuiscint níos fearr a fháil ar an timpeallacht riosca sheachtrach.

Treisítear an fócas ar bhainistíocht riosca réamhghníomhach leanúnach, feasach ar riosca agus cultúr labhartha amach a chinntiú ar gach leibhéal den eagraíocht trí oiliúint riosca a sholáthar do shínitheoirí agus bhainisteoirí mar aon le rannpháirtíocht rialta ar fud an ghnó.

Le linn na bliana, rinneadh rannpháirtíocht leanúnach leis an ngnólacht sa chéad líne agus comhoibriú feabhsaithe i measc na bhfeidhmeanna dara agus tríú líne chun cur chuige ailínithe a chinntiú don chreat rialaithe inmheánaigh foriomlán. Chríochnaigh na feidhmeanna ceardlanna measúnaithe riosca calaoise leis an ngnó lena chinntiú go bhfuil cruinne iomlán riosca calaoise ag Líonraí Gáis Éireann agus rialuithe coisctheacha agus braite i bhfeidhm.

## Athbhreithniú ar an mbainistíocht riosca (ar lean)

### Na príomhrioscaí, na príomh-éiginnteachtaí agus na príomh-mhaoluithe

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Líonra fuinnimh athléimneach** | | |
| **Sláinte, sábháilteacht, comhshaol** | | |
| Teagmhas mór sláinte agus sábháilteachta nó comhshaoil a mbíonn tionchar agus dochar suntasach d'fhostaí, do chonraitheoir nó don phobal mar thoradh air. | Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ar ghortú nó bás agus chun ionchúisimh fhéideartha, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a sheachaint. | • Déanann an Bord maoirseacht ar fheidhmíocht Sláinte agus Sábháilteachta.<br>• Tá sé deimhnithe de réir Chóras Bainistíochta Sábháilteachta ISO45001 agus Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001.<br>• Gníomhaíocht dearbhaithe inmheánach agus sheachtrach, iniúchtaí, cleachtaí éigeandála oiliúna agus athbhreithnithe. |
| **Slándáil an tsoláthair** | | |
| Braitheann slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha in Éirinn ar ár gcumas allmhairí a rochtain agus ar acmhainneacht agus ar shláine an bhonneagair soláthair agus dáileacháin. D'fhéadfadh briseadh suntasach ar sholáthar fuinnimh nó ar bhonneagar fisiciúil Líonraí Gáis Éireann, lena n-áirítear idirnascairí gáis idir Éire agus Albain, tionchar tromchúiseach a bheith aige ar ghnó agus ar oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann agus ar gheilleagar na hÉireann. | Braitheann geilleagar na hÉireann ar sholáthairtí slána leanúnacha gáis nádúrtha toisc go bhfreastalaíonn sé ar thart ar 31% de phríomhriachtanais fuinnimh na hÉireann. Leis an tírdhreach geopholaitiúil, leagadh béim ar athléimneacht bhonneagar gáis na hEorpa agus ar sholáthar gás nádúrtha na hEorpa. Is í an Ríocht Aontaithe an phríomhfhoinse soláthair d'Éirinn i gcónaí. D'fhéadfadh aon bhriseadh ar sholáthar fuinnimh na Ríochta Aontaithe, nó aon chliseadh nó aon bhriseadh ar oibriú ár mbonneagar straitéiseach gáis, tionchar tromchúiseach a imirt ar ghnó agus ar oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann. | • A bhuí le píblíne gháis nasctha ar tír in Albain neartaítear slándáil an tsoláthair d'Éirinn.<br>• Soláthraítear soláthar dúchasach gáis ó gháscheantar na Coiribe.<br>• In 2023, d'fhógair RCAC a pacáiste Slándála Fuinnimh lenar áiríodh bunú cúlchiste straitéiseach éigeandála gáis in Éirinn. Tá Líonraí Gáis Éireann i mbun rannpháirtíocht leis an roinn chun togra mionsonraithe a ullmhú chun Cúlchiste Straitéiseach Éigeandála Gáis a bhunú.<br>• Samhaltú rialta cásanna éilimh agus soláthair sa todhchaí (Poblacht na hÉireann agus Uile-Oileáin).<br>• Ball de Ghrúpa Éigeandála Slándála Fuinnimh DECC.<br>• Plean Bainistíochta Éigeandála Gáis bunaithe le príomhpháirtithe leasmhara ar a ndéantar tástáil go rialta.<br>• In 2023, síníodh meabhrán tuisceana idir Rialtas na hÉireann, an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann ar an gcomhoibriú le haghaidh cinnteacht soláthair gáis nádúrtha a dhoimhníonn caidreamh déthaobhach na RA agus na hÉireann agus a chumasaíonn oibriú níos dlúithe chun cinnteacht an tsoláthair a chinntiú.<br>• Tá prótacal deonach i bhfeidhm ag GNI (RA) agus ag Gás Náisiúnta a dhéanann soláthar má tharlaíonn Éigeandáil Soláthair Gáis. Le conradh idir-rialtasach gáis atá i bhfeidhm ó bhí 1993 ann idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, déantar foráil maidir le forbairt creata idir rialtas na hÉireann agus rialtas na Ríochta Aontaithe chun déileáil le haon bhriseadh ar sholáthairtí gáis.<br>• Cláir chuimsitheacha iniúchta agus cothabhála sócmhainní.<br>• Plean Forbartha Líonra agus Plean Bainistíochta Acmhainne Líonra.<br>• Plean agus tionscadail infheistíochta caipitil.<br>• Tá an Measúnú Riosca Náisiúnta riachtanach faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1938 (Slándáil an tSoláthair Gáis). D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann i gcomhar le CRF chun an measúnú riosca seo a chur i gcrích in 2022 – tá an chéad athbhreithniú eile dlite in 2026. |
| **Acmhainne líonra** | | |
| Mura bhfaightear faomhadh rialála agus mura bhforbraítear acmhainn líonra imleor amach anseo, d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar chlú Líonraí Gáis Éireann agus tionchar a imirt ar chumas an líonra freastal ar riachtanais fuinnimh amach anseo. | Sa bhliain 2022, d'fhoilsigh Líonraí Gáis Éireann ráiteas réamhaisnéise gáis. Príomh-ionchur i leith é sin is ea réamh-mheastachán éileamh leictreachais Eirgrid. Le tionscadail EirGrid, tháinig méadú suntasach ar an éileamh ar leictreachas agus mar thoradh air sin tá gá le giniúint ghásadhainte nua chun freastal ar an éileamh sin. Ina theannta sin, tá méadú mór tagtha ar cheangail nua gháis nua san earnáil tionsclaíochta agus tráchtála freisin. Cinneadh le hanailís líonra go mbeidh gá le tuilleadh infheistíochta chun breis acmhainneacht a chur ar fáil ag an dá stáisiún comhbhrúiteora in Albain chun an t-éileamh sin a shásamh ag buaic-amanna. | • Cuireadh staidéar mionsonraithe i gcrích lena fháil amach na bearta oibriúcháin agus fisiceacha is gá chun an acmhainn theicniúil ag Pointe Iontrála Moffat a mhéadú chun freastal ar na héilimh réamh-mheasta bhuaic-laethanta.<br>• Tá maoiniú le haghaidh uasghráduithe beartaithe acmhainne ar an dá stáisiún comhbhrúiteoirí in Albain ceadaithe mar chuid de chinneadh PC5 agus tá tionscadail ag dul ar aghaidh de réir an phlean.<br>• Bearta bainistithe ar thaobh an éilimh – tá táirgí acmhainne in-idirbhriste á scrúdú.<br>• Teagmháil leanúnach le EirGrid maidir lena réamhaisnéisí ar éileamh agus Ráiteas maidir le hAcmhainneacht Giniúna.<br>• Teagmháil leanúnach le EirGrid maidir lena réamhaisnéisí ar éileamh agus Ráiteas maidir le hAcmhainneacht Giniúna.<br>• Plean Forbartha Líonra agus Plean Bainistíochta Acmhainne Líonra forbartha. |



## Athbhreithniú ar an mbainistíocht riosca (ar lean)

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Seachadadh caipitil** | | |
| Mainneachtain freastal ar riachtanais seachadta caipitil lena n-áirítear oibreacha caipitil a bhaineann le naisc nua stáisiúin chumhachta agus ionaid sonraí. | Tá aird tarraingthe ag EirGrid agus CRF ar an easnamh i nginiúint cumhachta teirmí in Éirinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma maidir le slándáil an tsoláthair leictreachais. Beidh méid suntasach oibre ag teastáil chun tacú le baint amach na dtionscadal ríthábhachtach sin. Ina theannta sin, tá Líonraí Gáis Éireann ar conradh chun cúig nasc tarchurtha a sheachadadh chuig ionaid sonraí. Tarlaíonn sé sin i gcomhthráth le héileamh méadaithe ó earnálacha eile a bhféadfadh sé go mbeadh orthu tús áite a thabhairt do thionscadail a mbeadh damáiste féideartha airgeadais agus clú do Líonraí Gáis Éireann mar thoradh orthu. | • Rannpháirtíocht trí pháirtí idir Líonraí Gáis Éireann, EirGrid agus CRF agus comhoibriú láidir ar thionscadail.<br>• Rannpháirtíocht luath leis an gconraitheoir agus le príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le seachadadh agus leis an bpróiseas toilithe.<br>• Cumarsáid leantach le forbróirí an stáisiúin chumhachta agus an ionaid sonraí.<br>• Tógáil: Pleanáil acmhainní agus slabhra soláthair chun seachadadh tionscadal a optamú.<br>• Comhpháirtíochtaí malartacha seachadta a fhorbairt laistigh den slabhra soláthair. |
| **Gáis in-athnuaite - ullmhacht líonra** | | |
| Riosca nach bhfuil Líonraí Gáis Éireann réidh ó thaobh líonra de chun gás in-athnuaite a iompar. | Sainaithnítear forbairt hidrigine agus bithmheatáin mar phríomhthosaíocht chun an Comhaontú Glas don Eoraip agus aistriú fuinnimh ghlain a bhaint amach. Chun tacú le clár oibre an Rialtais maidir leis an athrú aeráide agus chun inmharthanacht fhadtéarmach gnó a chinntiú, caithfidh Líonraí Gáis Éireann a chinntiú go bhfuil an cumas agus an inniúlacht líonra aige le bheith ina phríomhchumasóir don aistriú fuinnimh. | • Faomhadh maoiniú nuálaíochta chun cumas hidrigine agus bithmheatán a thástáil agus a fhorbairt mar chuid de chinneadh PC5 agus tá tionscadail ag dul ar aghaidh de réir an phlean.<br>• Liúntais nuálaíochta leordhóthanacha a chinntiú chun cumas hidrigine agus bithmheatáin a thástáil agus a fhorbairt.<br>• Taighde agus tástáil ar hidrigin ag ár Lárionad Taighde agus Nuálaíochta in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath.<br>• Feabhas a chur ar oiliúint agus inniúlacht theicniúil.<br>• Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú laistigh den saol acadúil agus páirtithe leasmhara eile sa tionscal gáis.<br>• Cásanna sábháilteachta a fhorbairt do gach céim d'fhorbairt na hidrigine.<br>• Rannpháirtíocht ghníomhach leis an staidéar cnámh droma maidir le Hidrigin na hEorpa. |
| **Athrú aeráide – tionchar ar bhonneagar** | | |
| Riosca fisiceach go bhféadfadh tionchar a bheith ag adhaimsir nó aimsir neamhghnácha ar ár mbonneagar. | Méadú ar dhéine na hadhaimsire m.sh., d'fhéadfadh tuilte, agus stoirmeacha mar gheall ar athrú aeráide a bheith ina gcúis le mífheidhmeanna nó le briseadh gan choinne sna seirbhísí. D'fhéadfadh briseadh fada le linn adhaimsire amhail tréimhse d'aimsir an-fhuar cur isteach suntasach sóisialta agus eacnamaíoch a chruthú nuair nach féidir le cuideachtaí agus teaghlaigh rochtain a fháil ar chumhacht nó ar theas. | • Pleananna agus nósanna imeachta láidre práinnfhreagartha a fhorbairt.<br>• Réimsí leochaileachta amach anseo a shainaithint agus sócmhainní a athlonnú nuair is cuí.<br>• Pleanáil ullmhachta don gheimhreadh agus cruachan stoirme.<br>• Uirlisí chun monatóireachta/rialú a dhéanamh ar an mbonneagar.<br>• Aghaidh a thabhairt ar rioscaí aitheanta don bhonneagar líonra trí aighneachtaí rialála. |
| **Seirbhísí fuinnimh inbhuanaithe** | | |
| **Inacmhainneacht** | | |
| Cailliúint iomaíochais, an riosca go mbeidh gás líonraithe neamhiomaíoch/neamh-inacmhainne do chustaiméirí. | Mar gheall ar an tionchar a bhaineann leis na praghsanna arda gás atá ag leanúint ar aghaidh tá baol ann go mbeidh gás nádúrtha neamhiomaíoch i gcomparáid le foinsí fuinnimh eile, rud a fhágann go bhféachfaidh custaiméirí agus lucht ceaptha beartas ar réitigh fuinnimh eile. | • Leanúint de dhíriú ar chostais líonra a laghdú trí nuálaíocht, barrfheabhsú an tslabhra soláthair agus bainistíocht costais dea-chleachtais.<br>• Leanúint de thacaíocht a thabhairt do bhearta chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair in Éirinn, lena laghdófar an baol go dtarlódh briseadh sa soláthar lena n-áirítear úsáid mhéadaithe as gás in-athnuaite.<br>• Tacaíochtaí do chustaiméirí leochaileacha.<br>• Tacaíochtaí do chustaiméirí lena n-áirítear infhaighteacht méadar Íoc Mar a Úsáidtear (PAYG), rud a éascaíonn aistriú soláthraithe fuinnimh.<br>• Bí i bhfách le bearta éifeachtúlachta fuinnimh. |

## Athbhreithniú ar an mbainistíocht riosca (ar lean)

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Todhchaí an gháis** | | |
| Nach n-éireofar le straitéis fáis fhadtéarmach Líonraí Gáis Éireann do ghás nádúrtha agus in-athnuaite a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh go rathúil i gcóras fuinnimh comhtháite. | Theip ar Líonraí Gáis Éireann réitigh a sholáthar chun go mbeidh gás líonraithe ina fhoinse inmharthana fuinnimh i dtodhchaí fuinnimh dhícharbóinithe na hÉireann.<br><br>Tá baol ann i leith clár oibre an rialtais maidir leis an athrú aeráide agus freisin go dtiocfaidh laghdú ar úsáid an líonra sin amach anseo mura féidir an líonra a dhícharbónú agus d'fhéadfadh méaduithe taraife agus sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh air sin. | • Tacú le straitéis Hidrigine an rialtais agus le haistriú an líonra gáis chun instealladh hidrigine glaise agus hidrigine cumaisc amach anseo a éascú.<br>• Tacú le conair a fhorbairt i dtreo dhícharbónú iomlán an líonra gáis agus tacú le gníomhaíochtaí nuálaíochta a bhaineann le sócmhainní an líonra gáis.<br>• Oibriú leis an Rialtas chun tacú leis sprioc an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 a bhaint amach chun suas le 5.7 TWh de bhithmheatán a tháirgtear go dúchasach a sheachadadh faoi 2030.<br>• Oibriú le custaiméirí agus le mórúsáideoirí chun réitigh lena mbaineann conair chuig an dícharbónú a sholáthar.<br>• Leanúint le forbairt agus rolladh amach an Líonra BioCNG. |
| **Cáil** | | |
| Damáiste mór do chlú Líonraí Gáis Éireann nuair a theipeann uirthi ionchais a pháirtithe leasmhara a chomhlíonadh, rud a fhágann go gcailltear muinín i gceadúnas oibríochta na heagraíochta. | Damáiste do chlú Líonraí Gáis Éireann de bharr teagmhas mór nó mainneachtain cleachtais shábháilte a chinntiú inár gcuid -oibríochtaí, inár mbainistíocht airgeadais agus inár rialachas corparáideach. | • Príomhphleananna agus príomhthionscnaimh maidir le gnóthaí poiblí agus le páirtithe leasmhara<br>• Foireann thiomnaithe gnóthaí poiblí.<br>• Createaí comhlíontachta agus rialaithe i bhfeidhm.<br>• Pleananna bainistithe géarchéime i bhfeidhm. |

### Córas fuinnimh comhtháite

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Beartas fuinnimh** | | |
| Teip ar ról a bhaint amach don ghás nádúrtha agus do gháis in-athnuaite in aistriú fuinnimh na hÉireann. | Tá dícharbónú fuinnimh fós ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an domhan. Dírítear beartais AE agus na hÉireann um ghníomhú ar son na aeráide agus fuinneamh ar laghdú fadtéarmach ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear gás nádúrtha (arb é an breosla iontaise dó is glaine). Tá baol ann go dtiocfaidh laghdú ar úsáid an líonra amach anseo mura féidir beartas tacúil le haghaidh gáis in-athnuaite a chinntiú agus d'fhéadfadh méaduithe taraife agus sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh air sin. | • A chinntiú go n-aithníonn agus go dtuigeann príomhpháirtithe leasmhara an ról is féidir le líonra gáis dícharbónaithe a imirt i gcóras fuinnimh na hÉireann amach anseo.<br>• Foireann tiomnaithe beartais a dhíríonn ar rannpháirtíocht leanúnach leis na páirtithe leasmhara go léir maidir le beartas fuinnimh a fhorbairt.<br>• Dlúthchaidreamh comhoibríoch a chothú le páirtithe ar fud an tslabhra luacha ar fad.<br>• Teachtaireacht Líonra Gáis Éireann i gcainteanna poiblí faoin aistriú fuinnimh a chur in iúl. |

### Barr feabhas sna hoibríochtaí

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Slabhra soláthair / Soláthraithe rí-thábhachtacha** | | |
| Mura féidir Pleananna Infheistíochta Caipitil reatha nó amach anseo a sheachadadh go hiomlán, mar gheall ar dhúshláin slabhra an tsoláthair lena n-áirítear méaduithe ar chostais, acmhainneacht laistigh den tionscal tógála, moilleanna ar ábhair a fháil nó teip ar phríomhsholáthraí, lena n-áirítear príomhchonraitheoirí, d'fhéadfadh sé nach gcomhlíonfaí an acmhainn líonra nó d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí sláinte sócmhainní a choinneáil trí ghníomhaíochtaí cothabhála pleanáilte. | Tá luaineacht i ngeilleagair an domhain agus athruithe ar an timpeallacht gheopholaitiúil ar fud an domhain ag luathú an ghá do Líonraí Gáis Éireann pleananna a fhorbairt go réamhghníomhach chun riosca slabhra an tsoláthair a bhainistiú. Tá an riosca sin ag eascairt as méaduithe ar chostais seirbhísí agus ábhar, as ganntanais ábhar, as amanna tionscanta níos faide ar thionscadail agus as inmharthanacht na bpríomhsholáthraithe. D'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar ábhartha ag díospóid le nó má theipeann ar phríomhsholáthraí a oibleagáidí faoi chonradh den sórt sin a chomhlíonadh ar ghnó, oibríochtaí, clú, straitéis agus/nó riocht airgeadais Líonra Gáis Éireann. | • Tá samhail bainistíochta caidrimh i bhfeidhm.<br>• Saineolas inmheánach maidir leis an slabhra soláthair agus idirghníomhaíochtaí réamhghníomhacha slabhra soláthair le príomhsholáthraithe ag dul i méid.<br>• Soláthairtí nua tógála agus innealtóireachta ag dul ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil raon éagsúil soláthraithe ar fáil d'ualach oibre Líonraí Gáis Éireann amach anseo.<br>• Comhordú feabhsaithe sna foirne ar fad le feasacht agus úinéireacht níos fearr.<br>• Monatóireacht agus athbhreithniú á ndéanamh ar sholáthraithe príomhchonarthaí.<br>• Pleananna teagmhasacha agus leanúnachais gnó a chruthaíonn creat chun an riosca a bhaineann le cliseadh príomhsholáthraí a mhaolú agus a sholáthraíonn freagairt éifeachtach ar na pleananna sin, agus leasanna na bpríomhpháirtithe leasmhara á gcosaint ag an am céanna. |



## Athbhreithniú ar an mbainistíocht riosca (ar lean)

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Oibríochtaí inbhuanaithe** | | |
| Teip ar Líonraí Gáis Éireann a bheith ina phríomhghnó inbhuanaithe in Éirinn. | Chun ionchais shochaíoch agus ionchais an rialtais, na sochaí agus na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, ní mór do Líonraí Gáis Éireann a astaíochtaí agus dhramhaíl féin a íoslaghdú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus tacú lena mhuintir agus lena bpobail. | • Feidhmíocht agus straitéis inbhuanaitheachta le rialachas agus monatóireacht shoiléir i bhfeidhm.<br>• Feidhmíocht Thrédhearcach Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (ESG).<br>• Tiomanta do laghdú 50% ar dhéine na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.<br>• Plean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht i bhfeidhm.<br>• Deimhniú de réir chaighdeán an Mairc do Ghnóthas a bhíonn ag Obair go Freagrach a choinneáil.<br>• Tiomantas do phlean laghdaithe astaíochtaí meatáin.<br>• Leantar le feachtas 'Úsáid Níos Lú' in Líonraí Gáis Éireann. |
| **Cibearshlándáil / Teip na Teicneolaíochta Faisnéise** | | |
| Riosca maidir le cibrionsaí nó le cliseadh suntasach ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanas suntasach córas agus seirbhísí, le tionchar mór ar oibríochtaí gnó, sceitheadh sonraí, le caillteanas airgeadais agus le damáiste do chlú | Tá líon, castacht agus sofaisticiúlacht na mbagairtí cibearshlándála ag dul i méid agus tá siad de shíor i mbun forbartha. D'fhéadfadh fionraí seachadadh gnó féideartha, cur isteach, fadhbanna sábháilteachta, damáiste do chlú nó fíneálacha rialála féideartha a bheith mar thoradh ar theagmhas. D'fhéadfadh tionchar féideartha a bheith ag cibear-ionsaí agus/nó teip chomharthaíochta ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise ar chustaiméirí gáis agus leictreachais agus ar gheilleagar na hÉireann. | • Polasaithe, straitéis agus samhail oibriúcháin i bhfeidhm.<br>• Cláir fheabhsaithe maidir le cibearfheasacht agus oiliúint úsáideoirí.<br>• Comhoibriú leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.<br>• Monatóireacht leanúnach i gcoinne chaighdeáin na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeáin agus Teicneolaíocht (NIST).<br>• Infheistíocht mhéadaithe i gcosc agus i rialuithe réamhghníomhacha sna chórais chriticiúla ar fad.<br>• Socruithe teagmhasacha do leanúnachas gnó forbartha.<br>• Ionad Oibríochtaí Slándála i bhfeidhm (monatóireacht 24*7).<br>• Measúnuithe leanúnacha riosca.<br>• Cásanna oibriúcháin agus tástálacha struis ar phróisis chriticiúla. |
| **Slándáil áitribh agus suiteála** | | |
| Caillteanas suntasach ar chórais agus ar sheirbhísí ríthábhachtacha de bharr ionsaí slándála fisiceach ar ár n-áitreabh agus suiteálacha ríthábhachtacha a bhfuil tionchar aige ar shábháilteacht, ar oibríochtaí gnó agus ar ár gcáil. | Tá na bagairtí slándála fisiciúla ag dul i méid i ngeall ar nádúr an ghnó. D'fhéadfadh fionraí seachadadh gnó féideartha, cur isteach, fadhbanna sábháilteachta, damáiste do chlú nó fíneálacha rialála féideartha a bheith mar thoradh ar theagmhas. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chustaiméirí gáis agus leictreachais agus ar gheilleagar na hÉireann. | • Tionscadal slándála corparáidí agus fisiciúla.<br>• Clár caipitil slándála fisiciúil i mbun feidhme.<br>• Measúnuithe leanúnacha riosca. |
| **Paindéim** | | |
| Riosca suntasach do shláinte fostaithe nó cur isteach ar ghnó mar gheall ar thionchar féideartha paindéime. | Tinneas ar mhórscála i measc fostaithe mar gheall ar eipidéim nó paindéim a théann i bhfeidhm ar dhaonra na hÉireann, agus a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shláinte agus folláine fostaithe, oibríochtaí, ar an soláthar seirbhísí agus ar an slabhra soláthair. | • Plean freagartha paindéime i bhfeidhm.<br>• Socruithe teagmhasacha do leanúnachas gnó forbartha.<br>• Rannpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara (FSS, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Rialáil Fóntais, Ranna Rialtais srl.) chomh maith le tagarmharcáil fóntais ag piaraí. |

## Athbhreithniú ar an mbainistíocht riosca (ar lean)

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Dlí / Comhlíontacht** | | |
| Teip maidir le cloí le hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear le dlí, rialachán nó ceadúnas. | Tá na gníomhaíochtaí gnó a dhéanann Líonraí Gáis Éireann faoi réir réimse leathan dlíthe agus rialachán. Mar gheall ar oibleagáidí agus ar rialacháin dhlíthiúla tá méadú mór tagtha ar an gcastacht a bhaineann le gnó a dhéanamh i Líonraí Gáis Éireann. B'fhéidir nach gcoinneodh beartais agus oiliúint suas le luas an athraithe. Má theipeann ar Líonraí Gáis Éireann dlíthe agus rialacháin ábhartha na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh d'fhéadfaí pionóis agus/nó smachtbhannaí a fhorchur a bhféadfaí drochthionchar ábhartha a bheith acu ar thorthaí oibriúcháin, ar straitéis agus/nó an staid airgeadais. | · Tugtar athbhreithniú ar chomhlíonadh chun críche go bliantúil agus go leanúnach maidir le hoibleagáidí an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus sainaithnítear aon teipeanna ar chomhlíonadh agus tugtar aghaidh orthu de réir mar is cuí.<br>· Tá beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm chun comhlíonadh príomhoibleagáidí dlí a chinntiú.<br>· Monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí reachtaíochta.<br>· Athbhreithniú débhliantúil ar Ráiteas Beartais um Chomhlíonadh na Stiúrthóirí.<br>· Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha. |
| **Calaois** | | |
| Teagmhas tubaisteach calaoise a théann i bhfeidhm ar inmharthanacht agus ar chlú na heagraíochta. | Má tharlaíonn cliseadh sa timpeallacht rialaithe, d'fhéadfadh calaois tarlú a bhféadfaí damáiste do chlú, caillteanas airgeadais chomh maith le himpleachtaí cánach do Líonraí Gáis Éireann a bheith mar thoradh air. | · Oiliúint ar fheasacht beartais agus calaoise.<br>· Cultúr láidir rialaithe agus labhair amach.<br>· Cláir um fheasacht calaoise lena n-áirítear 'Doing the Right Thing'.<br>· Ceardlanna maidir le Measúnú Riosca Calaoise<br>· Oiliúint ar fheasacht cibearshlándála.<br>· Scaradh dualgas. |

### Daoine fuinnimhithe

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Daoine** | | |
| Mainneachtain daoine ag a bhfuil na scileanna agus na cumais chearta chun ár straitéis a sheachadadh a fhorbairt, a choinneáil nó a mhealladh. | Braitheann ár gcumas ár straitéis a chur chun feidhme ar chumais, luachanna, iompar agus feidhmíocht ár bhfostaithe. Braitheann sé freisin ar aclaíocht agus ar chumas ár ndaoine dul in oiriúint don timpeallacht sheachtrach atá ag athrú agus d'ionchais leanúnacha ár bpáirtithe leasmhara.<br><br>Mura mbeadh lucht saothair leordhóthanach oilte againn ag an am ceart agus san áit cheart, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar chumas na heagraíochta ár straitéis a bhaint amach. | · Pleanáil straitéiseach le haghaidh líon fostaithe agus dearadh agus forbairt eagraíochtúil.<br>· Tionscnaimh rannpháirtíochta agus chultúir i bhfeidhm, lena n-áirítear suirbhéanna rialta, tairseacha smaointe agus próisis um fheabhsú leanúnach.<br>· Clár sláinte agus folláine i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann.<br>· Tionscnaimh Acmhainní Daonna amhail an clár ibelong maidir le héagsúlacht, cothromas agus cuimsiú, obair hibrideach agus cláir forbartha.<br>· Fostaithe a fhorbairt agus a chumhachtú trí Fhoghlaim agus Forbairt agus Bainistiú Feidhmíochta.<br>· Ceannairí na todhchaí agus príomhchomharbaí a shainaithint agus a chothú trí chláir um Bainistíocht Tallainne agus Forbartha Tallainne.<br>· Monatóireacht leanúnach ar phríomh-mhéadracht an lucht saothair lena n-áirítear laghdú agus athrú, innéacsanna cobhsaíochta fostaithe agus lucht saothair. |



## Athbhreithniú ar an mbainistíocht riosca (ar lean)

### Staid airgeadais láidir

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| **Riosca airgeadais** | | |
| Ní raibh feidhmíocht airgeadais maith a dóthain. Roscaí domhanda maicreacnamaíocha agus airgeadais ba chúis leis sin – boilsciú, gluaiseacht praghsanna tráchtearraí, riosca creidmheasa, riosca leachtachta, rioscaí airgeadra agus rátaí úis. | Ní mór dúinn a bheith in ann rioscaí airgeadais agus maicreacnamaíocha a bhainistiú nó ní féidir linn ár straitéis ghnó a chur i bhfeidhm go rathúil.<br><br>Méadú ar na costais chun gnó a dhéanamh. Riosca éagsúlachta idir costais a thabhaítear agus costais a cheadaítear faoin tsamhail rialála. | · Samhail rialála ard-rátáilte lena ngabhann taifead ar ghnóthú cobhsaí trédhearcach costas.<br>· Creat docht rialuithe agus nósanna imeachta. Teorainneacha riosca sainithe, tarmligean údaráis agus monatóireacht nochta i bhfeidhm.<br>· Íosleibhéal fiachais ag rátaí seasta, bainistiú neamhchosanta airgeadra eachtraigh, leachtacht íosta a choinneáil.<br>· Dlúthmhonatóireacht agus measúnú tionchair maidir le haon teagmhais mhaicreacnamaíocha m.sh., COVID-19, an choinbhleacht san Úcráin.<br>· Leanúint le bheith i dteagmháil le príomhsholáthraithe ionas gur féidir linn príomhbhrúnna costais a thuiscint agus a mhaolú.<br>· Rannpháirtíocht leanúnach leis an rialálaí lena chinntiú go bhfuil eolas acu faoi na costais a thabhaíonn Líonraí Gáis Éireann agus féachaint lena chinntiú go ndéanfar costais a thabhaítear go héifeachtach a ghnóthú go tráthúil. |
| **Neart airgeadais** | | |
| Teip maidir leis an neart airgeadais a chaomhnú chun forbairtí amach anseo ar líonra athléimneach agus inbhuanaithe a éascú. | Braitheann cur chun feidhme rathúil straitéis Líonra Gáis Éireann ar a chumas maoiniú cuí a fhoinsiú agus a choinneáil. Ní mór do Líonraí Gáis Éireann clár comhardaithe láidir a choinneáil chun an méadú féideartha ar infheistíochtaí dícharbónaithe agus seasmhacht táirgí insoláthartha a bhainistiú thar thréimhse réasúnta gearr. | · Rátáil láidir gráid infheistíochta.<br>· Idirphlé leanúnach agus caidreamh láidir le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas, soláthraithe um maoiniú agus infheisteoirí ionchasacha.<br>· Straitéis um maoiniú agus straitéis inbhuanaitheachta a nascadh. |
| **Socraíochtaí rialála** | | |
| Mainneachtain cinneadh agus socraíocht rialála leordhóthanach agus/nó thráthúil a bhaint amach. | Rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) ioncam ábhartha Líonraí Gáis Éireann faoi chreat uasteorann ioncaim. Mura dtiocfar ar chomhaontú ar liúntas leordhóthanach maidir le caiteachas oibriúcháin agus caipitil agus maidir le toradh ar chaipiteal infheistithe, lena n-áirítear tacaíocht do bhithmheatán agus do hidrigin d'fhéadfaí tionchar a imirt ar chumas an ghnólachta a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus tionchar a imirt ar a oibríochtaí, a hionchais agus/nó ar a staid airgeadais. | · Rannpháirtíocht ghníomhach agus comhoibriú le húdaráis rialála agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go n-aithnítear agus go dtuigtear riachtanais ghnó.<br>· Cinneadh PC5 eisithe agus tá liúntais mhaoinithe socruithe suas go dtí an bhliain 2027. |

# Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht

Bímid i gcónaí aireach ar ár bhfreagrachtaí inbhuanaitheachta agus tá sé mar aidhm againn cur le cosaint an chomhshaoil agus tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal ina bhfuil muid ag oibriú. Táimid bródúil as a bheith ar cheann de na 39 cuideachta amháin in Éirinn a bhfuil marc Gnó ag Oibriú go Freagrach (BWR) acu agus táimid tiomanta lena chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht chun tosaigh i ngach a bhfuil ar bun againn agus cabhair a thabhairt d'Éirinn a cuid astaíochtaí carbóin a laghdú.

Mar cheann de na cuideachtaí fóntais is mó, tá an inbhuanaitheacht mar dhlúthchuid dár ról fuinneamh inacmhainne agus glan a sholáthar san am atá le teacht do mhuintir na hÉireann. Leis sin a bhaint amach, caithfimid ár líonra a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú sna hearnálacha ar fad i sochaí na hÉireann.

Le linn 2023, leanamar orainn ag cumhdach na hinbhuanaitheachta ar fud ár ngnólachta. Tá trí cholún ag ár straitéis inbhuanaitheachta, Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas, agus tá an straitéisí gcomhréir le Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Geallaimid go mbeidh an inbhuanaitheacht lárnach inár gcinntí gnó agus inár straitéis ghnó. Sa bhliain 2023, rinneamar beachtú ar ár straitéis inbhuanaitheachta lena chinntiú go leanaimid orainn ár n-aird a dhíriú ar na réimsí cearta. Mar chuid den straitéis sin, chuireamar feachtas cuimsitheach cumarsáide i gcrích ar fud na heagraíochta.

**Comhshaol**

**Sóisialta**

**Rialachas**



## Buaicphointí 2023

### Sustainability in Action

D'fhoilsíomar ár gceathrú tuarascáil bhliantúil inbhuanaitheachta "Sustainability in Action" ina leagtar béim ar an dul chun cinn atá déanta maidir le prionsabail Spriocanna Inbhuanaithe na NA a chur i bhfeidhm. Tá an tuarascáil ailínithe leis an gCaighdeán um Thionscnamh um Thuairisciú Domhanda maidir le tuairisciú Inbhuanaitheachta.

### Tionscadail phobail

Thacaíomar le 93 thionscnamh pobail agus chuireamar tacaíocht airgeadais €251,005 ar fáil.

### Cúig Chóras Bainistíochta ISO

Choinníomar ár ndeimhniú le chúig Chóras Bainistíochta ISO: Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO14001, Bainistíocht Fuinnimh ISO50001, Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde ISO45001, Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO9001 agus Bainistíocht Sócmhainní ISO55001.

### Marc 'Gnó ag Oibriú go Freagrach'

Bhaineamar deimhniú amach arís don Mharc 'Gnó ag Oibriú go Freagrach', marc a bhaineann le cleachtais ghnó fhreagracha inbhuanaithe agus atá bunaithe ar ISO26000.

### Carbon Disclosure Project (CDP)

Ghlacamar páirt sa 'Carbon Disclosure Project' (CDP) den tríú huair. Bhaineamar rátáil A- athraithe aeráide amach, feabhas ónar rátáil B sa bhliain 2022, rud a léiríonn go bhfuil ceannaireacht chomhshaoil á taispeáint againn agus gníomh comhordaithe á glacadh againn maidir le hathrú aeráide. Bronnadh A- orainn freisin maidir lenár Rátáil Rannpháirtíocht Soláthraí CDP le haghaidh 2023.

### Rathúlacht Gradam

Bronnadh gradam ar Líonraí Gáis Éireann as "Tionscadal CSR is fearr i bPobal 2023" Gradaim Phobail agus Chomhairle na hÉireann LAMA maidir lenár dtionscnaimh rannpháirtíocht scoile, lena n-áirítear Junior Achievement 'Fuinnimhigh', Business In The Community, Ireland's Time to Count agus World of Work, rannpháirtíocht le I Wish, Eolaí Óg BT agus imeachtaí le linn sheachtain na heolaíochta agus sheachtain na bithéagsúlachta.

## Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)

### Comhshaol

Má dhéantar infheistíocht sna córais agus próisis bainistíochta sócmhainní is fearr, cuirfear le feidhmíocht bhreisithe sócmhainní líonra agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh. Sa bhliain 2023, choimeád Líonraí Gáis Éireann dár ndeimhniú do ISO14001 agus ISO50001, mar aon le córais ISO ISO45001, ISO55001 agus ISO9001.

Tá Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh cur chuige atriallach a ghlacadh chun tionchar a ghníomhaíochtaí gnó ar an gcomhshaol a laghdú. Ar na buaicphointí suntasacha san aistear seo bhí Córas Bainistíochta Comhshaoil a chur i bhfeidhm (arna dheimhniú chuig ISO14001) go rathúil in 2012, an deimhniú don Chóras Bainistíochta Fuinnimh (ISO50001) a bhaint amach in 2014 agus a bheith ar cheann de na chéad chuideachtaí sa tír Caighdeán ISO55001 maidir le Córais Bainistíochta Sócmhainní a bhaint amach in 2015.

Lean an chuideachta leis an Tuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta a fhoilsiú i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2023, ina ndéantar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta maidir le prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ar fud gach gné dár n-oibríochtaí.

Rinneadh ár bhfardal GCT a dhearbhú go neamhspleách de réir sonraíochtaí ISO14064-3:2019, agus treoir i taca le Ráitis ar Ghás Ceaptha Teasa a bhailíochtú agus a dhearbhú.

Leanann an fhoireann inbhuanaitheachta le cur chuige comhtháite agus straitéiseach a chur chun cinn maidir le bainistíocht comhshaoil agus fuinnimh ar fud an ghnó agus an bhoinn sócmhainní. Chun cuidiú lenár ndearthóirí, pleanálaithe agus comhghleacaithe oibríochtaí cur chuige caighdeánaithe a chur i bhfeidhm ar an mbainistíocht comhshaoil, baintear feidhm as uirlisí deartha inmheánach saincheaptha agus treoir maidir leis an gcomhshaol.

Sa bhliain 2023, leanamar orainn ag díriú ar roinnt réimsí lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT)/bainistiú carbóin, dramhaíl agus fuinneamh.





## Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)

### An Bhithéagsúlacht

Tá réimse leathan bithéagsúlachta in Éirinn, ó orgánaigh bhídeacha a fheabhsaíonn ár n-ithreacha agus a phailníonn ár mbarra go hainmhithe agus plandaí níos mó a choimeádann srian ar ár lotnaidí, a fheidhmíonn mar linnte carbóin agus a thugann cosaint do bhia. Cuireann siad go léir seirbhísí luachmhara éiceachórais ar fáil agus is cuid riachtanach den inbhuanaitheacht iad agus tá siad á gcur i mbaol le tionchar ghníomhaíochtaí an duine.

Tá líonra mór bonneagair faoin talamh againn, mar aon le breis is 200 suiteáil os cionn na talún agus suíomh oifige, agus aithnímid ár ról agus ár bhfreagracht chun freagairt agus chun gníomhú le bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú. Aithnímid freisin go bhfuil an acmhainn ann gnáthóga a thacaíonn le pailneoirí a chruthú ar fud na tíre agus ár n-eolas a roinnt le gnólachtaí eile.

Tá roinnt gealltanais thábhachtacha inár nGealltanas 'Síolta ar son an Dúlra', a síníodh sa bhliain 2019; bainistíocht a dhéanamh ar ár mbonneagar, ár sócmhainní agus ár suíomhanna oifige go léir (in Éirinn agus in Albain araon) chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta, agus chun an cur i bhfeidhm sin a mhéadú agus chun tús áite a thabhairt dó.

Is comhpháirtí gnó muid den Phlean Uile-Éireann um Phailniú agus den Ghlao ar Ghníomhaíocht dhomhanda de chuid Business for Nature lena n-éilítear gníomhaíocht uaillmhianach agus chomhchoiteann ar an dúlra. Le linn 2023, thug Líonraí Gáis Éireann faoi bhainistíocht oiriúnach do pailneoirí ar fud líonra ár láithreáin nuair ba chuí agus cur chun feidhme ár Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht. Leanamar orainn leis na gníomhartha a ghlacadh chun ár n-aidhmeanna a chur i gcrích, eadhon;

- Leanúint le bearta bithéagsúlachta a fhorbairt agus a leabú inár ngnó.
- Tacú lenár mBaill Foirne chun an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a sholáthar.
- Leanúint ag spreagadh ár gcomhghleacaithe chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh bhithéagsúlachta agus ag oibriú lenár bpobail ar na tionscnaimh sin.
- Oibriú i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara chun rath bithéagsúlachta níos leithne a bhaint amach.
- Ár ngealltanais bhithéagsúlachta a chomhlíonadh trí dhea-chleachtas bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm, agus
- Féachaint le glanthionchar dearfach a bheith againn ar an mbithéagsúlacht inár n-oibríochtaí agus inár dtionscadail bhonneagair ar fad faoi 2025.

D'fhonn feidhmíocht na cuideachta maidir le dea-chleachtas sa bhithéagsúlacht a bhaint amach ag ár láithreáin a thomhas, d'fhorbraíomar freisin modh tomhais bithéagsúlachta eolaíocht-bhunaithe lena ndéantar gnáthóga agus ar n-acmhainneacht bithéagsúlachta a mheasúnú agus a scóráil. Leis an modh seo soláthraítear faisnéis luachmhar chun cuidiú linn ár mbonn sócmhainní bithéagsúlachta a thagarmharcáil agus a fhás in 2023 agus ar aghaidh.

Sa bhliain 2023, leanamar lenár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a bheachtú ina leagtar amach an ghníomhaíocht atá le déanamh ag an gcuideachta chun a Ghealltanais Bhithéagsúlachta a chomhlíonadh. Seo a leanas samplaí de ghníomhartha a glacadh sa bhliain 2023, chuireamar 15 shuirbhé bithéagsúlachta bonnlíne i gcrích in Éirinn agus Oileán Mhanann, chuireamar 15,290 crann dúchasach Éireannacha agus úllord ar Bhóthar na nOibreacha Gáis, agus rinneamar forbairt maidir leis an 'Carbon TreeSearch Tool' a dhéanann ceapadh carbóin a bhfuiltear ag súil leis a ríomh ó chrainn bheartaithe le baint agus líon na gcrann athsholáthair atá riachtanach chun an caillteanas a mhaolú.

#### Feasacht faoi bhithéagsúlacht a chur chun cinn

Rinneamar iarracht ghníomhach feasacht faoi bhithéagsúlachta a chur chun cinn sa phobal trí thionscnaimh oideachais agus urraíocht foilseachán.

D'fhostaíomar Midlands Science chun ceardlann a reáchtáil le páistí bunscoile le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta. Chun seachtain na Bithéagsúlachta a cheiliúradh i mí na Bealtaine, rinne Líonraí Gáis Éireann urraíocht ar éascú siúlóidí dúlra Midlands Science ar son Scoil Chroí Naofa agus Scoil Náisiúnta Rath Airne san Iarmhí - i measc gníomhaíochtaí na bpáistí ar an siúlóid bhí aird a tharraingt ar na crainn, plandaí, ainmhithe agus feithidí ar tháinig siad orthu, samplaí a bhailiú chun anailís a dhéanamh orthu níos déanaí, agus foghlaim faoi roinnt speiceas flóra agus fána feadh an tsiúlóid agus comhrá agus iniúchadh a spreagadh. Bhí ríméad orainn tacú leis an tionscnamh seo agus suim á caomhnú againn san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) agus bithéagsúlacht do dhaoine óga.

Ar Oíche Chultúir, nochtadh an chéad mhúrmhaisiú bithéagsúlachta as ceathair atá á urrú againn i scoileanna i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath ag Scoil Aiséirí Chríost i gCorcaigh. Is éard a bhí i gceist lenár dtacaíocht ná beocht a chur i múrmhaisiú bithéagsúlachta geal, sárshaothar a dhear na páistí scoile cumasacha iad féin. Is léiriú álainn é ar mhadraí uisce draíochtach na Bríde, comhartha de chaomhnú fiadhúlra áitiúil. Cuireann an tionscnaimh seo le tiomantas na scoile maidir le hoideachas agus feasacht chomhshaoil agus tacaítear lenár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht féin.

Chun Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh sa bhliain 2023, rinneamar óstáil ar dhá imeacht "Siúlóid Ialtóige" ag láithreáin i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh dár mbaill foirne, teaghlaigh agus cairde chun foghlaim faoi ialtóga iontacha a thugann cuairt ar ár AGIanna istoíche agus an tábhacht a bhaineann leis na gnáthóga seo a chaomhnú chun daonraí ialtóige Éireannacha a chosaint.

I measc tionscnaimh eile bhí siúlóid bhithéagsúlachta i gCorcaigh do pháistí scoile agus maoiniú láithreáin neadaithe do thionscnaimh chaomhnaithe gabhlán gaoithe agus pocaire gaoithe.

Sa bhliain 2023, leanamar lenár n-urraíocht bhliantúil i gcomhair fhorlíonadh inbhuanaitheachta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta san Irish Examiner. In ábhar na bliana seo, "An Bithéagsúlacht Faoi Lán Seoil", díríodh ar fheasacht a spreagadh ar bhithéagsúlacht agus ar ghnáthóga na hÉireann, agus ar an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus taifeadadh speiceas.

# Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)

## Athrú aeráide agus an 'Carbon Disclosure Project' (CDP)

Den cheathrú bliain as a chéile, tugadh aitheantas do Líonraí Gáis Éireann as beart comhordaithe a dhéanamh maidir le saincheisteanna aeráide.

Agus feabhsú á dhéanamh ar a chéad rátáil athraithe aeráide de'B-' sa bhliain 2020 go scóráil 'B' i 2021 agus 2022. Bhain Líonraí Gáis Éireann rátáil 'A-' amach i 2023 rud a chuireann an chuideachta isteach sa chatagóir 'Ceannaireachta'. Bronnadh A- orainn freisin maidir lenár Rátáil Rannpháirtíocht Soláthraí CDP le haghaidh 2023.

Tá meas ag baint leis an bpróiseas bliantúil CDP maidir le nochtadh aeráide agus scóráil mar an caighdeán is airde ó thaobh trédhearcacht um chomhshaol corparáideach de. Rangaíonn sé cuideachtaí ar scála ó A go dtí D-, bunaithe ar cé chomh cuimsitheach agus atá a gcuid nochta, leibhéal trédhearcachta, feasacht agus bainistíocht ar rioscaí agus deiseanna comhshaoil araon; chomh maith le dea-chleachtais a léiriú acu agus spriocanna uaillmhianacha agus fóinteacha a leagadh amach.

## Astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feidhmíocht ó thaobh carbóin de

Tá áit lárnach ag na prionsabail maidir leis an inbhuanaitheacht agus an dícharbónú sna cinntí straitéiseacha agus gnó a dhéanaimid. Shínigh Líonraí Gáis Éireann an Gealltanas Ísealcharbóin, Tionscnamh Gnó sa Phobal do ghnóthais na hÉireann chun am agus acmhainní a infheistiú in oibríocht níos inbhuanaithe a chruthú, trí héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus úsáid carbóin a laghdú. Díríonn an Gealltanas Ísealcharbóin ar fhoinsí astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 a thaifeadadh agus a laghdú, ach tá Líonraí Gáis Éireann ag díriú ar thoradh níos fearr a bhaint amach maidir le foinsí astaíochta.

Sa bhliain 2023, rinneadh fardal Ghás Ceaptha Teasa Líonraí Gáis Éireann a fhíorú go neamhspleách i gcomhréir le sonraíochtaí ISO 14064-3:2019 le Treoir maidir le Ráitis Gás Ceaptha Teasa a Bhailíochtú agus a Fhíorú.

## Laghdú ar dhramhaíl

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do dhramhaíl a laghdú chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach. Déantar PTFanna míosúla a thaifeadadh agus a thuairisciú, agus tá sé mar sprioc mheántéarmach ag an gCuideachta nach mbeidh aon dramhaíl acu le seoladh go láithreáin líonta talún faoin mbliain 2025. Déanaimid iniúchóireacht ar ár gcleachtais bainistíochta dramhaíola lena ndéantar



an cleachtas oibríochtúil a mheas agus lena chinntiú go gcloítear le caighdeáin Líonraí Gáis Éireann. Tuairiscíonn ár soláthraithe seirbhíse, an dá phríomhchonraitheoir againn san áireamh, ar a gcuid PTFanna dramhaíola ar bhonn míosúil freisin, agus féachann siadsan freisin le sprioc Líonraí Gáis Éireann a bhaint faoin mbliain 2025 (nach mbeidh aon dramhaíl acu féin le seoladh go láithreáin líonta talún).

## Fuinneamh

Is rannpháirtí gníomhach muid i dtionscnamh Monatóireachta agus Tuairiscithe san Earnáil Phoiblí de chuid an Rialtais.

I measc na mbeart chun coigiltis fuinnimh a bhaint amach tá méadraithe agus feachtais éifeachtúlachta fuinnimh, feachtais atá ar siúl i ngach oifig, i dteannta le soilsiú nua a chur in áit an tsoilsithe neamhéifeachtúil agus réitigh téimh. Sa bhliain 2023, rinneadh coimisiúnú ar thionscnamh nuashonraithe fuinnimh agus éifeachtúlachta ag Ceanncheathrú Líonraí Gáis Éireann i gCorcaigh rud a chuir breithnithe inbhuanaitheachta san áireamh freisin. Sa bhliain 2023, cuireadh tús le hoibreacha ag ár Lárionad Seirbhísí Líonra i bhFionnghlas. Cuireadh feithiclí éifeachtúla a bhfuil faoi réir nósanna imeachta cigireachta feabhsaithe agus cláir chun feasacht fostaithe a mhéadú maidir le hídiú breosla in ionad flít feithiclí neamhéifeachtúil níos sine.

Sa bhliain 2023, bhí an feachtas 'Úsáid Níos Lú' ina thionscnamh marthanach taobh istigh den Chuideachta. Éascaíonn ár nGrúpa Oibre Fuinnimh agus Astaíochtaí iarrachtaí dírithe, atá déanta suas go straitéiseach de chomhaltaí de phríomhchinnteoirí agus bainistíocht shinsearach. Leis an bhfóram comhoibríoch seo, cuirtear ar ár gcumas ár straitéisí a ailíniú, tiomantais a leagan amach agus dul chun cinn a rianú i dteannta a chéile. Déantar Iniúchtaí Fuinnimh chun sinn a ullmhú le léargais thábhachtacha chun ár straitéisí éifeachtúlachta a bheachtú níos mó. Sheolamar fóram do bhaill foirne freisin chun eolas agus smaointí a roinnt maidir le ídiú fuinnimh a laghdú.



# Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)

## Sóisialta

Dírímid ár ngníomhaíochtaí inbhuanaitheachta sóisialta ar na pobail ar a bhfreastalaímid, ar ár n-áit oibre agus áit mhargaidh agus ar an timpeallacht a n-oibrímid go dícheallach ar a son.

Sa bhliain 2023, bhain Líonraí Gáis Éireann deimhniú amach arís don Mharc 'Gnó ag Oibriú go Freagrach', marc atá bunaithe ar ISO26000, ó Ghnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Is é an Marc an t-aon chaighdeán Freagrachta Corparáidí agus Inbhuanaitheachta in Éirinn atá iniúchta go neamhspleách. Mar shealbhóir an Mhairc, is ball den Ghrúpa Ceannairí Inbhuanaitheachta sinn agus is comhchathaoirleach de Ghrúpa an Gheilleagair Ísealcharbóin sinn.

Bronnadh gradam ar Líonraí Gáis Éireann as an "Tionscadal CSR is fearr i bPobal" ag Gradaim Phobail agus Chomhairle Uile-Éireann maidir lenár dtionscnaimh rannpháirtíochta scoile, lena n-áirítear 'Energize' de chuid Junior Achievement, Time to Count agus World of Work de chuid BITCI, rannpháirtíocht le 'I Wish', Eolaí Óg BT agus imeachtaí le linn sheachtain na nInnealtóirí STEPS, sheachtain na hEolaíochta agus sheachtain na Bithéagsúlachta.

## Pobal

### Oideachas

Soláthraíonn Líonraí Gáis Éireann roinnt clár san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, Ealaíon, agus Matamaitice (ETIEM) le linn na bliana acadúla, mar aon le béim ar leith ar mhná a chur chun cinn i róil ETIEM agus innealtóireachta. Rinneamar gach dícheall oideachas comhshaoil a chur chun cinn trínár gcomhpháirtíocht le Ná Fág Lorg Éireann agus imeachtaí le linn sheachtain na Bithéagsúlachta.

### Fuinnmhigh

Sa bhliain 2023, leanamar ar aghaidh lenár gclár oideachais ETIEM, 'Fuinnmhigh', i gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland i mbunscoileanna ar fud na tíre.

Athfhorbraíodh an clár 'Fuinnmhigh' le déanaí chun modúl inbhuanaitheachta a chur san áireamh, agus spreagann sé spéis na ndaltaí i ngníomhú ar son na haeráide, sa bhithéagsúlacht, agus i bhforbairt inbhuanaithe. Bhí 2023 ar an ceathrú bliain déag dár gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland, agus tá obair dheonach déanta ag níos mó ná 400 ball foirne ó Líonraí Gáis Éireann go dtí seo ar chláir de chuid Junior Achievement le breis agus 30,000 dalta ar fud na tíre.

Tríd an gcomórtais ealaíne de chuid 'Fuinnmhigh', dearann daltaí póstaer a chuireann feasacht ar



aonocsaíd charbóin chun cinn. Foghlaimíonn daltaí teachtaireacht thábhachtach faoi fheasacht ar aonocsaíd charbóin tríd an modh gníomhachtaithe seo, agus ansin cuireann gach dalta an teachtaireacht sin in iúil dá dteaghlach féin, rud a chuireann sprioc Líonraí Gáis Éireann chun cinn, is é sin go mbeidh aláram CO i ngach teach (100%) sa tír.

Bhí Líonraí Gáis Éireann ag obair i gcomhar le Junior Achievement chun ceardlanna ETIEM a sholáthar i mbunscoileanna chun ceiliúradh a dhéanamh ar Seachtain na nInnealtóirí STEPS i mí an Mhárta agus Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna. D'fhoghlaim páistí i scoileanna Naomh Pádraig Buachaillí agus Cailíní i gCorcaigh faoin eolaíocht taobh thiar de solas agus frithchaitheamh agus d'fhoghlaim páistí i Muire gan Smál, Darndál, Baile Átha Cliath faoi inbhuanaitheacht. Rinne páistí i nGaelscoil Pheig Sayers i gCorcaigh agus SN Naomh Molaga, Baile Brigín iniúchadh ar chineálacha éagsúla fuinnimh in-athnuaite agus neamh-inathnuaite agus rinne siad tástáil ar a gcuid scileanna innealtóireachta trí thuirbíní gaoithe a dhéanamh.

### Am le Comhaireamh

Is Gnóthas é 'Am le Comhaireamh' sa Chlár pobail ina thugtar deis d'fhoireann Líonraí Gáis Éireann tacaíocht uimhearthachta a thabhairt do pháistí rang a trí ó bhunscoileanna áitiúla DEIS (ainmnithe le míbhuntáiste). Cuirtear an clár seo i gcrích lenár scoileanna comhpháirtíochta fadtéarmacha bunscoil Mother of Divine Grace i bhFionnghlas agus Scoil Aiséirí Chríost i gCorcaigh. Tugann oibrithe deonacha cuairt ar na scoileanna comhpháirtíochta sin gach seachtain mar chuid de chlár 8-12 seachtaine go chun cuidiú le scileanna matamaitice na ndaltaí trí chluichí agus gníomhaíochtaí spraíúla idirghníomhacha. Tugtar deis iontach do na páistí turas a dhéanamh go dtí ár n-oifig atá áitiúil don scoil ag deireadh an chláir; sa bhliain 2023 mar chuid den turas, chuireamar tús le tóraíocht taisce bithéagsúlachta ar bhonn píolótach.

# Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)

### Saol na hOibre

Sa bhliain 2023, rinne Líonraí Gáis Éireann urraíocht ar sholáthar náisiúnta an chláir 'Saol na hOibre', a chuireann deis ar fáil do dhaltaí meánscoile bualadh le fostaithe ó ghnólacht áitiúil chun foghlaim faoin láthair oibre agus gairmeacha beatha a chur san áireamh, agus tá modúl inbhuanaitheachta mar chuid de seo. Oibrímid go díreach i gcomhar le dhá scoil comhpháirtíochta agus ár 16ú bliain á ceiliúradh againn le Coláiste Pobail de Nógla i gCorcaigh agus ár 13ú bliain le Coláiste Bhinn Aoibhinn i bhFionnghlas. Déanann an dá scoil chomhpháirtíochta turas le linn an chláir.

Rinneadh an modúl inbhuanaitheachta nua c chur i bhfeidhm sa bhliain 2023 agus áirítear gné iomaíochta ann. Cuireadh fáilte roimh scoileanna rannpháirtíochta tionscadal a chur isteach a cuireadh i bhfeidhm ina scoileanna nó ina pobail atá dírithe ar bhealaí praiticiúla chun an domhan a dhéanamh níos inbhuanaithe. Léiríodh le hiontráil bhuaiteach Choláiste Inbhear, Carraig Mhachaire Rois (deireadh a chur le húsáid buidéil phlaisteacha taobh istigh dá scoil) an chiall a bhain na daltaí as an gclár maidir le inbhuanaitheacht a chur chun cinn, a dtionscadal a chur i láthair go cruthaitheach, agus a bheith ag obair mar fhoireann.

### Is Mian Liom

Tionscnamh a bhfuil duaiseanna buaite aige is ea 'Is Mian Liom' a spreagann cailíní meánscoile chun dul le gairmeacha ETIEM. Comhghuaillíocht ar leith idir rialtas áitiúil, earnáil an ardoideachais agus earnáil na tionsclaíochta agus atá faoi stiúir oibrithe deonacha is ea Is Mian Liom agus sprioc chomhchoiteann acu rannpháirtíocht ban in ETIEM a fheabhsú trí rannpháirtíocht ardtionchair dhírigh, trí spraoi agus trí rannpháirtíocht spreagúil. Thug Líonraí Gáis Éireann urraíocht d'imeacht painéil a dhírigh ar inbhuanaitheacht.

### Seachtain na Bithéagsúlachta

Chun Seachtain na Bithéagsúlachta a cheiliúradh i mí na Bealtaine, rinne Líonraí Gáis Éireann urraíocht ar shraith siúlóidí bithéagsúlachta treoraithe, éascaithe ag Midlands Science. Ghlac breis agus 100 dalta ó Scoil Chroí Naofa, Droichead Chaisleán Loiste agus Scoil Náisiúnta Rath Airne páirt, agus iad ag déanamh iniúchadh maidir leis an gcomhshaol áitiúil, d'fhoghlaim siad faoin bithéagsúlacht shaibhir ina bpobail.

### Ag Piocadh Bruscair

Le linn Ghlantachán Náisiúnta Earraigh de chuid An Taisce, ghlac roinnt dár bhfostaithe páirt i bpiocadh bruscair i gceantar Pháirc na Muiríne agus Atlantic Pond, baineadh 45kg de bhruscar. Cuireadh níos mó piocadh bruscair i gcrích le linn na bliana i gceantair an Locha agus na Dúcharraige i gCorcaigh. Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta don chuspóir go mbeidh tionchar dearfach againn ar na pobail a bhfeidhmímid ina measc, agus trí ghníomhaíochtaí den chineál seo beidh tionchar soiléir againn ar an timpeallacht agus ar an bpobal.

### 'Leave no trace'

Leanamar ar aghaidh lenár nasc le Ná Fág Lorg sa bhliain 2023 agus cuireadh ár tionscnamh Hot Spot i gcrích in Anaclann Dúlra Thuirbhe. Tionscnamh is ea an clár 'Leave No Trace Hot Spot' atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar cheantair a dtéann gníomhaíochtaí faoin aer agus úsáid throm i gcion orthu ionas gur féidir iad a athchóiriú agus a fhás arís, rud a théann chun leas na bithéagsúlachta agus an phobail áitiúil.

Go tábhachtach, leis an gclár freisin teagasctar do dhaoine conas cinntí freagracha a dhéanamh agus iad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí lasmuigh, chun braistint maoirseachta don domhan nádúrtha agus tuiscint ar conas a lorg carbóin a laghdú a chothú.

Ba é an Hot Spot a roghnaíomar in 2023 ná Anaclann Dúlra Thuirbhe agus Inbhear Bhaile Roiséir i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath, gar dár n-oifig i mBaile Átha Cliath. D'oibrigh foireann Líonraí Gáis Éireann go deonach ag an láithreán chun bruscar a bhailiú, na speicis a bhí ann a aithint agus a thaifeadadh, agus an fáschoill a ghlanadh chun crainn a chur. Ar lá náisiúnta na gcrann chuireamar 600 crann ag an láithreán.

Léirítear tríd an gcineál seo gníomhaíochta tiomantas Líonraí Gáis Éireann do thábhacht na bithéagsúlachta a chur chun cinn, ní hamháin dár bpáirtithe leasmhara ach dár gcomhghleacaithe freisin agus do na pobail a n-oibrímid ina measc.

## Áit Oibre

### Gealltanas 'Elevate'

Is tionscnamh é Gealltanas 'Elevate' de chuid BITCI a thacaíonn le gnóthais chun áiteanna oibre níos ionchuimsithí a thógáil. Mar shínitheoir Ghealltanas 'Elevate', táimid ar cheann de na 60 eagraíocht atá tiomanta d'ionchuimsiú a stiúradh inár n-áit oibre agus tacaíocht a thabhairt do na luachanna níos leithne d'ionchuimsiú, comhionannas agus deiseanna sa tsochaí. I dTuarascáil Bhliantúil 'Elevate,'déantar próifíl éagsúlachta áiteanna oibre na hÉireann a thomhas agus roinntear cuid de na tionscnaimh trínár féidir athrú ceart a dhéanamh.

### Grúpaí acmhainne fostaithe

Sa bhliain 2023, tháinig fás níos mó ar chlár ibelong de chuid Líonraí Gáis Éireann, clár Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe, lena n-áirítear bunú Grúpa Acmhainne Fostaithe (GAF), an Grúpa Néara-éagsúlachta & Cumais, is é seo an 5ú GAF ar fud na cuideachta. Tá an líonra Ban, an líonra Bogha Ceatha, an Líonra Teaghlaigh, agus an líonra Cultúir agus Eitneachta i measc ár GAFanna. Is príomhréimse tosaíochta é forbairt na ngrúpaí seo agus an straitéis Éagsúlachta, Cothromais agus Ionchuimsithe leanúnach ar fud na heagraíochta.



Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)

### Rannpháirtíocht Fostaithe

Bíonn an fhoireann inbhuanaithe i dteagmháil leis an bhfoireann go rialta trínár nuachtlitir inmheánach agus trí inlíon cuideachta. Sa bhliain 2023, bhí sé mar aidhm chumarsáide againn feasacht ar ghnéithe iomadúla na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn, agus ár bhfoireann a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh chucu féin agus athruithe beaga a dhéanamh dá réir ar a modhanna oibre agus ar a saol pearsanta.

Is ardán í an chumarsáid seo freisin chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi dheiseanna deonacha. Féadann ár bhfoireann ar fad obair dheonach a dhéanamh le haon cheann dár gcláir scoile agus dár ngníomhaíochtaí um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR). Rinne fostaithe c. 1,262 uair an chloig i mbliana ar ghníomhaíochtaí deonacha, agus cuireadh 54,008 uair an chloig de thionchar sóisialta ar fáil trínár gclár.

### Ciste fostaithe, síntiúis le hábhar, agus tiomsú airgid inmheánach

Sa bhliain 2023, leanamar lenár gciste carthanais fostaithe a éascú - is féidir le gach fostaí iarratas a dhéanamh síntiús a fháil uair sa bhliain dá rogha carthanacht fhiúntach. Tríd an gciste seo, thug Líonraí Gáis Éireann tacaíocht do 37 cúis phobail, agus bhronn siad €11,750 thar ceann ár bhfostaithe.

Le linn 2023, chuir ár bhfostaithe tionscnaimh tiomsaithe airgid i gcrích chun tacú leis na carthanachtaí seo a leanas; Aoisghníomhaíocht Éireann, Aware, Pieta House, Merchants Quay Ireland, Fondúireacht Leanaí Jack & Jill, AsIAm, Cumann Diospraicse na hÉireann, BelongTo, Ospís Marymount, Barnardos, Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, an tAchainí Bosca Bróg, Cork Penny Dinners, Fondúireacht Naomh Uinseann, Clann Shíomóin Chorcaí agus Movember. Bailíodh €53,108 san iomlán.

### Tionscnamh Chromebook

Mar chuid dár dtionscnamh Teicneolaíochta Ionad Oibre Digiteach, tugadh rogha d'fhostaithe chun a gcuid chromebook a raibh in úsáid acu don obair a choimeád de mhalairt ar shíntiús go carthanacht. De rogha air sin, d'fhéadfaí na chromebook a thabhairt ar ais go TF le haghaidh díchoimisiúnaithe. Tríd an tiomsaitheoir airgid uathúil seo ina raibh 400 ball foirne páirteach ann, bailíodh €28,800 le haghaidh carthanachta, agus cuireadh 123 chromebook ar fáil le haghaidh síntiús le hábhar.

## An Margadh

### Inrochtaineacht

Oibríonn Líonraí Gáis Éireann go dlúth i gcomhar le hAoisghníomhaíocht Éireann chun ár dtiomantas a léiriú maidir leis na daoine is leochailí sa phobal a chosaint agus maidir le tacaíocht a thabhairt don inrochtaineacht agus don ionchuimsiú.

Sa bhliain 2023, leanamar lenár mblitzchomórtas garraíodóireachta. Tugann an blitzchomórtas garraíodóireachta tacaíocht do chlár 'Cúraim is



Deisiúcháin' Aoisghníomhaíocht Éireann, trína gcuireann sé ar chumas a gcliaint maireachtáil go neamhspleách ina dtithe. Chaith fostaithe ó oifigí Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon lá ag obair i dtithe chliaint aosta de chuid Aoisghníomhaíocht Éireann, thug siad faoi roinnt gharraíodóireachta éadrom agus chuir siad slacht ar ghairdíní a gcliaint chun iad a réiteach don gheimhreadh.

Bronnaimid airgead i gcónaí ar Aoisghníomhaíocht Éireann as gach suirbhé custaiméara a dhéanann custaiméirí príobháideacha agus custaiméirí tráchtála araon.

Ar Lá Domhanda Fheasacht Rochtana i mí na Bealtaine, d'oibrigh oibrithe deonacha ó GAFanna i gcomhar le Wheelmap.org chun eolas maidir le bealach isteach do chathaoireacha rothaí a nuashonrú le haghaidh 150 áit agus gnólacht poiblí i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Chabhraigh an tionscnamh seo le feasacht a ardú i measc ár bhfostaithe maidir leis na dúshláin a bhíonn roimh úsáideoirí chathaoireacha rothaí.

### Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Tuigeann Líonraí Gáis Éireann an ról ríthábhachtach atá ag páirtithe leasmhara i ngnó na cuideachta agus is mór ag an gcuideachta an ról sin. Tá plean cuimsitheach rannpháirtíochta páirtithe leasmhara ag an gCuideachta ina nglactar cur chuige iomlánaíoch praiticiúil i leith rannpháirtíocht páirtithe leasmhara bunaithe ar an gCaighdeán Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara (AA1000SES) atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

Is den ríthábhacht é seisiúin a reáchtáil le páirtithe leasmhara agus tacaíocht a thabhairt don phobal i mbailte ina bhfuil líonraí gáis á bhforbairt. Oibríonn Líonraí Gáis Éireann le pobail lena chinntiú nach gcuireann tionscadail tógála sa cheantar isteach rómhór orthu agus tugann siad tuairiscí rialta i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin raidió áitiúla.

### Gnéithe clúdaigh sna meáin

Bhí an fhoireann inbhuanaitheachta Líonraí Gáis Éireann san Irish Examiner agus san irisleabhar Eolas. Rinneadh cur síos sa dá ghné-alt ar ár n-aistear leanúnach chun astaíochtaí a laghdú, chun tacú leis an mbithéagsúlacht agus chun í a chur chun cinn sna pobail sin a n-oibrímid ina measc.

## Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)

### Rialachas

Taobh istigh de Líonraí Gáis Éireann, tá an rialachas corparáideach i gcroílár ár gcinntí gnó agus tá sé tábhachtach maidir le gnóthú ár straitéis gnó. Creidimid gurb é rialachas corparáideach maith bunchloch chleachtais eagraíochtúil eiticiúil, lena gcuimsítear prionsabail agus struchtúir atá mar threoir maidir le cinnteoireacht, trédhearcacht agus cuntasaíocht taobh istigh d'ár n-eagraíocht.

Ag Líonraí Gáis Éireann, baineann dearbhú eitice le caighdeáin dlíthiúla a chomhlíonadh, ní hamháin é sin ach cultúr macántachta, cothroime agus freagracht sóisialta a chaomhnú freisin. Creidimid go bhfuil an t-iontaobhas seo riachtanach le haghaidh caidrimh gnó inbhuanaithe, agus déantar é a chothú trí chomhlíonadh leanúnach na bprionsabal eiticiúil, trí chumarsáid trédhearcach agus trí ghníomhartha freagracha. Mar aon leis seo, dlúthchuid lárnach d'ár n-iompar gnó eiticiúil is ea tús áite a thabhairt do chearta daonna agus dul i ngleic le sclábhaíocht chomhaimseartha, rud a léiríonn tiomantas maidir le meas a léiriú ar dhínit agus folláine daoine taobh istigh agus lasmuigh d'oibríochtaí na cuideachta araon. Agus na prionsabail seo á dtacú, ní hamháin go ndéantar cáil Líonraí Gáis Éireann a neartú ach cuirtear le sochaí níos córa agus inbhuanaithe.

#### Eitic agus Ionracas

Tá ár gcáil agus an mhuinín a bhfuil ag ár gcustaiméirí, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne ionann bunriachtanach maidir lenár rathúlacht. Tá ionracas ríthábhachtach chun an mhuinín sin a chothú. Tá clár darbh ainm "Ag Déanamh an Rud Ceart"cruthaithe againn chun cabhrú le fostaithe tábhacht ionracais a thuiscint agus a aithint.

Cuirtear oiliúint ar fhostaithe lena gcinntítear go bhfuil aon chinneadh gnó a dhéantar:

1. Dlíthiúil
2. I gcomhréir le luachanna na cuideachta
3. I gcomhréir le beartas na cuideachta
4. An rud cóir le déanamh

Mar chuid den tionscnamh, eisítear treoirleabhair d'fhostaithe maidir le príomhbheartais a bhaineann le heitic mar aon le nuashonraithe oiliúna bliantúla agus pléite ionracais foirne ráithiúla.

#### Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte is ea an comhlacht tráchtála stáit Ervia, a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith freagrach agus trédhearcach os comhair an phobail. Tá Ervia tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an mbealach a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról ó thaobh bonneagar tábhachtach náisiúnta a sholáthar de agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta d'fhonn tacú le forbairt shóisialta agus gheilleagrach na hÉireann.

#### Measúnacht maidir lenár gCur Chuige

Tá rialaithe i bhfeidhm lena gcinntítear go bhfuil ár n-oibleagáidí ar fad á mbaint amach, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais sonracha, buiséid, sreabhadh oibre córas airgeadais uathoibrithe, próiseas iniúchta seachtrach, próiseas iniúchta inmheánach agus Coiste Iniúchta agus Riosca forléargas maidir leis na ráitis airgeadais.

#### Cosaint Sonraí agus Príobháideachas an Chustaiméara.

Táimid tiomanta lenár n-oibleagáidí chosaint sonraí a bhaint amach agus a shárú. Déantar sonraí custaiméara uile a stóráil ar chórais chriptithe a bhfuil scaradh dualgas cuí acu. Tá Slándáil Sraithe Aistritheach (SSA) i bhfeidhm againn a bhfuil díoltóirí ag plé le custaiméirí acu, rud a dhéanann gach ríomhphost a chriptiú. Tá rialaithe slándála inmheánacha láidre againn freisin, maidir le ballaí dóiteáin, paisteáil, cosaint fhrithvíreas etc, agus táimid i gcomhréir le ISO27001. Tá oiliúint RGCS ar líne déanta ag gach ball foirne agus conraitheoir. Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Líonraí Gáis Éireann maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoi RGCS le linn 2023.



## Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)



#### Frith-Éilliú agus Frithbhreabaireacht

Cuirimid cultúr chun cinn go gníomhach, cultúr ina bhfuil frithbhreabaireacht agus frith-éilliú do-ghlactha i gcónaí. Is iad boird, feidhmeannach agus foireann ceannaireachta sinsearach sínte de chuid Ervia agus Boird Líonraí Gáis Éireann a chuireann an cultúr seo chun cinn agus a dhéanann é a threorú. Ní cheadaítear d'aon duine taobh istigh d'Ervia nó Líonraí Gáis Éireann nó aon duine ag feidhmiú ar shon ceachtar de na cuideachtaí sin, breab nó dreasacht a thabhairt ná glacadh le breab nó dreasacht ar aon bhealach go díreach nó go hindíreach nó breab a iarraidh, go díreach nó go hindíreach. Sampla d'iompar nach ceadaítear sa chomhthéacs seo ná bronntanais iomarcacha nó aíocht a thabhairt ná glacadh leo nó bronntanais nó aíocht a fháil mar chúiteamh ar fhaisnéis.

Tá Ard-Oifigeach Dlíthiúil Líonraí Gáis Éireann, taobh istigh d'Ervia agus Líonraí Gáis Éireann freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhartha frith-éillithe agus tá Stiúrthóir Daonna Líonraí Gáis Éireann freagrach as an beartas um fhrithbhreabaireacht a chur in iúl do bhaill foirne nua uile le linn ionduchtaithe. Mar aon le hathnuachana ráithiúla agus bliantúla a sholáthar maidir le topaicí frithbhreabaireachta agus frith-éillithe ábhartha do bhaill foirne reatha i gcomhréir le beartas "Ag Déanamh an Rud Ceart" Ervia/ Líonraí Gáis Éireann.

Maidir le beartais Ervia agus Líonraí Gáis Éireann, tugtar spreagadh do bhaill foirne aon ábhar imní maidir le gníomhartha inar bhféadfadh gníomh breabaireachta nó éillithe a bheith ann a thuairisciú go dtí an bainisteoir líne gan mhoill - nó má tá sé sin míchuí sna cúinsí, go dtí Ard-Oifigeach Dlíthiúil Líonraí Gáis Éireann, nó go hanaithnid go ríomhphost rúnda nó glórphost a dhéanamh. Tugtar meabhrú rialta do bhaill foirne faoina gcumas maidir le hábhar imní a phlé a bhaineann le breabaireacht nó éilliú gan an bhuairt íospartha a bheith ann, agus eolas a bheith acu go mbeidh sé faoi chuing rúin - sonraítear an próiseas seo i mBeartas Nochtaí Cosanta de chuid Ervia/ Líonraí Gáis Éireann.

#### Nochtaí Cosanta agus Cúis Imní a Léiriú

Tá meicníocht ann ar féidir le fostaithe agus bainisteoirí Ervia agus Líonraí Gáis Éireann í a úsáid chun cúiseanna imní a chur in iúl, nó chun nochtadh a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, agus tá an mheicníocht seo sonraithe i mBeartas um Nochtadh Cosanta Ervia/ Líonraí Gáis Éireann. Tá tuilleadh treorach don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le cúiseanna imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó, sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe. Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) go bhfoilsíonn Ervia Tuarascáil Bhliantúil, lena soláthraítear sonraí maidir le nochtaí cosanta a rinneadh faoin Acht sa bhliain féilire roimhe sin. De réir an cheanglais seo, dhearbhaigh Ervia, sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2023, nach ndearnadh aon nochtadh cosanta go Ervia nó Líonraí Gáis Éireann faoin Acht. Dá réir sin, níor tuairiscíodh aon sárú agus níor cuireadh tús le haon iniúchadh nó imeacht sa bhliain 2023.

## Athbhreithniú ar inbhuanaitheacht (ar lean)

### Brústocaireacht a rialáil

Tá Ervia agus Líonraí Gáis Éireann, cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne siad na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin sa bhliain 2023, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

### Cearta an duine agus sclábhaíocht chomhaimseartha

Tá cur chuige na neamhfhulaingthe againn i leith sclábhaíocht comhaimseartha. Táimid geallta chun gníomhú go heiticiúil agus le hionracas inár gcuid plé agus caidreamh gnó go léir agus chun córais agus rialuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú le cinntiú nach dtarlaíonn sclábhaíocht an lae inniu áit ar bith inár ngnó féin ná inár gcuid slabhraí soláthair. Táimid tiomanta a chinntiú go mbíonn trédhearcacht inár ngnó féin agus inár gcur chuige i dtreo déileáil le sclábhaíocht comhaimseartha ar fud ár gcuid slabhraí soláthair agus bímid ag súil leis na caighdeáin arda chéanna ónár gcuid conraitheoirí, soláthraithe agus páirtithe gnó eile.

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlactar chun gníomhartha sclábhaíochta agus gáinneáil ar dhaoine a chosaint taobh istigh dár ngnó agus slabhraí soláthair:

- Féachaimid chuige chun dlí fostaíochta a chomhlíonadh atá iomchuí do na dlínsí ina bhfeidhmímid agus cuirimid socruithe conarthacha i bhfeidhm le soláthraithe bhall foirne gníomhaireachta lena n-éilítear go mbaineann siadsan amach an leibhéal comhlíonta céanna.
- Tá prionsabail an Modern Slavery Act 2015 de chuid an RA cumhdaithe sa Chód Iompar Gnó (ar fáil ag www.ervia.ie) agus déantar athbhreithniú maidir le seo ar bhonn bliantúil. Déantar é seo a ardú agus tacaítear leis seo leis an gclár grúpa-leathan "Ag Déanamh an Rud Ceart" a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil an gnó a chuirtear i gcrích ar son Ervia nó Líonraí Gáis Éireann á dhéanamh le hionracas agus ar bhealach eiticiúil.

Tá ceanglais frithsclábhaíochta agus gáinneáil ar dhaoine forbartha againn le hionchorprú inár bpróisis soláthair agus socruithe conarthacha lenár gconraitheoirí, soláthraithe agus tríú páirtithe eile.

- Tá measúnacht sclábhaíochta comhaimseartha chonraitheoirí agus soláthraithe tríú páirtí curtha i gcrích againn chun measúnacht a dhéanamh maidir le haon riosca ghníomhartha sclábhaíochta/gáinneáil ar dhaoine. Mar chuid den mheasúnacht seo, bhí ceardlanna le soláthraithe ardtosaíochta agus athbhreithniú maidir lena mbeartais agus nósanna imeachta sclábhaíochta comhaimseartha.
- Déanaimid oiliúint a sholáthar d'fhostaithe ábhartha, go háirithe iad siúd bainteach le próisis sholáthair, maidir leis an mbaol go dtarlódh sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine.
- Déanaimid córas a sholáthar d'fhostaithe, agus daoine eile, chun tuairisciú a dhéanamh ar theagmhais amhrasta iompraíocht neamhdhleathach, lena n-áirítear sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine.
- Tá measúnacht tosaigh curtha i gcrích againn freisin maidir le soláthraithe a bhfuil caiteachas bliantúil níos mó ná €500,000 acu a dhéanann gnéithe dá ábhar nó saothar a fhoinsiú taobh amuigh den Eoraip.

### Soláthar inbhuanaithe

Soláthraímid méid suntasach sheirbhísí agus ábhar chun tacú le cothabháil agus soláthair an líonra iompair gáis. Táimid tiomanta do phrionsabail gheilleagar chiorclach, trínár bpróisis sholáthair a fheabhsú tá cleachtais inbhuanaithe níos fearr á gcur chun cinn againn ar fud an tslabhra soláthair iomlán. Leanaimid lenár soláthar inbhuanaithe a fheabhsú agus a chur chun cinn tríd an slabhra soláthair iomlán. Tá an cleachtas is fearr agus feabhsuithe próisis á glacadh againn i gcomhréir le ISO 20400, an Caighdeán Treorach Soláthar Inbhuanaithe, tá an caighdeán seo chun tosaigh go hidirnáisiúnta sa réimse seo.

### Úsáid soláthraithe nó ábhair "ghlasa"

Tá ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus inbhuanaitheacht neadaithe sa phróiseas soláthair ag gach céim go dtí seachadadh an chonartha.

Rinneadh ár bpríomhchonarthaí tríú páirtí a dhearadh chun dea-chleachtas inbhuanaithe agus comhshaoil a sholáthair le linn shaolré an tionscadail.

Tá ár bhfoireann shlabhra soláthair ag obair chun straitéis inbhuanaithe a sholáthair. D'fhorbair an fhoireann beartas sholáthair inbhuanaitheachta. Mar chuid d'fhorbairt an bheartais, chuir an fhoireann shlabhra soláthair cleachtadh tagarmharcála i gcrích chun comparáid a dhéanamh idir ár nósanna imeachta i gcoinne na gcuideachtaí fuinnimh is fearr, agus cuireadh suirbhé soláthair inbhuanaithe i gcrích lenár bpríomhsholáthraithe. Ár gcuspóir ná a bheith aitheanta mar cheannaire sa réimse soláthair inbhuanaithe.



# Rialachas corparáideach


| | |
|---|---|
| An Bord | 80 |
| Tuarascáil an Bhoird | 83 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 95 |

# An Bord



## Kevin Toland (Cathaoirleach)

Ceapadh Kevin Toland ar an mBord i mí Eanáir 2023, agus is é Cathaoirleach an Choiste Luacha Saothair é. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin/Cathaoirleach é a bhfuil go leor taithí aige tar éis dó 30 bliain a chaitheamh i róil POF agus bhainistíochta sna hearnálacha bia, cothaithe, dí, eitlíochta agus miondíola ar fud an domhain, agus tá réimse leathan scileanna gnó agus taithí dhomhain aige ar thráchtáil, airgeadas, straitéis agus claochlú chun feabhais agus tá dea-theist air maidir le foirne láidre a fhorbairt agus a stiúradh, rud a chuir borradh faoi fhás agus luach gnó. Tá Kevin ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta ag Dole cpt faoi láthair, chomh maith le bheith ina Chathaoirleach ar Invert Robotics, Cathaoirleach ar Vasorum agus Stiúrthóir Neamhfheidmiúcháin ar Bewleys Limited. Bhí Kevin ina Phríomhfheidhmeannach ar Aryzta AG roimhe seo ón mbliain 2017 go 2020 agus bhí sé ina chathaoirleach ar Identigen. Bhí ról POF aige roimhe seo ag DAA cpt, an grúpa seirbhísí aerfoirt, agus ba é Cathaoirleach ARI é ón mbliain 2013 go 2017. Agus roimhe sin arís, d'oibrigh Kevin le Glanbia cpt i roinnt ról ón mbliain 1999 go 2012, agus go háirithe bhí sé ina POF agus ina Uachtarán ar a gcuideachta Cothaithe Dhomhanda agus ar a gcuideachta Cáise i SAM, agus bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Bhord an cpt ón mbliain 2003 go deireadh na bliana 2012. Is Comhalta é Kevin d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta agus tá Dioplóma san Airgeadas Feidhmeach aige ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann.



## Fiona Egan

Ceapadh Fiona Egan (FCA, B.Comm) ar an mBord i mí Iúil 2022 agus tá sí ina ball den Choiste Luacha Saothair, den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Tá Fiona ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Rabobank Ireland faoi láthair. Is Stiúrthóir Bainistíochta í a bhfuil go leor taithí aici agus breis agus 20 bliain caite aici ag obair mar POF, mar Bhaincéir Corparáideach agus Infheistíochta agus mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin i roinnt ról ceannaireachta, forghníomhaithe agus rialachais. Chaith Fiona 18 mbliana ag obair le Rabobank, agus roimhe sin d'oibrigh sí le Goodbody Corporate Finance ar feadh 7 mbliana tar éis di oiliúint a fháil agus tar éis di cáiliú mar Chuntasóir Cairte le KPMG. Tá céim Baitsiléara Tráchtála ag Fiona ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá Dioplóma sa Chuntasaíocht Ghairmiúil aici ó Scoil Ghnó Smurfit. Bhí Fiona ar Bhord grúpa meán ar mheánmhéid ón mbliain 2011 go 2018.



## Saoirse Fahey

Ceapadh Saoirse Fahey (ACA, B. Elec Eng) ar an mBord i mí Eanáir 2023 agus tá sí ina ball den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus den Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine. Tá Saoirse ina Ceannasaí Airgeadais agus Straitéise ag Stripe EMEA agus APAC faoi láthair, agus do Dhíolacháin i gcás gach réigiúin. Is ceannasaí airgeadais í a bhfuil go leor taithí aici agus breis agus 20 bliain caite aici i róil cheannaireachta, forghníomhaithe agus rialachais. D'oibrigh Saoirse le Phorest Salon Software mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin sula ndeachaigh sí ag obair le Stripe sa bhliain 2020. Chaith sí 20 bliain ag obair le Microsoft, i róil Airgeadais, Mhargaíochta, Díolacháin agus Oibriúcháin, ar fud an Domhain agus san Eoraip araon, tar éis di oiliúint a fháil agus tar éis di cáiliú mar Chuntasóir Cairte le PricewaterhouseCoopers. Tá céim Baitsiléara Innealtóireachta ag Saoirse ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Dioplóma sa Chuntasaíocht Ghairmiúil ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Saoirse ar roinnt Bord ag Stripe. Rinne Saoirse roinnt Clár Forbartha Ceannaireachta i scoileanna gnó ar fud na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe lena n-áirítear Scoil Bhainistíochta Kellogg (Chicago), Scoil Ghnó Ashridge (Londain) agus Scoil Ghnó IESE in Barcelona.



## Keith Harris

Ceapadh Keith Harris ar an mBord i mí Iúil 2016 agus athcheapadh ar an mBord é i mí Iúil 2019 agus i mí Iúil 2023. Is é Cathaoirleach an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca é Keith, agus tá sé ina bhall den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Tá sé ina Stiúrthóir Boird ag South Staffordshire cpt, ina Chomhpháirtí Tionscail ag AIP Asset Management agus ina chomhlach de OXERA CDT. Is úinéir an ghnóthais comhairligh um bonneagar príobháideach é freisin, Lorraine House, a bhaineann go sonrach le hinfheistíochtaí sa ghiniúint fuinnimh agus sa dáileachán. Chaith Keith 20 bliain ag obair le Wessex Water sula raibh na poist sin aige, agus cuid den tréimhse seo caite aige mar cheannasaí domhanda Rialála le ENRON / AZURIX. Bhí roinnt post sinsearach éagsúil Feidhmiúcháin agus Boird ar leibhéil an Ghrúpa, fóntais agus neamhrialaithe aige le Wessex Water Cpt, lena n-áirítear Príomhoifigeach Airgeadais agus leas-POF.



## Sean Hogan

Ceapadh Sean Hogan ar an mBord i mí Eanáir 2015 agus athcheapadh é i mí Eanáir 2020 agus i mí Eanáir 2024. Tá an tUasal Hogan ina Stiúrthóir Cairte, is é Cathaoirleach an Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine é, agus tá sé ina bhall den Choiste Luacha Saothair. Ba é Cathaoirleach Uisce Thuaisceart Éireann Teoranta é ó mhí an Mhárta 2011 go mí an Mhárta 2015, agus is é Cathaoirleach WRAS Teo. sa Ríocht Aontaithe faoi láthair é, agus déanann sé Cathaoirleacht ar an gcoiste saineolaithe comhairleacha um eitinn bhólachta don Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe i dTuaisceart Éireann.



## Geraldine Kelly

Ceapadh Geraldine Kelly ar an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus is í Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta í, agus tá sí ina ball den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í a bhfuil go leor taithí faighte aici le linn gairm bheatha rathúil idirnáisiúnta agus tá dea-theist uirthi maidir le torthaí a bhaint amach. Tá taithí os cionn 25 bliain aici ar bhoird éagsúla, ag cur le cuideachtaí rathúla in earnálacha na teicneolaíochta, an Fhuinnimh agus na Teicneolaíochta Glaine, agus tá an cumas inti straitéisí teicneolaíochta agus digiteacha a bharrfheabhsú d'fhonn réitigh ghnó inbhuanaithe a fhorbairt. Tá Geraldine ina Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin faoi láthair ag Accountant Online Limited. Fuair sí taithí roimhe seo mar Chathaoirleach ag Plan International Ireland agus ag Microfinance Ireland chomh maith le taithí mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Cenergise Energy Trading Limited, ar Gaelectric Limited agus ar Institiúid Náisiúnta Tyndall. Bhain Geraldine céim sa Mhatamaitic agus san Eacnamaíocht amach ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, agus céim máistreachta san Eacnamaíocht ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath Tá sí ina Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí agus ina Stiúrthóir Deimhnithe Bainc le hInstitiúid na Baincéireachta.

## An Bord (ar lean)



### Cathal Marley

Ceapadh Cathal Marley ar an mBord i mí Lúnasa 2020 agus tá sé ina bhall den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Thosaigh sé ag obair mar Phríomhoifigeach Airgeadais le Ervia sa bhliain 2016 agus ceapadh ina POF é sa bhliain 2020. Tá taithí os cionn 20 bliain aige san earnáil fóntais agus bonneagair mar a raibh róil shinsearacha aige ar fud na n-earnálacha leictreachais, uisce agus gáis. Tá MBA aige ó Scoil Ghnó Michael Smurfit, COBÁC, agus tá sé ina chomhalta d'Institiúid na gCúntasóirí Cairte, ina bhall d'Údarás Ceannais OCBÁC, ina bhall de Bhord Fhoras Bainistíochta na hÉireann (IMI), agus ina chomhalta Boird de Chumann Snámha na hÉireann. D'oibrigh sé le EY i mBaile Átha Cliath agus in Oirthear na hEorpa go luath ina ghairm bheatha.



### Joe O'Flynn

Ceapadh ar an mBord é i mí na Samhna 2008, agus ceapadh arís é i mí na Samhna 2013, i mí Eanáir 2015, i mí Iúil 2018 agus i mí an Mheithimh 2021. Tá an tUasal O'Flynn ina bhall den Choiste Luacha Saothair agus den Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine. Cathaoirleach ar One Cork Group agus comhalta de Chomhairle Forbartha Aerfort Chorcaí. Ceapadh ina bhall de bhord feidhmiúcháin an International Transport Federation é i mí Dheireadh Fómhair 2018. Is iar-Ard-Rúnaí de CSTGT é, agus iar-Ardmhéara agus iar-Chomhairleoir Cathrach, Cathair Chorcaí é freisin. Is iarstiúrthóir ar dhá chomhlacht atá cleamhnaithe le CSTGT é- the Institute for the Development of Employment Advancement Services agus Ionad Larcon- an comhlacht rialaithe d'Ionad Halla na Saoirse do na Taibhealaíona. Is iarchisteoir de Chomhdháil na gCeardchumann agus iarbhall dá Comhairle Feidhmiúcháin é freisin.



### Keara Robins

Ceapadh Keara Robins ar an mBord i mí Eanáir 2023 agus tá sí ina ball den Choiste um Shábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine agus den Choiste Airgeadais agus Infheistíochta. Tá taithí shuntasach neamhfheidhmiúcháin ag Keara ar bhoird i gcomhlachtaí stáit, ar chistí infheistíochta fuinnimh rialáilte agus san earnáil dheonach. Bhí sí ina comhalta boird den Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) go dtí mí Lúnasa 2023 agus ina stiúrthóir neamhspleách ar Chistí Fuinnimh Domhanda 4D. D'oibrigh sí ar fud an domhain san earnáil ola agus gáis ag obair le Shell International mar innealtóir peitriliam, mar innealtóir conarthaí, agus mar innealtóir sinsearach tionscadail. D'oibrigh sí san earnáil ina dhiaidh sin mar chomhairleoir neamhspleách do Rialtais, do chuideachtaí neamhspleácha ola, d'Fhondúireachtaí agus do na Náisiúin Aontaithe ar réimse dúshlán fuinnimh. Tá sé cruthaithe aici go bhfuil taithí agus tuiscint aici ar shlabhra luacha na hearnála fuinnimh trí chéile agus suim ar leith aici sna dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus le dícharbónú fuinnimh. Tá céim san innealtóireacht (BA BAI) aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



# Tuarascáil an Bhoird

## Ráiteas faoi Rialachas

Comhlacht reachtúil is ea Ervia arb ann dó faoi dhlíthe na hÉireann agus ar bunaíodh é de bhun an Achta Gáis 1976 (arna leasú).

### Rialachas

Sa bhliain 2018, d'fhógair an Rialtas go ndéanfaí dhá fhóntas tráchtála rialáilte ar leith faoi úinéireacht phoiblí de Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann sa bhliain 2023. Bunaíodh Éireann mar fhóntas rialáilte neamhspleách faoi úinéireacht phoiblí ar an 1 Eanáir 2023 agus d'fhan Líonraí Gáis Éireann mar an t-aon fhochuideachta díreach de chuid Ervia. Leanadh le hobair in 2023 chun comhtháthú Ervia i Líonraí Gáis Éireann a chur chun cinn. Táthar ag súil go dtabharfar comhtháthú Ervia chun críche in 2024, de bhun an Bhille Gáis (Leasú) 2024, nuair a achtófar é.

Tá Bord Ervia ("an Bord") freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ("an tAire") as feidhmíocht fhoriomlán an Ghrúpa agus as a chinntiú go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar an gcaoi ar chuir Ervia na prionsabail sin i bhfeidhm agus ar chloígh sé leis na forálacha infheidhme sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"). Aithníonn Ervia go bhfuil rialachas maith corparáideach ríthábhachtach chun go n-éireodh leis agus chuige sin, déanaimid athbhreithniú agus uasghrádú leanúnach ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta d'fhonn cloí leis na cleachtais is fearr. Tá an Bord sásta gur chloígh Ervia le riachtanais infheidhme an Chóid ar gach slí ábhartha le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

Mar chomhlacht reachtúil, níl Ervia faoi réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Le haghaidh eolas faoin bpríomhreachtaíocht faoina bhfeidhmíonn Ervia agus chun féachaint ar na príomhcháipéisí atá mar bhonn faoi struchtúr corparáideach Ervia, féach ar ár suíomh gréasáin www.ervia.ie.

### Róil agus Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as gníomhaíochtaí Ervia a threorú agus a stiúradh, gníomhaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat rialúcháin stuama agus éifeachtaigh a cheadaíonn measúnacht agus bainistíocht riosca. Déanann an Bord na cinntí suntasacha straitéiseacha ar fad, agus is fúthusan amháin atá rialú iomlán éifeachtach ar ghníomhaíochtaí eagraíochta an Ghrúpa, agus fágann siad an ghnáthbhainistíocht laethúil faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a Fhoireann Feidhmiúcháin.

Tá ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhFoireann Feidhmiúcháin an treoir straitéiseach a leagann an Bord síos a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag an mBord ar na príomhghníomhaíochtaí, na príomhchinntí agus na príomhthorthaí feidhmíochta, chomh maith le haon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirchaidreamh díreach idir Bord Ervia agus an lucht bainistíochta.

Chuir an Bord struchtúr rialachais chorparáidigh i bhfeidhm a tharmligeann údarás dá Choistí le tascanna ar leith a chur i gcrích ar a shon, ionas gur féidir leis an leibhéal ceart airde agus breithnithe a thabhairt ar na hábhair sin agus ábhair eile. Tá tuilleadh eolais faoi Choistí Bhord Ervia ar fáil ar leathanaigh 80-82.

Pleanáiltear gníomhaíocht an Bhoird agus a chuid Coistí gach bliain chun déanamh cinnte go ndéantar gnó an Ghrúpa a mhaoirsiú agus a rialú go héifeachtach. Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i gCreat Rialachais Ervia. Áirítear leis an gcreat chomh maith ábhair atá forchoimeádta go sonrach don Bhord le cinneadh a dhéanamh, de réir mar a dhéantar achoimre orthu thíos.

I measc na míreanna a phléann an Bord ag gach cruinniú tá:

- Fógra maidir le haon choimhlint leasa.
- Tuarascálacha ó Choistí.
- Tuairisciú airgeadais
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.
- Tuarascáil sábháilteachta

### Sceideal Foirmeálta Ábhair atá Forchoimeádta do Bhord Ervia

Áirítear leis an Sceideal Foirmiúil Ábhair a ndéileálann an Bord amháin leis, de réir mar atá leagtha amach i gCreat Rialachais Ervia, i leith gach eintiteas grúpa, faomhadh na nithe seo a leanas:

- Beartas sábháilteachta.
- Buiséid bhliantúla.
- Pleananna gnó ilbhlianta.
- Na conarthaí agus caiteachais ar fad a bhfuil a luach os cionn €10 milliún acu.
- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Ceapadh/baint iniúchóirí.
- Ábhair chiste.
- Athruithe suntasacha ar scéimeanna pinsin.
- Téarmaí fostaíochta na hardbhainistíochta.
- Cód Iompair Gnó.
- Beartas um Bainistíocht Riosca Fiontair, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtaí Cosanta, agus Beartas Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe.
- Eisiúint a fhaomhadh le haghaidh comhairliúcháin i gcás doiciméid bheartais a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## Nithe a Phléigh an Bord sa bhliain 2023

**Straitéis**

- Treo Straitéiseach Ervia agus Líonraí Gáis Éireann.
- Comhtháthú Ervia isteach go Líonraí Gáis Éireann.
- Slándáil an tsoláthair.
- 2023 Scórchártaí Comhordaithe.
- Plé leanúnach le scairshealbhóir Ervia maidir le ceisteanna straitéiseacha.
- Nuashonruithe ar an bPlean Gníomhaíochta Aeráide.
- Creatlach maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.
- Straitéis chustaiméara.
- Straitéis chumarsáide.
- Rialú Praghsanna do Líonraí Gáis Éireann.
- Cúltaisce Éigeandála Gáis
- Bith-mheatán
- Hidrigin
- Straitéis Inbhuanaitheachta.

**Sábh-áilteacht**

- Méadracht mhíosúil maidir le sláinte agus sábháilteacht don Ghrúpa.
- Tionscnamh maidir le feasacht mheabhairshláinte a chur i bhfeidhm.
- Scrúduithe cuimsitheacha leathbhliantúla sábháilteachta.

**Oibrí-ochtaí**

- Tuarascáil Oibriúcháin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta.
- Measúnuithe ar infheistíocht chaipitiúil.
- Tionscadail chriticiúla a sholáthar go sábháilte
- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.
- Nuálaíocht.

**Rialachas Corpar-áideach**

- Meastóireacht bhliantúil an bhoird.
- Athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird agus Choiste an Bhoird.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Ceapachán Stiúrthóirí ar Líonraí Gáis Éireann.
- Bunreachtanna Athbhreithnithe do Líonraí Gáis Éireann.
- Beartas um Nochtaí Cosanta agus Beartas Frith-Chalaoise, Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe.
- Athbhreithniú ar chreat Rialachais agus beartais ghaolmhara le hullmhú do chomhtháthú Ervia isteach go Líonraí Gáis Éireann.

**Airgeadas**

- Torthaí bliantúla foilsithe.
- Torthaí míosúla trádála, lena n-áirítear feidhmiúchán i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéis.
- Buiséad bliantúil agus maoiniú.
- Réamhaisnéis a dhéanamh arís go ráithiúil.
- Díbhinní.
- Pleananna Gnó.

**Riosca**

- Monatóireacht riosca leanúnach.
- Leagadh amach fhonn riosca.
- Athbhreithniú rialta an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus an cibear-Bhoird.

## Ráiteas Freagrachtaí Boird don Tuarascáil Bhliantúil agus do Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú mar aon leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi, a thugann, de réir an Bhoird, léargas fírinneach agus cothrom ar staid cúrsaí agus ar bhrabús Ervia don bhliain. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta www.ervia.ie. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile. D'ullmhaigh an Bord na Ráitis Airgeadais de réir an dlí is infheidhme de chuid na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Coinníonn an Bord cuntas cuí cuntasaíochta de réir na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht Gáis 1976 (arna leasú).

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, lena n-áirítear rialúcháin airgeadais, oibriúcháin, chomhlíonta agus bainistíochta riosca agus as sin a chur in iúl don Aire. Ar deireadh, tá an Bord freagrach as cosaint sócmhainní uile Ervia agus as gníomhú mar is cuí le calaois agus neamhrialtachtaí eile a sheachaint agus a aimsiú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Bord sásta:

- Gur roghnaíodh beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad.
- Go n-úsáidtear breithiúnais agus meastacháin atá stuama réasúnta.
- Go bhfuil ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh oiriúnach.
- Go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fírinneach agus cothrom ar staid airgeadais Ervia ar an 31 Nollaig 2023 agus don bhliain sin atá díreach thart.



# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## An Bord

Tá sonraí comhaltaí Boird reatha ar leathanaigh 80-82.

### Comhdhéanamh an Bhoird

Is faoin Rialtas a fhaigheann comhairle ón Aire atá ceist chomhdhéanamh an Bhoird. Déanann an tAire cinntí maidir le comhaltaí Boird a cheapadh agus a athcheapadh ar aon dul leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Téann an Cathaoirleach i dteagmháil leis an Aire roimh cheapacháin ar an mBord maidir le haird a tharraingt ar na scileanna sonracha agus an taithí a theastaíonn ar an mBord.

Tá an meascán scileanna agus taithí agus an cumas riachtanach ag Comhaltaí Boird le tacú le cinnteoireacht éifeachtach.

Is é an Cathaoirleach, Kevin Toland, atá i gceannas ar an mBord, agus is eisean atá freagrach as a éifeachtacht maidir le gnéithe uile a róil a chinntiú. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

### Ionduchtú agus Forbairt Chomhaltaí Nua Boird

Ar cheapadh dóibh, cuirtear doiciméid mhionsonraithe eolais a bhaineann le rialachas, airgeadas agus oibríochtaí ar fáil do Chomhaltaí Boird, agus tugtar deis dóibh eolas a fháil ón bhFoireann feidhmiúcháin ar ghnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa.

Tá rochtain ag Comhaltaí Boird ar chláir oiliúna agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a riachtanais forbartha.

### Neamhspleáchas

Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird neamhspleách ar an lucht bainistíochta, ó thaobh carachtair agus breithiúnais de, agus saor ó chaidrimh nó ó chúinsí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu, nó a d'fhéadfadh go ndealródh sé go bhfuil tionchar acu, ar a mbreithiúnas agus a gcumas chun dul i ngleic le riachtanais an róil. Tugann gach comhalta Boird a bhreithiúnas neamhspleách féin ar cheisteanna straitéise, feidhmiúcháin, acmhainní agus caighdeán iompraíochta. Ní mór do chomhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a fhógairt a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách. Is mír bhuan ar an gclár do gach cruinniú Boird agus Coiste é dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa.

#### Inscne an Bhoird




- Fir
- Mná

#### Feidhmiúcháin agus neamh-fheidhmiúcháin Comhaltaí Boird




- Neamhfheidhmiúcháin
- Feidhmiúchán

#### Téarma Chomhalta Neamhfheidhmiúcháin Boird




- 0-3 bliana
- 3+ bliana

## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

### Luach Saothair, Tinreamh agus Costais Comhaltaí Boird

Is é an tAire a shocraíonn na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Leagtar sceideal tinrimh ag na cruinnithe Boird agus Coiste don bhliain 2023 amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a bhain le gach comhalta sa bhliain 2023. Leagann an tábla táillí agus tinreamh chomhaltaí an Bhoird a bhí ar Bhord Ervia le linn na bliana a bhí faoi athbhreithniú.

| Comhalta Boird | Luach saothair (€) | Costais (€) | Bord (ar freastalaíodh orthu/ incháilithe) | Iniúchóireacht agus Riosca (ar freastalaíodh orthu/ incháilithe) | Íocaíocht (ar freastalaíodh orthu/incháilithe) | Airgeadas agus Infheistíocht (ar freastalaíodh orthu/ incháilithe) | Sábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Daoine (ar freastalaíodh orthu/incháilithe) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Kevin Toland (Cathaoirleach Boird agus Cathaoirleach Luacha Saothair) | 31,500 | 1,105 | 9/9 | - | 8/8 | - | - |
| Fiona Egan | 15,750 | 148 | 8/9 | 4/4 | 8/8 | 7/7 | - |
| Geraldine Kelly (Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta) | 15,750 | 312 | 9/9 | 4/4 | - | 7/7 | - |
| Joe O'Flynn | 15,750 | 850 | 8/9 | - | 6/8 | - | 2/3 |
| Keith Harris (Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca) | 15,750 | 993 | 6/9 | 4/4 | - | 7/7 | - |
| Keara Robins | 15,750 | 2,802 | 9/9 | - | - | 7/7 | 3/3 |
| Saoirse Fahey | 15,750 | 148 | 7/9 | 4/4 | - | - | 3/3 |
| Sean Hogan (Cathaoirleach an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine) | 15,750 | 361 | 7/9 | - | 7/8 | - | 3/3 |
| *Cathal Marley (POF) | Nóta 1 | - | 9/9 | - | - | 7/7 | - |

* Nóta 1 – Ní bhfuarthas táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Bainistíocht Shinsearach Comhlachtaí Tráchtála Stáit.

### Éifeachtacht agus Measúnú an Bhoird agus na gCoistí

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Baineann an measúnú le feidhmíocht an Bhoird agus na gCoistí ina n-iomláine. Is mar seo a leanas na modheolaíochtaí measúnaithe a chuireann an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a shocrú:

| | |
|---|---|
| Measúnú Inmheánach | • Scaiptear an ceistneoir Féinmheasúnaithe Boird, mar a cuireadh ar fáil sa Chód, ar an mBord. Sa cheistneoir, déantar anailís ar an meascán ar an mBord idir inscne, éagsúlacht agus scileanna, bunaithe ar an Aguisín leis an gCód maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú. Sna ceistneoirí líonta, tá tuairimí maidir le feidhmiúchán agus moltaí maidir le feabhsúchán. Déanann an Bord cinneadh foirmiúil maidir lena fheidhmíocht féin, le feidhmíocht na gCoistí, agus le feidhmíocht an Chathaoirligh, an POF agus Rúnaí na Cuideachta. |
| Meastóireacht Sheachtrach | • D'fhonn forálacha an Chóid a chomhlíonadh, tugtar faoi mheastóireacht sheachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a Choistí gach 3 bliana. Éascaíodh meastóireacht sheachtrach sa bhliain 2021 agus chuir an Bord torthaí na meastóireachta san áireamh i mí Feabhra 2022. |
| Measúnú ar Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin Boird | • Déanann comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird measúnú feidhmiúcháin ar an gCathaoirleach, ag cur tuairimí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin san áireamh. |

### Coistí an Bhoird

Fanann struchtúr rialachais iomlán an ghrúpa gan athrú le linn na bliana 2023. Lean fochoistí reatha Ervia orthu le tacú le Ervia agus le fo-bhoird.

Tá struchtúr éifeachtach Coiste i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Le linn na bliana 2023, thug ceithre Choiste de chuid an Bhoird cabhair lena fhreagrachtaí a chur i gcrích agus cuireann an Bord freagrachtaí ar leith orthu mar a leagadh amach ina dTéarmaí Tagartha.



## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

### Coiste Iniúchta agus Riosca

Déantar cur síos ar a ndearna an Coiste Iniúchta agus Riosca in 2023 i dTuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar leathanach 92. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn na bliana.

### An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta

Leagtar freagrachtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta amach ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.ervia.ie. Bhí 7 gcruinniú ag an gCoiste Airgeadais agus Infheistíochta i rith na bliana.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta fúthu in 2023, bhí:

- Measúnú ar thionscadal caipitil agus ar chur chuige infheistíochta.
- An t-eolas is déanaí maidir le Tionscadail Chaipitil agus meastacháin chostais a bhaineann leo.
- Gach moladh caiteachais chaipitiúil a sháraíonn €10 milliún.
- An t-eolas is déanaí ar Rialú Praghsanna GNI.
- An t-eolas is déanaí ar naisc tarchurtha.
- An t-eolas is déanaí ar BioCNG i dtaca le hiompar.
- An t-eolas is déanaí ar rialáil beartais náisiúnta agus AE.
- Athbhreithnithe iarthionscadal.

### An Coiste Luach Saothair

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Luacha Saothair ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.ervia.ie. Bhí 8 chruinniú ag an gCoiste Luach Saothair.

I measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste Luacha Saothair sa bhliain 2023, bhí:

- Athbhreithniú ar fheidhmíocht Feidhmiúcháin le haghaidh 2022.
- Athbhreithniú ar luach saothair Feidhmiúcháin.
- Téarmaí luacha saothair le haghaidh ceapacháin feidhmiúcháin.
- Pleanáil tallainne agus comharbais.
- Forléargas eagraíochta.
- Feidhmíocht a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi de réir scórchártaí Comhardaithe 2023.
- An bhearna phá idir na fir agus na mná.

### An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine

Leagtar freagrachtaí an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine amach sna Téarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.ervia.ie. Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine i rith na bliana.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Daoine fúthu in 2023, bhí:

- Athbhreithniú ar Ráiteas ar Sclábhaíocht an lae inniu do Líonraí Gáis Éireann agus GNI (RA) Teoranta.
- Straitéis Inbhuanaitheachta.
- Straitéis páirtithe leasmhara.
- Feidhmíocht Custaiméirí
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht sábháilteachta agus pleananna gníomhaíochta sábháilteachta.
- Rannpháirtíocht fostaithe
- Sláinte agus sábháilteacht cheirde.

### Nochtuithe atá Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid comhlíonta ag Líonraí Gáis Éireann. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

### Anailís ar Shochair Fhostaí

Tá sonraí ar líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlán (gan costais pinsin fostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain do gach banna de €25,000 ó €50,000 in airde leagtha amach thíos.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| €50,000 – €75,000 | **256** | 232 |
| €75,001 – €100,000 | **217** | 205 |
| €100,001 – €125,000 | **106** | 96 |
| €125,001 – €150,000 | **40** | 40 |
| €150,001 – €175,000 | **23** | 20 |
| €175,001-€200,000 | **12** | 9 |
| €200,001-€225,000 | **6** | 5 |
| €225,001-€250,000 | **2** | 2 |
| €250,001-€275,000 | **2** | 2 |

Nóta 1: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtadh thuas. Féach ar Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

### Costais Sainchomhairliúcháin

Áirítear le costais sainchomhairliúcháin an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Sainmhínítear costais sainchomhairliúcháin mar cheapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (e.g. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas, agus é seo ar feadh tréimhse theoranta chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú.

## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

Áit a gcuireann Ervia obair chomhairliúcháin ar conradh thar ceann Líonraí Gáis Éireann, cuirtear costas gaolmhar na hoibre san áireamh thíos.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **582** | 281 |
| Comhairle airgeadais | **339** | 414 |
| Fógraíocht, margaíocht agus caidreamh poiblí | **267** | 253 |
| Feabhsú/athrú gnó | **1,414** | 1,173 |
| Eile | **289** | 185 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **2,891** | 2,306 |
| | | |
| Caipitlithe | **-** | - |
| Ráiteas Ioncaim | **2,891** | 2,306 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **2,891** | 2,306 |

Laistigh de na catagóirí thuas fuarthas sainchomhairle maidir leis na nithe seo a leanas; Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Gáis In-athnuaite (€1.0m), Cuntasaíocht/Cáin/Pinsean/AD (€0.4m), TF agus Cibearshlándáil (€0.3m), Slándáil Soláthair (€0.3m), Fógraíocht, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí (€0.3m), Pleanáil ar Rialú Praghsanna agus Athstruchtúrú Corparáideach (€0.2m).

### Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí, mar cuirtear san áireamh leis na costais sainchomhairliúcháin thuas iad.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí & costais dhlíthiúla | **668** | 891 |
| Socraíochtaí | **622** | 705 |
| **Iomlán** | **1,290** | 1,596 |
| Líon cásanna dlí | **6** | 10 |

Nóta 1: Ní áirítear leis an nóta nochta seo aon íocaíochtaí a rinneadh i ndiaidh éileamh faoi pholasaithe árachais bainte amach ag Ervia.

Nóta 2: Baineann an líon cásanna le cásanna ar chuir Ervia féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tógadh ina aghaidh, agus ní áirítear leis imeachtaí árachais.

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| *Baile* | | |
| Bord* | **16** | 11 |
| Fostaí | **1,710** | 1,178 |
| | | |
| *Idirnáisiúnta* | | |
| Bord | **-** | - |
| Fostaí | **227** | 168 |
| **Iomlán**** | **1,953** | 1,357 |

* Tá costais taistil agus cothaithe de €6,719 san áireamh a íocadh go díreach le comhaltaí Boird sa bhliain 2023 (2022: €4,399). Baineann an t-iarmhéid de €9,443 (2022: €7,097) le caiteachas a d'íoc Ervia ar son na gcomhaltaí Boird. Meastar go dtabhaítear caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaíonn an comhalta feidhmiúcháin Boird ina cháilíocht mar fhostaí.

** Is léiriú é an méadú ar chaiteachas taistil agus cothabhála bliain ar bhliain maidir le gníomhaíochtaí normalaithe i mbliain iomlán i ndiaidh COVID-19.

### Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | **203** | 131 |
| Fáilteachas na gcliant | **70** | 87 |
| **Iomlán** | **273** | 218 |

### Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte is ea an comhlacht tráchtála stáit Ervia, a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith freagrach agus trédhearcach os comhair an phobail. Tá Ervia tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an mbealach a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról ó thaobh bonneagar tábhachtach náisiúnta a sholáthar de agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta d'fhonn tacú le forbairt shóisialta agus gheilleagrach na hÉireann.

#### Nochtaí Cosanta agus Cúis Imní a Léiriú

Cuirtear síos ar an meicníocht is féidir le fostaithe agus lucht bainistíochta Ervia a úsáid chun údair imní a ardú, nó chun nochtuithe a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, i mBeartas um Nochtadh Cosanta. Tá tuilleadh treorach don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le cúiseanna imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó, sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe.

Dearbhaíonn Ervia nach ndearnadh tuairisciú ar aon nochtadh cosanta sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.



## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

#### Brústocaireacht a Rialáil

Tá Ervia agus a fhochuideachta, Líonraí Gáis Éireann, cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne siad na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin sa bhliain 2023, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

#### Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021)

Tá Ervia tiomanta dá oibleagáidí uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021) a chomhlíonadh. Tá an Ceann Cúraim Custaiméirí agus Cumarsáide ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú ar dhualgais Ervia faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021).

I rith 2023, comhlíonadh na hoibleagáidí nua faoi alt 10A (Fógraíocht ó Chomhlachtaí Poiblí) a éilíodh go ndéanfaí 20% ar a laghad (10A. (1)(b)) de gach fógraíocht as Gaeilge. Chomhlíon Ervia an dualgas freisin maidir le 5% den chaiteachas bliantúil fógraíochta ar na meáin Ghaeilge mar atá forordaithe faoi alt 10A(1)(b).

#### Íocaíochtaí Prasa

Shínigh Ervia an Cód um Íocaíocht Phras, a sheol an Rialtas in 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sé soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh an cód a ghlacadh laistigh dá slabhraí soláthair féin.

Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí i bhfeidhm in Ervia lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012-2016. Íocadh gach sonrasc nach raibh aighneas ann faoi a fuarthas in 2023 laistigh de thréimhsí íocaíochta comhaontaithe. Nuair a dhéanann Ervia iarratas ar íocaíocht dhéanach ó sholáthraí a bhailíochtú, is é beartas Ervia ús atá dlite ar íocaíochtaí déanacha dá leithéid a íoc. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí úis dá leithéid maidir le híocaíochtaí déanacha i rith na bliana 2023 (2022: Nil).

#### Samhailscéimeanna Foilsithe

De réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ní mór d'fhochuideachta Ervia, is é sin Líonraí Gáis Éireann, cloí leis an tsamhailscéim foilseacháin arna foilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir na scéime, foilsíonn Líonraí Gáis Éireann an oiread eolais agus is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana lasmuigh d'iarratais Saorála Faisnéise, agus aird á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta a leagtar amach san Acht.

Tá an Scéim foilseachán do Líonraí Gáis Éireann foilsithe ar shuíomh gréasáin Líonraí Gáis Éireann ag an Scéim Eiseamláireach Foilsithe.

Cé nach bhfuil Ervia féin faoi réir reachtaíocht an Achta um Shaoráil Faisnéise, féachann sé le prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm. Mar sin, déanann sé faisnéis ábhartha a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin www.ervia.ie chun cloí leis an scéim eiseamláireach foilseacháin.

### Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú

Tá an eagraíocht tiomanta i gcónaí d'ionad oibre a fhorbairt a chuimsíonn éagsúlacht, mar a dtugtar cothrom na Féinne do chách, agus ina bhfuil gach duine ar a s(h)uaimhneas ceart. Bhí ár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe ina bpríomhfhócas fós le haghaidh 2023, ag soláthar léargas luachmhar, faisnéis agus nasc dár bpobail inmheánacha thar raon grúpaí sainiúla lena n-áirítear, cúrsaí teaghlaigh, cúrsaí inscne, cúrsaí eitneachais, agus cúrsaí LADT+. I rith 2023, sheolamar ár nGrúpa Acmhainní Fostaithe Néar-Éagsúlachta agus Cumais freisin.

Le bliain anuas, rinneamar éascaíocht ar roinnt imeachtaí d'fhostaithe, lena n-áirítear ceiliúradh ar BRÓD, Feasacht ar Uathachas, Cibearshábháilteacht do Leanaí, trínár nGrúpa Acmhainní Fostaithe a chuaigh i mbun teagmhála leis an eagraíocht trí chéile agus a thug eolas dóibh. Leanfaimid orainn leis seo in 2024, ag cur imeachtaí den saghas céanna ar fáil ionas gur féidir linn a chinntiú go dtuigfear gur dlúthchuid dínn féin iad Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú.

In 2024, d'fhoilsíomar ár mBearna phá idir na fir agus na mná, don dara bliain (https://www.gasnetworks.ie/corporate/freedom-of-information/gender-pay-gap/Gender-pay-Gap-Report-2023_Final.pdf), agus tá áthas orainn an laghdú beag a tuairiscíodh a fheiceáil. Leanaimid orainn le tacú le mná inár n-eagraíocht trínár gClár um Fhorbairt Tallainne a seoladh in 2023 agus a bhfuil aiseolas an-dearfach faighte againn ina leith. Tá roinnt Beartais nua atá dírithe ar Dhaoine tugtha isteach againn le linn 2024, mar thoradh díreach ar ár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe, ina measc tá ár mBeartas Meanapáis. Saoire Chultúrtha agus Foréigean Baile. Leanfaimid orainn le dul i mbun oibre i dtreo cothromas pá agus méadú ar ionadaíocht na héagsúlachta laistigh dár ngnó.

In 2024, déanfaimid ár dtreochlár i leith Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú a athnuachan, cuirfimid acmhainní oiliúna agus forbartha breise ar fáil, agus leanfaimid orainn le tacú lenár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe.

Aithníonn Ervia go bhfuil bearna phá idir fhir agus mhná á tuairisciú ag an dá chuideachta, ach tá pleananna gníomhartha i bhfeidhm, atá curtha ar an eolas ag ár réimsí fócais ibelong roimhe seo lena n-áirítear sealbhú, forbairt agus ionadaíocht tallainne.

# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh

### Raon Freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoinneofaí agus go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Níl ann, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear earráidí neamhrialtachtaí ábhartha nó go stoptar iad ar bhealach tráthúil.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Ervia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais.

### Bainistíocht Riosca agus timpeallacht rialaithe

Tá fostaithe Ervia agus Líonraí Gáis ar fad freagrach as riosca a bhainistiú go héifeachtach agus áirítear leis sin córais rialaithe inmheánaigh a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ervia an feidhmeannach freagrach ar a bhfuil an fhreagracht deiridh. Tarmligeann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ervia/Líonraí Gáis Éireann róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus ar na daoine atá faoina stiúir siúd maidir leis an mbainistíocht éifeachtach ar riosca agus maidir lena chinntiú go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach.

### Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Déanann an Bord a chinntiú go bhfuil córais chuí an rialaithe inmheánaigh agus na bainistíochta riosca ar bun. Leis sin a bhaint amach, baintear feidhm as na struchtúir agus córais seo a leanas:

### Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá Ervia tar éis struchtúr Boird aonadach a ghlacadh chuige féin, agus is é an Bord seo atá iomlán freagrach as rialachas Ervia agus a fhochuideachtaí lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann. Tá Coistí ábhartha i bhfeidhm ag leibhéal Ervia.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an "CIR") ag Ervia ar a bhfuil 4 comhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas acu atá riachtanach don ról. Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird, agus tá sé freagrach as cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhaineann siad leis an réimse sin. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú substainteach ar son Bhord Ervia ar phróifíl riosca Líonraí Gáis Éireann arna ullmhú ag na bainisteoirí, agus cinntíonn an t-athbhreithniú seo maoirseacht na bpríomhrioscaí agus na rioscaí nua agus breithniú ar éifeachtúlacht fhreagairtí na mbainisteoirí do na cúiseanna neamhchosanta ar na rioscaí is mó a gcaithfidh Líonraí Gáis Éireann dul i ngleic leo mar an bpríomheintiteas oibríochta in Ervia. Chomh maith leis sin, déanann an CIR athbhreithniú ar shláine iomlán an chórais bainistíochta riosca, lena n-áirítear éifeachtacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúchta inmheánaigh.

#### Fóram Dearbhaithe Comhtháite

Tá freagracht ag Ervia faoin gCód as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a oibriú agus go leantar ar aghaidh leo. Tá measúnú ar éifeachtúlacht na rialuithe sin de dhíth gach bliain. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, d'fhorbair Grúpa Ervia an Fóram Dearbhaithe Chomhtháite ("FDC").

Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gníomhaíochtaí dearbhaithe agus aontaithe riachtanacha, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Dearbhaíonn an FDC don Bhord ag deireadh na bliana cé acu an bhfuil na rialuithe éifeachtúil nó nach bhfuil. Tugann próisis an FDC, chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí eile rialachais, riosca agus rialaithe ar fud Ghrúpa Ervia, tacaíocht don Bhord agus an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach á chomhaontú. Déanann an Creat Fóram Dearbhaithe Comhtháite gach gníomhaíocht dearbhaithe san eagraíocht a neartú agus a chomhordú níos mó ar bhealach struchtúrtha thar na "Trí Líne Chosanta". Cinntíonn sé seo go mbaineann Ervia lán-úsáid as maoirseacht riosca agus rialaithe. Cuirtear an CIR ar an eolas maidir le torthaí an IAF gach ráithe.

#### Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí seanbhunaithe in Ervia, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus a thugann faoi chlár oibre arna chomhaontú leis an CIR do Ghrúpa Ervia ina iomláine, lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann. Tuairiscíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann díreach don CIR agus do Phríomhoifigeach Airgeadais Líonraí Gáis Éireann.

Soláthraíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh cur chuige córasach struchtúrtha ar fáil chun éifeachtúlacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach an Ghrúpa a mheasúnú agus a fheabhsú.



# Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

Feidhm an Iniúchta Inmheánaigh:

- Déanann sí meastóireacht ar nochtadh do riosca i ndáil le spriocanna straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach.
- Measúnú ar na córais a cuireadh ar bun chun comhlíonadh na mbeartas, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán a áirithiú.
- Measúnú ar na modhanna atá ann chun sócmhainní a chosaint.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Oibríochtaí sonracha a mheas ar iarratas ón mBord nó ón bhfoireann bainistíochta, de réir mar is cuí. Seirbhísí sainchomhairleoireachta a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú a thabhairt chun críche de réir mar is cuí.

#### Feidhm Bainistíochta Riosca

Tá feidhm Bainistíochta Riosca seanbhunaithe i Líonraí Gáis Éireann freisin, a bhfuil na hacmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus atá freagrach as dearadh agus cur i bhfeidhm Creata um Bainistíocht Riosca Fiontair, agus as a chinntiú go bhfuil taithí agus scileanna bainistithe riosca leordhóthanacha ar fáil ar fud Líonraí Gáis Éireann.

Tuairiscíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann don CIR agus do Phríomhoifigeach Airgeadais Líonraí Gáis Éireann agus freastalaíonn sé/sí ar chruinnithe CIR. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe ráithiúla ag Coiste Bainistíochta Riosca Líonraí Gáis Éireann, agus Príomhfheidhmeannach Ervia/Líonraí Gáis Éireann ina chathaoirleach air.

Déanann an fheidhm Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- A chinntiú go mbíonn próisis agus maoirseacht imleor, chomhsheasmhach i bhfeidhm leis na rioscaí atá ann do Líonraí Gáis Éireann a aithint, a thomhas, a bhainistiú, a cheistiú, a thuairisciú agus le monatóireacht a dhéanamh orthu.
- A chinntiú go leantar ar aghaidh leis an maoirseacht agus go ndéantar measúnú ar phróifíl riosca Líonraí Gáis Éireann, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus le feiceáil níos mó agus níos mó, agus rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach is beag an seans go dtarlóidís, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo, úinéireacht shoiléir agus na bearta cuí maolaithe.
- Leabaítear cultúr bainistíochta riosca cuí a leanann tuin feasachta ar riosca ó phróiseas tuairiscithe ón mbarr agus ón mbun aníos.

#### Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe

Chomh maith leis na príomhstruchtúir a bhfuil tagairt dóibh thuas, dearbhaíonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann.

- Freagracht ar bhainistíocht ag gach leibhéal i Líonraí Gáis Éireann as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca;
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Déanann Feidhmeannach Líonra Gáis Éireann agus feidhmeanna Iniúchóireachta Inmheánaí agus Riosca Líonraí Gáis Éireann monatóireacht air sin;
- Struchtúr eagraíochtúil atá leagtha amach go soiléir, agus a bhfuil teorainneacha údaraithe agus meicníochtaí tuairiscithe sainaitheanta ann do leibhéil níos airde bainistíochta agus do Bhord Líonraí Gáis Éireann agus Bord Ervia;
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh Bhord Ervia le haghaidh tionscadal mór caipitiúil, agus déanann Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Ervia dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach;
- Próisis sheanbhunaithe chun nádúr, fairsinge agus tionchar airgeadais na rioscaí gnó atá ag bagairt ar an nGrúpa a aithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha. Próisis eile chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta agus measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta na rioscaí a thagann chun cinn a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí gaolmhara um maolú.
- Dealú cuí dualgas agus doiciméadú cuí nósanna imeachta agus rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath;
- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn Bord Líonraí Gáis Éireann agus Bord Ervia;
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais;
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis na bainistíochta agus táscairí feidhmíochta gach ráithe a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir cuspóirí fadtéarmacha agus buiséad bliantúil;
- Polasaithe inmheánacha a éilíonn ar na fostaithe go léir a bheith ag gníomhú go hionraic agus na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh na heitice de. Ar na beartais sin, tá: an Cód Iompraíochta, an Beartas Frith-Chalaoise, an Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, an Beartas chun Stocaireacht a Rialú agus an Beartas um Nochtuithe Cosanta;
- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn Beartas Frithchalaoise, Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois;

## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

- Athbhreithnithe córasacha ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus oibriúcháin ag iniúchóireacht inmheánach Líonraí Gáis Éireann. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear é sin leis an measúnú riosca; agus
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú riosca leathan, ina ndéantar athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtúlacht na bpríomhbheartas agus príomhphróiseas rialaithe, ina ndéantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach agus ina ndéantar tuairisciú míosúil ar fheidhmíocht, le tacaíocht gníomhaíochtaí dearbhaithe an Riosca, an Iniúchta Inmheánaigh agus an Iniúchta Sheachtraigh.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá creat láidir ag Ervia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúla atá siad, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus próisis bainistíochta riosca.

Tá Bord Ervia agus Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le Líonraí Gáis Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na mbainisteoirí sa Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh. Cuireann an CIR leis an obair seo, agus déanann siadsan maoirseacht ar obair Fheidhmeanna Riosca agus Rialachais Líonraí Gáis Éireann, ar obair Iniúchóireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann, agus ar na ráitis a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha ina litreacha do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí nach iad. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus do Bhord Ervia agus Líonraí Gáis Éireann, nuair is cuí, go pras.

Cuimsíonn monatóireacht leanúnach ag bainisteoirí Líonraí Gáis Éireann:

- Athbhreithniú agus breithniú ar an gclár iniúchóireachta inmheánaí agus breithniú ar a thuarascálacha agus a thorthaí i dtaobh Líonraí Gáis Éireann. Déanann an ARC athbhreithniú freisin ar an gclár Iniúchóireachta Inmheánaí do Líonraí Gáis Éireann.
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón iniúchadh inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh i Líonraí Gáis Éireann, agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin. Déanann an CIR athbhreithniú ar thuarascálacha freisin.
- Rannpháirtíocht san Fhóram Dearbhaithe Chomhtháite.
- Rannpháirtíocht i gCoiste Bainistíochta Riosca Líonraí Gáis Éireann.
- Cruinnithe míosúla a d'fhéadfadh cúrsaí airgeadais, riosca, iniúchóireachta inmheánaí agus oibriúcháin i dtaca le Líonraí Gáis Éireann a chuimsiú.

Cuimsíonn monatóireacht leanúnach ag Bord Líonraí Gáis Éireann;

- Athbhreithniú ar Phróifíl Riosca Líonraí Gáis Éireann.
- Athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil ó Chathaoirleach GNI maidir le héifeachtúlacht oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir airgeadas agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheist ábhartha maidir le rialú airgeadais.

Áirítear leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an ARC;

- Athbhreithniú ar bhonn ráithiúil ar thuarascálacha an Fhóraim Dearbhaithe Chomhtháite maidir leis an gcóras um rialú inmheánach i Líonraí Gáis Éireann.
- Athbhreithniú ar Phróifíl Riosca Líonraí Gáis Éireann ar bhonn ráithiúil.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó fheidhm na hiniúchóireachta Inmheánaí ina bhfuil sonraí ar shaincheisteanna rialaithe agus an t-eolas is déanaí ar stádas ar dhíol ar luach clabhsúir maidir le moltaí oscailte i leith iniúchóireacht inmheánach.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.
- Athbhreithniú agus breithniú ar an tuarascáil ó Phríomhfheidhmeannach Ghrúpa Ervia ar a éifeachtaí is atá na córais um rialú inmheánach, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin.

### Caiteachas Caipitil agus Caiteachas Oibríochta

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú, de réir mar is cuí, go gcloítear leis na prionsabail agus riachtanais ábhartha maidir leis na Treoirlínte Bonneagair a foilsíodh le deireanas (rud atá ann in ionad sraith treoirlínte um Chód Caiteachais Phoiblí 2019). Leanfar ar aghaidh le gníomhaíocht aistrithe a bhaineann leis na Treoirlínte Bonneagair nuashonraithe isteach in 2024 chun comhlíontacht aon cheanglais bhreise a chinntiú.

Tugtar i mBeartas Soláthair Ervia/Líonraí Gáis Éireann (PD02) na nósanna imeachta a leanfaidh Grúpa Ervia chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Trí PD02 a chur i bhfeidhm déantar cinnte go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus Éireannacha maidir le soláthar poiblí, go ndéantar próisis tairisceana a bhainistiú go cuí agus go gcoimeádtar forbhreathnú rialachais agus bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud Ghrúpa Ervia.



## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

I mBeartas Ervia maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí (PD03), leagtar amach an creat maidir le caiteachas airgeadais agus rialachas na gconarthaí, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údaráis le haghaidh caiteachas caipitil agus oibríochta in Ervia, Líonraí Gáis Éireann agus i ngach ceann dá bhfochuideachtaí. Caithfidh gach faomhadh caiteachais agus conartha cloí leis na ceanglais i gCreatlach Rialachais Ervia/Líonraí Gáis Éireann agus PD03.

Tá an creat um chaiteachas airgeadais agus rialachas conarthaí ag teacht leis na critéir maidir le luach ar airgead sa Chód Caiteachais Phoiblí uasdátaithe, arna fhoilsí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2023.

Anuas ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE, ní mór don chaiteachas caipitil cloí le haon riachtanais a d'fhéadfadh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a leagan síos, riachtanais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an bpleanáil agus tosaíochtaí bonneagair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Úsáidtear modhanna cuí measúnaithe infheistíochta i dtaca le tionscadail chaipitil agus cláir chaipitil ionas gur féidir cinntí a dhéanamh go héifeachtach. Déantar measúnú ar thionscadail chaipitil agus ar chláir chaipitil agus déantar iad a sheachadadh le próiseas faofa láidir 5 chéim.

Feidhmíonn an próiseas gealltanas caipitil le haghaidh Líonraí Gáis Éireann ar an mbonn go n-iarrfadh an chuideachta na ceadanna ábhartha ón Aire roimh ré i gcomhair imchlúdaigh iomláin de ghealltanais chaipitil le tabhairt fúthu le linn na bliana airgeadais dár gcionn.

Iarrann Líonraí Gáis Éireann ceadanna Aire ar leithligh sula dtugtar gealltanas do thionscadal caipitil aonair ar bith nó do chlár caipitil nua ar chostas €20m nó níos mó i gcás caiteachais rialáilte agus €10m i gcás caiteachais neamhrialáilte. Cuirtear ceadanna Aire faoi bhráid na Máthair-roinne agus ranna rialtais ábhartha eile atá rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrach. Lena chois sin, cuirtear iarratais ar fhaomhadh ón Aire faoi bhráid NewERA, a chuireann comhairle shonrach ar chúrsaí airgeadais agus tráchtála ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sula dtugann an tAire cead.

Cuirtear infheistíochtaí caipitil, lena n-áirítear conarthaí a bhfuil luach os cionn €3.5 milliún ag baint leo, faoi bhráid Choiste Faofa Caiteachais (CFC) Líonraí Gáis Éireann lena n-athbhreithniú agus lena bhfaomhadh. Ní mór faomhadh a fháil ó Bhord Ervia agus ó Bhord Líonraí Gáis Éireann le haghaidh caiteachais chaipitil ar bith atá níos mó ná €10m.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le stádas tionscadal agus na cláir chaipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir leis an gcur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, na sceidil agus le cáilíocht. Cuirtear tuairisciú buiséid agus difríochta i láthair don Bhord chomh maith. Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gcuspóirí sin. Tá príomhtháscairí feidhmíochta mar chuid de thairiscintí agus ina dhiaidh sin conarthaí, a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas le linn thréimhse an tionscadail. Cuirtear athbhreithnithe tar éis tionscadail agus tuairiscí dúnta airgeadais i láthair CFC, Bhord Líonraí Gáis Éireann, Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Ervia agus Bhord Ervia le meastóireacht a dhéanamh orthu ag brath ar luach an tionscadail nó an chláir. I gcruinnithe deiridh tionscadal agus athbhreithniú bliantúla ar chláir, éascaítear cur chuige 'ceachtanna a foghlaimíodh'. Déantar na ceachtanna sin a mheasúnú, a rianú agus a chur i bhfeidhm ansin ar thionscadail atá ann faoi láthair ar fud na heagraíochta agus ar thionscadail a bheidh ann de réir mar is cuí.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Líonraí Gáis Éireann maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoi RGCS.

### Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca don bhliain 2023 agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna sa bhliain 2024. Rinne an CIR athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh siad a gcuid torthaí do Bhord Ervia.

### Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2023 a bhfuil foráil ag teastáil uathu sna ráitis airgeadais.

## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

### Conclúid

#### Gnóthas Leantach

Ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh fad is a bhíonn an Bord, tar éis dó na fiosrúcháin chuí a dhéanamh, sásta go bhfuil na hacmhainní cuí ag Ervia leanúint ar aghaidh i bhfeidhm go ceann tamall fada. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin measúnú gnóthais leantaigh sin agus faoi leachtacht an Ghrúpa i nótaí 1 agus 23 faoi seach de na Ráitis Airgeadais seo. Tá Grúpa Ervia sna céimeanna deiridh den atheagrú inar scar Uisce Éireann ón nGrúpa ar 1 Eanáir 2023. Tabharfar an t-atheagrú chun críche nuair a dhéanfar corparáid reachtúil Ervia a chomhtháthú le Líonraí Gáis Éireann, ionas go mbeidh Líonraí Gáis Éireann mar an príomheintiteas sa Ghrúpa. Táthar ag súil le go dtabharfar comhtháthú Ervia chun críche in 2024, de bhun an Bhille Gáis (Leasú) 2024, nuair a achtófar é, agus déanfar foráil ann ar aistriú feidhmeanna, gníomhaíochtaí, agus sócmhainní agus dliteanais iarmharacha chorparáid reachtúil Ervia chuig Líonraí Gáis Éireann. Tá bunús cuntasaíochta gnóthais leantaigh Ghrúpa Ervia agus corparáid reachtúil Ervia oiriúnach fós mar sin.

#### Bainistíocht Riosca

Rinne an Bord measúnú forleathan ar na príomhrioscaí a bheadh ann don eagraíocht le linn na bliana 2023. Leagtar amach na rioscaí agus na rialuithe maolaithe nó gníomhaíochtaí seo ar leathanaigh 62-67.

#### Caidreamh leis an Scairshealbhóir

Tá Ervia ag feidhmiú go neamhspleách óna Mháthair-Roinn (an Roinn Tithíochta, Pleanála, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta). Bíonn Energia gníomhach i mbun comhairliúcháin ar bhonn leanúnach in éineacht lena Mháthair-Roinn de réir mar a éilítear sa reachtaíocht agus sa Chód.

#### Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Ní raibh aon leas ag na Comhaltaí Boird in Ervia ná a chuid fochuideachtaí i rith na bliana. Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí saor ó aon chaidrimh ghnó nó eile a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu, nó a d'fhéadfadh go mba chosúil go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách.

Féadfaidh comhaltaí Boird stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin a bheith acu nó spéis a bheith acu i gcuideachtaí tríú páirtí, lena n-áirítear bainc agus institiúidí airgeadais, ar féidir go ndéanfadh cuid acu sin (nó a bhfochuideachtaí), mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, idirbhearta le Ervia ar bhonn neamhspleách. Déanann na comhaltaí Boird go léir aon leas a nochtadh agus déanann siad iad féin a scaoileadh ó phlé agus cinntí Boird sa chás go mbíonn siad faoi choimhlint nó go mbíonn leas díreach nó indíreach de réir an Chóid acu. I gcásanna mar sin, coimeádtar taifead ar leithligh (nach bhfuil rochtain ag an gComhalta Boird) air.

#### Measúnú Feidhmiúcháin

Faomhann an Bord buiséad bliantúil a thacaíonn leis na pleananna corparáideacha. Déantar measúnú bliantúil ar fheidhmiú iarbhír i gcomparáid leis an bplean agus buiséad. Tugtar breithniú cuimsitheach sna hAthbhreithnithe Oibriúcháin agus Airgeadais ar leathanaigh 32 agus 50.

#### Taifid Chuntasaíochta

Creideann na comhaltaí Boird gur chuir siad córais agus acmhainní cuí ar fáil, lena n-áirítear pearsanra oiriúnach cáilithe cuntasaíochta a cheapadh ag a bhfuil taithí oiriúnach, chun cuntais chuí chuntasaíochta a choinneáil ar fud na heagraíochta d'fhonn oibleagáid Ervia a chomhlíonadh. Tá leabhair cuntais Ervia á gcoinneáil ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

#### Iniúchóir Seachtrach

Fuarthas toiliú ón Aire chun Deloitte Ireland CDT a cheapadh mar iniúchóir seachtrach do Ghrúpa Ervia, lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann, do na blianta 2019-2021, agus fuarthas toiliú breise ón Aire chun síneadh a chur leis an gceapachán do na blianta 2022 agus 2023.

Fuarthas toiliú ón Aire chun KPMG a cheapadh mar iniúchóirí ar Ervia i leith aon chuntais a d'ullmhaigh Ervia, nó i ndáil le Ervia, le linn agus/nó a bhaineann le haon tréimhse idir an tréimhse 01 Eanáir 2024 agus 31 Nollaig 2024.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Kevin Toland**
Cathaoirleach

**Keith Harris**
Comhalta den Bhord
Dáta: 29 Aibreán 2024



## Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Mar Chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia, tá áthas orm Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 a chur faoi bhur mbráid.



**Keith Harris**
*Cathaoirleach an Choiste*

De réir an struchtúir boird aonadaigh atá i bhfeidhm in Ervia, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ("an Coiste") bunaithe ag leibhéal Ghrúpa Ervia agus feidhmíonn sé ar son Ervia agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa"). Tugann an tuarascáil seo léargas ar obair an Choiste le 12 mhí anuas agus tugann sí eolas ar an mbealach ar chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí faoina Théarmaí Tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód").

Tá go leor ama caite ag an gCoiste le linn na bliana ar a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh. Bhí an Coiste i dteagmháil ar bhonn rialta leis an mbainistíocht shinsearach, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil an Ghrúpa. Anuas air sin, thug an Coiste faoi chlár iomlán athbhreithnithe ina chruinnithe i rith na bliana lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Agus a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta á chomhlíonadh aige, bíonn cruinnithe ar leith ar bhonn rialta ag Cathaoirleach an Choiste leis an ardbhainistíocht, le lucht na hiniúchóireachta inmheánaí, le lucht na bainistíochta riosca agus le hiniúchóir reachtúil an Ghrúpa.

#### Ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste ná tacú le Ervia i ndáil lena fhreagrachtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais
- Bainistíocht riosca
- Rialuithe Inmheánacha
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach
- Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta, frithchalaois, frithbhreabaireacht agus frithéilliú.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste le Bord Ervia maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste, agus faigheann an Bord miontuairiscí agus páipéir an Choiste ar fad. Leagtar amach go mion i dTéarmaí Tagartha an Choiste róil agus freagrachtaí an Choiste agus tá fáil orthu ar shuíomh gréasáin Ervia (www.ervia.ie). Déantar athbhreithniú orthu sin go bliantúil.

## Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ar lean)

### Comhaltaí

Tá ceathrar Comhaltaí neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin de chuid Bhord Ervia ar an gCoiste. Is é Bord Ervia, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, a dhéanann Comhaltaí an Choiste a cheapadh. Féach Tuarascáil an Bhoird ar leathanach 83 do shonraí maidir le ballraíocht agus le tinreamh ag cruinnithe sa bhliain 2023. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta an Ghrúpa.

### Tuairisciú Airgeadais

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar iomláine phróiseas ullmhúcháin Ráiteas Airgeadais an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar na breithiúnais tuairiscithe airgeadais atá iontu, thar ceann Bhord Ervia. Ullmhaíonn foireann airgeadais a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas cuí aici na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar na Dréachtráitis Airgeadais sular mhol siad go ndéanfadh an Bord iad a fhaomhadh. Chomh maith leis sin, rinne an Coiste athbhreithniú ar ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann sular fhaomh an fobhord iad. Rinne an Coiste oiriúnacht na mbeartas agus na gcaighdeán suntasach cuntasaíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas a úsáideadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, mar aon le soiléireacht agus críochnúlacht na nochtuithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a mheas. Rinne an Coiste plé ar na nithe sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais agus iniúchóir seachtrach.

### Bainistíocht Riosca

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Ghrúpa, ar fhorbairtí ó thaobh príomhrioscaí de agus ar sholáthar na próifíle riosca sprice, thar ceann Bhord Ervia, a chuireann ar a chumas do Bhord Ervia a dheimhniú gach bliain go bhfuil measúnú déanta aige ar phríomhrioscaí an Ghrúpa.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú, i gcomhpháirt leis an mbainistíocht shinsearach, an phróifíl riosca, a bheartais um bainistiú riosca, a neamhchosaintí ar rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach ar beag an seans go dtarlóidís, agus a inghlacthacht riosca is a spriocphróifíl, agus rinneadh seo chun go bhfaomhfadh Bord Ervia é. Rinne an Coiste athbhreithniú ar chuir i láthair ar shampla de rioscaí príomha, agus rinne plé leis an mbainistíocht shinsearach ar na rialuithe inmheánach ábhartha atá ann cheana leis na rioscaí sin a laghdú.

### Rialuithe Inmheánacha

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus a iomláine agus atá córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, agus as athbhreithniú a dhéanamh le fáil amach ar cuireadh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus an dtugann an córas sin réamhrabhadh cuí maidir le haon chlistí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Tá Ervia freagrach faoin gCód as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh ann i rith an ama agus go gcuirfear i bhfeidhm é. Déanann Ervia an fhreagracht seo a bhainistiú ar fud an ghnó tríd an ardbhainistíocht agus "an Fóram Dearbhaithe Comhtháite", ar grúpa bainistíochta é sin a bhailíonn fianaise ó na gníomhaíochtaí éagsúla rialaithe a dhéantar sa Ghrúpa d'fhonn íomhá chuimsitheach a chruthú de rialú agus riosca inmheánach. Tugann an Fóram Dearbhaithe Comhtháite tuiscint níos fearr ar na gníomhaíochtaí dearbhaithe atá i bhfeidhm agus déanann sé moltaí maidir le feabhas a chur orthu, le riosca a mhaolú agus maoirseacht rialachais a uasmhéadú agus chomh maith leis sin mar chuidiú chun aon bhearnaí sa dearbhú a aithint agus a réiteach.

### Iniúchadh Inmheánach

Tá an Coiste, thar ceann an Bhoird, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus scóip na feidhme iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear a phleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní d'fhonn a chinntiú gur féidir leis athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar oibriúchán rialuithe an Ghrúpa maidir le rioscaí suntasacha laistigh de chomhlacht an Ghrúpa.

Le linn 2023, rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean agus ar an obair a rinne foireann Iniúchóireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann agus ar na bearta a theastaíonn ón lucht bainistíochta dá bharr. Chuir Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann ar an eolas go minic maidir le torthaí athbhreithnithe na hiniúchóireachta inmheánaí. Chomh maith leis sin, chíor an Coiste dul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, lena n-áirítear nádúr, réim agus tráthúlacht a cuid freagraí. Rinne an Coiste athbhreithniú ar phlean bliantúil bunaithe ar riosca um iniúchadh inmheánach don bhliain 2024 agus ghlac sé leis, plean a chuimsíonn na hacmhainní a theastaíonn, agus rinne sé measúnú ar fhócas an iniúchta inmheánaigh a ailíniú leis na réimsí riosca is mó.

Le linn na bliana 2023, lean an comhlacht ar aghaidh leis an ionracas a chur chun cinn agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiompar eiticiúil ar fud na heagraíochta tríd an bhfeachtas 'An rud is fearr a dhéanamh' a chur i bhfeidhm.

Is éard atá san fheachtas roinnt tionscnamh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí ar shraith beartais chorparáideacha a bhaineann le heitic, trí oiliúint a chur ar fáil, trí chultúr 'labhairt amach' agus comhráite ráithiúla sláine a dhíríonn ar ábhair a bhaineann le sláine na huaire a chur chun cinn.



## Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ar lean)

### Iniúchadh Seachtrach

Is é an Coiste atá freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchta sheachtraigh. Rinne an Coiste monatóireacht ar iomláine ráitis airgeadais an Ghrúpa agus rinne sé athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus ar na saincheisteanna tuairiscithe airgeadais iontu, agus aird á tabhairt ar ábhair a chuireann an t-iniúchóir seachtrach in iúl dó. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar phleananna, tuairiscí agus torthaí an iniúchóra sheachtraigh maidir leis an iniúchadh, agus phléigh sé iad leis an iniúchóir. Rinne an Coiste athbhreithniú ar litir an iniúchóra sheachtraigh chuig an lucht bainistíochta tar éis an iniúchta agus ar na freagraí a thug an lucht bainistíochta.

Tá an Coiste freagrach freisin, thar ceann Bhord Ervia, as na tairiscintí iniúchóireachta a thionscnamh agus as an bpróiseas roghnúcháin don iniúchóir seachtrach agus ansin as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus íocaíocht an iniúchóra sheachtraigh. Déanann an Coiste bearta cuí lena chinntiú go gcoimeádtar caidreamh oibiachtúil gairmiúil leis an iniúchóir seachtrach.

Le linn na bliana, rinne an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchóra, agus mar chuid de sin rinneadh athbhreithniú ar:

- nádúr agus fairsinge na seirbhísí a sholáthraítear, agus na táillí a thuilltear, as obair iniúchóireachta agus obair neamh-iniúchóireachta a dhéanann an t-iniúchóir seachtrach.
- beartas an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamh-iniúchóireachta don Ghrúpa a chomhlíonadh trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamh-iniúchóireachta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo.
- dearbhuithe soláthartha ag an iniúchóir seachtrach maidir leis sin.

Le linn 2023, mhol an Coiste do Bhord Ervia go gceapfaí KPMG mar iniúchóirí seachtracha ar Líonraí Gáis Éireann do na blianta 2024 go 2026 le rogha síneadh suas le dhá bhliain eile de rogha an GNI amháin agus fuarthas toiliú ón Aire maidir leis an gceapachán seo.

Mhol an Coiste freisin do Bhord Ervia go gceapfaí KPMG mar iniúchóirí ar Ervia ar feadh aon tréimhse iniúchóireachta in 2024, de réir mar a d'éileofaí, toisc go bhfuiltear ag súil anois le go dtarlóidh an t-amlíne chun Ervia a chomhtháthú in GNI in 2024 de bhun an Bhille Gáis (Leasú) 2024 nuair a achtófar é. Fuarthas toiliú ón Aire freisin maidir leis an gceapachán seo.

Leagtar amach táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr i rith na bliana. Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh an iniúchóra sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus ghairmiúil. Tá an Coiste sásta go bhfuil Deloitte Ireland LLP idir neamhspleách agus oibiachtúil.

Déantar éifeachtacht an iniúchóra sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain. Dírítear sa mheasúnú ar réimsí amhail chomh stóinseach agus atá an próiseas iniúchóireachta, an fhoireann iniúchóireachta, cumarsáid agus rialachas. Bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán. Le linn na bliana, bhuail na hiniúchóirí seachtracha go príobháideach leis an gCoiste gan aon chomhaltaí bainistíochta i láthair.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (PIE) í fochuideachta de chuid Ervia, Líonraí Gáis Éireann, toisc go bhfuil fiach atá liostáilte ar mhargadh rialáilte aici. Mar thoradh air seo, ní fhéadfadh a iniúchóir ach na seirbhísí sin nach seirbhísí iniúchta a chur ar fáil a cheadaítear d'Eintitis Leasa Phoiblí i gcomhréir le Treoir AE (2006/43/EC arna leasú le Treoir 2014/56 AE). Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na rialach sin le linn na bliana. Cloíonn an Coiste go beacht leis an teorainn táille 70% do sheirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad a leagtar síos in Alt 4 de Rialachán (AE) Uimhir 537/2014.

### Éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht féin. Rinneadh an t-athbhreithniú go hinmheánach trí cheistneoirí féinmheasúnaithe don bhliain 2023 a chríochnú agus bhí an t-athbhreithniú go hiomlán sásúil.

Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:



**Keith Harris**
Cathaoirleach, An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
29 Aibreán 2024

# Ráitis airgeadais


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách chuig comhaltaí Ervia | 99 |
| Ráiteas faoi ioncam an ghrúpa | 101 |
| Ráiteas an ghrúpa faoi ioncam cuimsitheach eile | 102 |
| Clár comhardaithe an ghrúpa | 103 |
| Ráiteas an ghrúpa faoi athruithe sa chothromas | 104 |
| Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid | 105 |
| Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa | 106 |
| Ráiteas ioncaim na máthairchuideachta | 158 |
| Ráiteas na máthairchuideachta ar ioncam cuimsitheach eile | 159 |
| Clár Comhardaithe na máthairchuideachta | 160 |
| Ráiteas na máthairchuideachta faoi athruithe sa chothromas | 161 |
| Ráiteas na máthairchuideachta faoi shreafaí airgid | 162 |
| Nótaí le ráitis airgeadais na Máthair | 163 |




# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia

## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Ervia

Dar linne, tugann ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta:

- léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2023, agus ar bhrabús an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta don bhliain airgeadais dar críoch an dáta sin; agus
- rinneadh iad a ullmhú go cuí de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheangaltais na nAchtanna Gáis 1976 go 2009.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

ráitis airgeadais an Ghrúpa:
- Ráiteas faoi Ioncam Grúpa;
- Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 29, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

ráitis airgeadais na Máthairchuideachta:
- Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chothromas;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 30A go 30P, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1 de nótaí an Ghrúpa.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a bhí curtha i bhfeidhm i leith ullmhúchán ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ná an tAcht Gáis 1976 go 2009 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus cinntí cláir oibre de chuid Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), arna fhormhuiniú ag an AE, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta ag tosú ar an nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2023 ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Déantar cur síos thíos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa mhír *"Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais"* den tuarascáil seo.

Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta de réir na gceanglas eiticiúil a mbaineann leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Táimid tagtha ar an gconclúid, agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, gur cuí an úsáid atá bainte ag an mBord as prionsabal cuntasaíochta an leanúnachais in ullmhúchán na ráiteas airgeadais.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, nílimid i ndiaidh aon ábhar éiginnteachta ábharaí a aithint a bhaineann le himeachtaí ná tosca, ar leithligh nó i dteannta a chéile, a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón tráth a dtugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tugtar ár bhfreagrachtaí agus freagrachtaí an Bhoird maidir leis an ngnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### Eolas eile

Is éard atá san fhaisnéis eile ná faisnéis a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, diomaite de na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina dtaobh. Tá an Bord freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus ní chuirimid in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe uirthi, ach amháin má luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, dá bharr sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábharach leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas san iniúchóireacht nó an ndearnadh an fhaisnéis a thuairisciú go míchruinn go hábharach ar aon bhealach eile. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha nó tuairisciú míchruinn ábharach mar sin, tá sé de cheanglas orainn a dheimhniú an ndearnadh an fhaisnéis a thuairisciú go míchruinn go hábharach nó an ndearnadh an fhaisnéis eile a thuairisciú go míchruinn. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinnimid gur tugadh míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile sin, caithfimid é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia (ar lean.)

### Freagrachtaí an Bhoird

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sna Ráitis maidir le Freagrachtaí an Bhoird, tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugtar léargas cothrom fíor iontu. Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach chomh fada agus a chinnfidh sé gá a bheith leis ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábharach, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, tá an Bord freagrach as meastachán a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, más infheidhme sin, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as prionsabal cuntasaíochta an leanúnachais mura bhfuil sé i gceist aige an Grúpa agus an Mháthairchuideachta a leachtú nó deireadh a chur lena n-oibriúcháin, nó mura bhfuil aon dara rogha réasúnta ann ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Leibhéal ard dearbhaithe atá sa dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é i gcónaí go n-aimseoidh iniúchóireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míráiteas ábharach nuair is ann do cheann. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábharacha iad más féidir a bheith ag súil leo go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cuntas eile faoinár bhfreagrachtaí i leith féachaint chuige go ndéantar iniúchadh ar na ráitis airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údaráis Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financialstatements/. Tá an cur síos seo mar chuid de thuarascáil an iniúchóra.

### Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

#### Nithe ar gá dúinn iad a thuairisciú

Bunaithe ar an obair ar tugadh fúithi le linn na hiniúchóireachta, agus uirthi sin amháin, tugaimid tuairisc:

- Go bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha na hiniúchóireachta.
- Dar linn, ba leor taifid chuntasaíochta na Máthairchuideachta chun iniúchóireacht a dhéanamh go réidh agus mar is ceart ar na ráitis airgeadais.
- Tá ráitis airgeadais na Máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linn, tá an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.

#### Ábhair a bhfuil sé de dhualgas orainn iad a thuairisciú mar eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an nGrúpa agus an Máthairchuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níl aon mhíráiteas ábhartha aitheanta againn i dTuarascáil an Bhoird.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn a thuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas sin maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird, go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá againn mar thoradh ar an obair iniúchóireachta atá déanta againn ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

#### Ár dtuarascáil a úsáid

Is do chomhaltaí Ervia amháin, mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo, i gcomhréir le hAlt 15 den Acht Gáis 1976. Déanaimid ár n-obair iniúchta ionas gur féidir linn na hábhair sin a lua do chomhaltaí na Máthairchuideachta a bhfuil mar dhualgas againn iad a lua i dtuairisc iniúchóra agus chun na críocha sin amháin. Sna téarmaí is leithne agus is féidir a cheadaítear le dlí, ní dhéanaimid freagracht a admháil ná a ghlacadh d'aon ghrúpa seachas Ervia agus a chomhaltaí mar chomhlacht, as an obair iniúchta, as an tuairisc seo, ná as aon cheann de na tuairimí a tháinig muid orthu.

**Karen Goggin**
Le haghaidh agus thar ceann Deloitte Ireland CDT
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Uimh. 6 Cé an Lapaigh
Corcaigh
29 Aibreán 2024

Nótaí: Ní thugann iniúchadh deimhniú maidir le cothabháil agus ionracas an tsuímh gréasáin, lena n-áirítear na rialuithe a úsáidtear leis sin a bhaint amach, agus go háirithe, maidir lena ndearnadh athruithe ar na ráitis airgeadais ón am a foilsíodh ar dtús iad. Is faoi fhreagracht na mBord atá na hábhair sin ach ní féidir le haon nós imeachta rialaithe deimhniú iomlán a thabhairt sa réimse sin.

Tá an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.



# Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 Athshonraithe[1] €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 3 | **527,069** | 494,926 |
| Glanchostais oibriúcháin (dímheas agus amúchadh as an áireamh) | 4 | **(256,936)** | (274,317) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **270,133** | 220,609 |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | **(143,266)** | (141,727) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **126,867** | 78,882 |
| Ioncam airgeadais | 7 | **5,788** | 210 |
| Costais airgeadais | 7 | **(15,338)** | (14,426) |
| Glanchostais airgeadais | 7 | **(9,550)** | (14,216) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **117,317** | 64,666 |
| Cáin ioncaim | 8 | **(18,014)** | (11,470) |
| **Brabús don bhliain** | | **99,303** | 53,196 |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **99,303** | 53,196 |
| **Brabús don bhliain** | | **99,303** | 53,196 |

[1] Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Kevin Toland**
Cathaoirleach

**Keith Harris**
Comhalta den Bhord

29 Aibreán 2024
Dáta Faofa

# Ráiteas an Ghrúpa maidir le hIoncam Cuimsitheach Eile

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 Athshonraithe[1] €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | **99,303** | 53,196 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú mar bhrabús ná caillteanas:** | | | |
| Gnóthachain achtúireacha an phlean sochair sainithe | 18 | **13,176** | 107,175 |
| Atomhas sócmhainní pinsin eile | 18 | **1,136** | (2,506) |
| Costas cánach iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair sainithe | 8 | **(1,789)** | (13,084) |
| **Iomlán na míreanna nach ndéanfar a athaicmiú mar bhrabús ná caillteanas** | | **12,523** | 91,585 |
| | | | |
| **Míreanna a d'fhéadfadh a athaicmiú mar bhrabús nó caillteanas:** | | | |
| Difríochtaí aistrithe nuair a dhéantar fochuideachtaí eachtracha a chomhdhlúthú | | **1,120** | (2,711) |
| **Iomlán na nithe ar féidir iad a athaicmiú níos déanaí mar bhrabús nó caillteanas** | | **1,120** | (2,711) |
| | | | |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain** | | **13,643** | 88,874 |
| | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **112,946** | 142,070 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach iomlán curtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **112,946** | 142,070 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **112,946** | 142,070 |

[1] Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Kevin Toland**
Cathaoirleach

**Keith Harris**
Comhalta den Bhord

29 Aibreán 2024
Dáta Faofa



# Clár Comhardaithe an Ghrúpa

## amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 Athshonraithe[1] €'000 | 01-Ean-22 Athshonraithe[1] €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 9 | **2,435,612** | 2,434,460 | 2,470,170 |
| Réadmhaoine infheistíochta | 10 | **7,325** | 7,363 | - |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | **25,798** | 27,030 | 29,089 |
| Acmhainn sochair scoir | 18 | **13,620** | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **-** | 58 | 378 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **2,482,355** | 2,468,911 | 2,499,637 |
| | | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | | |
| Trádáil agus Infháltais Eile | 13 | **113,598** | 75,826 | 97,351 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa | 14 | **190,728** | 149,077 | 87,297 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | 14 | **35,341** | 40,248 | 46,348 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **218** | 912 | 896 |
| Sócmhainní cánach reatha | 8 | **8,822** | - | 249 |
| Fardail | 16 | **656** | 568 | 463 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **349,363** | 266,631 | 232,604 |
| | | | | |
| **Sócmhainní iomlána** | | **2,831,718** | 2,735,542 | 2,732,241 |
| | | | | |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | | |
| **Gnáthscaireanna** | | | | |
| Scairchaipiteal | | **-** | - | - |
| Tuilleamh coinnithe | | **(1,230,053)** | (1,146,481) | (1,031,520) |
| Cúlchiste aistrithe | | **(2,059)** | (939) | (3,650) |
| **Gnáthscaireanna iomlána** | | **(1,232,112)** | (1,147,420) | (1,035,170) |
| | | | | |
| **Dliteanais** | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 | **(724,584)** | (1,022,695) | (1,034,241) |
| Oibleagáidí leasa scoir | 18 | **-** | (10,721) | (108,804) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | **(148,293)** | (113,200) | (86,073) |
| Deontais | 20 | **(52,400)** | (57,971) | (64,883) |
| Soláthairtí | 21 | **(5,072)** | (5,905) | (6,198) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 22 | **(6,912)** | (7,859) | (15,751) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **-** | (111) | (189) |
| Dliteanais iarchurtha chánach | 8 | **(199,606)** | (194,507) | (185,710) |
| **Dliteanais neamhreatha ar an iomlán** | | **(1,136,867)** | (1,412,969) | (1,501,849) |
| | | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 | **(299,360)** | (219) | (1,188) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | **(12,958)** | (11,358) | (10,371) |
| Deontais | 20 | **(6,585)** | (6,590) | (6,638) |
| Soláthairtí | 21 | **(1,691)** | (1,511) | (1,613) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 22 | **(141,873)** | (153,338) | (174,988) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | **(272)** | (966) | (424) |
| Dliteanais chánach reatha | 8 | **-** | (1,171) | - |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(462,739)** | (175,153) | (195,222) |
| | | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,599,606)** | (1,588,122) | (1,697,071) |
| | | | | |
| **Caipiteal gnáthscaireanna agus dliteanais ar an iomlán** | | **(2,831,718)** | (2,735,542) | (2,732,241) |

[1] Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Kevin Toland**
Cathaoirleach

**Keith Harris**
Comhalta den Bhord

29 Aibreán 2024
Dáta Faofa

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | | Tuilleamh coinnithe €'000 | Cúlchiste aistrithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 01 Eanáir 2022 (mar a tuairiscíodh roimhe seo)** | | **(1,063,053)** | (3,650) | (1,066,703) |
| Tionchar an athraithe ar bheartas cuntasaíochta ar chúlchistí tosaigh[1] | | **31,533** | - | 31,533 |
| **Amhail an 01 Eanáir 2022 (mar a athshonraítear)** | | **(1,031,520)** | (3,650) | (1,035,170) |
| Brabús don bhliain, (mar a athshonraítear) | | **(53,196)** | - | (53,196) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **(91,585)** | 2,711 | (88,874) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain (mar a athshonraítear)** | | **(1,176,301)** | (939) | (1,177,240) |
| Aistriú faoi idirbheart rialaithe chomhchoitinn | 30O. | **(292)** | - | (292) |
| Díbhinní | 25 | **30,112** | - | 30,112 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022 (mar a athshonraítear)** | | **(1,146,481)** | (939) | (1,147,420) |
| Brabús don bhliain | | **(99,303)** | - | (99,303) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **(12,523)** | (1,120) | (13,643) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(111,826)** | (1,120) | (112,946) |
| Aistriú faoi idirbheart rialaithe chomhchoitinn | 30O. | **945** | - | 945 |
| Díbhinní | 25 | **27,309** | - | 27,309 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | **(1,230,053)** | (2,059) | (1,232,112) |

Gach ní inchurtha i leith úinéirí na Máthairchuideachta.

[1] Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 15 | **219,060** | 229,612 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | **(133,594)** | (136,656) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | **(6,629)** | (5,518) |
| Deontais faighte | 20 | **762** | 643 |
| Fáltas a bhaineann le díol na Roinne fuinnimh | 7 | **1,440** | - |
| **Airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(138,021)** | (141,531) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Íocaíocht costais eile mhaoinithe | 17 | **-** | (1,200) |
| Aisíocaíocht dliteanas léasa | 11 | **(239)** | (238) |
| Díbhinní íoctha | 25 | **(32,409)** | (30,112) |
| Aistriú faoi rialú comhchoiteann | 18 | **(12,202)** | - |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(44,850)** | (31,550) |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | 14 | **36,189** | 56,531 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 01 Eanáir | 14 | **189,325** | 133,645 |
| Éifeacht luaineachtaí sa ráta malairte ar airgead tirim atá á choinneáil | 14 | **555** | (851) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig** | 14 | **226,069** | 189,325 |

# Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa


| | |
|---|---|
| 1 | Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta |
| 2 | Faisnéis Rannóige |
| 3 | Ioncam |
| 4 | Glanchostais oibriúcháin (dímheas agus amúchadh as an áireamh) |
| 5 | Sochair Fostaithe |
| 6 | Dímheas agus Amúchadh |
| 7 | Glanchostais Airgeadais |
| 8 | Cáin |
| 9 | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 10 | Réadmhaoine Infheistíochta |
| 11 | Sócmhainní agus Dliteanais Léasa |
| 12 | Sócmhainní doláimhsithe |
| 13 | Trádáil agus Infháltais agus eile |
| 14 | Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim |
| 15 | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 16 | Fardal |
| 17 | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 18 | Oibleagáidí leasa scoir |
| 19 | Ioncam Iarchurtha |
| 20 | Deontais |
| 21 | Soláthairtí, Teagmhais agus Gealltanais Caipitil |
| 22 | Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile |
| 23 | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais |
| 24 | Tomhas Luacha Chóir |
| 25 | Díbhinní |
| 26 | Fochuideachtaí |
| 27 | Páirtithe Gaolmhara |
| 28 | Iartheagmhais |
| 29 | Athshonrú ar ráitis airgeadais an Ghrúpa 2022 |




## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

**Bunús an ullmhúcháin**
Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus a cuid fochuideachtaí (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. I gcomhréir le CITA, ní dhéantar comhdhlúthú ar ghnóthais neamhrialaithe (lean n-áirítear Uisce Éireann) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022, mar a leagtar amach i nóta 26.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta i gcomhréir leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (CITA) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus cinntí cláir oibre Choiste Léirmhíniúcháin CITA (IFRIC), agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta ag tosú an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, slánaítear iad go dtí an míle is gaire agus ullmhaítear iad ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha áirithe a thomhaistear ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. Is é an sainmhíniú a thugtar ar luach cóir ná an praghas a gheofaí as sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhleanúnach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin nuair a ghlactar le caighdeáin nua (mar atá leagtha amach thíos). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Leagtar amach thíos mionsonraí na mbreithiúnas cuntasaíochta is ábharthaí agus meastacháin curtha i bhfeidhm.

**Gnóthas Leantach**
Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Tá acmhainní airgeadais suntasacha ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta agus creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Grúpa i riocht maith chun a rioscaí a bhainistiú go rathúil, agus ag an am céanna ag tabhairt faoi deara staid glandliteanais reatha an Ghrúpa (€113m), a léiríonn Eorabhanna 3 (€300m) atá dlite le haisíoc i mí na Nollag 2024. Tá acmhainní suntasacha ar fáil ag an nGrúpa, lena n-áirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim dar luach €191 milliún atá ar fáil don ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €149 milliún) agus saoráidí bainc neamhtharraingthe geallta de €312 milliún amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €312 milliún). Tá níos mó sonraí faoi shuíomh leachtachta an Ghrúpa curtha ar fáil i nóta 23 (ii) leis na ráitis airgeadais sin.

Táthar ag súil go ndíscaoilfear Ervia in 2024, ar dháta i ndiaidh sínithe na Ráiteas Airgeadais, trí achtú an Bhille Gáis (Leasú) 2023 (an "Bille"). Aistreofar feidhmeanna, gníomhaíochtaí, sócmhainní agus dliteanais iarmharacha na Máthairchuideachta Ervia go Líonraí Gáis Éireann faoi idirbheart rialaithe chomhchoitinn agus dá bhrí sin, tá bunús an ghnóthais leantaigh fós oiriúnach don Mháthairchuideachta Ervia mar bhunús cuntasaíochta mar sin.

Agus an measúnú gnóthais leantaigh á chur i gcrích, chuir an Bord na príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí an Ghrúpa san áireamh, lena n-áirítear an t-ionradh atá ag dul ar aghaidh san Úcráin faoi láthair agus tionchair na hathraithe aeráide.

**Caighdeáin chuntasaíochta nua CITA i bhfeidhm don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023**
Rinne an Grúpa na leasuithe caighdeán seo a leanas a ghlacadh, leasuithe nach bhfuil aon tionchar ábhartha ag baint leo ar thorthaí ná ar nochtuithe ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Leasuithe ar CITA 17 Conarthaí árachais
- Leasuithe ar CITA 17 Conarthaí árachais: Iarratas Tosaigh CITA 17 agus CITA 9 – Eolas Comparáideach
- Leasuithe ar CIC 12 Cánacha Ioncaim Leasú Cánach Idirnáisiúnta—Rialacha Múnlaithe Colún a Dó[1]
- Leasuithe ar Chánacha Ioncaim CIC 12: Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais a eascraíonn as Idirbheart Amháin
- Leasuithe ar CIC 8, Beartais Chuntasaíochta, Athruithe i Meastacháin Chuntasaíochta agus in Earráidí Cuntasaíochta: Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta
- Leasuithe ar CIC 1, Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais, agus ar Ráiteas Cleachtais 2 an CITA: Beartais Chuntasaíochta a Nochtadh

[1] Tá feidhm ag na Rialacha Múnlaithe Colún a Dó maidir le grúpaí ilnáisiúnta fiontar nó grúpaí baile mórscála nuair a sháraíonn ioncam an ghrúpa €750 milliún in dhá cheann ar a laghad de na ceithre bliana fioscacha roimhe sin. Toisc nár sháraigh ioncam an Ghrúpa €750 milliún in dhá cheann ar a laghad de na ceithre bliana fioscacha roimhe sin níl feidhm fós ag Rialacha Múnlaithe Colún a Dó.

# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Caighdeáin agus léirmhínithe CITA nua nár glacadh leo fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl tacaíocht ón AE ina leith go fóill:

- Leasuithe ar CIC 21 Éifeachtaí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí: Easpa Inmhalartaitheachta
- Leasuithe ar CIC 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus ar CITA Ionstraimí Airgeadais 7: Nochtadh: Socruithe Airgeadais Soláthraithe
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais CIC 1: Dliteanais neamhreatha le Cúnaint
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais CIC 1: Dliteanais a aicmiú mar Dhliteanais Reatha nó Neamhreatha - Dáta éifeachta a Chur Siar
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais CIC 1: Dliteanais a aicmiú mar Dhliteanais Reatha nó Neamhreatha
- Leasuithe ar Léasanna CITA 16 - Dliteanas Léasa i nDíolachán agus in Aisléasú

Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ag baint le cur i bhfeidhm na leasuithe agus na bhfeabhsuithe bliantúla ar CITA thuas, ar eisiúint an 31 Nollaig 2023 ach gan éifeacht leo go fóill, ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

### Athrú deonach sa bheartas cuntasaíochta

Roimhe seo, chuir an Grúpa an beartas cuntasaíochta ioncaim seo a leanas i bhfeidhm, de réir CITA 15 Ioncam ó Chonarthaí, le haghaidh ranníocaíochtaí a fuarthas chun custaiméirí a nascadh leis an líonra gáis:

"Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara i ndáil le naisc leis an líonra gáis in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad i gcomhréir le comhlíonadh na n-oibleagáidí feidhmíochta. Aithnítear oibleagáidí feidhmíochta mar na hoibreacha nasctha agus déantar an t-ioncam uaidh sin a aithint thar am de réir mar a chuirtear na hoibreacha nasctha i gcrích."

Bhí gá le breithiúnas i bhfeidhmiú an bheartais chuntasaíochta roimhe seo, chun a chinneadh go raibh críochnú na n-oibreacha ceangail ina oibleagáid feidhmíochta ar leith, rud a d'fhág gur aithníodh na hioncaim ranníocaíochta thar chríochnú an cheangail. Tugann an Grúpa faoi deara go ndearnadh an réimse breithiúnais chuntasaíochta seo a bhreithniú laistigh den ghairm chuntasaíochta, agus dhá scoil smaointeoireachta ann maidir le cibé acu an bhfuil na hoibreacha ceangail ina n-oibleagáidí feidhmíochta ar leith, ag brath ar an measúnú maidir le cibé acu an bhfuil seirbhísí líonra amach anseo "ar fáil go héasca" i gcomhréir le CITA 15. Is é an dearcadh eile atá ann ná nach bhfuil seirbhísí líonra amach anseo "ar fáil go héasca" i gcomhréir le CITA 15, bunaithe ar an measúnú go bhfuil oibreacha ceangail nasctha go dlúth le soláthar seirbhísí líonra amach anseo, rud a fhágann go n-aithnítear na hioncaim a bhaineann le ranníocaíocht cheangail thar shaolré mheasta an cheangail.

Mar gheall ar na riachtanais shuntasacha chun cumhacht bhreise a ghiniúint ar an leibhéal náisiúnta, tá sé beartaithe ag an nGrúpa líon mór ceangal maoinithe ag custaiméirí a sheachadadh thar na cúig bliana atá amach romhainn. Bhain an Grúpa de thátal as gur cheart athrú ar bheartas cuntasaíochta a ghlacadh i gcomhréir le CIC 8, chun ioncam neamhrialaithe a bhaineann le ranníocaíocht cheangail a aithint thar an tréimhse ina soláthraítear seirbhísí líonra amach anseo, bunaithe ar an mbreithiúnas athbhreithnithe nach oibleagáid feidhmíochta ar leith iad na hoibreacha ceangail, i gcomhréir le CITA 15. Tá an Grúpa den tuairim go soláthróidh an t-athrú ar bheartas cuntasaíochta faisnéis níos léirsteanaí ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa, toisc go mbeidh an phróifíl athbhreithnithe aitheantais ioncaim níos ionadaí ar an gcaidreamh custaiméirí agus go soláthróidh sé inchomparáideacht níos fearr le cuideachtaí piaraí.

Cuireadh an t-athrú sa bheartas cuntasaíochta san áireamh go cúlghabhálach mar a éilítear faoi CIC 8 agus rinneadh an tréimhse roimhe sin a athshonrú chun an t-athrú sin a léiriú. Mar athrú ar bheartas cuntasaíochta, ceanglaítear ar an nGrúpa tréimhsí roimhe seo a athshonrú i gcomhréir le CIC 8.

Ba é tionchar an athraithe ar bheartas cuntasaíochta ar thorthaí airgeadais 2023 ná ioncam agus brabús roimh cháin a laghdú faoi c. €18m agus an muirear cánach sa bhliain reatha a laghdú faoi €2.25m. Ba é an tionchar a bhí ag 2023 ar chothromas ná laghdú €15.75m mar thoradh ar mhéadú €18m ar ioncam iarchurtha agus laghdú ar an dliteanas cánach de €2.25m.



# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Léiríonn an tábla achoimre thíos tionchar an athraithe ar bheartas cuntasaíochta ar iarmhéideanna tosaigh amhail an 1 Eanáir 2022 agus an 1 Eanáir 2023:

| | Tionchair ar Chlár Comhardaithe Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2022 | Tionchair ar Ráiteas Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 | Tionchair ar Chlár Comhardaithe Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2023 |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Dliteanais** | | | |
| Méadú ar ioncam iarchurtha | (36,038) | (3,674) | **(39,712)** |
| Méadú ar dhliteanais chánach iarchurtha | 4,505 | 459 | **4,964** |
| **Laghdú Iomlán ar Ghlansócmhainní** | (31,533) | (3,215) | **(34,748)** |
| Gnáthscaireanna | | | |
| Laghdú ar thuilleamh coinnithe | 31,533 | 3,215 | **34,748** |
| **Laghdú ar Chothromas Iomlán** | 31,533 | 3,215 | **34,748** |

Féach nóta 29 le haghaidh sonraí maidir le héifeacht an athraithe seo ar bheartas cuntasaíochta ar gach mír líne ráitis airgeadais an Ghrúpa amhail an agus don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022.

### Eolas faoi Bheartas Cuntasaíochta Ábhartha

a) Bunús an Chomhdhlúthaithe

**Fochuideachtaí**

Is ionann fochuideachtaí agus eintitis atá rialaithe ag an nGrúpa. Tá smacht ann nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar thorthaí inathraitheacha an eintitis de bharr an bhaint atá aige leis agus a bhfuil sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na tuairisceáin sin trína chumhacht thar an eintiteas, nó nuair atá cearta ag an nGrúpa chun na torthaí inathraitheacha sin. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

**Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe**

Faightear réidh le hiarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/costais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Faightear réidh le gnóthachain neamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i gcomparáid leis an infheistíocht sa mhéid agus atá leas ag an nGrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

**Comhcheangail ghnó**

Úsáidtear an modh éadála le cuntas a dhéanamh ar chomhcheangail ghnó ar an dáta éadála, (i.e. nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa).

Déantar dea-thoil a thomhas ar an dáta éadála mar:

- luach cóir na comaoine arna haistriú, móide
- méid aitheanta aon leasanna neamhrialaitheacha san eintiteas arna fháil, móide
- má bhaintear amach an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir leas reatha cothromais an eintitis san eintiteas arna fháil, lúide
- glanmhéid aitheanta na sócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus na ndliteanas arna nglacadh.

Nuair atá an barrachas deimhneach, aithnítear gur dea-mhéin atá ann. Nuair atá an barrachas diúltach, déantar an brabús ó cheannach sladmhargaidh a aithint láithreach bonn sa chuntas brabúis nó caillteanais. Cláraítear costais a bhaineann le héadáil, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**Cailliúint rialaithe**
Nuair a chailltear smacht, dí-aithníonn an Grúpa sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta agus aon ghnéithe de chothromas a bhaineann leis an bhfochuideachta. Aithnítear i mbrabús nó caillteanas aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn nuair a chailltear smacht.

**Aistriú sócmhainní agus dliteanas ó eintiteas faoi rialú comhchoiteann**
Nuair a aistrítear sócmhainní agus dliteanais idir eintitis atá faoi rialú comhchoiteann ag dáta an aistrithe, ní dhéantar na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, déantar iad a thomhas bunaithe ar na luachanna anonn. Áirítear leis na difríochtaí idir an chomaoin a íocadh agus luach anonn scartha na sócmhainní agus dliteanais (amhail dáta an idirbhirt) a fuarthas i gcothromas mar ranníocaíocht chaipitil. Léiríonn suim tugtha anonn na sócmhainní ar dháta an idirbhirt aon chaillteanais lagaithe.

b) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh
**Aithint**
Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanas carntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais dhíchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú. Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

**Caiteachais ina dhiaidh sin**
Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír de réadmhaoin, fearas agus trealamh a athsholáthar, i suim ghlanluacha na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag baint leis an mír san am atá le teacht chuig an nGrúpa, agus más féidir an costas a thomhas go hiontaofa. Déantar suim ghlanluacha na coda athsholáthartha a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil ar réadmhaoin, fearas agus trealamh sa chuntas brabúis nó caillteanais de réir mar a aithnítear iad.

**Dímheas**
Dímheasann míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil lena n-úsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíluacháil, lúide an costas iarmharach measta, de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta. Dímheastar sócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|---|---|
| Píblínte dáileacháin | 60 bliain |
| Píblínte tarchurtha (arna rialú i dTuaisceart Éireann) | 25 bliain |
| Píblínte tarchurtha (arna rialú i bPoblacht na hÉireann) | 40 bliain |
| Stáisiúin chomhbhrúiteora | 20 bliain |
| Tuirbíní | 30,000 - 48,000 uair an chloig |
| Méadair | 15 bliain |
| Foirgnimh | 40 bliain |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní atá á dtógáil. Déantar athbhreithniú ar an modh dímheasa, ar shaolréanna fónta agus ar luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

**Costais iasachta**
Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn nach mór cuid mhór ama a chaitheamh ar a hullmhú lena húsáid bheartaithe nó lena díol. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó áit ar cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fada ama.



## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

c) Réadmhaoine Infheistíochta
Áirítear le Réadmhaoin Infheistíochta foirgneamh oifige agus láithreáin oibreacha gáis toraidh nach bhfuil in úsáid ag an nGrúpa. Sealbhaítear réadmhaoine infheistíochta ag costas stairiúil lúide a ndímheas agus lagú carntha. Ní dhéantar aistrithe chuig (nó ó) réadmhaoin infheistíochta ach amháin nuair atá athrú ar úsáid. Cuirtear aistrithe go (nó ó) réadmhaoin infheistíochta ó (nó go) réadmhaoin faoi úinéireacht san áireamh ag costas stairiúil lúide a ndímheas agus lagú carntha. Déantar réadmhaoine infheistíochta a dhí-aithint nuair a fhaightear réidh leo nó nuair a bhaintear iad go buan ó úsáid agus níltear ag súil le leas eacnamaíoch amach anseo óna ndiúscairt.

d) Sócmhainní Doláimhsithe
**Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt**
Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach araon.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear sócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíonann siad sainmhíniú sócmhainn doláimhsithe CIC 38 alt 8 agus na critéir aitheanta in CIC 38 alt 21-23. Cuimsíonn an caiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá n-úsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntas go gcomhlíonann na costais na critéir in CIC 38 i gcomhair caipitlithe.

**Amúchadh sócmhainní doláimhsithe**
Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir méid chothroim sa chuntas brabúis nó caillteanais thar a saol fóinteach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile a amúchadh, de réir méid chothroim, thar a saol fóinteach measta suas le seacht mbliana.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna fóinteacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

**Costais iasachta**
Féach beartas cuntasaíochta b) thuas.

e) Bearnúchán Sócmhainní
Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta
Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol fóinteach éiginnte ag baint leo nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, agus dea-mhéin a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

**Sócmhainní nach bhfuil faoi réir dímheasa/amúchta**
Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní sin ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin orthu. Más ann do chomhartha bearnúcháin, ansin meastar méid inaisghabhála na sócmhainne.

**Caillteanas bearnúcháin a aithint**
Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ann ar féidir a aithint astu féin (aonaid giniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid trína sáraíonn suim glanluacha sócmhainne a méid inaisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as diúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Maidir le caillteanais bhearnúcháin a aithnítear i dtaobh AGAnna, déantar iad a leithdháileadh ar dtús chun an méid glanluacha d'aon dea-thoil a leithdháiltear ar an AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a bhaint amach ar mhéid glanluacha na sócmhainní eile san AGA ar bhonn pro rata.

# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**Caillteanas bearnúcháin a mhalartú**
Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní aisiompaítear caillteanas bearnúcháin ach sa mhéid nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha, glan ó dhímheas ná amúchadh, mura aithníodh aon chaillteanas bearnúcháin.

Déantar aisiompú caillteanais bearnúcháin le haghaidh AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, seachas cáilmheas, ar bhonn pro rata le suimeanna glanluacha na sócmhainní sin. Aithnítear ídiú sa chuntas brabúis nó caillteanais. Agus úsáid á baint as suim ghlanluacha athbhreithnithe na sócmhainne déantar soláthar do dhímheas/amúchadh de réir méid chothroim thar an saol fóinteach a mheastar a bheith fágtha ag an tsócmhainn.

f) Airgeadra Eachtrach
Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta chomh maith.

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Aithnítear sa chuntas brabúis nó caillteanais an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a thagann chun cinn tar éis an aistrithe a dhéanamh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta in airgeadra eachtrach a dhéantar a thomhas ar chostas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Déantar na difríochtaí malairte nuair a dhéantar na glansócmhainní oscailte a aistriú arís, agus na torthaí, a aithint san ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe).

g) Ioncam
Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialaithe agus neamhrialaithe, a thagann ioncaim an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus déanann an Grúpa cothabháil ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann sé seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, oibríonn an Grúpa agus tá sé ina úinéir ar an dá phíblíne idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra aige i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsítear ioncam ó léasa oibriúcháin le hioncam an Ghrúpa freisin, a aithnítear i gcomhréir le CITA 16 (féach pointe h thíos).

Déantar ioncam a thomhas bunaithe ar an gcomaoin a measann an Grúpa go mbeidh sé ina teideal i gconradh le custaiméir, agus ní áirítear méideanna a bhailítear ar son tríú páirtithe. Aithníonn an Grúpa ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, mar a leagtar amach iad sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neambhilleáilte) thar am de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta arb é acmhainn líonra a sholáthar, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtearraí ar bhonn an tréchuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméara.

Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara i ndáil le ceangail leis an líonra gáis in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad thar shaolré an cheangail. Tá breithiúnas ag teastáil chun a chinneadh cibé acu an bhfuil críochnú na seirbhísí ceangail difriúil ó sholáthar seirbhísí iompair líonra amach anseo. Bhain an Grúpa de thátal as nach seirbhísí ar leith iad na ceangail agus na seirbhísí iompair agus, dá bhrí sin, aithnítear ranníocaíochtaí ceangail custaiméara mar ioncam thar am de thairbhe go soláthraímid rochtain ar an líonra gáis. Scaoiltear ioncam ó cheangail chórais tarchurtha chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse cúig bliana déag agus scaoiltear ioncam ó cheangail chórais dáileacháin chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse seacht mbliana. Féach athrú deonach sa nóta leis an mbeartas cuntasaíochta.

Má mheastar nach gcomhlíontar na critéir um aithint ioncaim le haghaidh conartha, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dóchúil inbhailitheacht. Más gá, déantar méid na comaoine geallta a lascainiú chun gné mhaoinithe an idirbhirt a léiriú agus cuirtear an foirceannadh úis i láthair go bliantúil mar chreidmheas don ráiteas ioncaim.



# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU). In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam rialaithe "ceadaithe" a bheith róghnóthaithe nó tearcghnóthaithe sa bhliain. Mar shampla, mar chuid dár gcomhaontú rialála, tá an Grúpa i dteideal aon tearc-aisghabháil de chostais faoi bhealach áirithe a ghnóthú amhail crapadh ar chóras gáis trí coigeartuithe ar tharaif ioncaim amach romhainn. Féadfar aon tearc-aisghabháil d'ioncam "ceadaithe" a chur san áireamh, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar coigeartú, áfach, do ró-aisghabhálacha nó tearc-aisghabhálacha sa bhliain ina n-eascraítear iad mar tá na haisghabhálacha faoi réir athruithe taraife amach romhainn atáthar a chur i bhfeidhm do sheirbhísí iompair san am atá romhainn agus mar sin de, níl a leithéid de choigeartuithe i dteideal aitheantais mar shócmhainní nó dliteanais ag an dáta tuairiscithe.

h) Léasanna
**An Grúpa mar Léasaí**
Aithnítear léasanna mar shócmhainn cirt úsáide agus dliteanas comhfhreagrach ag an dáta a bhfuil an tsócmhainn léasaithe ar fáil le húsáid ag an nGrúpa. Agus tús á chur le conradh, déanann an Grúpa a mheas cé acu atá nó nach bhfuil léas i gceist nó an bhfuil léas mar chuid de chonradh. Má thugann an conradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú ar feadh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin, aithnítear mar léas é.

Chun measúnú a dhéanamh ar an gceart chun sócmhainn a rialú, measann an Grúpa na rudaí seo a leanas:
- an bhfuil sócmhainn inaitheanta sa chonradh
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa tairbhí eacnamaíocha den tsócmhainn ar fad nach mór a fháil
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa an tsócmhainn a oibriú ar feadh tréimhse an chonartha.

Déantar dliteanas an léasa (curtha i láthair laistigh 'd'Iasachtaí agus fiach eile') a thomhas ar dtús ar ghlanluach láithreach na n-íocaíochtaí léasa. Áirítear íocaíochtaí léasa atá le déanamh faoi roghanna sínidh réasúnta cinnte i dtomhas an dliteanais freisin. Lascainítear na híocaíochtaí léasa ag úsáid an ráta úis intuigthe sa léas. Mura féidir an ráta sin a chinneadh go héasca, mar a tharlaíonn i gcoitinne le léasanna sa Ghrúpa, úsáidtear ráta iasachta incriminteach an léasaí, is é sin an ráta a bheadh ar an léasaí aonair a íoc chun na cistí is gá a fháil ar iasacht d'fhonn sócmhainn ar luach comhchosúil leis an sócmhainn cirt úsáide i dtimpeallacht eacnamaíochta chomhchosúil le téarmaí, slándáil agus coinníollacha comhchosúla a fháil.

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir príomhchostas agus costas airgeadais. Le linn théarma an léasa, leithdháiltear an costas airgeadais do gach tréimhse ar mhaithe le ráta úis tréimhsiúil rialta ar an dliteanas gan íoc a fháil.

Maidir le sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo (a chuirtear i láthair in 'Réadmhaoin, gléasra agus trealamh'), déantar iad a thomhas ar aitheantas tosaigh ar a gcostas lena gcuimsítear iad seo a leanas:
- méid an tomhais tosaigh ar dhliteanas léasa
- aon íocaíochtaí léasa a rinneadh ag an dáta tosaigh nó roimhe sin lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas, aon chostas díreach tosaigh, agus
- costais athchóirithe.

Déantar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo a thomhas ina dhiaidh sin ag costas lúide caillteanais fhabhraithe dímheasa agus lagaithe. Cuirtear CIC 36 i bhfeidhm lena dhearbhú an bhfuil sócmhainn ceart úsáide bearnaithe agus cuntais an Ghrúpa d'aon chaillteanas bearnaithe aitheanta mar a dhéantar cur síos air i bpolasaí E Lagú sócmhainní.

Go ginearálta, déantar dímheas ar shócmhainní cirt úsáide thar shaolré úsáideach ní ba ghiorra na sócmhainne agus an téarma léasa de réir méid chothroim. Má tá an Grúpa réasúnta cinnte rogha ar cheannach a feidhmiú, déantar dímheas ar an tsócmhainn cirt úsáide thar shaolré úsáideach na sócmhainne foluití.

I dtaobh léasanna atá gearrthéarmach (is lú an téarma léasa agus 12 mhí) agus ar luach íseal (is lú ná €5,000 luach na sócmhainne nuair atá an tsócmhainn nua), aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chaiteachas oibriúcháin de réir méid chothroim thar théarma an léasa, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Ní raibh a leithéid de léasanna ag an nGrúpa le linn na tréimhsí tuairiscithe nó na tréimhsí comparáideachta.

# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**An Grúpa mar Léasóir**

Déantar léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasóir ina leith a aicmiú mar léasanna airgeadais nó oibriúcháin. Aon uair a dhéanann téarmaí an léasa na rioscaí agus sochair a bhaineann le húinéireacht a aistriú chuig an léasaí, déantar an conradh a aicmiú mar léas airgeadais. Déantar gach léas eile a aicmiú mar léas oibriúcháin.

Déanann an Grúpa comhaontuithe léasa agus é ina léasóir i dtaca le cuid dá réadmhaoine infheistíochta agus dá phíblínte, agus déantar na léasanna sin a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Déantar ioncam cíosa ó léasanna oibriúcháin píblíne a aithint mar ioncam de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa chuí, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Aithnítear ioncam cíosa ó réadmhaoine infheistíochta in "ioncam eile" de réir an mhéid chothroim. Déantar costais dhíreacha thosaigh, a tabhaítear i rith an phróisis idirbheartaíochta agus socraithe don léas oibriúcháin, a chur le méid anonn na sócmhainne léasaithe agus déantar iad a aithint de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Déantar na méideanna atá iníoctha ag léasaithe faoi léasanna airgeadais a aithint mar infháltais ag méid atá comhionann leis an nglaninfheistíocht a rinne an Grúpa sna léasanna. Déantar ioncam ó léasanna airgeadais a leithdháileadh ar thréimhsí cuntasaíochta ionas go bhfreagróidh siad do ráta fáltais tréimhsiúil buan ar ghlaninfheistíocht amuigh an Ghrúpa i dtaca leis na léasanna sin.

Nuair a chuimsíonn conradh gnéithe léasa agus neamhléasa, cuireann an Grúpa i bhfeidhm CITA 15 chun an chomaoin faoin chonradh a leithdháileadh ar gach gné.

i) Oibleagáidí Leasa Scoir

Oibríonn an Grúpa scéimeanna pinsin sochair sainithe agus ranníocaíochta sainithe araon.

**Scéim pinsin sochair sainithe**

Scéim sochair iarfhostaíochta is ea scéim sochair shainithe seachas plean ranníocaíochta sainithe, a dtugtar eolas ina leith thíos.

I gcás scéimeanna a bhfuil sochar sainithe ag baint leo, úsáidtear Modh na n-Aonad Réamh-mheasta Creidmheasa leis an gcostas as sochair a chur ar fáil a mheas. Cuirtear athbhreithnithe achtúireacha i gcrích ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear lasmuigh den chuntas brabúis nó caillteanais iad agus cuirtear i láthair iad in ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear an costas iar-sheirbhíse láithreach. Déantar an costas seirbhíse reatha agus gnóthachain agus caillteanais ar réitigh agus ciorrúcháin a mhuirearú ar chostais oibriúcháin, nó ar sholáthairtí i gcásanna ina ndearnadh soláthar ar dtús i gcomhar na gcostas bainteach mar chuid de sholáthar athstruchtúraithe a aithint. Cuirtear an ráta lascaine i bhfeidhm ar an nglandliteanas sainithe nó ar an nglansócmhainn shainithe ag tús na tréimhse chun an glanchostas úis ar phinsin a ríomh.

Is ionann an oibleagáid sochair scoir arna aithint sa chlár comhardaithe luach reatha an oibleagáid sochair sainithe le haghaidh na scéime agus luach cóir shócmhainní na scéime.

Aithnítear luach cóir na gceart aisíocaíochta nuair atá an Grúpa i dteideal an costas a bhaineann le seirbhís inphinsin roimhe a fháil ar ais ó chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí nuair a dhéanann fostaithe incháilithe a dteidlíochtaí a bhaineann le seirbhís inphinsin – a thagann as seirbhís i gcomhlachtaí eile san earnáil phoiblí – a aistriú chuig scéim Ervia, i gcomhréir le Líonra Aistrithe don Earnáil Phoiblí, atá faoi rialú ag Alt 4 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963.

**Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe**

Is ionann scéim ranníoca shainithe agus scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh, agus ní bheidh aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar an eintiteas méideanna breise a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.





# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)



j) Deontais

Aithnítear deontas mar dhliteanas sa chlár comhardaithe ar dtús nuair atá ráthaíocht réasúnta ann go gheofar é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis. Aithnítear na deontais ioncaim, atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú, sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaolré úsáideach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil.

k) Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha

Déanann an Grúpa a nochtuithe ar dhliteanais theagmhasacha a mheas maidir le dlíthíocht atá ar feithimh nó maidir le héilimh eile fós le réiteach a bhaineann le socrú de thoradh idirbheartaíochta, idirghabháil, eadráin nó rialachán Rialtais. Aithnítear foráil nuair is dócha go bhfuil oibleagáid ann ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith i ndiaidh anailís chúramach a dhéanamh ar an gceist ar leith. Áirítear ar anailís measúnú a dhéanamh ar a dhóchúla atá sé go n-éireoidh le héileamh ar feithimh, nó go mbeidh aon dliteanas ann, agus an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar.

Aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha ábhair ar oibleagáidí féideartha iad nó nach gcomhlíonann na critéir aitheantais i gcomhair soláthair, ach amháin más beag an fhéidearthacht go n-aistreofar tairbhí eacnamaíochta.

B'fhéidir go n-athródh soláthair amach anseo de bharr forbairtí nua agus de réir mar a bhíonn faisnéis nua ar fáil. D'fhéadfadh sé nach ionann na costais iarbhír sa phróiseas meastóireachta agus an soláthar measta rud a léireodh an neamhchinnteacht bhunúsach sa phróiseas meastacháin seo. Nochtar sonraí na bhforálacha i nóta 21.

l) Fardail

Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle costais is túisce isteach is túisce amach (FIFO) i gcomhréir le Fardail CIC 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is ionann glanluach inréadaithe agus an praghas díola iarbhír nó measta lúide na costais go léir atá le tabhú roimh an díolachán. Déantar soláthar sonrach le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

m) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

**Ionstraimí airgeadais díorthacha**

Is iad réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh an t-aon ionstraim airgeadais dhíorthach a bhíonn in úsáid ag an nGrúpa chun a nochtadh ar rioscaí malairte eachtraí a bhainistiú. Déantar tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a nochtadh i nóta 23.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta a dhéantar conradh díorthach agus déantar iad a atomhas ina dhiaidh sin go dtí a luach cóir ar gach dáta tuairiscithe. Déantar gnóthachain nó caillteanais a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais láithreach, ach amháin más ionstraim fhálaithe shainithe agus éifeachtach iad. Sa chás sin, braitheann uainiú an aitheantais sa chuntas brabúis nó caillteanais ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Cé go ndéantar díorthach a bhfuil luach cóir dearfach aige a aithint mar shócmhainn airgeadais, déantar díorthach a bhfuil luach cóir diúltach aige a aithint mar dhliteanas airgeadais. Ní dhéantar díorthaigh a fhritháireamh sna ráitis airgeadais ach amháin má bhíonn an ceart agus cuspóir dlíthiúil ag an nGrúpa é sin a dhéanamh. Déantar díorthach a chur i láthair mar shócmhainn neamhreatha nó mar dhliteanas neamhreatha más amhlaidh go bhfuil aibíocht na hionstraime atá fágtha níos mó ná 12 mhí agus mura bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar é a réadú nó a shocrú laistigh de 12 mhí.

**Iasachtaí**

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis aitheantais tosaigh, luaitear iasachtaí ag costas amúchta ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtaigh.

**Trádáil agus Infháltais Eile**

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear trádáil agus infháltais eile ar dtús ag an bpraghas idirbhearta atá infhála agus, ina dhiaidh sin, iompraítear iad ag an luach sin, mar nach bhfuil aon chomhpháirt shuntasach mhaoinithe ann, lúide liúntas cuí le haghaidh na gcaillteanas creidmheasa a mbeifí ag súil leo. Úsáidtear múnla don chaillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis thar shaolré na sócmhainne chun foráil a dhéanamh maidir le caillteanais lagaithe, agus aithnítear an laige a bhfuiltear ag súil léi mar chostas sna caiteachais oibriúcháin. Áit is gá, cuirtear rátaí caillteanais ionchais i bhfeidhm chun an méid caillteanais creidmheasa ionchais a ríomh, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, ar phróifíl an fhiachais de réir téarmaí. Cuirfear san áireamh mar chuid de sin tosca maicreacnamaíocha amach anseo agus tosca a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe.

**Méideanna dlite ó fhochuideachtaí (Máthairchuideachta)**
Glactar gur sócmhainní airgeadais neamhdhíorthaigh na méideanna atá dlite ó fhiontar fochuideachtaí nach luaitear in aon mhargadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad sa trádáil reatha agus infháltais eile ar chlár comhardaithe na Máthairchuideachta, ach amháin dóibh siúd a bhfuiltear ag súil le go mbaileofar iad níos mó ná dhá mhí dhéag i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe, a chuirtear san áireamh leis an trádáil neamhreatha agus infháltais eile. Déantar iad sin a thaifeadadh ar dtús ag praghas an idirbhearta agus ina dhiaidh sin tá cuntas orthu ag an gcostas amúchta lúide an caillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis.

Déantar bearnúchán a mheasúnú ag baint úsáide as múnla an chaillteanais chreidmheasa a bhfuiltear ag súil leis. Agus an caillteanas mar gheall ar laige á mheas, déantar na méideanna dlite ó fhochuideachtaí a choinneáil mar mhéideanna in-aisíoctha ar éileamh, infháltais a bhfuil riosca creidmheasa íseal ag baint leo agus méideanna a bhfuil méadú suntasach tagtha ar an riosca creidmheasa ón am ar aithníodh ar dtús iad. Agus caillteanas creidmheasa ionchais á shocrú, tugtar aird ar fheidhmíocht stairiúil chomh maith le faisnéis réamhbhreathnaitheach don fhochuideachta ábhartha, lena n-áirítear réamhaisnéisí mionsonraithe maidir le sreafaí airgid lascainithe nuair is cuí, agus tosca maicreacnamaíocha.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Ar fáil don ghrúpa
Cuimsíonn airgead tirim airgead ar láimh agus taiscí éilimh. Is éard atá i gcoibhéisí airgid ná infheistíochtaí fíorleachtacha gearrthéarmacha is féidir a chomhshó go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus a bhíonn faoi réir riosca neamhshuntasach maidir le hathruithe ar luach agus go gcoimeádtar iad chun críocha gealltanais gearrthéarmacha maidir le hairgead tirim a bhaint amach seachas d'infheistíocht nó chun críocha eile. Nuair atá na coinníollacha agus an intinn ann i leith fritháirimh, cuirtear iarmhéideanna airgid thirim agus iarmhéideanna rótharraingthe le chéile agus cuirtear an t-iarmhéid chomhcheangailte sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

Taiscí srianta
Airgead tríú páirtí atá i gceist le taiscí srianta, a shealbhaítear iad faoi shocruithe sláine nó rialála airgeadais, agus nach bhfuil ar fáil chun críoch oibriúcháin faoi Chód Oibriúcháin LGÉ, ná nach sealbhaítear iad ach an oiread chun gealltanais airgid thirim ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Coinnítear an t-airgead i gcuntais taisce le bainc, comhlíonann an t-airgead an sainmhíniú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

**Trádáil agus suimeanna iníoctha eile**
Déantar iníocthaigh trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith, agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

**Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL)**
Déantar sócmhainní airgeadais a aicmiú mar FVTPL nuair (i) atá an tsócmhainn airgeadais á coimeád le haghaidh trádála, (ii) nuair atá an tsócmhainn sainithe mar FVTPL nó (iii) nuair comaoin theagmhasach atá sa tsócmhainn a d'fhéadfadh éadálaí a íoc mar chuid de chomhcheangal gnó lena mbaineann CITA 3.

Déantar sócmhainní airgeadais ag FVTPL a shonrú ag a luach cóir le haon ghnóthachain nó caillteanais a eascraíonn ó atomhas á aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar luach cóir a shocrú sa bhealach atá sainithe i nóta 24.

**Dliteanais chonartha dearbhaithe airgeadais**
Is ionann conradh dearbhaithe airgeadais agus conradh ina bhfuil gá ag an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc as caillteanas a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad le híoc de réir téarmaí ionstraim fiachais.



## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déantar dliteanais chonartha dearbhaithe airgeadais a thomhas ar dtús ag a luachanna córa agus, mura bhfuil siad ainmnithe mar FVTPL agus mura dtagann siad ó aistriú sócmhainne, déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin an méid níos airde dóibh seo a leanas:

- Méid an liúntais caillteanais arna shocrú de réir CITA 9 (féach sócmhainní airgeadais thuas).
- An méid a sainaithníodh ar dtús lúide, nuair is cuí, amúchadh carnach a sainaithníodh de réir na mbeartas aitheantais ioncaim a leagtar amach thuas.

N) Glanioncam/Glanchostais Airgeadais
Cuimsítear le costais airgeadais ús éifeachtach ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthair (a aithnítear má mheastar go bhfuil siad ábhartha), gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais agus ghlanchostais úis pinsin. Úsáidtear modh an úis ghlain le costais iasachta nach bhfuil go díreach inchurtha i leith ceannach, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithe a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais. Cuirtear an ráta lascaine i bhfeidhm ar an nglandliteanas sainithe nó ar an nglansócmhainn shainithe ag tús na tréimhse chun an glanchostas úis ar phinsin a ríomh.

Cuimsíonn ioncam airgeadais gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais atá aicmithe mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais nó aon ioncam úis ar chistí infheistithe. Déantar ioncam úis a aithint de réir mar a bhfabhraíonn sé i mbrabús nó caillteanas, ag baint úsáide as modh an úis ghlain.

Cuirtear i láthair coigeartuithe luacha chóir ar ionstraimí maoinithe atá ainmnithe ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas mar ioncam airgeadais nó mar chostais airgeadais, mar is cuí.

o) Cáin Ioncaim
Cuimsíonn speansas cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach i ngnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuil súil leo a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go n-iompóidh difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánacha agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh den chuid is mó roimh an dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabúis inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear foráil le haghaidh na nithe sin dá bhfuil an socrú cánach éiginnte, ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach ann amach anseo. Déantar na forálacha a thomhas ag an meastachán is fearr den mhéid a bhfuiltear ag súil lena éirí iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach sa Ghrúpa, á thacú ag taithí roimhe maidir le gníomhaíochtaí mar sin agus, i gcásanna áirithe, bunaithe ar chomhairle neamhspleách chánach.

p) Brabús Oibriúcháin
Luaitear an brabús oibriúcháin roimh na glanchostais airgeadais agus cánachas.

q) Idirbhearta rialála coiteanna
Tugtar cuntas ar idirbhearta idir eintitis faoi rialú comhchoiteann ar luach seilbhe, agus aithnítear aon difear idir sin agus an chomaoin a d'íoc/a fuarthas i gcothromas mar ranníoc/dáileadh caipitiúil.

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

r) Bearta Neamh-GAAP
Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iasachtaí iomlána agus fiachais eile coigeartaithe i gcomhair tionchar fálaithe luacha chóir lúide taiscí airgid. Úsáideann an Grúpa na bearta neamh-GAAP seo chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus airgeadas a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do scairshealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara eachtracha.

**Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta**
Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm aige, éilítear ar an nGrúpa meastacháin (méideanna airgeadaíochta sna ráitis airgeadais atá faoi réir neamhchinnteachta tomhais), boinn tuisceana agus breithiúnais áirithe a dhéanamh a gcreideann sé iad a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Déantar iad sin a mheasúnú agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá an Grúpa tar éis a mhachnamh a dhéanamh ar an gcoimhlint atá fós ag dul ar aghaidh idir an Rúis agus an Úcráin agus an neamhchinnteacht eacnamaíoch atá de ann dá dheasca agus í ag dul ar aghaidh go fóill, luaineacht praghsanna gáis mórdhíola is cúis léi, agus neamhchinnteacht sa mhargadh fuinnimh chomh maith le brúnna bhoilscithe ar chostais. Rinne an Grúpa impleachtaí an athraithe aeráide ar a chuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí a mheas, leagtar amach tuilleadh eolais thíos.

Bíonn tionchar ag na meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais atá ann ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Ar bhonn leanúnach, úsáideann an Grúpa modhanna éagsúla lena mheastacháin a mheasúnú: taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile ar meastar iad a bheith réasúnach sna tosca áirithe atá ann. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin seo, agus déantar a dtionchar siúd a aithint sa tréimhse ina dtagann na fíricí is cúis leis an athbhreithniú chun solais.

(i) Breithiúnais chriticiúla le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm
Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla seachas iad sin a bhaineann le meastacháin (a ndéileáiltear leo astu féin thíos) atá déanta ag an nGrúpa agus na beartais chuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**(a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil**
D'fhéadfadh breithiúnais shuntasacha a bheith ag teastáil maidir le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabhála (oibriúchán) araon ann. Tá beartais, rialúcháin agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an nGrúpa chun na rioscaí a mhaolú go ndéanfaí caiteachas neamh-incháilithe a chaipitliú.

**(b) Seirbhísí ceangail agus seirbhísí iompair líonra**
Is gá breithiúnas a thabhairt i bhfeidhmiú bheartas cuntasaíochta ioncaim an Ghrúpa maidir le ranníocaíochtaí custaiméirí ceangail líonra, chun a chinneadh an bhfuil críochnú na n-oibreacha ceangail ina oibleagáid feidhmíochta ar leith ó sheirbhísí iompair líonra amach anseo. Tugann an Grúpa faoi deara go ndearnadh an réimse breithiúnais chuntasaíochta seo a bhreithniú laistigh den ghairm chuntasaíochta, agus dhá scoil smaointeoireachta ann maidir le cibé acu an bhfuil na hoibreacha ceangail ina n-oibleagáid feidhmíochta ar leith, ag brath ar an measúnú maidir le cibé acu an bhfuil seirbhísí líonra amach anseo "ar fáil go héasca" i gcomhréir le CITA 15. Is é an dearcadh eile atá ann ná nach bhfuil seirbhísí líonra amach anseo "ar fáil go héasca" i gcomhréir le CITA 15, bunaithe ar an measúnú go bhfuil oibreacha ceangail nasctha go dlúth le soláthar seirbhísí iompair líonra amach anseo. Bhain an Grúpa de thátal as nach oibleagáid feidhmíochta ar leith iad oibreacha ceangail agus, dá bhrí sin, aithnítear ranníocaíochtaí custaiméirí ceangail líonra mar ioncam thar shaolré mheasta an cheangail de réir mar a chuirtear seirbhísí líonra ar fáil.

(ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin
Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí maidir leis an am atá le teacht agus maidir leis na príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas taobh istigh den bhliain seo chugainn.

**(a) Sócmhainní bonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó**
Amhail an 31 Nollaig 2023, ba é €2,468.7 milliún comhiomlán shócmhainní réadmhaoine, gléasra agus trealaimh, réadmhaoine infheistíochta agus shócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa (2022: €2,468.8 milliún), arbh é sin tromlach



## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

shócmhainní an Ghrúpa. Dá bhrí sin, tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a rinneadh leis an luach a dheimhniú ríthábhachtach sna ráitis airgeadais mar gheall go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag inaisghabháilteacht na méideanna, nó a heasnamh sin, ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo.

Aithníonn an Grúpa muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2023: €143.3 milliún agus 2022: €141.7 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas a bhaineann le réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saol ionchais eacnamaíoch úsáideach.

I gcás réadmhaoine, gléasraí agus trealaimh go háirithe, tá gá le breithiúnas suntasach chun saolréanna fóinteacha measta (UELs) le haghaidh sócmhainní a shocrú, atá bunaithe ar thaithí, ionchais don am atá le teacht agus fachtóirí eile. Leagtar amach sna polasaithe cuntasaíochta seo an saol fóinteach measta le haghaidh aicmithe sócmhainní móra. Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shaol fóinteach sócmhainní go bliantúil agus déantar aon athrú atá ag teastáil a choigeartú go hionchasach. Cuimsítear leis an athbhreithniú sin breithniú ar uaillmhianta an Ghrúpa maidir le dícharbónú agus breithniú ar bheartais agus ar phleananna Rialtais i réimse an ghnímh ar son na haeráide agus spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Creidimid go leanfaidh ár líonra gáis de ról criticiúil a bheidh aige maidir le slándáil, iontaofacht agus inacmhainneacht fuinnimh a choinneáil i ndiaidh 2050, chomh maith le cur le spriocanna laghdaithe astaíochtaí gáis ceaptha teasa trí ghual agus ola a chur as áit na giniúna leictreachais. Tá an Grúpa den tuairim go bhfuil saolréanna na sócmhainní aitheanta an meastachán is fearr fós ar shaol fóinteach na sócmhainní. Mar gheall ar a thábhachtaí agus atá an infheistíocht sócmhainní don Ghrúpa, d'fhéadfadh éagsúlachtaí idir saol fóinteach eacnamaíoch iarbhír agus measta tionchar a imirt ar thorthaí san am atá le teacht, tionchar dearfach nó diúltach. . Níor aithin an Grúpa, san am atá caite, aon athruithe ar shaol fóinteach a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin. Féach nóta 9 le haghaidh anailís íogaireachta ar an tionchar dá nglacfaí leis go mbeadh saolré fhóinteach eacnamaíoch níos giorra i gceist le haghaidh ghléasra, phíblíne agus innealra an Ghrúpa.

**(b) Oibleagáidí leasa scoir**
Tugtar lascaine ar shreafaí airgid sochair réamh-mheasta an Ghrúpa atá ina mbonn taca lena oibleagáid leasa scoir ag ráta a shocraítear trí thagairt do thorthaí margaidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar bhannaí corparáide d'ardcháilíocht. Tá gá le breithiúnas suntasach nuair atáthar ag socrú critéar do bhannaí a bheadh ináirithe don phobal óna dtagann an cuar toraidh. Is iad na critéir is tábhachtaí a mheastar le bannaí a roghnú ná méid eisithe na mbannaí corparáide, cáilíocht na mbannaí agus aitheantas na n-asluiteach atá fágtha amach. Tá gá le breithiúnas suntasach chomh maith nuair a bhíonn an cuar toraidh á dhíorthú ag téarmaí níos faide, ós rud é go bhfuil líon na mbannaí corparáide ardcháilíochta fadreathacha tearc ag faid níos faide. Sonraítear íogaireachtaí i nóta 18 maidir leis na príomhthoimhdí a úsáidtear chun dliteanais na scéime a thomhas.

**(c) Forálacha agus dliteanais eile**
Baineann neamhchinnteacht sa mheastachán le measúnaithe a dhéantar ar na torthaí airgeadais de staideanna tráchtála agus dlíthiúla neamhchinnte, agus is gá breithiúnas, meastachán agus toimhdí a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh is dóchúla á mheas, bunaíonn an Grúpa a mheastachán ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar thosca ábhartha eile ar creidtear iad a bheith réasúnta faoi mar a sheasann cúrsaí. Mar sin tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe chun déanamh cinnte go bhfreagraíonn na méideanna arna bhfabhrú don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Grúpa sa deireadh. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar an bhforáil a éilítear san am atá le teacht mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a chuirtear faisnéis bhreise ar fáil. De bharr nádúr na bhforálacha sin agus neamhchinnteacht an mheastacháin atá i gceist, ní mheastar é a bheith praiticiúil anailís íogaireachta bhreise a dhéanamh ar na méideanna seo.

(iii) Athrú Aeráide
Leanann an Grúpa ar aghaidh lena mheasúnú a fhorbairt maidir leis an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar na sócmhainní agus dliteanais ina ráitis airgeadais. Breithníodh tionchar an athraithe aeráide i roinnt réimsí agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, go háirithe maidir le luacháil na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh atá ag an nGrúpa, mar a thuairiscítear in (a) thuas.

Creideann an Grúpa go bhfuil ról soiléir aige maidir le dul i ngleic le spriocanna astaíochtaí neodracha trí athrú fuinnimh éifeachtach a éascú trí thograí a fhorbairt chun an líonra gáis a dhícharbónú agus leanúint de shreafaí gáis sábháilte agus iontaofa a sholáthar, den tslándáil fuinnimh a chaomhnú agus de ghás a sholáthar go héifeachtúil do chustaiméirí.

# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 2. Faisnéis Rannóige

Le linn 2015, d'aistrigh an Mháthairchuideachta an fiachas ar fad chuig a fochuideachta a ionchorpraíodh díreach ansin, Líonraí Gáis Éireann. Dá bharr sin, níl an Grúpa laistigh de raon feidhme Dheighleoga Oibriúcháin CITA 8 a thuilleadh, ach tá rogha déanta ag an nGrúpa an fhaisnéis rannóige seo a leanas a chur i láthair.

| Rannóg | Suíomh geografach | Cur síos ar tháirgí agus sheirbhísí |
|---|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | Éire agus an RA | Forbraíonn, oibríonn agus cothabhálann gnó Líonraí Gáis Éireann na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann siad seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, is le rannóg gnó Líonraí Gáis Éireann an dá phíblíne Idirnascaire gháis idir Albain agus Éire, a dhéanann an rannóg a oibriú. Tá sócmhainní bonneagair líonra ag an rannóg i dTuaisceart Éireann agus in Oileán Mhanann. Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha a thagann ioncam an Ghrúpa.<br><br>Tá gnó Aurora Telecom, a sholáthraíonn bonneagar leathanbhanda snáithín optúil dhorcha ardchaighdeáin, mar chuid den rannóg seo chomh maith. |
| Máthairchuideachta Ervia | Éire | Cuireadh scaradh dlíthiúil idir Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann i bhfeidhm amhail Eanáir 2023, agus mar sin níor cuireadh aon seirbhís idirbhirt agus tacaíochta ar fáil d'Uisce Éireann sa bhliain 2023. Bhí costais seirbhíse idirbheartaíochta agus tacaíochta a chuir máthairchuideachta Ervia ar fáil do Líonraí Gáis Éireann le linn na mbliana 2023 comhdhéanta de Sheirbhísí Grúpa teoranta agus costais pinsin.<br><br>Déantar costais i dtaobh Ervia a athmhuirearú ar Líonraí Gáis Éireann. Tá costais oibriúcháin na rannóige seo leagtha amach thíos glan ó na hathmhuirir agus is é atá iontu go príomha ná costais phinsin nach costais airgid thirim iad. |

### (a) Ioncam de réir ionaid gheografaigh

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 Athshonraithe[1] |
|---|---|---|
| Éire | **488,037** | 456,954 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **39,032** | 37,972 |
| **Iomlán** | **527,069** | 494,926 |

[1] Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Áirítear le hioncam iomlán an Ghrúpa ioncam €143.9 milliún (2022: €131.8 milliún), €87.9 milliún (2022: €82.6 milliún) agus €61.5 milliún (2022: €50.8 milliún) a tháinig chun cinn ó dhíolacháin leis na trí chustaiméir is mó atá ag an nGrúpa.

### (b) Caiteachas Caipitiúil

| | Breiseanna caipitil le réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 9) | | Breiseanna caipitil le sócmhainní doláimhsithe (nóta 12) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
| Líonraí Gáis Éireann | **142,099** | 130,832 | **5,735** | 3,688 |
| Máthairchuideachta Ervia | **-** | - | **-** | - |
| **Iomlán** | **142,099** | 130,832 | **5,735** | 3,688 |



# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 2. Faisnéis Rannóige (ar lean)

### (c) Sócmhainní neamhreatha de réir ionaid gheografaigh

| | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | **2,126,749** | 2,120,026 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | **341,986** | 348,827 |
| **Iomlán** | **2,468,735** | 2,468,853 |

Is ionann sócmhainní neamhreatha chun na críche seo agus réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe. Eisiatar ionstraimí airgeadais díorthacha.

| | | | a | | | b | a + b = c |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líonraí Gáis Éireann (Torthaí reachtúla) | Comhdhlúthú agus díothú | Líonraí Gáis Éireann (Torthaí deighleoige) | Máthairchuideachta Ervia (Torthaí reachtúla) | Comhdhlúthú agus díothú | Máthairchuideachta Ervia (Torthaí deighleoige) | Grúpa Ervia (Torthaí reachtúla |
| | 2023 €'000 | 2023 €'000 Nóta (i) | 2023 €'000 | 2023 €'000 | 2023 €'000 Nóta (ii) | 2023 €'000 | 2023 €'000 |
| Ioncam | **527,069** | **-** | **527,069** | **-** | **-** | **-** | **527,069** |
| Glanchostais oibriúcháin | **(253,674)** | **-** | **(253,674)** | **(3,262)** | - | **(3,262)** | **(256,936)** |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin roimh amúchadh agus dhímheas (EBITDA)** | **273,395** | **-** | **273,395** | **(3,262)** | **-** | **(3,262)** | **270,133** |
| Dímheas agus amúchadh | **(147,132)** | **3,866** | **(143,266)** | **-** | **-** | **-** | **(143,266)** |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin** | **126,263** | **3,866** | **130,129** | **(3,262)** | **-** | **(3,262)** | **126,867** |
| Ioncam airgeadais | **4,065** | **-** | **4,065** | **20,592** | **(18,869)** | **1,723** | **5,788** |
| Costais airgeadais | **(15,297)** | **-** | **(15,297)** | **(41)** | **-** | **(41)** | **(15,338)** |
| **Glan(chostais)/ioncam airgeadais** | **(11,232)** | **-** | **(11,232)** | **20,551** | **(18,869)** | **1,682** | **(9,550)** |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | **115,031** | **3,866** | **118,897** | **17,289** | **(18,869)** | **(1,580)** | **117,317** |

# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 2. Faisnéis Rannóige (ar lean)

| | Líonraí Gáis Éireann (Torthaí reachtúla) 31-Noll-23 €'000 | Comhdhlúthú agus díothú 31-Noll-23 €'000 Nóta (i) | a Líonraí Gáis Éireann (Torthaí deighleoige) 31-Noll-23 €'000 | Máthairchuideachta Ervia (Torthaí reachtúla) 31-Noll-23 €'000 | Comhdhlúthú agus díothú 31-Noll-23 €'000 Nóta (iii) | b Máthairchuideachta Ervia (Torthaí deighleoige) 31-Noll-23 €'000 | a + b = c Grúpa Ervia (Torthaí reachtúla 31-Noll-23 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | 2,515,348 | (46,613) | 2,468,735 | - | - | - | 2,468,735 |
| Acmhainn sochair scoir | - | - | - | 13,620 | - | 13,620 | 13,620 |
| Sócmhainní eile | 347,104 | - | 347,104 | 690,839 | (688,580) | 2,259 | 349,363 |
| **Sócmhainní iomlána** | 2,862,452 | (46,613) | 2,815,839 | 704,459 | (688,580) | 15,879 | 2,831,718 |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,023,944) | - | (1,023,944) | - | - | - | (1,023,944) |
| Dliteanais eile | (582,336) | 8,288 | (574,048) | (1,896) | 282 | (1,614) | (575,662) |
| **Dliteanais iomlána** | (1,606,280) | 8,288 | (1,597,992) | (1,896) | 282 | (1,614) | (1,599,606) |
| **Glansócmhainní** | 1,256,172 | (38,325) | 1,217,847 | 702,563 | (688,298) | 14,265 | 1,232,112 |
| **Glanfhiachas** | (835,539) | | (835,539) | 2,323 | - | 2,323 | (833,216) |

Nóta (i): Roimhe seo, bhí sócmhainní áirithe ann a bhí faoi réir diúscairtí laistigh den ghrúpa chuig eintitis i nGrúpa Líonraí Gáis Éireann ag an luach margaidh le tuairisciú thar a nglanluach de réir na leabhar ag dáta a ndíolta. Ó thaobh Ghrúpa Ervia de, rinneadh na gnóthachain inghrúpa neamhréadaithe a dhíbirt ar chomhdhlúthú nuair a díoladh na sócmhainní gaolmhara le heintitis laistigh de Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann. Mar gheall ar sin, déantar an dímheas ardaithe a aithnítear i ráitis airgeadais Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann a dhíbirt ar chomhdhlúthú (2023: €3.9 milliún, 2022: €3.9 milliún). Ba é luach anonn na sócmhainní ábhartha a áiríodh i ráitis airgeadais Ghrúpa Líonra Gáis Éireann, atá faoi réir díothú ar chomhdhlúthú, ná €46.6 milliún amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €50.5 milliún). Ba é an dliteanas cánach iarchurtha ar na sócmhainní sin, faoi réir díothú ar chomhdhlúthú, ná €8.3 milliún amhail ar an 31 Nollaig 2023 (2022: €7.8 milliún).

Nóta (ii): Déantar an díbhinn €18.9 milliún inghrúpa a d'fhógair Líonraí Gáis Éireann don Mháthairchuideachta Ervia don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 a dhíbirt ag leibhéal Ghrúpa Ervia (2022: €20.1 milliún).

Nóta (iii): Le linn na bliana 2023, déantar na sócmhainní seo a leanas ar le Máthairchuideachta Ervia iad a dhíothú nó a athaicmiú (frítháireamh) ar chomhdhlúthú:

- Déantar infheistíocht €688.3 milliún Mháthairchuideachta Ervia i Líonraí Gáis Éireann a dhíothú in aghaidh ghlansócmhainní (cothromas) Líonraí Gáis Éireann. Féach ar nóta 30G.
- Déantar infháltas idirchuideachta €0.2 milliún Mháthairchuideachta Ervia a fhaightear ó Líonraí Gáis Éireann a dhíothú in aghaidh an dliteanais chomhfhreagraigh i nGrúpa Líonraí Gáis Éireann. Féach ar nóta 30H.
- Glantar dliteanas cánach reatha na Máthairchuideachta Ervia de €0.06m in aghaidh sócmhainne cánach reatha Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann.

# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 3. Ioncam

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 Athshonraithe[1] |
|---|---|---|
| Rialaithe | **485,172** | 448,845 |
| Neamhrialáilte – conarthaí iompair | **21,333** | 25,336 |
| Neamhrialáilte – conarthaí nua nasc | **7,874** | 7,547 |
| Neamhrialaithe – eile | **12,690** | 13,198 |
| **Iomlán** | **527,069** | 494,926 |

[1] Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Tá Ervia páirteach sa Líonra Aistrithe don tSeirbhís Phoiblí (PSTN). Tá an PSTN á rialú ag alt 4 den Acht Aoisliúntas agus Pinsean, 1963. Cuireann sé ar a gcumas d'fhostaithe incháilithe a dteidlíochtaí seirbhíse inphinsin a aistriú chuig scéim Ervia. Is iad na teidlíochtaí sin a thagann as seirbhís le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí atá páirteach. Maidir leis an gcostas a bhaineann leis an tseirbhís inphinsin roimh ré sin a mhaoiniú, tá Ervia i dteideal an costas sin a aisghabháil ó na comhlachtaí poiblí ábhartha i gcomhréir leis an bhforáil sa PSTN nuair a íoctar na sochair aoisliúntais ábhartha le haghaidh fostaithe. Rinne Ervia €0.2 milliún a aisghabháil i maoiniú le linn na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2023, rinne achtúire na scéime luach cóir na gceart aisíocaíochta a luacháil ag €6.7 milliún faoi bhoinn tuisceana CIC 19. Meastar gurb é sin luach na n-oibleagáidí gaolmhara faoi láthair (2022: €5.6 milliún).

Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Déanann an Grúpa ranníoc i leith Scéim Ranníocaíochta Sainithe Ervia thar ceann a fostaithe. Cuirtear na costais seo faoi mhuirear an ráiteas ioncaim agus nochtar iad i nóta 5.

Teagmhas Iar-chláir Comhardaithe

Táthar ag súil go dtabharfar atheagrú an Ghrúpa Ervia chun críche in 2024, le hachtú an Bhille Gáis (Leasú) 2023. Déanfaidh an reachtaíocht foráil do dhíscaoileadh Ervia agus d'aistriú a shócmhainní agus a dhliteanais chuig Líonraí Gáis Éireann ar lá an aistrithe, lena n-áirítear Scéim Aoisliúntais Ervia.

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 19. Ioncam Iarchurtha

| | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 €'000 Athshonraithe[1] |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(124,558)** | (96,444) |
| Faighte | **(48,839)** | (39,527) |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **12,118** | 11,413 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **28** | - |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(161,251)** | (124,558) |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | **(148,293)** | (113,200) |
| Reatha | **(12,958)** | (11,358) |
| **Iomlán** | **(161,251)** | (124,558) |

[1] Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Déantar ranníocaíochtaí custaiméirí ó cheangail nua, a fhaightear roimh ré, a thaifeadadh ar dtús mar ioncam iarchurtha. Ansin scaoiltear na ranníocaíochtaí sin chuig an ráiteas ioncaim mar ioncam leanúnach de réir mar a chuirtear rochtain ar an líonra gáis ar fáil.

### 20. Deontais

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | **(64,561)** | (71,521) |
| Is infhaighte sa bhliain | **(762)** | (1,061) |
| Amúchta | **6,581** | 6,615 |
| Arna chur chun sochair an ráitis ioncaim | **42** | 670 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | **(285)** | 736 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(58,985)** | (64,561) |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(52,400)** | (57,971) |
| Reatha | **(6,585)** | (6,590) |
| **Iomlán** | **(58,985)** | (64,561) |

Níl aon choinníollacha nár comhlíonadh ag gabháil le deontais a aithnítear sa ráiteas ioncaim. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh deontais éirí in-aisíoctha mura gcloífí leis na coinníollacha a leagadh síos sna comhaontuithe deontais. Níl an Grúpa ag súil go dtiocfaidh imthosca mar sin chun cinn agus níor aisíocadh deontais sa bhliain airgeadais reatha nó sa bhliain airgeadais roimh ré.

Deontais €0.8 milliún infhaighte i gcomhair 2023 (2022: €1.1 milliún) a bhain le maoiniú deontais ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin (INEA) chun staidéar ar obair a dhéanamh maidir le Gabháil Carbóin, idir úsáid agus stóráil, i leith infheistiú a dhéanamh i stáisiúin Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite agus bonneagar a bhaineann le Bithghás chomh maith le beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt i dtaca le Teicneolaíocht Oibríochtúil Gáis Líonraí Gáis Éireann. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais sin fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.



## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 21. Soláthairtí, Teagmhais agus Gealltanais Caipitil

#### Soláthairtí

| | Athstruchtúrú €'000 | Éilimh fhéinára-chaithe €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir 2023** | **(25)** | **(7,391)** | **(7,416)** |
| Soláthairtí déanta | **-** | **(447)** | **(447)** |
| Soláthairtí úsáidte | **25** | **1,075** | **1,100** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **-** | **(6,763)** | **(6,763)** |

Anailísithe mar seo a leanas:

| | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|
| Neamh-reatha | **(5,072)** | (5,905) |
| Reatha | **(1,691)** | (1,511) |
| **Iomlán** | **(6,763)** | (7,416) |

Athstruchtúrú

Le linn 2013, d'fhógair Grúpa Ervia clár deonach téarfa agus luathscoir le haghaidh fostaithe a chomhlíon critéir cháilitheacha áirithe. Rinne an Grúpa íocaíochtaí foirceanta €0.025m ar an gcomhiomlán le linn 2023 maidir le 1 fhostaí amháin a chuaigh ar scor faoi théarmaí an chláir. Rinneadh na dliteanais sin a urscaoileadh go hiomlán in 2023.

Éilimh fhéinárachaithe

Tá féinárachas ag an nGrúpa maidir le héilimh áirithe chun díobháil agus damáiste a ghnóthú. Tá an fhoráil ann ag deireadh na bliana le haghaidh na gcostas measta a bhaineann le teagmhais atá i ndiaidh tarlú suas go dtí an 31 Nollaig 2023. Déantar na híocaíochtaí de réir mar a réitítear na cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Mar gheall ar na cineálacha éilimh atá i gceist níltear cinnte faoi dháta an tsocraithe ach measann an Grúpa go mbeidh an chuid is mó d'éilimh socraithe faoi 2025.

Teagmhais

Tá dliteanais theagmhasacha i dtaobh deontais nochta i nóta 20.

Bíonn an grúpa faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go mbíonn gné éiginnteachta ag gabháil le himeachtaí ar bith den sórt sin, ní mheasaimid go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach na n-imeachtaí sin sa deireadh ar thorthaí an Ghrúpa ó oibríochtaí, ar shreafaí airgid oibriúcháin ná ar ghlanseasamh airgeadais.

Gealltanais chaipitil

| | 2023 €'milliún | 2022 €'milliún |
|---|---|---|
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | **98** | 87 |

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 22. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha trádála | **(18,943)** | (19,055) |
| Speansais fhabhraithe | **(78,349)** | (73,157) |
| Suimeanna iníoctha eile | **(31,437)** | (49,587) |
| Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh | **(20,056)** | (19,398) |
| **Iomlán** | **(148,785)** | (161,197) |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | **(6,912)** | (7,859) |
| Reatha | **(141,873)** | (153,338) |
| **Iomlán** | **(148,785)** | (161,197) |
| | | |
| Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh | | |
| ÍMAT/árachas sóisialta | **(2,225)** | (2,002) |
| CBL | **(17,831)** | (17,396) |
| **Iomlán** | **(20,056)** | (19,398) |

### 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

**Conarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha airgeadra**
Chuaigh an Grúpa i mbun conarthaí i malairt eachtrach i dtaca le híocaíochtaí soláthraithe (atá i ndollair SAM agus i steirling) agus i dtaca le fálú oibriúcháin atá bunaithe ar steirling. Tá aibíochtaí ag na conarthaí seo a shíneann chomh fada le 2024. Ní dhearnadh na trádálacha a bhí i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2023 a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

**Aicmithe cuntasaíochta agus luachanna córa**
Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- méideanna anonn na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an méid anonn geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

Féach ar nóta 24 le haghaidh nochtuithe faoi CITA 13 maidir le tomhas luachanna córa.



## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | Ordlathas luachanna córa | FVTPL €'000 | Costas amúchta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | | | |
| Sócmhainní airgeadais | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | **218** | **-** | **218** |
| Trádáil agus Infháltais eile[2] | | **-** | **104,319** | **104,319** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa [3] | | **-** | **190,728** | **190,728** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | | **-** | **35,341** | **35,341** |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **218** | **330,388** | **330,606** |
| | | | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[4] | | **-** | **(1,023,944)** | **(1,023,944)** |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | **(272)** | **-** | **(272)** |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile[1] | | **-** | **(50,380)** | **(50,380)** |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(272)** | **(1,074,324)** | **(1,074,596)** |
| | | | | |
| **Glan(dliteanais) airgeadais** | | **(54)** | **(743,936)** | **(743,990)** |
| | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 970 | - | 970 |
| Trádáil agus infháltais eile[2] | | - | 68,149 | 68,149 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa [3] | | - | 149,077 | 149,077 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | | - | 40,248 | 40,248 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | 970 | 257,474 | 258,444 |
| | | | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile [4] | Leibhéal 2 | - | (1,022,914) | (1,022,914) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (1,077) | - | (1,077) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile[1] | | - | (68,642) | (68,642) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | (1,077) | (1,091,556) | (1,092,633) |
| | | | | |
| **Glansócmhainní/(dliteanais) airgeadais** | | (107) | (834,082) | (834,189) |

1 Níor cuireadh speansais agus fómhais fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar dhliteanais airgeadais.

2 Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

3 Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus tuairiscítear an glanmhéid sa chlár comhardaithe nuair atá ceart infheidhmithe le dlí ag an nGrúpa na méideanna a aithnítear a fhritháireamh agus nuair atá rún ann iad a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna. Amhail an 31 Nollaig 2023, rinneadh €29.8 milliún d'airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar fáil don ghrúpa (2022: €38.0 milliún) a fhritháireamh in aghaidh rótharraingtí bainc €0.1 milliún (2022: €0.4 milliún), agus cuireadh glanseasamh €29.7 milliún i láthair mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar fáil don ghrúpa (2022: €37.6 milliún). Amhail an 31 Nollaig 2023, ní raibh an Grúpa i ndiaidh dul isteach in aon mháistirshocrú glanluachála ná socruithe eile mar sin.

4 Amhail an 31 Nollaig 2023, ba é luach cóir na n-iasachtaí agus an fhiachais eile €974.4 milliún (2022: €933.6 milliún).

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Is mar seo a leanas luachanna córa ionstraimí airgeadais, iad rangaithe de réir aicmiú na hionstraime:

| | Sócmhainní Neamhreatha €'000 | Reatha sócmhainní €'000 | Dliteanais neamhreatha €'000 | Dliteanais reatha €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Conarthaí i malairt eachtrach | - | **218** | - | **(272)** | **(54)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **-** | **218** | **-** | **(272)** | **(54)** |
| Conarthaí i malairt eachtrach | 58 | 912 | (111) | (966) | (107) |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | 58 | 912 | (111) | (966) | (107) |

Bainistíocht riosca airgeadais
Tá beartais bainistithe riosca airgeadais curtha ar bun ag an nGrúpa chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainaithint agus a anailísiú, le srianta agus rialaithe fóirsteanacha riosca a leagan síos agus le monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus go gcloítear le teorainneacha. Déantar beartais agus córais bainistithe riosca airgeadais a athbhreithniú go rialta ionas go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Sna caighdeáin agus nósanna imeachta oiliúna agus bainistíochta atá ag an nGrúpa, déantar iarracht timpeallacht rialaithe a fhorbairt atá idir eagraithe agus fhiúntach, ina dtuigeann na fostaithe ar fad na róil agus oibleagáidí atá acu.

Agus díorthaigh á n-úsáid, déanann an Grúpa na ceanglais san Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992 a chomhlíonadh, chomh maith le haon cheanglais agus coinníollacha faoi mar a d'fhéadfadh an tAire Airgeadais a shonrú. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm trína ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar an gcomhlíonadh sin agus mar sin é a thuairisciú don Bhord go rialta.

Ní dhéantar feidhm chistíochta an Ghrúpa a oibriú mar aonad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna airgid ar bhealach chun riosca a sheachaint. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha.

**(i) Riosca creidmheasa**
Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena dtéann sé i mbun idirbheart. Cuimsítear leis sócmhainní arna gcoimeád le bainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta i ndáil le hionstraimí airgeadais díorthacha agus nochtuithe creidmheasa a thagann chun cinn ó chaidrimh thrádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca creidmheasa ná neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha.

Freagraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa, ar an dáta tuairiscithe:

| | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | **104,319** | 68,149 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa | **190,728** | 149,077 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | **35,341** | 40,248 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **218** | 970 |
| **Iomlán** | **330,606** | 258,444 |

(i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le ciste
Tugann Ciste faoi ghníomhaíochtaí cistíochta uile thar ceann an Ghrúpa Ervia. Déanann Ciste an Ghrúpa na rioscaí creidmheasa bainteach le ciste a bhainistiú trí húsáid a bhaint as teorannacha creidmheasa frithpháirtí, a thógann san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é beartas an Ghrúpa ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstitiúidí a choimeádann rátáil creidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann Ciste an Ghrúpa a neamhchosaint ar chontrapháirtí ciste a mheas agus a thomhas go rialta.

Déantar na trádálacha díorthacha uile a chur i gcrích i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Leagtar amach ann na critéir is gá a chomhlíonadh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh a mbíonn gnó ag an nGrúpa leis. Déanann Ciste an Ghrúpa a neamhchosaint ar chontrapháirtí ciste a mheas agus a thomhas go rialta. I gcás ina bhféadfadh an neamhchosaint ar ionstraimí díorthacha a bheith ábhartha i leith ghlanluach an Ghrúpa, déanfaidh an Grúpa breithniú ar dhul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa.



## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Ráthaíochtaí Airgeadais**
I ngnáthchúrsa a ghnó, téann an Grúpa i mbun gnóthais agus gealltanais áirithe le haghaidh tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí a fheidhmiú faoi shocruithe conarthacha. Tá oibleagáidí chuig tríú páirtithe ráthaithe ag litreacha creidmheasa nó eisithe ag institiúidí airgeadais. Cé gur féidir nach dtugtar aitheantas do na hoibleagáidí seo ar chlár comhardaithe an Ghrúpa, bíonn rioscaí creidmheasa ann atá bainteach leis na hionstraimí seo mar cuireann siad an Grúpa faoi gealltanas íocaíochtaí a dhéanamh, thar ceann fochuideachtaí, i gcás gnímh shonraigh agus, mar sin de, bíonn siad mar chuid de riosca foriomlán an Ghrúpa. Liostaítear thíos na luachanna ainmniúla de na gealltanais sin (i.e. uasnochtadh do riosca creidmheasa faoi na hoibleagáidí sin).

| | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|
| Litreacha creidmheasa | **700** | 700 |
| **Iomlán** | **700** | 700 |

(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil
Féach nóta 13 le haghaidh anailís ar neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil.

**(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta**
Is ionann cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca maoinithe agus leachtach a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an nGrúpa ar leachtacht leordhóthanach le déanamh cinnte de go mbeidh an Grúpa in ann oibleagáidí a eascraíonn óna oibriúcháin laethúla, oibleagáidí maidir le haibíocht fiachas agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla a réiteach. Forbraíonn agus coimeádann Cistíocht an Ghrúpa gaolmhaireachtaí le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don ghnó a thógáil. Déantar gach seirbhís baincéireachta agus cistíochta a aimsiú ag praghsanna iomaíocha.

(ii) (a) Maoiniú
Bhí seasamh maoinithe an Ghrúpa láidir sa bhliain 2023. Soláthraíonn saoráid creidmheasa imrothlaigh le grúpa 6 bhanc intíre agus idirnáisiúnta leibhéal láidir leachtachta don Ghrúpa go dtí 2028. Féachann an Grúpa chuige go bhfuil meascán d'fhoinsí maoinithe aige ar théarmaí agus coinníollacha inghlactha chun forbairt an ghnó a mhaoiniú agus chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Coimeádann an Grúpa próifíl chothrom aibíochta, chun an riosca aisíocaíochtaí buaice agus athmhaoinithe a choimeád chomh híseal agus is féidir.

Tá sé mar sprioc ag an nGrúpa a dhéanamh cinnte de go mbeidh saoráidí creidmheasa tiomanta i bhfeidhm aige chun 120% dá chroí-riachtanais tionscadail a chlúdach thar bhliain amháin agus go ndéanfar na saoráidí sin a shocrú le cúnaint airgeadais agus oibriúcháin chuí chun a chinntiú go bhfuil a dhóthain solúbthachta ag an lucht bainistíochta chun a ghnó a oibriú.

Saoráidí ar fáil don Ghrúpa ar an dáta tuairiscithe;

| | 31-Noll-23 €'000 | 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí (gan dliteanais léasa san áireamh) | **(1,021,363)** | (1,020,176) |
| Saoráidí geallta | **(1,335,577)** | (1,335,179) |

Bogadh rátáil chreidmheasa an Ghrúpa go Líonraí Gáis Éireann in 2015. Tá Líonraí Gáis Éireann rátáilte mar A+ ag Standard & Poor's (2022: A) agus A2 ag Moody's Investor Services (2022: A2). Leis an rátáil láidir chreidmheasa sin, cuirtear rogha leathan foinsí maoinithe ar fáil do Líonraí Gáis Éireann agus déantar a chinntiú gur féidir leis an nGrúpa maoiniú ar chostas íseal a chruinniú.

(ii) (b) Barrachais airgid
Is chun críocha an leibhéal fiachais a laghdú a úsáidtear barrachais airgid go príomha. Cuirtear barrachais airgid i dtaisce le bainc ar contrapháirtithe iad. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra oibríochtaí thar lear.

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta
Is iad seo a leanas aibíochtaí conarthacha dliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis nár lascainíodh a bhaineann le hiasachtaí agus na sreafaí glana airgid nár lascainíodh atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsítear sa nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthaigh a bhfuil socraíocht chomhlán chomhuaineach airgid ag baint leo, e.g. réamhchonradh i malairt eachtrach.

| | Suim ghlanluacha €'000 | Sreafaí airgid conarthacha €'000 | < 1 bhliain €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2-5 bliana €'000 | <5 bliana €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(1,023,944)** | **(1,107,957)** | **(314,470)** | **(12,810)** | **(524,304)** | **(256,373)** |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile[1] | **(50,380)** | **(50,380)** | **(50,380)** | **-** | **-** | **-** |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,074,324)** | **(1,158,337)** | **(364,850)** | **(12,810)** | **(524,304)** | **(256,373)** |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | **(54)** | **(54)** | **(54)** | **-** | **-** | **-** |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **(54)** | **(54)** | **(54)** | **-** | **-** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,074,378)** | **(1,158,391)** | **(364,904)** | **(12,810)** | **(524,304)** | **(256,373)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2022** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,022,914) | (1,119,969) | (13,642) | (313,730) | (531,060) | (261,537) |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile[1] | (68,642) | (68,642) | (68,642) | - | - | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | (1,091,556) | (1,188,611) | (82,284) | (313,730) | (531,060) | (261,537) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | (107) | (107) | (54) | (53) | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | (107) | (107) | (54) | (53) | - | - |
| **Glandliteanais airgeadais** | (1,091,663) | (1,188,718) | (82,338) | (313,783) | (531,060) | (261,537) |

1 Níor cuireadh speansais agus fómhais fhabhraithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar dhliteanais airgeadais.

#### (iii) Riosca margaidh
Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí.

Tá an Ciste freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Déantar gach ceann de na hidirbhearta sin a chur i gcrích laistigh de na treoirlínte a leagtar síos sa Bheartas Cistíochta agus a bheartú i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Tá an Ciste ag féachaint le cuntasaíocht fálaithe a chur i bhfeidhm chun luaineacht sa bhrabús agus caillteanas a bhainistiú má bhíonn a leithéid ábhartha i gcomhthéacs an Ghrúpa.

(iii) (a) Riosca an ráta malairte
Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

Bhí rátaí malairte GBP/EUR mar seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| An meánráta | **0.870** | 0.868 |
| Ráta ag deireadh na bliana | **0.867** | 0.886 |

Is féidir nochtadh do riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:



## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Fochuideachtaí atá ag feidhmiú in airgeadra eachtrach (steirling)**
Déantar sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Déantar na difríochtaí malairte nuair a dhéantar na glansócmhainní oscailte a aistriú arís, agus na torthaí, a aithint san ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe). Déanann Ciste an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann siad fálú ar an riosca agus margaí malairte eachtraí á n-úsáid.

Aistrítear cistiú inghrúpa d'fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh go euro. Úsáidtear na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe leis sin a dhéanamh. Tógtar an brabús/caillteanas a thagann chun cinn ar aistriú chistiú in-ghrúpa go fochomhlachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Déantar an brabús/caillteanas a eascraíonn ó aistriú na ndliteanas airgeadra eachtraigh a aistriú chuig an ráiteas ioncaim freisin, sa mhéid agus a úsáidtear iad chun airgead a sholáthar nó fálú a dhéanamh in aghaidh an chistithe inghrúpa i bhfochuideachtaí eachtracha.

**Neamhchosaint ar idirbhearta**
Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa an neamhchosaint seo ar idirbheart a bhainistiú. Leis sin a dhéanamh, féachtar chun ceannacháin agus díolacháin a ghlanluacháil in airgeadraí eachtracha sa mhéid agus is féidir. Áit nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtuithe a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin bPolasaí Ciste.

Faoi réir an Bheartais Chistíochta, déanfar aon idirbheart ionchasach a bhfuil coibhéis níos mó ná €300,000 aige in airgeadraí eachtracha a mheas i dtaca leis na rioscaí gnó a mbaineann leis agus, más cuí sin, déanfar na rioscaí airgeadra a fhálú chun aon neamhréireanna diúltacha a d'fhéadfadh eascairt as gluaiseachtaí airgeadra a mhaolú.

**Anailís ar íogaire ráta malairte**
Dá n-éiríodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le steirling ar an 31 Nollaig, thagadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Grúpa go réasúnach go bhféadfadh siad a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

| | Brabús roimh ghnóthachan/ (caillteanas) cánachais 31-Noll-23 €'000 | Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-23 €'000 | Brabús roimh ghnóthachan/ (caillteanas) cánachais 31-Noll-22 €'000 | Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Láidriú 5% | **(776)** | **(2,467)** | (932) | (2,312) |
| Lagú 5% | **776** | **2,467** | 932 | 2,312 |

Nóta: Is ar an ráiteas ioncaim amháin a mbíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fhálaithe.

(iii) (b) Riosca an rátaí úis
Eascraíonn riosca an ráta úis as athruithe rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus a théann i bhfeidhm ar ghlanioncam trí thionchar a imirt ar mhuirir airgeadais.

Clúdaíonn nochtadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:
(i) riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach; agus
(ii) riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanas airgeadais ar ráta seasta.

Déanann an Grúpa monatóireacht ar neamhchosaint ar riosca ráta úis ar bhonn leanúnach d'fhonn tairbhe a bhaint as timpeallachtaí a bhfuil ráta úis íseal acu, ar mhaithe le hoibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a réiteach agus cinnteacht maidir le próifíl caiteachais ar rátaí úis an Ghrúpa a mhéadú. Is é beartas an Ghrúpa íosleibhéal fiachais ráta sheasta de 60% den ghlanfhiachas a choinneáil ar bhonn atrátha 12 mhí agus 50% den ghlanfhiachas ar bhonn atrátha trí bliana. Úsáideann an Grúpa roinnt modhanna éagsúla, lena n-áirítear dul i mbun díorthaigh a bhaineann le fiachas ráta seasta agus rátaí úis, chun an riosca ráta úis atá ar a phunann fiachais a bhainistiú.

# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Ba é seo a leanas céatadán fhiachas seasta agus comhlúthach an Ghrúpa (gan dliteanais léasa a chur san áireamh) amhail an 31 Nollaig:

| | 2023 €'000 | 2023 % | 2022 €'000 | 2022 % |
|---|---|---|---|---|
| Ag rátaí seasta | **(922,103)** | **90.3%** | (921,156) | 90.3% |
| Ag rátaí comhlúthacha | **(99,260)** | **9.7%** | (99,020) | 9.7% |
| **Iomlán** | **(1,021,363)** | **100.0%** | (1,020,176) | 100.0% |

Amhail an 31 Nollaig 2023, ba é 1.09% an meánráta úis ualaithe a gearradh ar an bpunann fiachais sheasta (gan léasanna a chur san áireamh) (2022: 1.09%) a chuimsigh trí bhanna de €925.0 milliún san iomlán .

Cuirtear sonraí ar fáil sa tábla thíos ar fhiachas ar ráta seasta, lena n-áirítear iasachtaí amhail an 31 Nollaig 2023:

| | Méid Fuascailte €'000 | Dáta a Eisíodh | Aibíocht | Cúpón % |
|---|---|---|---|---|
| Eorabhanna 1 | 500,000 | 2016 | 10 mbliana | 1.375 |
| Eorabhanna 2 | 125,000 | 2016 | 20 bliain | 2.25 |
| Eorabhanna 3 | 300,000 | 2019 | 5 bliana | 0.125 |

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Bhí meánmharthanacht ag an bhfiachas ar ráta seasta de | **3.63 bliain** | 4.63 bliana |

Déantar costais úis a bhaineann le hiasachtaí ar ráta athraitheach a athshocrú ar bhonn tráthúil le haghaidh mí amháin, trí mhí nó sé mhí thar an ráta margaidh atá i réim.

**Anailís íogaireachta ar shreabhadh airgid le haghaidh fiachas ar ráta comhlúthach**
Is é is aidhm do bheartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa maidir leis riosca ráta úis a bhainistiú agus a rialú, mar a leagtar amach thuas, an tionchar atá ag luaineachtaí gearrthéarmacha sa ráta úis ar ghnóthachain an Ghrúpa a laghdú. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar ghnóthachain an Ghrúpa.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 200 bonnphointe sna rátaí úis amhail an 31 Nollaig ar an mbrabús roimh chánachas de réir na méideanna a léirítear thíos, agus go mbeadh an t-athrú ar an luach cóir ar ioncam cuimsitheach eile mar a léirítear thíos:

| | Brabús roimh cháin 31-Noll-23 €'000 | Brabús roimh cháin 31-Noll-22 €'000 | Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-23 €'000 | Ioncam Cuimsitheach eile 31-Noll-22 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Méadú 200 bp | **(1,985)** | **(1,980)** | - | - |
| Laghdú 200 bp | **1,985** | **1,980** | - | - |

Rinneadh na boinn tuisceana seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:
- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ní bhaineann ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- caitear leis an ngné chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mhíosa don chion úis fhabhraithe de na ríomhanna íogaireachta.



Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 24. Tomhas Luacha Chóir

Éilíonn cuid de bheartais agus nochtuithe cuntasaíochta an Ghrúpa go ndéanfar na luachanna córa a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thomhas. Agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á mheas aige, úsáideann an Grúpa sonraí ó mhargaí inbhraite sa mhéid agus atá na sonraí sin ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;
- Leibhéal 1: praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2: ionchuir nach na praghsanna a luadh iad, a cuireadh san áireamh i Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (i.e. praghsanna) nó go hindíreach (i.e. bunaithe ar phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luachanna córa mar an t-ionchur den leibhéal is ísle atá suntasach don tomhas iomlán. Aithníonn an Grúpa aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luachanna córa ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní raibh aon aistrithe ann sa bhliain 2023 ná sa bhliain 2022.

### (a) Luach cóir sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thomhaistear ar luach cóir ar bhonn athfhillteach
Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchuir dobhraiteacha suntasacha.

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir dhobhraiteacha shuntasacha |
|---|---|---|
| Réamhchonarthaí malairte *(Féach ar nóta 23)* | Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte ar aghaidh bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil.<br><br>Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir praghas ar aghaidh na conartha agus an praghas ar aghaidh reatha um aibíocht iarmharach na conartha.<br><br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |

### (b) Luach cóir dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)
Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú chuig na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2. Ní raibh aon ionstraimí airgeadais ann a rinneadh a thomhas ag a gcostas amúchta ach a nochtadh luach cóir ina leith agus a aicmíodh mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe seo.

### (c) Luach cóir réadmhaoine infheistíochta nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)
Iompraítear réadmhaoine infheistíochta ag costas stairiúil lúide dímheas carntha. Nochtar luach cóir na réadmhaoine infheistíochta i gcomhréir le ceanglais CIC 40.79. Rinneadh an luach cóir a chinneadh trí úsáid a bhaint as an gcur chuige margaidh, i bhfianaise an eolais mhargaidh ar fad atá ar fáil agus rinne Avison Young é (luacháilaithe cláraithe RICS). Díorthaíodh an luach cóir go príomha trí úsáid a bhaint as idirbhearta inchomparáide le déanaí ar neamhthuilleamaí agus trí theicnící luachála cuí a úsáid - Ordlathas luacha chóir: leibhéal 3.

# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 25. Díbhinní

### Díbhinní fógartha

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Chuig an Státchiste | **27,309** | 30,112 |
| **Iomlán** | **27,309** | 30,112 |

### Díbhinn íoctha

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn bhliantúil a íocadh leis an Státchiste | **25,869** | 30,112 |
| Díbhinn speisialta ar dhíolachán an ghnó Fuinnimh íoctha leis an Státchiste | **1,440** | - |
| Díbhinn iarchurtha a íocadh leis an Státchiste | **5,100** | - |
| **Iomlán** | **32,409** | 30,112 |

Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia. Tá na díbhinní bliantúla bunaithe ar 45% (2022: 45%) den bhrabús coigeartaithe na bliana roimhe, mar a ordaítear leis an Rialtas. Íocadh díbhinn speisialta de €1.44m maidir le hathbhreithniú díolachán iarchurtha breise a fuarthas don Chuideachta Fuinnimh sa bhliain 2023. I mí an Mhárta 2024, d'fhaomh an Bord dearbhú agus íoc díbhinne bliantúil de €44.018 milliún faoi réir Ráitis Airgeadais 2023 de chuid Ervia a bheith tugtha faoi deara ag an Rialtas.

In 2018, tar éis teacht ar chomhaontú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, choinnigh Ervia €5.1 milliún díbhinne siar. Íocadh an fuílleach sa bhliain 2023 chomh maith le hús gaolmhar.

## 26. Fochuideachtaí

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2023:

| An chuideachta | Nádúr an Ghnó | Oifig Chláraithe | % de Shealbhán Gnáth-Scairchaipitil |
|---|---|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | Tarchur Gáis | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. | 100% |
| Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC | Tarchur Gáis | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. | 100% |
| GNI (UK) Limited | Tarchur Gáis | 8th Floor, 20 Farringdon Street, London, United Kingdom EC4A 4AB | 100% |
| DAC Athrú Seirbhísí Líonra | Nach bhfuil ag Trádáil | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. | 100% |

Ar an 31 Nollaig 2022, bhí scair vótála amháin ag an nGrúpa in Uisce Éireann, ach ní raibh aon chearta eacnamaíocha ag gabháil leis an scair sin. Bhí 325 scair i gCearta Eacnamaíocha Uisce ('WER') ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta araon (2021: 325) nach raibh aon chearta vótála ag gabháil leo ach a raibh na cearta eacnamaíocha go léir ag gabháil leo arbh ghá leo chun go mbainfí leas as gníomhaíochtaí Uisce Éireann.

De réir an Achta um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2022, ar an 01 Eanáir 2023, cuireadh ar ceal na scaireanna in Uisce Éireann a eisíodh do Ervia, don Aire Airgeadais agus don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus scoir Uisce Éireann de bheith ina fhochuideachta de Ervia.



# Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 26. Fochuideachtaí (ar lean)

Luaitear in CITA 10 go bhfuil "infheisteoir i gceannas ar institiúid infheistiúcháin nuair a nochtar an t-infheisteoir do, nó nuair atá cearta aige chun, torthaí éagsúla óna phlé leis an institiúid infheistiúcháin agus nuair atá sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na torthaí sin trína chumhacht thar an institiúid infheistiúcháin". Is ionann scair vótála amháin an Ghrúpa in Uisce Éireann agus ceart a bhí ann cheana féin amhail an 31 Nollaig 2022 trína dtugtar cumhacht don Ghrúpa beartais airgeadais agus oibriúcháin Uisce Éireann a rialáil. Mar sin féin, ós rud é nach féidir úsáid a bhaint as an gcumhacht sin chun torthaí athraitheacha a fháil, de bharr nach bhfuil aon chearta ag an nGrúpa i leith thorthaí athraitheacha Uisce Éireann ag an dáta sin, mar a éilíonn CITA 10 agus, dá bharr san, chun cloí le ceanglais an CITA, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a comhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa do na blianta airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## 27. Páirtithe Gaolmhara

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976. Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia. Féach ar nóta 25 le haghaidh nochtuithe i dtaca le díbhinní an Ghrúpa.

### Uisce Éireann

Measadh gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é Uisce Éireann le linn na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022, ar bhunús phátrún na bhfíricí atá leagtha amach i nóta 26.

Luachanna idirbhirt le linn na bliana:

| | | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|---|
| Lársheirbhísí idirbhirt & tacaíochta | (a) | **-** | 1,259 |
| Costais phinsean | (b) | **-** | 2,401 |

(a) Costais idirbheartaíochta agus seirbhísí tacaíochta
Tharla scaradh dlíthiúil ó Uisce Éireann ar an 01 Eanáir 2023, mar sin níor ghearradh aon chostas seirbhíse tacaíochta grúpa arís le linn 2023. Bhí costais a gearradh arís sa bhliain 2022 comhdhéanta de sheirbhísí grúpa teoranta áirithe agus costais pinsin.

(c) Costas pinsin
Oibríonn an Grúpa scéim pinsin le sochar sainithe. Ghlac roinnt fostaithe de chuid Uisce Éireann páirt sa scéim sin roimh an scaradh dlíthiúil. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le CIC 19. Aithníonn an Mháthairchuideachta, mar fhostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair shainithe, ach níor aithin Uisce Éireann ach na ranníocaíochtaí iníoctha amháin don bhliain a bhaineann le fostaithe Uisce Éireann roimh an scaradh dlíthiúil. Cuimsíonn costais seirbhísí reatha an Ghrúpa do 2022 (mar a leagtar amach i nóta 18) ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain maidir le fostaithe de chuid Uisce Éireann (mar a leagtar amach thuas). Níl na costais sin cuimsithe i gcostais sochair fostaí an Ghrúpa. Lena chois sin, rinne Uisce Éireann íocaíochtaí €0.695 milliún le Ervia sa bhliain 2022 faoi chomhair íocaíochtaí deisithe comhaontaithe ar easnamh pinsin a d'eascair as luacháil achtúireach a rinneadh i mí Aibreáin 2020 ar Scéim le Sochar Sainithe de chuid Ervia. Tá an t-idirbheart seo mar chuid de na costais na seirbhísí lárnacha idirbheartaíochta agus tacaíochta (2022) de €1.259 milliún a leagtar amach thuas.

Déantar cur síos i nóta 18 ar conas mar a chuaigh scaradh dlíthiúil Ervia agus Uisce Éireann i bhfeidhm ar scéimeanna le sochar sainithe agus le ranníocaíocht sainithe an Ghrúpa Ervia.

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 27. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

(c) Léasanna oibriúcháin
I rith na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022, thug Líonraí Gáis Éireann maoin ar léas d'Uisce Éireann ar chíos bliantúil €1.1m. Téann téarma an léasa in éag an 31 Nollaig 2034 agus tá sé faoi réir roghanna briste an 31 Nollaig 2024 agus an 31 Nollaig 2029. Thug Líonraí Gáis Éireann réadmhaoin bhreise ar léas do Uisce Éireann in 2023 freisin ar chíos bliantúil €0.1m.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Cíos léasa | **1,164** | 1,076 |

**Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí**
Tá na príomhbhainisteoirí déanta suas de Bhord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuarascálacha díreacha. Bhí nochtadh 2022 glan ar chionroinnt costas chuig Uisce Éireann.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha le haghaidh fostaithe | **(2,077)** | (1,968) |
| Sochair iarfhostaíochta | **(203)** | (228) |
| **Iomlán** | **(2,280)** | (2,196) |

**Comhaltaí Boird**
Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon uair le linn na bliana ná ag an dáta tuairiscithe.

**Comhlachtaí Rialtais**
Mar aon le heintitis go leor eile, bíonn an Grúpa ag plé i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid agus na hÚdaráis Áitiúla agus le bainc Éireannaigh áirithe a bhfuil i bpáirt faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann. Bíonn na hidirbhearta ar fad ar ghnáth-théarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin le linn na bliana, ag an dáta tuairiscithe, ná do dheireadh na tréimhse comparáidí.

### 28. Iartheagmhais

Níor tharla aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, a mbeadh coigeartú ar na ráitis airgeadais seo nó aon nochtuithe breise ag teastáil lena n-aghaidh.

I Márta 2024, d'fhaomh an Bord dearbhú agus íocaíocht díbhinne dar luach €44.018 milliún.

Táthar ag súil go ndíscaoilfear Ervia, an mháthairchuideachta, in 2024, trí achtú an Bhille Gáis (Leasú) 2023 (an "Bille"). Aistreofar feidhmeanna, gníomhaíochtaí, agus sócmhainní agus dliteanais iarmharacha na Máthairchuideachta Ervia chuig Líonraí Gáis Éireann faoi chomhbheart rialaithe.



## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 29. Athshonrú ar Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2022

**(a) Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa**
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 (athshonraithe)

| | 2022 Mar a tuairiscíodh cheana €'000 | 2022 Oiriúnú €'000 | 2022 Athshonraithe €'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 498,600 | (3,674) | 494,926 |
| Glanchostais oibriúcháin (dímheas agus amúchadh as an áireamh) | (274,317) | - | (274,317) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh** | **224,283** | **(3,674)** | **220,609** |
| Dímheas agus amúchadh | (141,727) | | (141,727) |
| **Brabús oibriúcháin** | **82,556** | **(3,674)** | **78,882** |
| Ioncam airgeadais | 210 | - | 210 |
| Costais airgeadais | (14,426) | - | (14,426) |
| Glanchostais airgeadais | (14,216) | - | (14,216) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | **68,340** | **(3,674)** | **64,666** |
| Cáin ioncaim | (11,929) | 459 | (11,470) |
| **Brabús don bhliain** | **56,411** | **(3,215)** | **53,196** |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | 56,411 | (3,215) | 53,196 |
| **Brabús don bhliain** | **56,411** | **(3,215)** | **53,196** |

## Nótaí chuig Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

### 29. Athshonrú ar Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2022

**(b) Clár Comhardaithe an Ghrúpa**
amhail an 31 Nollaig 2022 (athshonraithe)

| | 31-Noll-22 Mar a tuairiscíodh cheana €'000 | 31-Noll-22 Oiriúnú €'000 | 31-Noll-22 Athshonraithe €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
